An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i Sraith Shinsearach athfhorbartha

Nollaig 2023

# An Clár Ábhar


AN CLÁR ÁBHAR ........ 2

ACHOIMRE FHEIDHMEACH ........ 5

**Réamhrá** ........ 5

**Caibidil 1: teoiricí an churaclaim** ........ 5

**Caibidil 2: Siollabais/sonraíochtaí curaclaim in Éirinn 1920 -2010** ........ 8

**Caibidil 3: sonraíochtaí in Éirinn a chur i gcomparáid le dlínsí eile** ........ 8

**Caibidil 4 taighde agus aiseolas an mhúinteora maidir le sonraíochtaí reatha** ........ 11

**Caibidil 5 Príomhinniúlachtaí i sraith shinsearach athfhorbartha** ........ 12

**Tátail agus dréacht-teimpléad** ........ 12

**Teimpléad alt ar alt** ........ 16

RÉAMHRÁ ........ 19

Céard is ciall leis an téarma ‘foirm theicniúil’ churaclaim? ........ 20
Cén fáth a bhfuil an CNCM ag tabhairt athshúil ar fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim? ........ 21
Céard is curaclam ann? ........ 22
Céard is forbairt curaclaim ann? ........ 23
Céard is comhleanúnachas curaclaim ann? ........ 23
Cén struchtúr atá ar an bpáipéar seo? ........ 24

1. TEOIRIC AN CHURACLAIM AGUS FOIRM THEICNIÚIL NA SONRAÍOCHTAÍ CURACLAIM D’ÁBHAIR AGUS DO MHODÚIL ........ 25

**1.1 Teoiric an Churaclaim** ........ 25

**1.2 Foirm theicniúil churaclaim** ........ 39

**1.3 Treochtaí idirnáisiúnta i mbeartas agus cleachtas curaclaim** ........ 43

**1.4 Achoimre ar an gCaibidil** ........ 47

2. STAIR ACHOMAIR MAIDIR LE DEARADH CURACLAIM AGUS MAIDIR LE FOIRM THEICNIÚIL SONRAÍOCHTAÍ IN ÉIRINN ........ 51

**2.1 Réamhrá:** ........ 51

**2.2: Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 1920idí – 1960idí** ........ 51

2.3 Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 1970idí – 1980idí ........ 54

Foirm theicniúil: Ealaín na hArdteistiméireachta 1971 ........ 56

Foirm theicniúil: Sean-Ghréigis agus Laidin na hArdteistiméireachta 1983 ........ 56

Foirm theicniúil: Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta (1983) ........ 57

2.4 Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 1990idí ........ 58

Foirm theicniúil: Gairneoireacht/Talmhaíocht na Ardteistiméireachta Feidhmí (1995) ........ 58

Foirm theicniúil: Béarla na hArdteistiméireachta (1999) ........ 60

2.5 Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 2000 – 2010 ........ 62

Foirm theicniúil: Fisic na hArdteistiméireachta (2000) ........ 64

Foirm theicniúil: Oideachas Reiligiúin na hArdteistiméireachta (2003) ........ 65

Foirm theicniúil: Siollabas Staire na hArdteistiméireachta (2004) ........ 67

Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí (2009) ........ 70

2.6 Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 2010 – 2021 ........ 71

Foirm theicniúil: Creat Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na hArdteistiméireachta (2011) .. 73

Foirm theicniúil: Matamaitic na hArdteistiméireachta (2013) ........ 74

2.7 Achoimre ar an gCaibidil ........ 75

3. CUIR CHUIGE NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA I DTACA LE FOIRM THEICNIÚIL DEARADH SONRAÍOCHTAÍ CURACLAIM ........ 77

3.1: Aidhmeanna na caibidle seo ........ 77

3.2 Forbhreathnú ar na dlínsí a roghnaíodh ........ 78

3.3 Tionchar na scáthchreataí ........ 81

3.4 Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim: Éire agus dlínsí idirnáisiúnta ........ 83

3.5 Tacaíochtaí le haghaidh cur i bhfeidhm sonraíochtaí nua nó athbhreithnithe ........ 89

3.6 Achoimre ar an gCaibidil ........ 93

4. TAIGHDE AGUS AISEOLAS Ó MHÚINTEOIRÍ I DTACA LE FOIRM THEICNIÚIL NA SONRAÍOCHTAÍ CURACLAIM LE HAGHAIDH ÁBHAIR AGUS MODÚIL ........ 95

4.1 Réasúnaíocht le haghaidh comhleanúnachas curaclaim ........ 95

**4.2 Torthaí foghlama agus an ról atá acu i dtaca le comhleanúnachas cothrománach a bhaint amach 96**

**4.3 Cur i bhfeidhm curaclaim agus comhleanúnachas cothrománach ....................97**

**4.4 Aiseolas an mhúinteora maidir le cáipéisíocht churaclaim ....................99**

**4.5 Achoimre ar an gCaibidil.................... 103**

5. EOLAS, SCILEANNA AGUS LUACHANNA/MEONTA:.................... 104

**5.1 Cad iad na ceisteanna taighde a cuireadh?.................... 104**

**5.2 Cad é an téarmaíocht is mó a léiríonn an t-aiseolas ó athbhreithniú ar an tsraith shinsearach agus forbairtí curaclaim in Éirinn le déanaí? .................... 105**

**5.3 Cad iad na buntáistí agus na dúshláin fhéideartha a bhíonn ann nuair a úsáidtear cur chuige inniúlachtaí chun an fhoghlaim a struchtúrú laistigh den churaclam? .................... 109**

**5.4 Cad iad na hinniúlachtaí uileghabhálacha a leagtar béim orthu sna san oideachas meánscoile sinsearaí in 6 dhlínse éagsúla, mar chomparadóirí d'Éirinn? .................... 112**

**5.5 Conas is féidir, leis na hinniúlachtaí uileghabhálacha sa tsraith shinsearach, naisc bhríocha inbhraite a dhéanamh le creata curaclaim CNCM don bhunscolaíocht agus don tsraith shóisearach agus lena fhoghlaim amach anseo?.................... 115**

**5.6 Cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar rangú bunaithe ar thaighde do phríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach?.................... 117**

**5.7 Achoimre ar an gCaibidil.................... 121**

**Aguisíní le haghaidh Caibidil 5 .................... 124**

CONCLÚIDÍ .................... 139

**Leabharliosta roghnaithe .................... 146**

# Achoimre fheidhmeach

## Réamhrá

Tá sé mar chuspóir ag an bpáipéar seo taighde agus cleachtas ábhartha a scrúdú chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir leis an leagan amach (nó mar is fearr aithne air, an fhoirm theicniúil) ar cheart CNCM a úsáid agus na sonraíochtaí curaclaim á ndearadh don tsraith shinsearach. Chuir an páipéar seo an bunús taighde ar fáil chun teimpléad a chruthú a bheidh á úsáid ag meithleacha forbartha agus iad i mbun athbhreithnithe agus (ath)fhorbartha na n-ábhar agus na modúl sa tsraith shinsearach. Chuir na meithleacha forbartha aiseolas ar fáil le linn an phróisis fhorbartha chun cabhrú leis an teimpléad a bheachtú.

Tá cúig chaibidil sa pháipéar seo a phléann:

1. teoiric an churaclaim
2. stair maidir le foirm theicniúil na siollabas/na sonraíochtaí in Éirinn
3. comparáidí idir an fhoirm theicniúil a úsáidtear i réimse dlínsí idirnáisiúnta
4. taighde agus aiseolas an mhúinteora ar fhoirm theicniúil shonraíochtaí na hArdteistiméireachta reatha
5. príomhinniúlachtaí i sraith shinsearach athfhorbartha.

Leagadh an páipéar amach sa chaoi seo chun freagairt do thuairim Luke, Weir agus Woods (lch9, 2013) go ndéanann comhlachtaí curaclaim cinntí maidir le foirm theicniúil a gcuid cáipéisí bunaithe ar

- thaighde ar *fhoirm theicniúil* na siollabas/na sonraíochtaí curaclaim (caibidil 1 agus 4)
- fasach, cleachtas reatha agus siollabais a bhí ann roimhe (caibidil 2 agus 3)
- anailís ar chleachtais i ndlínsí eile (caibidil 3)
- aiseolas an mhúinteora ar na formáidí a shíleann siad a bheith úsáideach (caibidil 4 agus 5).

Sa pháipéar seo, tagraíonn an téarma 'foirm theicniúil' don chaoi a n-eagraítear cáipéisí sonraíochtaí curaclaim náisiúnta d'ábhair agus do mhodúil. Áirítear leis sin na catagóirí a úsáidtear agus leagan amach na gcáipéisí, faoi cheannteidil faoi leith. Áirítear leis freisin an cur chuige a ghlactar laistigh de gach cuid de na cáipéisí seo, mar ní thugann an ceannteideal leis féin léargas ar an gcaoi a bhfuil gach cuid nó ar an gcaoi ar gá dul i ngleic le gach cuid agus an ar bhfáth a bhféadfaí go gceapfaí go bhfuil cur chuige faoi leith ar an gcur chuige is oiriúnaí. Maíonn Stephen Petrina (2004), seachas baint a bheith aige lenar cheart a fhoghlaim (polaitíocht an eolais, scileanna agus luachanna/meonta), nó cé leis ar cheart rudaí faoi leith a fhoghlaim (polaitíocht na féiniúlachta), go mbaineann foirm theicniúil churaclaim leis an gcaoi ar cheart é a eagrú (realpolitik foirme), cé gur léir go bhfuil cinntí maidir leis an bhformáid/leis an bhfoirm theicniúil fite fuaite le ceisteanna maidir le suíomh an eolais, na scileanna, na luachanna agus na meonta sa churaclam.

## Caibidil 1: teoiricí an churaclaim

Tá athruithe agus forbairtí tagtha thar am ar na tuiscintí atá ar bhrí an churaclaim, de réir mar a tháinig curaclam chun cinn mar réimse staidéir ann féin. Is ar an méid ba cheart a fhoghlaim agus ar an té atá le rudaí a fhoghlaim a leagadh cuid mhór de bhéim theoiric an churaclaim go dtí seo. Leagadh i bhfad níos lú béime ar an leagan amach ba cheart a bheith ar churaclam (a 'fhoirm theicniúil). Mhol Hilda Taba sna 1960idí gur cheart do churaclam, seachas áitiú maidir le tús áite a thabhairt d'inneachar ábhair, scileanna agus riachtanais na bhfoghlaimeoirí nó na sochaí, bealach a aimsiú lena gcur le chéile ar bhealach cuimsitheach agus comhleanúnach. Léirítear i bhfoirm theicniúil go leor siollabas/sonraíochtaí curaclaim, go náisiúnta agus go

hidirnáisiúnta, an smaoineamh seo maidir le gnéithe éagsúla a chur le chéile i gcáipéis churaclaim, faoi mar a léirítear i gcaibidil 3. Cé go bhféadfadh an taighde roinnt cur chuige i leith eagrú an churaclaim a scaradh agus a lipéadú (féach tábla 1), go praiticiúil, is minic a chómhaireann gnéithe de gach ceann de na híde-eolaíochtaí/béimeanna/samhlacha seo laistigh de cháipéisí curaclaim (féach caibidil 3) agus nach mbíonn tosaíocht ag ceann ar bith acu thar na cinn eile.

| **3 Oideolaíocht churaclaim**<br>Kelly (1977/2009) | **5 Bhéim churaclaim**<br>Petrina (2004) | **5 Shamhail churaclaim**<br>Luke, Weir agus Woods (2013) |
|---|---|---|
| Curaclam mar *inneachar* agus oideachas mar *sheachadadh* | Réasúnaíocht acadúil | Traidisiúnta bunaithe ar ábhar |
| Curaclam mar *tháirge* agus oideachas mar *theagasc* | Próisis chognaíocha | Bunaithe ar thorthaí |
| Curaclam mar *phróiseas* agus oideachas mar *fhorbairt* | Féin-achtáil | Bunaithe ar phróiseas, forbarthach |
| | Athchruthú sóisialta / oideolaíocht chriticiúil | Bunaithe ar theoiric chriticiúil |
| | Feidhmiúil | Bunaithe ar scileanna inaistrithe |

**Tábla 1:** Béimeanna agus samhlacha curaclaim (Kelly 1977/2009; Petrina 2004; Luke, Weir, Woods 2013)

Agus teimpléad curaclaim á réiteach, is féidir leo siúd atá páirteach sa phróiseas aghaidh a thabhairt ar an tasc ó réimse traidisiún curaclaim, faoi mar atá leagtha amach i dTábla 2 thíos. Is dócha go mbeidh béimeanna agus tuairimí éagsúla i dtaobh an churaclaim, i dtaobh fhorbairt an churaclaim agus i dtaobh déanamh an churaclaim ag na daoine aonair laistigh de na meithleacha forbartha a dhearann na sonraíochtaí curaclaim; ag na páirtithe leasmhara a dhéanann athbhreithniú ar na sonraíochtaí curaclaim seo, a chuireann aiseolas ar fáil orthu agus ar churaclam na sraithe sóisearaí ina iomláine; agus acu siúd a ghlacann páirt i gcomhairliúcháin phoiblí maidir le céimeanna an oideachais agus dréachtsonraíochtaí. Is cinnte go gcruthaíonn sé seo dúshláin sa phróiseas a bhaineann le cáipéis churaclaim náisiúnta a dhearadh ach d'fhéadfadh sé an próiseas a shaibhriú freisin, de réir mar a bhreathnaítear ar pheirspictíochtaí éagsúla agus go gcuirtear san áireamh iad sna dréachtleaganacha agus sna leaganacha deiridh den tsonraíocht atá i gceist. Is é an traidisiún breithniúcháin an traidisiún is fearr a dhéanann cur síos ar an bpróiseas a úsáideann CNCM.

| **4 thraidisiún curaclaim Reid (2006)** | |
|---|---|
| Córasach | Lorgaítear cur chuige a oibríonn i ngach comhthéacs agus le gach ábhar |
| Eisíoch | Dírítear ar eispéiris agus ar dhírbheathaisnéis an fhoghlaimeora |
| Radacach | Déantar critíc ar institiúidí an churaclaim agus na scolaíochta agus diúltaítear go hiomlán iad |
| Breithniúchán | Aithnítear luach na dtraidisiún eile agus déantar breithniú ar mhaithe le comhaontú a bhaint amach |

**Tábla 2:** Traidisiúin Churaclaim (Reid, 2006)

Tugtar achoimre thíos ar na bealaí éagsúla chun cur síos a dhéanamh ar na próisis a úsáidtear chun sonraíocht a chruthú.

| Luke, Weir agus Woods (2013) – próiseas | Alvunger et al (2021) – gnéithe maidir le déanamh curaclaim ar ardchaighdeán |
|---|---|
| **1.** athbhreithniú ar na sonraíochtaí reatha agus ar an dea-chleachtas sa réimse sin | Rannpháirtíoch |
| **2.** déanamh curaclaim rannpháirtíoch chun an cháipéis oifigiúil a scríobh | Freagracht bunaithe ar mhuinín |
| **3.** próiseas tástála, aiseolais agus athbhreithnithe | Tábhacht an chomhréitigh agus na soghluaisteachta |
| | Rialáil chothrom – treoir leordhóthanach mar aon leis an bhféidearthacht plé a dhéanamh |
| | Gníomhú sa chóras oideachais |

**Tábla 3:** Próisis agus gnéithe na forbartha curaclaim agus an déanaimh curaclaim.

Ag cuimhneamh ar na héagsúlachta sna dearcthaí agus sna tuairimí atá ann maidir leis an gcuraclam, molann Luke, Weir agus Woods (2013) cur chuige hibrideach i dtaobh fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim. Séanann siad an cur chuige malartach, is é sin aon samhail amháin a úsáid, ina mbeifí ag súil agus go nglacfadh gach múinteoir leis beag beann ar a gcuid luachanna agus tuairimí, toisc go gcoimhtheodh sé sin roinnt de na múinteoirí a bheidh ag úsáid na sonraíochta curaclaim chun bonn eolais a chur faoina gcuid teagaisc, agus faoi fhoghlaim agus measúnú an scoláire. É sin ráite, tá sé sothuigthe sa chás go mbaineann creideamh an mhúinteora maidir leis an gcuraclam agus leis an oideachas go dlúth le hidé-eolaíocht, béim nó samhail amháin (féach tábla 1, lch. 2), go bhféadfadh an cur chuige hibrideach seo a bheith ina dhúshlán do roinnt múinteoirí. Is fiú suntas a dhéanamh de go molann Luke, Weir agus Woods cur chuige hibrideach, cé go maíonn Gleeson (2021) go bhfuil dhá chultúr curaclaim ar leith i bhfeidhm in Éirinn (féach tábla 4 thíos), is iad sin an cultúr curaclaim Angla-Shacsanach/Meiriceánach agus cultúr curaclaim Teagascach, agus forbairt cultúr curaclaim hibrideach tar éis tarlú mar thoradh ar idirghníomhú an dá chultúir sin.

| Cultúr curaclaim Angla-Shacsanach/Meiriceánach | Cultúr churaclaim Teagascach |
|---|---|
| Béim ar na hábhair | Béim ar fhoirmiú agus ar fholláine an scoláire |
| Béim ar scileanna | Béim ar fhéinriar san fhoghlaim |
| Torthaí foghlama sonracha | Foghlaim sholúbtha agus inoiriúnaithe |
| Feidhm an oideachais ná caipiteal daonna a fhorbairt chun cur le hinfhostaitheacht agus leis an ngeilleagar | Feidhm an oideachais ná d'fhéiniúlacht a fhorbairt níos mó agus páirt a ghlacadh sa tsochaí |
| Tá eolas oibiachtúil, mar an gcéanna do gach duine | Ní bhíonn eolas neodrach ná oibiachtúil riamh |

**Tábla 4:** Próisis agus gnéithe na gcultúr curaclaim Angla-Shacsanach/Meiriceánach agus Teagascach

Mar sin is dócha gur struchtúr hibrideach a bheidh i gceist le heagar nó le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha. Sula ndéanfar meas níos sonraí air seo, is gá plé a dhéanamh ar an tslí inar fhorbair foirm theicniúil na siollabas/sonraíochtaí curaclaim le haghaidh ábhair agus módúil sa tsraith shinsearach i gcaitheamh ama, agus is air seo a leagtar an bhéim i gcaibidil a 2.

## Caibidil 2: Siollabais/sonraíochtaí curaclaim in Éirinn 1920 -2010

Sa chaibidil seo rianaíodh forbairt fhoirm theicniúil an churaclaim ag leibhéal na sraithe sinsearaí i gcaitheamh roinnt deicheanna de bhlianta. Bhí *Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna* de chuid na Roinne Oideachais ina cháipéis churaclaim le haghaidh clár na hArdteistiméireachta uilig, a leag amach siollabas agus socruithe measúnaithe le haghaidh gach ábhar ó na 1920idí go dtí na 1980idí. Bhí na siollabais churaclaim thar a bheith gairid sa ré seo, 4 leathanach ar an meán, agus ní raibh ann ach táscairí leathana ar inneachar an ábhair agus faisnéis maidir leis na scrúduithe deiridh.

Sna 1980idí agus ina dhiaidh sin chuir an Bord Curaclaim agus Scrúduithe (CEB) agus níos déanaí an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tús leis an smaointeoireacht faoin gcuraclam mar choincheap níos suntasaí seachas rud a bhféadfaí eolas ábhair nó inneachar substainteach a thabhairt air. D'éirigh an curaclam ina réimse staidéir níos suntasaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus d'éirigh an fhoirm theicniúil níos sofaisticiúla, le réasúnaíocht, aidhmeanna agus cuspóirí le haghaidh ábhar níos mionsonraithe, agus thosaigh cur in iúl na dtorthaí don scoláire ag éirí níos follasaí. Sna 1990idí agus go luath sna 2000idí, foilsíodh cáipéisí siollabais discréideacha do gach ábhar/modúl, tacaithe ag treoirlínte teagaisc a thug treoir i gcuir chuige oideolaíochta agus measúnaithe. Cuireadh leis an réimse ábhar a bhí ar fáil sna scoileanna; dearadh cláir dhifriúla, mar léiriú ar athruithe sochaíocha níos leithne; agus rinneadh tuilleadh forbartha ar an gcur chuige i leith fhoirm theicniúil na siollabas/na sonraíochtaí curaclaim. Is léir go bhfuil níos mó béime á leagan ar na torthaí foghlama agus ar na príomhscileanna sa tsraith shinsearacha trí chéile. Ghlac an fhoirm theicniúil le leaganacha malartacha chun tacú le Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Bhí níos mó éagsúlachta i gceist leis na modhanna measúnaithe a bhog ar aghaidh, in go leor ábhar ach ní i ngach ábhar, ó fhoinse mheasúnaithe amháin a bheith ann don teistiúchán sna scrúduithe deiridh.

Tháinig foirm theicniúil chomónta agus teimpléad chun cinn sa tsraith shinsearach uilig tar éis na bliana 2010. Bhí sé mar chuspóir ag an teimpléad seo tacú le comhleanúnachas an churaclaim mhéadaithe agus leanúnachas i measc na n-ábhar agus chomhpháirteanna an churaclaim. Is bealach iad na torthaí foghlama chun a chur in iúl an méid ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire, an méid ba cheart go dtuigfeadh an scoláire nó ba cheart dó a bheith ábalta a dhéanamh i ndiaidh a chuid staidéir ar ábhar nó ar mhodúl, bunaithe laistigh de spriocanna foghlama níos leithne an chláir lena mbaineann sé. Cuireann an suirbhé gearr seo maidir leis na forbairtí stairiúla comhthéacs úsáideach ar fáil chun cuimhneamh ar fhoirm theicniúil churaclaim na siollabas/na sonraíochtaí sna caibidil seo a leanas.

## Caibidil 3: sonraíochtaí in Éirinn a chur i gcomparáid le dlínsí eile

Má chuirtear sonraíochtaí curaclaim ó dhlínsí eile i gcomparáid le sonraíochtaí na sraithe sinsearaí a forbraíodh le déanaí, cuirtear foghlaim polasaí ar fáil a bhaineann le cinntí a dhéanamh faoin leagan amach (an fhoirm theicniúil) a mbainfidh CNCM as do shonraíochtaí curaclam na sraithe sinsearaí. Is féidir roinnt tátal a bhaint as

anailís ar shonraíochtaí na Nua-Shéalainne; Ontario (Ceanada); Queensland (an Astráil); Albain agus an Bhreatain Bheag, cé go bhféadfadh cur chuige difriúil a bheith ag na dlínsí a ndéantar iniúchadh orthu sa pháipéar seo.

- Bíonn tionchar ag an gcomhthéacs ina bhforbraítear é ar fhoirm theicniúil an churaclaim, mar shampla stair oideachasúil na dlínse, an cultúr agus na traidisiúin; an chothromaíocht idir measúnú inmheánach agus seachtrach; sainchúram na gníomhaireachta a fhorbraíonn é srl.
- Tá foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim trasna na ndlínsí tar éis éirí níos aonchineálaí le himeacht ama, go háirithe le 10-15 bliana anuas.
- Go hidirnáisiúnta, sna dlínsí a ndearnadh staidéar orthu, tá scóip ann i gcónaí do dhifríochtaí idir sonraíochtaí ag brath ar an ábhar nó ar an modúl atá i gceist.
- Tá leibhéal níos airde de scafláil ar thorthaí foghlama le sonrú i bhformhór na ndlínsí eile, go háirithe sa chás go bhfuil measúnú inmheánach nó meascán de mheasúnú inmheánach agus seachtrach ann. Bíonn an-éagsúlachta sa scafláil seo i ndlínsí difriúla agus in ábhair dhifriúla; uaireanta bíonn sé i bhfoirm ceisteanna, saincheisteanna, fadhbanna, leideanna nó samplaí samplacha (i gcás Ontario) nó i bhfoirm eispéiris/gníomhaíochtaí ranga molta i gcás na hAlban. Sa Bhreatain Bheag, cuirtear soiléirithe ar fáil, bíodh agus nach amhlaidh seo ach in ábhair áirithe, ar nós Staidéar Gnó, sa chás agus go n-áirítear colún treorach, a bhíonn in aice leis an gcolún ina sonraítear na torthaí foghlama, i roinnt sonraíochtaí in Queensland, ar nós na Bitheolaíochta.
- Is gnách go mbíonn na sonraí a chuirtear ar fáil mar scafláil ar thorthaí foghlama in oiriúint don ábhar atá i gceist agus go minic bíonn tionchar ag cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar an fhoghlaim a mheasúnú go hinmheánach nó go seachtrach. Mar shampla, nuair a chuirtear leideanna samplacha, fadhbanna agus ceisteanna ar fáil, is gnách go mbíonn sé seo ceaptha chun tacú le measúnú scoil-bhunaithe agus ní léiríonn sé cad a d'fhéadfaí a chur i measúnú seachtrach. Nuair a chuirtear samplaí de cheisteanna agus samplaí ar fáil, tá siad seo ceaptha chun tacú le tuiscint ar an bhfoghlaim bheartaithe agus í a scafláil, seachas srian a chur léi. I sonraíochtaí Ontario, mar shampla, deirtear go 'Meastar na samplaí agus leideanna an mhúinteoirí araon a bheith mar mholtaí don mhúinteoirí seachas mar liosta uileghabhálach nó éigeantach. Is féidir le múinteoirí roghnú úsáid a bhaint as samplaí agus leideanna atá oiriúnach dá seomraí ranga, nó féadfaidh siad a gcur chuige féin a fhorbairt a léiríonn leibhéal castachta comhchosúil. Cibé bealaí ar leith ina gcuirtear na riachtanais atá leagtha amach sna hionchais i bhfeidhm sa seomra ranga, ní mór dóibh, nuair is féidir, a bheith cuimsitheach agus éagsúlacht daonra na scoláirí a léiriú...'
- Is tábhachtach a thabhairt faoi deara chomh maith go bhfuil treocht shoiléir le sonrú sna dlínsí a ndearnadh staidéar orthu, is é sin go meastar go dtacóidh scafláil na dtorthaí foghlama le pleanáil an mhúinteora agus leis an measúnú inmheánach scoilbhunaithe agus nach bhfuil sé ceaptha an méid a d'fhéadfaí a iarradh nó an tslí ina bhféadfaí ceisteanna a chur i scrúduithe scríofa seachtracha a léiriú.
- Cé gur bhreithnigh an páipéar seo cuir chuige reatha maidir le scafláil a dhéanamh ar thorthaí foghlama a úsáidtear i ngach dlínse a ndearnadh iniúchadh orthu, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil Albain agus an Bhreatain Bheag ag athbhreithniú a gcur chuige curaclaim faoi láthair.
- Tá éagsúlacht ollmhór i dtaca leis an méid a chuirtear oideolaíochtaí san áireamh i sonraíochtaí agus/nó i dtreoirlínte curaclaim agus an méid sonraí a chuirtear ar fáil iontu i ndlínsí difriúla agus in ábhair dhifriúla.
- Tá braistint ag teacht chun cinn go dteastaíonn tacaíocht bhreise le haghaidh cur i bhfeidhm, go háirithe san áit go bhfuil measúnú suimitheach scoilbhunaithe i gceist. Cabhróidh tuilleadh comhairliúcháin agus comhairliúchán leanúnach le múinteoirí na tacaíochtaí is oiriúnaí le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha a bhunú.
- Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí ó bheith ag léamh sonraíochtaí cé hiad an spriocluchta léite a bhíonn ar intinn leis na cáipéisí seo. In amanna cuireann an teanga in iúl gur iad na múinteoirí an spriocghrúpa, agus is cosúil gur na páirtithe leasmhara uilig a bhíonn mar sprioc ag cinn eile.

- Bíodh agus nach bhfuil aon chur chuige aonchineálach i measc na ndlínsí i dtaca le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim, tá gnéithe comónta ann lena n-áirítear:
    - réamhrá agus/nó réasúnaíocht
    - aidhmeanna agus cuspóirí
    - príomhscileanna nó príomhinniúlachtaí
    - aitheantas don éagsúlacht i measc foghlaimeoirí
    - cuid maidir leis an teagasc agus foghlaim/oideolaíocht
    - snáitheanna staidéir
    - torthaí foghlama (a ndéantar scafláil orthu ar réimse slite difriúla)
    - cuir chuige i leith an mheasúnaithe
    - cur síos ar na caighdeáin ghnóthachtála
    - gluais na bpríomhthéarmaí agus na bpríomhshainmhínithe.

I neart slite tá sé seo cosúil leis an gcur chuige hibrideach i dtaca le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim a mhol Luke, Woods agus Weir, a dtugtar breac-chuntas air i gcaibidil 1, seachas roinnt eisceachtaí. Bunaithe ar athbhreithniú na ndlínsí, moltar gurb é an réimse is mó gur gá forbairt a dhéanamh air ná scafláil na dtorthaí foghlama sna sonraíochtaí agus/nó sna tacaíochtaí breise. Tá roinnt mhaith cur chuige glactha ag dlínsí eile ina leith seo. I measc na gcur chuige a scrúdaítear sa pháipéar seo, áirítear na trí rogha seo a leanas le smaoineamh orthu nuair a roghnaítear an teimpléad do shonraíochtaí curaclaim na sraithe sinsearaí in Éirinn:

1. mórionchais shnáitheanna a shoiléiríonn an fhoghlaim, agus a shonraíonn an méid a léireoidh an scoláire mar thoradh ar dhul i ngleic leis an bhfoghlaim sa snáithe sin.
2. saincheisteanna samplacha nó samplaí nó leideanna (nuair is cuí), a forbraíodh do chomhthéacs na hÉireann.
3. colún a chuireann i bhfad níos mó sonraí ar fáil ná an colún ‘foghlaimíonn an scoláire faoi’ a úsáidtear i sonraíochtaí a foilsíodh (2018 – 2021). Bealach eile chun scafláil níos fearr a chur ar fáil ar thorthaí foghlama a bheadh sa mhéid mionsonraí sa cholún ‘Foghlaimíonn an scoláire faoi’ a mhéadú.

Rinneadh roinnt meithleacha forbartha ‘tástáil bhóthair’ ar na trí rogha/chur chuige seo i leith torthaí foghlama a scafláil le linn 2023. Tháinig rogha shoiléir chun cinn ó na meithleacha seo go dtarlódh scafláil na dtorthaí foghlama laistigh de na sonraíochtaí seo trí thuilleadh sonraí a chur leis an gcolún ‘foghlaimíonn an scoláire faoi’ i sonraíochtaí, de réir mar is cuí agus de réir mar a oireann don ábhar nó don mhodúl a bhíonn i gceist. Moladh amháin ná go sainaithneodh na meithleacha forbartha cásanna ina bhféadfadh dúshlán a bheith ag baint le toradh foghlama nó le grúpa torthaí foghlama agus, sna cásanna seo, go gcuirfí mionsonrú aon leathanach ar fáil maidir leis an toradh/na torthaí foghlama áirithe mar ábhair thacaíochta le haghaidh cur i bhfeidhm na sonraíochta. Ní mór dul i ngleic go cúramach le scafláil na dtorthaí foghlama agus í a chur i bhfeidhm go tuisceanach, de réir mar a oireann do nádúr an ábhair, an mhodúil nó an tsnáithe atá i gceist, agus d’fhonn soiléire a bhaint amach gan ró-mhionsonrú, mar go léiríonn taighde gur féidir leis an ró-mhionsonrú réimse tionchair dhíobhálacha a imirt ar fhoghlaim an scoláire. Léirigh an t- aiseolas ó na meithleacha forbartha seo, tríd is tríd, gur seans gur bheag an chabhair a bheadh ann níos mó ná bealach amháin na torthaí foghlama a scafláil laistigh de shonraíochtaí a léiriú, mar go bhféadfadh sé an tsoiléireacht a laghdú nó d’fhéadfadh éiginnteacht a bheith ann nó d’fhéadfadh an tsonraíocht bheith trína chéile.

Ag breathnú ar na tacaíochtaí don chur i bhfeidhm sna dlínsí ar an iomlán, is léir go bhfuil na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil in Éirinn cosúil leis na cinn a chuirtear ar fáil in Ontario agus in Queensland, a bheag nó a mhór, bíodh agus gur gnách go gcuireann dlínsí a bhfuil comhpháirteanna measúnaithe inmheánacha acu tuilleadh ábhair mheasúnaithe ar fáil chun tacú le breithiúnais an mhúinteora maidir le caighdeán foghlama an scoláire.

Tá seirbhís tacaíochta thiomanta in Éirinn do mhúinteoirí dar teideal Oide, gné nach bhfuil i bhfeidhm sna dlínsí eile a ndearnadh staidéar orthu. Cuirfidh tuilleadh comhairliúcháin agus comhairliúchán leanúnach le múinteoirí léargais níos fearr ar fáil ar na tacaíochtaí is oiriúnaí do shraith shinsearach athfhorbartha.

## Caibidil 4 taighde agus aiseolas an mhúinteora maidir le sonraíochtaí reatha

Pléann an chaibidil seo an taighde a bhaineann le húsáid na dTorthaí Foghlama (Priestley 2019) i sonraíochtaí an churaclaim agus déantar athbhreithniú ann ar aiseolas a thug múinteoirí le déanaí maidir le dréachtsonraíochtaí ábhair/modúil na hArdteistiméireachta. Baineadh na tátail seo a leanas as:

- Tá an comhleanúnachas curaclaim, ar bhonn leathan, ríthábhachtach i dtaca le hathrú rathúil san oideachas. Is gá an t-ailíniú laistigh de gach cuid de na sonraíochtaí curaclaim a shíneadh ar fud an chórais oideachais chuig an oideolaíocht, cigireachtaí, forbairt ghairmiúil leanúnach agus oideachas tosaigh múinteoirí (comhleanúnachas ingearach)
- Tugtar le fios in aiseolas ó mhúinteoirí go bhfuil an-tábhacht le soiléireacht agus le comhleanúnachas laistigh d'fhoirm theicniúil sonraíochta.
- Tugtar le fios in aiseolas a bailíodh trí chomhairliúchán maidir le dréachtsonraíochtaí agus maidir le luath-chur i bhfeidhm gur féidir le roinnt codanna de shonraíocht cur leis an tsoiléireacht agus leis an gcomhleanúnachas
    - Is féidir leis an **Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna** soiléireacht a thabhairt maidir le cineál agus tábhacht an ábhair.
    - Is féidir leis na **Snáitheanna Staidéir** cabhrú leis an tslí ina rangaítear eolas sa tsonraíocht a leagan amach; le léaráid a léiríonn saintréith idircheangailte an eolais sin.
    - Is féidir le **cur chuige ilmhódach i leith an mheasúnaithe** ailíniú go maith leis na haidhmeanna agus leis an réasúnaíocht.
- Is féidir le torthaí foghlama ról tábhachtach a bheith acu maidir le comhleanúnachas curaclaim a bhaint amach ach bíonn dúshláin leo chomh maith, go háirithe i mblianta tosaigh na sonraíochta nua, nuair is féidir le neamhchinnteacht maidir leis an measúnú tionchar a bheith aige ar mhuinín múinteoirí agus ar a mbraistint fhéinéifeachtúlachta.
- Is féidir le dúshláin a bheith i gceist le dul in oiriúint don phleanáil le haghaidh teagaisc agus foghlama trí úsáid a bhaint as torthaí foghlama.
- Is féidir le scafláil torthaí foghlama, i sonraíocht agus/nó in ábhair thacaíochta, cur le foghlaim agus rannpháirtíocht múinteoirí le sonraíocht churaclaim nua nó athbhreithnithe agus lena muinín agus lena mbraistint fhéinéifeachtúlachta. D'fhéadfadh scoilteadh, neamhleanúnachas, dí-phroifisiúnú an teagaisc, níos lú oiriúnú ar an bhfoghlaim chun oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora agus, d'fhéadfaí a argóint, torthaí nach bhfuil chomh cothromasach don scoláire a bheith mar thoradh ar ró-mhionsonrú na dtorthaí foghlama. Is tábhachtach go mbaintear cothromaíocht amach idir an scafláil ar thaobh amháin, agus an tsolúbthacht agus rogha ar an taobh eile.
- Ba cheart scafláil a dhéanamh ar thorthaí foghlama i sraith sinsearach athfhorbartha ar shlí a gcuireann soiléireacht ar fáil maidir le *cén* fhoghlaim le tabhairt fúithi; a cheadaíonn neamhspleáchas curaclaim maidir le *conas* a thugtar faoin bhfoghlaim; a léiríonn meas ar ghairmiúlacht na múinteoirí chun eispéiris foghlama oiriúnacha, ábhartha a chur ar fáil don scoláire.

Mar sin féin, i bhfianaise na béime láidre ar scrúduithe deiridh na scoile in Éirinn agus ar an méid a thagann aníos sna scrúduithe, ní dócha go réiteofaí teannais a bhaineann leis an measúnú go hiomlán trí chur chuige

difriúil a ghlacadh i dtaca le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim, beag beann ar an méid scaflála le haghaidh torthaí foghlama a chuirtear ar fáil i sonraíochtaí agus/nó in ábhair thacaíochta.

## Caibidil 5 Príomhinniúlachtaí i sraith shinsearach athfhorbartha

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar thaighde ar chuir chuige na bpríomhinniúlachtaí (McGuinness, 2023) i leith an churaclaim agus scrúdaítear an tslí ina gcuireann príomhinniúlachtaí i sraith shinsearach athfhorbartha le príomhscileanna na sraithe sóisearaí agus sinsearaí reatha. Léiríonn an téarma 'inniúlachtaí' aiseolas an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach i dtaca leis an mian tuilleadh béime a leagan ar chomhtháthú an eolais, na scileanna agus na luachanna/meonta agus seasann sé le dul chun cinn a rinneadh le déanaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcaithfear é seo a dhéanamh follasach sa teagasc agus san fhoghlaim idir na hábhair agus na modúil, ní díreach laistigh dóibh, má tá an scoláire chun na ceangail a dhéanann sé idir ábhair a fheiceáil agus foghlaim uathu.

Is féidir le forbairt príomhinniúlachtaí a bheith ina buntáiste don scoláire ar réimse bealaí. Is féidir leis foghlaim théagartha, a fhanann leis an scoláire lasmuigh de chomhthéacs na scoile inar sealbhaíodh é, a thógáil. Is féidir leis cabhrú é a dhéanamh níos feasaí agus é a ullmhú le haghaidh dúshláin chasta dhomhan an lae inniu agus le haghaidh todhchaí nach bhfuilimid cinnte faoina mbeidh i gceist léi, agus féadfaidh sé guth a thabhairt dó agus a chumas a bheith rannpháirtíocht bhríoch a bheith acu sa sochaí a aithint. Is féidir leis cabhrú leis an scoláire tréithe pearsanta eile seachas an éirim aigne a fhorbairt a chabhraíonn leis le linn na scolaíochta agus ina dhiaidh, de réir mar a aistríonn sé isteach i saol an duine fhásta.

Mar sin féin, tá roinnt dúshlán ann freisin a thagann chun cinn agus príomhinniúlachtaí á gcoincheapú agus á gcomhtháthú i gcuraclam. Má tá an scoláire chun na ceangail a dhéanann sé idir ábhair a fheiceáil agus foghlaim uathu, caithfidh na ceangail seo a bheith follasach sa teagasc agus san fhoghlaim i measc ábhar agus modúl, seachas a bheith srianta chuig béim ar an tslí ina bhforbraítear na hinniúlachtaí in ábhair ar leith agus chuige sin amháin, rud a scoiltfeadh foghlaim an scoláire. Ní leor díreach na hinniúlachtaí a ainmniú. Caithfear tacú le múinteoirí agus treoir a thabhairt dóibh ina dtuiscint ar na príomhinniúlachtaí agus ar na buntáistí féideartha a bhaineann leo i dtaca le foghlaim an scoláire, agus caithfidh siad an tslí ina gcomhtháthaítear iad laistigh d'ábhair agus modúil agus ina síneann siad eatarthu a fheiceáil.

Ar mhaithe le maitrís na bpríomhinniúlachtaí a chruthú le haghaidh na sraithe sinsearaí, tugadh faoi réimse anailísí comparáideacha. Rinneadh anailís agus comparáid ar mhaitrísí inniúlachtaí i measc 5 ghníomhaireacht/eagraíocht oideachais fhornáisiúnta agus 8 ndlínse idirnáisiúnta. Rinneadh anailís ar phríomhthéamaí/inniúlachtaí/scileanna CNCM thar 4 chéim oideachais agus cruthaíodh maitrís na bpríomhinniúlachtaí mholta le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha. Ina dhiaidh sin, tugadh faoi na Príomhinniúlachtaí molta le haghaidh na Sraithe Sinsearaí a sainaithníodh i dtaighde McGuinness a úsáid agus a chur i liosta inniúlachtaí gonta le go n- úsáidfidh meithleacha forbartha iad atá i mbun na sonraíochtaí curaclaim a chruthú. Foilsíodh cáipéis na bpríomhinniúlachtaí (NCCA, 2023), a ghlacfaidh áit Chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí reatha (2009), go n-úsáidfidh meithleacha forbartha, múinteoirí, an scoláire agus scoileanna í, agus an tsraith shinsearach athfhorbartha á cur i bhfeidhm acu.

## Tátail agus dréacht-teimpléad

I bhfianaise taighde teoranta maidir le foirm theicniúil siollabais/sonraíochtaí curaclaim, in áit na litríochta taighde níos cuimsithí maidir le ceisteanna a bhaineann le hábhair, idé-eolaíochtaí agus béimeanna na

cáipéisíochta curaclaim, is féidir an chúis go n-úsáideann gníomhaireachtaí cumasc idir réamhtheachtaí, siollabais/sonraíochtaí reatha, foghlaim ó dhlínsí eile, agus aiseolas ó mhúinteoirí agus iad ag déanamh cinneadh faoin bhfoirm theicniúil ar cheart a bheith ar a gcuid cáipéisí siollabais/sonraíochta a thuiscint. Fiosraíodh gach ceann de na tosca seo sa pháipéar seo agus iad á lonnú laistigh de chomhthéacs teoiriciúil, stairiúil agus cultúrtha. Tá roinnt foghlama soiléir do CNCM sa pháipéar seo, a leagtar amach thíos.

I bhfianaise na gcastachtaí a bhaineann leis na hidé-eolaíochtaí, béimeanna, samhlacha agus traidisiúin churaclaim éagsúla agus feidhmeanna éagsúla na sraithe sinsearaí a sainaithníodh san aiseolas a fuarthas i gcaitheamh an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach (2017-2020), moltar go léireodh foirm theicniúil sonraíochtaí CNCM le haghaidh ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha cur chuige hibrideach i dtaca le dearadh curaclaim agus ba cheart do ndéanfar éascaíocht ar mheithleacha forbartha agus ar mhúinteoirí chun iad a chomhtháthú ar bhealach cuimsitheach agus ciallmhar. Tá an cur chuige seo níos ionchuimsithí i dtaca le réimse creideamh na múinteoirí agus na bpáirtithe leasmhara i leith an churaclaim; cuireann sé 'bealaí éagsúla isteach' i sonraíocht nua nó athbhreithnithe ar fáil agus cuireann sé leis an gcleachtas reatha maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm an churaclaim in Éirinn. Caithfidh teimpléad na foirme teicniúla a bheith oiriúnach don chur chuige hibrideach seo ach ina dhiaidh sin, tarlaíonn an obair chun cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir na traidisiúin/samhlacha/béimeanna agus idé- eolaíochtaí éagsúla

- sa phróiseas atriallach a bhaineann le sonraíocht a chruthú agus an teimpléad a líonadh, d'fhonn soiléireacht agus comhleanúnachas a bhaint amach, gan ró-mhionsonrú, d'úsáideoirí na gcáipéisí sonraíochta curaclaim agus
- i bpróisis an chur i bhfeidhm a dtugtar an tacaíocht chuí dóibh i scoileanna, i seomraí ranga agus i suíomhanna eile na foghlama.
-

Léiríonn athbhreithniú ar shiollabais/shonraíochtaí ó oideachas na meánscoile sinsearaí i réimse dlínsí eile (caibidil 3) nach ann d'aon chur chuige amháin go hidirnáisiúnta i dtaca le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim. Cé go bhfuil treochtaí cosúla le feiceáil go soiléir, tá éagsúlacht sa teanga agus sna ceannteidil a úsáidtear agus sa chur chuige a ghlactar. I measc roinnt gnéithe coménta tá:

- réamhrá agus/nó réasúnaíocht.
- aidhmeanna agus/nó cuspóirí.
- príomhscileanna nó príomhinniúlachtaí
- aitheantas don éagsúlacht i measc foghlaimeoirí.
- cuid ar theagasc agus ar fhoghlaim, le roinnt dlínsí ag tairiscint comhairle mhionsonraithe ar oideolaíochtaí agus cinn eile a thugann breac-chuntas leathan.
- snáitheanna staidéir.
- torthaí foghlama agus scafláil le haghaidh torthaí foghlama, ar réimse foirmeacha difriúla.
- cuir chuige i leith an mheasúnaithe.
- cur síos ar na caighdeáin ghnóthachtála.
- gluais na bpríomhthéarmaí agus na bpríomhshainmhínithe.
-

Is fiú suntas a dhéanamh de go bhfuil leibhéal scaflála le haghaidh snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama le sonrú i siollabais/sonraíochtaí curaclaim fhormhór na ndlínsí eile, dlínsí a ndéantar anailís orthu sa pháipéar seo i gcomparáid le hÉirinn, go háirithe san áit go bhfuil measúnú inmheánach nó cumasc idir measúnú inmheánach agus seachtrach i gceist. Bíonn an- chuid éagsúlachta sa scafláil seo i ndlínsí difriúla agus in ábhair dhifriúla. Is cosúil gurb í an aidhm ná soiléireacht a bhaint amach gan ró-mhionsonrú a dhéanamh.

Gné an-tábhachtach d'fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim ná saincheist an chomhleanúnachais curaclaim (caibidil 4). Is tábhachtach ailíniú idir siollabais/sonraíochtaí aonair agus cuspóir, fís agus treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí athfhorbartha. Tá an-tábhacht ag baint le hailíniú inmheánach idir gach gné de shiollabas/shonraíocht aonair lena chéile. Cuirtear in iúl in aiseolas ó mhúinteoirí go dtacaíonn siad, den chuid is mó, le neart gnéithe den tslí ina ndeartar sonraíochtaí CNCM ach go bhfuil dúshlán fós ag baint le pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú le torthaí foghlama agus go dteastaíonn tuilleadh scaflála le haghaidh na dtorthaí foghlama. Tá an cumas sa scafláil seo, bíodh sé maith nó olc, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- feabhas a chur ar fhoghlaim, ar rannpháirteachas, ar mhuinín agus ar fhéinéifeachtúlacht na múinteoirí.
- suaimhneas a chur ar fáil do mhúinteoirí atá imníoch nach bhfuil an léirmhíniú atá acu ar an tsonraíocht churaclaim nua mar an gcéanna lena gcomhghleacaithe, agus/nó dóibh siúd a d'fhéadfadh imní a bheith orthu nach mbeidh a gcuid scoláirí ullamh go leor dá scrúduithe nó nach mbeidh de chumas acu a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ar cheisteanna nó ar chomhthéacsanna nach bhfuil taithí acu orthu.
- an dóchúlacht go n-úsáidfí téacsleabhair agus scrúdpháipéir mar churaclam de facto don ábhar nó don mhodúl a bhíonn i gceist a laghdú, bíodh agus go mbeidís suntasach fós, i bhfianaise an tionchar atá acu ar an gcleachtas faoi láthair.
- scoilteadh na foghlama agus an neamhleanúnachais a bheith mar thoradh air.
- cur le dí-phroifisiúnú an teagaisc.
- níos lú oiriúnú ar an bhfoghlaim chun oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora agus, d'fhéadfaí a argóint, torthaí nach bhfuil chomh cothromasach don fhoghlaimeoir a bheith mar thoradh air.

Mar sin, tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir scafláil ar thaobh amháin agus solúbthacht agus rogha ar an taobh eile. Caithfidh dearadh na dtorthaí foghlama a bheith comhleanúnach le mór-uaillmhianta na céime foghlama sin. Mar shampla, má bhíonn na torthaí foghlama fíorshonrach agus má bhíonn an-chuid dóibh ann sa tslí agus go spreagann siad cuir chuige 'cuir tic sa bhosca' i dtaca leis an bhfoghlaim sa seomra ranga, d'fhéadfaidís tionchar diúltach a bheith acu ar phrionsabail threoracha na sraithe sinsearaí athfhorbartha, amhail *Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht* agus *Folláine agus caidrimh*. Is dúshlán leanúnach é soiléireacht, sintéis agus mionsonraí leordhóthanacha a bhaint amach gan ró-mhionsonrú a mbeidh tionchar aige ar fhorbairt an churaclaim de réir mar a phléann meithleacha forbartha, de réir mar a dhéanann siad díospóireacht agus a shocraíonn an fhoghlaim is tábhachtaí san ábhar nó sa mhodúl atá i gceist agus mar a líonfaidh siad an teimpléad d'fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha. I bhfianaise na béime láidre ar scrúduithe deiridh na scoile in Éirinn agus ar an méid a thagann aníos sna scrúduithe, ní dócha go réiteofar teannais a bhaineann leis an measúnú go hiomlán trí chur chuige difriúil a ghlacadh i dtaca le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim, beag bonn ar an méid scaflála le haghaidh torthaí foghlama a chuirtear ar fáil i sonraíochtaí agus/nó in ábhair thacaíochta.

Ba cheart d'fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim forbairt chomhtháite an eolais, na scileanna agus na luachanna/meonta a léiriú. Sa bhreac-chuntas a thugtar ar an gcur chuige molta i leith na bpríomhinniúlachtaí i sraith shinsearach athfhorbartha i gcaibidil 5 cuirtear inniúlachtaí (Bunscoil) agus scileanna (an tSraith Shóisearach) i measc na gcéimeanna oideachais san áireamh, lena n- áirítear príomhscileanna na sraithe sinsearaí reatha, agus dúshláin agus forbairtí sochaíocha níos leithne. Léiríonn príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí an cur chuige níos ionchuimsithí seo, glacfar áit phríomhscileanna na sraithe sinsearaí reatha agus cuimseofar iad sa teimpléad le haghaidh sonraíochtaí ábhair agus modúil.

Baineadh leas as an dréacht-teimpléad thíos agus sonraíochtaí na n-ábhar agus na modúl á bhforbairt i sraith shinsearach athfhorbartha. Seans go mbeadh gá leasú nó oiriúnú a dhéanamh air de réir mar is cuí le haghaidh ábhair/modúil dhifriúla agus chun tacú le tabhairt isteach níos mó conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach. Is iad na hathruithe is suntasaí ón teimpléad reatha ná gur cuireadh an méid seo a leanas san áireamh:

- Téacs nuashonraithe maidir le cuspóir/fís na sraithe sinsearaí.
- Athainmnítear 'Foghlaim ghaolmhar' agus dírítear air 'Leanúnachas agus Dul Chun Cinn'.
- Glacann na príomhinniúlachtaí áit phríomhscileanna na sraithe sinsearaí reatha agus fhís an fhoghlaimeora.
- Cuirfidh an colún 'foghlaimíonn an scoláire faoi' tuilleadh sonraí ar fáil agus déanfar na torthaí foghlama a scafláil ann.
- Tuilleadh comhpháirt(eanna) measúnaithe in éineacht le tuairisceoirí cáilíochta do na hábhair uilig.
- Léargas amhairc don scoláire agus do thuismitheoirí.

D'fhéadfadh tuilleadh aiseolais teacht chun cinn le linn na gcomhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtsonraíochtaí agus cuimhneofar ar an aiseolas sin nuair a bheidh na sonraíochtaí don tsraith shinsearach athfhorbartha á gcur i gcrích. Tarlóidh éagsúlú conairí go comhthreomhar le forbairt sonraíochtaí, mar sin seans go mbeidh gá an teimpléad a chur in oiriúint chun oiriúint do na conairí seo nuair a bheidh siad forbartha.

## Teimpléad alt ar alt

| Roinn | Cad a bheidh inti |
|---|---|
| An tsraith shinsearach | Is cuid chomónta de gach sonraíocht í an chuid seo. Tugtar breac- chuntas inti ar fheidhm, ar fhís agus ar threoirphrionsabail uileghabhálacha na sraithe sinsearaí athfhorbartha, a eascraíonn ón Tuairisc Chomhairleach ar Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí (CNCM, 2021). Cuireann an chuid seo leis an gcomhleanúnachas curaclaim agus cuireann sí slat tomhais ar fáil do ghrúpaí forbartha agus sonraíochtaí á gcruthú acu. |
| Réasúnaíocht | Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Leagann an réasúnaíocht amach<br>a) cineál an ábhair/an mhodúil atá i gceist.<br>b) ról agus tábhacht an ábhair/an mhodúil maidir le cuspóir/fís na sraithe sinsearaí a bhaint amach m.sh. an chaoi a gcuireann sé le forbairt intleachtúil, shóisialta agus phearsanta an scoláire.<br>c) mínítear tábhacht na n-ábhar i gcomhthéacs níos leithne. |
| Aidhmeanna | Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugtar breac-chuntas inti ar chuspóir uileghabhálach na sonraíochta, lena n- áirítear roinnt aidhmeanna praiticiúla le hurchair. |
| Leanúnachas agus dul chun cinn | Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugtar breac-chuntas inti ar roinnt bealaí a gcuireann an t-ábhar/an modúl le<br>- leanúnachas curaclaim ón tsraith shóisearach agus<br>- dul chun cinn ón scoil go dtí an saol aosach agus feabhas ar staidéir, ar obair, ar ghairmeacha agus ar rannpháirteachas sa phobal sa todhchaí. |
| Príomhinniúlachtaí | Cuireann an chuid seo príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí athfhorbartha in aithne. Tá míniú gairid i gceist leis seo agus grafaic na bpríomhinniúlachtaí agus cuirtear hipearnasc ar fáil chuig tuilleadh ábhair a bhaineann leis na príomhinniúlachtaí.<br><br>Tugtar breac-chuntas i ngach sonraíocht ar roinnt de na bealaí inar féidir na hinniúlachtaí seo a fhorbairt san ábhar nó sa mhodúl atá i gceist. |
| Teagasc agus foghlaim | Tugtar breac-chuntas gonta ann ar réimse leathan cur chuige i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe a d'fhéadfadh a bheith cabhrach do mhúinteoirí agus an tsonraíocht seo á cur i bhfeidhm, agus leagtar béim ar thábhacht na gcleachtas teagasc |

| | |
|---|---|
| | ionchuimsitheach. Cuirfear tacaíochtaí i dtaca le hoideolaíochtaí ar fáil mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach. |
| Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama | **Alt Tosaigh**<br>Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugtar breac-chuntas san fhocal tosaigh ar an gcur chuige iomlán i leith an ábhair/an mhodúil agus a struchtúr, agus ainmnítear na snáitheanna, ag cur achoimre ghrafach agus abairt ar fáil maidir leis an leithdháileadh ama. Tá an t-eolas a bhaineann le dearadh na dtorthaí foghlama don ardleibhéal agus don ghnáthleibhéal, de réir mar is cuí, le fáil anseo.<br>Tá abairtí comónta do gach sonraíocht i dtaca le snáitheanna, torthaí foghlama agus 'foghlaimíonn an scoláire faoi' le fáil anseo.<br><br>**Snáithe X: Teideal**<br>Ba cheart go n-aireofaí breac-chuntas gairid maidir le bunús an tsnáithe sa bhreac-chuntas ar an snáithe.<br><br>**Tábla thorthaí foghlama shnáithe X**<br>Tá tábla a bhfuil dhá cholún ann sa chuid seo. Tá torthaí foghlama sa cholún ar thaobh na láimhe deise ina dtugtar breac-chuntas ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama.<br>Caithfidh siad a bheith fairsing go leor chun ligean le gach foghlaimeoir iad a ghnóthachtáil agus a bheith sonrach go leor ionas gur féidir iad a thomhas agus a mheas, den chuid is mó.<br><br>Sa cholún ar thaobh na láimhe deise tugtar breac-chuntas ar réimsí ar leith a gcaithfidh an scoláire foghlaim fúthu. Cuirfear níos mó sonraí ar fáil sa cholún seo ná mar a bhíonn ann faoi láthair i sonraíochtaí curaclaim de chuid na sraithe sinsearaí a foilsíodh le déanaí, déanfar scafláil ar thuiscint ar na torthaí foghlama gan ró-mhionsonrú a dhéanamh. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.<br><br>Ba cheart go mbeadh uimhir/lipéad curtha leis na torthaí foghlama uilig chun tacú leis an bpleanáil. |
| Measúnú | **Measúnú**<br>Cuirtear tús leis an gcuid seo le téacs cineálach maidir le cuspóir an mheasúnaithe ar an iomlán sa tsraith shinsearach.<br><br>**Measúnú don teistiúchán**<br>Tá téacs cineálach i gceist leis maidir leis an measúnú don teistiúchán, ina dhiaidh sin tá tábla le feiceáil a bhaineann leis an ábhar/modúl ar |

| | |
|---|---|
| | leith a léiríonn comhpháirteanna an mheasúnaithe agus ualuithe do na scrúduithe scríofa agus comhpháirt(eanna) measúnaithe breise.<br><br>**Comhpháirt mheasúnaithe bhreise: [ionsáigh ainm]**<br>Tugtar breac-chuntas ar chuspóir agus ar chineál na chomhpháirte measúnaithe breise anseo. D'fhéadfadh grafaic a bheith ann, de réir mar is cuí.<br><br>**Tuairisceoirí cáilíochta do chomhpháirt(eanna) measúnaithe breise** Téacs gairid agus tábla a thugann breac-chuntas ar ardleibhéal, ar mheánleibhéal agus ar bhunleibhéal an éachta sa chomhpháirt mheasúnaithe bhreise.<br><br>**Scrúdú scríofa**<br>Téacs comónta agus pointí urchair a bhaineann leis an ábhar/modúl ar leith ina dhiaidh sin.<br><br>**Oiriúntais réasúnta**<br>Leibhéal comónta maidir le: Scéim Shocruithe Scrúdaithe do Scoláirí faoi Mhíchumas (RACE) san áireamh.<br><br>**Grádú na hArdteistiméireachta**<br>Téacs comónta agus tábla maidir le: grádú san áireamh.<br><br>Seans go gcaithfear an chuid mheasúnaithe sa teimpléad a chur in oiriúint do mhodúil na sraithe sinsearaí athfhorbartha. |
| **Aguisíní** | D'fhéadfadh eolas breise a bheith sna haguisíní a bhaineann le príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí atá leabaithe i dtorthaí foghlama gach ábhair agus gach modúil. D'fhéadfadh forléargas amhairc ar eochairchoincheapa/ar phríomhghnéithe fhoghlaim an scoláire san ábhar/sa mhodúl a bheith sna haguisíní. Is iad an scoláire agus na tuismitheoirí lucht féachana na hamharcíomhá seo agus is é an cuspóir atá aici ná tacú le comhráite maidir le foghlaim an scoláire san ábhar/sa mhodúl atá á phlé.<br><br>Baineann aguisíní breise go sonrach le gach sonraíocht aonair. D'fhéadfaí gluais briathra gnímh, gluais téarmaí agus ábhar ábhartha eile a áireamh ina measc. D'fhéadfaí tuilleadh aguisíní a chur san áireamh de réir mar is cuí le haghaidh ábhair/modúil aonair. Déantar scafláil ar chomhthuiscint ar an teanga, ar na briathra agus ar na téarmaí a úsáidtear sna torthaí foghlama agus sa tsonraíocht i gcoitinne sna haguisíní seo. |

# Réamhrá

Agus í ag scríobh go criticiúil ar réimse an churaclaim sna 1960idí, léirigh Hilda Taba frustrachas

> [Gur] beag plé atá ann ar an modheolaíocht a bhaineann le curaclaim a dhearadh agus go bhfuil níos lú soiléireachta ann maidir leis na gnéithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist le dearadh (lch2). (aistrithe go Gaeilge)


Agus iad i mbun pinn caoga bliain ina dhiaidh sin, áitíonn Luke, Woods agus Weir

> Is beag comhairle theoiriciúil nó phraiticiúil a thugann teoiric chomhaimseartha an churaclaim maidir le foirm theicniúil an churaclaim, do shainmhíniú agus sonrú grúpaí ordlathacha agus tacsanomaíochta, nó grúpaí tuairisciúla. Is é an t-eagrú téacs agus an obair a bhaineann le cáipéisí oifigiúla siollabais a réiteach an 'drochobair' neamhghalánta bhunaidh a bhaineann le hathchóiriú curaclaim (lch 3/4, 2012). (aistrithe go Gaeilge)

Is é cuspóir an pháipéir seo taighde agus cleachtais ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta a fhiosrú ar mhaithe le cur chuige maidir le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim a mholadh agus teimpléad a chur ar fáil le húsáid agus ábhair agus modúil á bhforbairt mar chuid d'athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Is iad an Bord don tSraith Shinsearach agus an Chomhairle spriocluchtanna léitheoireachta an pháipéir seo ar an gcéad dul síos. Is é cuspóir an pháipéir ná comhairle a chur orthu agus cabhrú leo cinntí a dhéanamh maidir le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha. Cuirfidh sé bonn eolais faoi mheithleacha forbartha freisin maidir leis an mbonn teoiriciúil agus praiticiúil don teimpléad a úsáidfidh siad agus na hábhair agus na modúil á n-athbhreithniú agus á n-athfhorbairt acu. Faoi dheireadh, feabhsaíonn sé an trédhearcacht do thaighdeoirí agus do dhaoine eile a bhféadfadh spéis a bheith acu níos mó a fhoghlaim faoin bhfáth a bhfuil an teimpléad d'fhorbairt ábhar agus modúl mar atá sé.

Tá sé tábhachtach a lua gur comhpháirt bheag de phróiseas casta níos leithne d'athfhorbairt agus d'athrú curaclaim é an teimpléad don fhoirm theicniúil. Is gá don teimpléad agus do na cáipéisí a chruthaítear ag baint úsáid as an teimpléad ailíniú agus tacú le haidhm ghinearálta athfhorbairt na sraithe sinsearaí, a bhfuil sé mar aidhm aici an tsraith shinsearach a athdhíriú ar fhorbairt iomlánaíoch gach scoláire, ag cabhrú leo bheith níos saibhrithe, rannpháirtí agus cumasaí mar fhoghlaimeoirí. Chun an aidhm seo a bhaint amach, tá réimse coinníollacha fabhracha d'athrú, a leagtar amach i dTuarascáil Chomhairleach an CNCM maidir le hAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (2022) agus athchruthaithe i bhFíor 1 thíos, ríthábhachtach do phróiseas ginearálta athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Cé go mbaineann an páipéar seo le mionsonraí, tá sé ríthábhachtach a aithint go bhfuil tábhacht i bhfad níos mó ag baint le cultúr ná mar atá ag mionsonraí agus machnamh á dhéanamh ar an mbrí atá le hathrú agus ar a mhéid a leabaítear athruithe agus múinteoirí ag obair ar an curaclam a chur i bhfeidhm trí idirghníomhaíochtaí lena gcuid scoláirí. Ní leor cáipéisí curaclaim a athrú. Is gá go mbeadh athrú curaclaim ailínithe le coinníollacha córais agus scoile; is gá go mbeadh am curtha ar fáil i bpróiseas an athruithe le ciall a bhaint as; is gá do phróisis forbartha curaclaim foghlaim ó ghairmiúlacht múinteoirí, tacú léi agus í a fheabhsú; agus is gá múinteoirí a aithint mar léirmhínitheoirí agus idirghabhálaithe an churaclaim

astu féin, agus iad ag tabhairt aghaidh ar churaclam leasaithe nó athfhorbartha trí lionsa a gcreideamh múinteoirí féin agus trína n-eispéiris ghairmiúla, lena n-áirítear réamhthaithí maidir le hathrú curaclaim.




**Fíor 1:** Coinníollacha fabhracha le haghaidh athfhorbairt na sraithe sinsearaí

## Céard is ciall leis an téarma 'foirm theicniúil' churaclaim?

Agus é ag fiosrú na ceiste seo, maíonn Stephen Petrina, seachas baint a bheith aige lenar cheart a fhoghlaim (polaitíocht an eolais, scileanna agus luachanna/meonta), nó cé leis ar cheart rudaí faoi leith a fhoghlaim (polaitíocht na féiniúlachta), go mbaineann foirm theicniúil churaclaim leis an gcaoi ar cheart é a eagrú (realpolitik foirme). Sa pháipéar seo, tagraíonn an téarma 'foirm theicniúil' don chaoi a n-eagraítear cáipéisí sonraíochtaí curaclaim náisiúnta d'ábhair agus do mhodúil. Áirítear leis sin na catagóirí a úsáidtear agus leagan amach na gcáipéisí, faoi cheannteidil faoi leith. Áirítear leis freisin an cur chuige a ghlactar laistigh de gach cuid de na cáipéisí seo, mar ní thugann an ceannteideal leis féin léargas ar an gcaoi a bhfuil gach cuid nó ar an gcaoi ar gá dul i ngleic le gach cuid agus an ar bhfáth a bhféadfaí go gceapfaí go bhfuil cur chuige faoi leith ar an gcur chuige is oiriúnaí. Go dtí le déanaí, ní raibh mórán i dteoiric an churaclaim maidir le 'foirm theicniúil' churaclaim. Mar thoradh air sin

> is beag atá ar fáil do scríbhneoirí curaclaim, lucht déanta beartas, múinteoirí agus oideoirí agus iad ag déanamh cinntí maidir le cruth agus struchtúr cáipéisí curaclaim agus siollabas (lch10, 2013, Luke, Woods agus Weir)

Sa bhearna seo, rinneadh cinntí maidir leis an gcaoi le curaclam a eagrú agus a leagan amach

> bunaithe ar fhasach, ar shiollabais a bhí ann roimhe seo nó ar shiollabais de chuid dlínsí eile [agus ar] an tuiscint is déanaí maidir leis na cineálacha struchtúr a shíl múinteoirí a bheith úsáideach (lch10, 2013, Luke, Woods agus Weir)

Sa pháipéar seo cuimhnítear ar anailísí acadúla a rinneadh le déanaí ar an tábhacht a bhaineann le foirm theicniúil an churaclaim (féach caibidlí 1 agus 4). Cuimhnítear ar fhasach (féach caibidlí 2 agus 3), fianaise ó dhlínsí eile (féach caibidil 3) agus aiseolas ó mhúinteoirí (féach caibidil 4), mar go bhfuil gach ceann de na nithe seo ábhartha agus an fhoirm theicniúil ba cheart a bheith ar shonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha á moladh.

## Cén fáth a bhfuil an CNCM ag tabhairt athshúil ar fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim?

Aithníodh in aiseolas a bailíodh le linn athbhreithniú na sraithe sinsearaí (2017 – 2020) agus a leagadh amach san Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022) an gá le tuilleadh machnaimh agus achoimre a dhéanamh ar an réimse agus cineál ábhar cuí (m.sh. sonraíochtaí, treoirlínte don mhúinteoir, ábhair shamplacha agus eiseamláiriú) a fhorbróidh agus a sholáthróidh CNCM:

- chun tacú le scoileanna, múinteoirí agus leis an scoláire atá ag obair le comhpháirteanna an churaclaim.
- conairí foghlama níos solúbtha tríd an tsraith shinsearach a éascú.

Agus fáilte á cur aici roimh an Tuarascáil Chomhairleach ar Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2022), gheall an tAire Oideachais Norma Foley

> go dtabharfaí aird faoi leith ar *dhearadh na gcáipéisí curaclaim* agus ar an bhforbairt ghairmiúil a theastaíonn, ós rud é go bhfuil ról lárnach ag múinteoirí in athrú curaclaim a chur i bhfeidhm.

Tá taighde, foghlaim ó eispéiris maidir le hathrú curaclaim agus comhairliúchán le múinteoirí maidir lena bhfuil ag teastáil le bonn eolais a chur faoi seo. Is iad bunchlocha na hathfhorbartha an cuspóir, an fhís agus na treoirphrionsabail chomhroinnte d'oideachas na sraithe sinsearaí a tháinig chun cinn ón gcomhairliúchán cuimsitheach le scoileanna agus páirtithe leasmhara le linn an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach (2017 – 2020). Is é an cuspóir comhroinnte seo ná go leanann an t-eispéireas oideachasúil sa tsraith shinsearach ag cur oideachas ar an duine ina iomláine; go gcabhraíonn sé gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla; go freastalaíonn sé ar chuspóirí aonair chomh maith le cuspóirí coiteanna; agus go gcabhraíonn sé leis an scoláire rochtain a fháil ar agus glacadh le deiseanna éagsúla amach anseo sa tsochaí shaoránaigh agus sa saol fásta.

Céad chéim thábhachtach eile in athfhorbairt na sraithe sinsearaí ná foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil a aithint. Beidh teimpléad do shonraíocht churaclaim ar fáil ag deireadh an pháipéir seo agus bainfear úsáid aisti chun sonraíochtaí a fhorbairt don chéad sciar d'ábhair, is iad sin:

- Sean-Ghréigis
- Araibis
- Bitheolaíocht
- Gnó
- Ceimic
- Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe
- Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta
- Laidin
- Fisic

Leanfaidh an comhoibriú, comhairliúchán agus rannpháirtíocht dhíreach le múinteoirí agus scoláirí ar aghaidh a bheith ina mbunghnéithe de phróiseas an CNCM maidir le sonraíochtaí a fhorbairt d'ábhair agus do mhodúil agus athfhorbairt á déanamh ar an tsraith shinsearach. Féadfaidh sé go ndéanfar athruithe ar an teimpléad do shonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha mar thoradh ar aiseolas ó mhúinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara agus le conairí éagsúlaithe sa tsraith shinsearach a léiriú.

Chomh maith le teimpléad a leagan síos d'fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus do mhodúil, sa pháipéar seo tosaítear ar mhachnamh a dhéanamh ar réimse agus cineál ábhar cuí a sholáthróidh CNCM agus/nó gníomhaireachtaí eile chun tacú le scoileanna, múinteoirí agus scoláirí ag obair le hábhair agus modúil churaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha. Beidh comhoibriú dlúth le múinteoirí agus aiseolas ó mhúinteoirí mar bhonn le cinntí faoi raon agus foirm an eolais le cur ar fáil.

Tá achoimre ar a bhfuil i gceist leis na téarmaí *curaclam* agus *forbairt curaclaim* sa pháipéar seo thíos ar mhaithe le soiléireacht a chur ar fáil do léitheoirí na cáipéise seo.

## Céard is curaclam ann?

Sa bhliain 1962, ba é an sainmhíniú a thug Taba ar churaclam ná '*plean don fhoghlaim*'. Baineann an sainmhíniú seo le réimse leathan comhthéacsanna agus cásanna ach ní éiríonn leis saibhre a bhfuil sé i gceist ag curaclam a bhaint amach a léiriú. Mhaígh A.V.Kelly an méid seo a leanas níos déanaí

> *I sochaí dhaonlathach, ba cheart go mbainfeadh curaclam oideachasúil ag gach leibhéal le heispéireas a mbíonn fuascailt i gceist leis a chur ar fáil trí dhíriú ar nithe faoi leith a chur chun cinn, nithe cosúil le saoirse agus neamhspleáchas smaointeoireachta, cumasú sóisialta agus polaitiúil, meas ar shaoirse daoine eile, glacadh le héagsúlacht tuairimí, agus saibhriú saol gach aon duine sa tsochaí sin beag beann ar aicme, cine nó creideamh (A.V. Kelly, 1977, 1d eag, 2009, 6ú heag, lch7)*

Ar mhaithe le cuspóirí an pháipéir seo, tagraíonn **curaclam** d'iomlán na foghlama:

- a leagtar amach i gcreatchuraclaim, i gcláir churaclaim, i sonraíochtaí curaclaim agus sna cáipéisí gaolmhara
- a stiúrtar agus a léirmhínítear mar chuid den fhoghlaim ghairmiúil,
- a mhúineann múinteoirí ag baint úsáid as réimse oideolaíochtaí agus
- a thugann an scoláire fúithi.

Léiríonn an sainmhíniú leathan seo ar churaclam na tuiscintí maidir le curaclam atá ag forbairt diaidh ar ndiaidh in Éirinn, ó bhreathnú air mar liosta ábhar agus siollabas amháin; go tuiscint go gcuimsíonn sé cláir, ábhair, siollabais agus oideolaíochtaí; go tuiscint go mbaineann na heispéiris phleanáilte oideachasúla ar fad leis; go tuiscint go gcuimsíonn sé iomlán na n-eispéireas scolaíochta a bhíonn ag an scoláire, lena n-áirítear an curaclam ceilte; an curaclam pleanáilte agus faighte; agus an curaclam foirmiúil agus neamhfhoirmiúil. Bíonn siollabais/sonraíochtaí faoi leith laistigh de churaclam, rud a ndéanann Luke, Weir agus Woods sainmhíniú air mar

> mapa agus gearrchuntas tuairisciúil... achoimre nó breac-chuntas struchtúrtha den mhéid ba cheart a mhúineadh agus a fhoghlaim (Luke, Weir agus Woods, 2013, lch7)

## Céard is forbairt curaclaim ann?

Tagraíonn **forbairt curaclaim** don phróiseas a bhaineann le cinneadh a dhéanamh faoinar cheart don scoláire foghlaim. Tarlaíonn forbairt curaclaim in áiteanna éagsúla, lena n-áirítear seomraí ranga, ranna ábhar agus scoileanna; timpeallachtaí agus institiúidí foghlama gairmiúla; gníomhaireachtaí náisiúnta curaclaim; agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus fornáisiúnta oideachas-lárnach.

Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an eolas, scileanna, agus luachanna/ meonta ba cheart don scoláire foghlaim, déanann forbróirí curaclaim, i gcomhar le páirtithe leasmhara agus taighdeoirí, athbhreithniú agus plé ar na príomhrudaí atá le leabú sa churaclam agus laistigh d'ábhair agus modúil aonair, agus roghnaítear ansin iad. Baineann cinnteoireacht maidir leis na cuir chuige i leith an mheasúnaithe a thacaíonn le foghlaim scoláirí agus iad ag forbairt a n-eolais, scileanna agus luachanna/ meonta le forbairt curaclaim freisin, chomh maith le machnamh ar chonairí éagsúla agus an chaoi a dtacaíonn siad leis an aistriú go todhchaíochtaí éagsúla.

Más é forbairt curaclaim an próiseas pleanáilte maidir lenar cheart do scoláirí foghlaim a roghnú agus a eagrú, agus riachtanais, cumais, buanna agus spéiseanna an chohóirt iomlán scoláirí ar dearadh an curaclam dóibh á gcur san áireamh, agus athruithe níos leithne sa tsochaí á léiriú/á gceistiú, tagraíonn **déanamh curaclaim** don ghníomh cruthaitheach a bhaineann le curaclam a thabhairt ar an saol, cibé acu ag leibhéal náisiúnta beartas nó i seomra ranga nó i dtimpeallacht eile foghlama a dhéantar é. Is gá go dtuigfeadh forbróirí curaclaim atá ag cruthú cáipéisí oifigiúla beartas curaclaim an chaoi le hionchais arda a choimeád agus ionchais churaclaim a sháraíonn an t-am atá ar fáil don fhoghlaim a sheachaint ag an am céanna. Is féidir le curaclaim a bhfuil an iomarca eolais iontu tionchar diúltach a imirt ar dhéanamh curaclaim, m.sh., ar dheiseanna múinteoirí freagairt go cruthaitheach agus go tairbheach ar riachtanais atá ag forbairt a gcuid scoláirí, agus ar chumais, suimeanna, buanna agus réamheolas na scoláirí.

## Céard is comhleanúnachas curaclaim ann?

Tagraíonn comhleanúnachas curaclaim don bhealach a leagtar curaclam amach agus a gcuirtear in ord é. Síltear go bhfuil an comhleanúnachas seo tábhachtach ag gach leibhéal – ag leibhéal an tseomra ranga, roinn an ábhair, agus na scoile, i gcomhthéacsanna foghlama gairmiúla, agus laistigh de agus trasna gníomhaireachtaí náisiúnta. Ar mhaithe le cuspóirí an pháipéir seo, leagtar an bhéim ar chomhleanúnachas curaclaim ag leibhéal beartais náisiúnta, is cuma más laistigh de

cháipéis Chreata, laistigh de chlár agus/nó laistigh de shonraíochtaí ar leith d'ábhair agus do mhodúil atá sé.

Tá dhá chineál comhleanúnachas curaclaim ann, ingearach agus cothrománach. Tagraíonn comhleanúnachas ingearach ag leibhéal beartais náisiúnta don ailíniú ar fud codanna éagsúla de chóras oideachais, amhail oiliúint tosaigh múinteoirí, forbairt ghairmiúil leanúnach, cigireachtaí, measúnú, agus scrúduithe. (Tabhair faoi deara go gciallaíonn comhleanúnachas ingearach ó léargas múinteoireachta go bhfuil foghlaim an scoláire struchtúrtha ar bhealach fiúntach agus loighciúil laistigh agus thar chéimeanna an oideachais). Tagraíonn comhleanúnachas cothrománach ag leibhéal beartais náisiúnta don ailíniú idir cáipéis Chreata uileghabhálach, ráiteas cláir (nuair is cuí) agus siollabais/sonraíochtaí faoi leith d'ábhair agus do mhodúil. Tagraíonn sé freisin d'ailíniú inmheánach na ngnéithe ar fad de shiollabas/sonraíocht faoi leith chun tacú le múinteoirí a bhfuil an cháipéis in úsáid acu le bonn eolais a chur faoina dteagasc. Déanann easpa comhleanúnachais damáiste d'fhoghlaim an scoláire agus lagaíonn sé rannpháirtíocht múinteoirí le agus tacaíocht múinteoirí d'athruithe curaclaim.

## Cén struchtúr atá ar an bpáipéar seo?

Leagtar an páipéar seo amach mar shraith caibidlí atá nasctha le chéile. Freagraíonn struchtúr na gcaibidlí do thuairim Luke, Weir agus Woods (lch10, 2013) go ndéanann comhlachtaí curaclaim cinntí maidir le foirm theicniúil a gcuid cáipéisí bunaithe ar

- thaighde ar *fhoirm theicniúil* siollabais/sonraíochtaí curaclaim (caibidil 1 agus 4)
- fasach, cleachtas atá ann cheana féin agus siollabais a bhí ann roimhe (caibidil 2 agus caibidil 3)
- anailís ar chleachtais i ndlínsí eile (caibidil 3)
- aiseolas ó mhúinteoirí ar na formáidí a shíleann siad a bheith úsáideach (caibidil 4)

Déantar teoiricí curaclaim agus a n-ábharthacht maidir le foirm theicniúil sonraíochtaí a mheas i gCaibidil 1. Tugtar achoimre ghairid i gCaibidil 2 ar stair an dearaidh curaclaim sa tsraith shinsearach in Éirinn, agus tugtar comhthéacs inti maidir le forbairt chur chuige an Stáit i leith fhoirm theicniúil siollabas/sonraíochtaí. I gCaibidil 3 breathnaítear ar fhoirm theicniúil siollabas/sonraíochtaí i réimse dlínsí idirnáisiúnta leis an bhfoghlaim beartas a éascú agus le cur chuige reatha na hÉireann a chur laistigh de chomhthéacs idirnáisiúnta níos leithne. Fiosraítear téama an chomhleanúnachais curaclaim i gCaibidil 4 agus leagtar béim faoi leith inti ar chuspóirí foghlama agus ailíniú i ndearadh curaclaim. Achoimrítear inti freisin an príomhaiseolas a fuarthas ó chomhairliúcháin phoiblí ar shonraíochtaí curaclaim na sraithe sinsearaí a rinneadh le déanaí. Déantar príomhinniúlachtaí agus an chaoi a bhféadfaí iad a chomhtháthú i sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha a fhiosrú i gCaibidil 5. I gCaibidil 6 tógtar ar na caibidlí roimhe le conclúidí a chur in iúl agus teimpléad a mholadh d'fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus do mhodúil araon i sraith shinsearach athfhorbartha. Faoi mar a cuireadh in iúl thuas, d'fhéadfadh athruithe teacht ar an teimpléad seo i bhfianaise aiseolas a thugtar do CNCM ar na deiseanna agus dúshláin a thagann ó chéad chéim athfhorbairt na sraithe sinsearaí agus nuair a thugann an Bord don tSraith Shinsearach agus an Chomhairle faoi na chéad chéimeanna eile a phlé.

# 1. Teoiric an churaclaim agus foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus do mhodúil

Tá sé dúshlánach teacht ar comhthuiscint maidir le brí an churaclaim mar gheall ar na bríonna iomadúla a bhíonn i gceist leis do mhúinteoirí, taighdeoirí, lucht déanta beartas, agus páirtithe leasmhara, lena n-áirítear scoláirí agus tuismitheoirí. Tá sé deacair freisin mar gheall go bhfuil athruithe agus forbairtí tagtha ar an mbrí atá le curaclam thar am agus mar go leanann an t-athrú agus an fhorbairt. Mar gheall ar na cúiseanna seo, féachann an chaibidil seo le sprioc níos réasúnta a bhaint amach, is é sin, achoimre a dhéanamh ar roinnt de na hathruithe seo thar am agus réimse tuiscintí a leagan amach maidir leis an mbrí atá le curaclam. Féachann an chaibidil seo le bonn taighde agus comhthéacs a chruthú lenar cheart a bheith i gceist le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha a aithint.

## 1.1 Teoiric an Churaclaim

Tá traidisiún saibhir ag fealsúnacht an oideachais, traidisiún a théann siar go dtí an chianaois. Déanann sé iniúchadh ar cheisteanna leathana a bhaineann le cuspóir an oideachais amhail cé dó a bhfuil an t-oideachas; an chaoi a dtarlaíonn foghlaim; cén t-eolas, scileanna agus meonta is mó luach; agus an chaoi a gcuirtear an t-oideachas i bhfeidhm do dhaoine aonair agus don tsochaí i gcoitinne. Rinneadh plé agus díospóireacht mhór ar na ceisteanna fealsúnachta seo le linn athbhreithniú ar an tsraith shinsearach an CMCM agus cuireadh le cuspóir, fís agus treoirphrionsabail shoiléire do shraith shinsearach athfhorbartha, atá leagtha amach in Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach - Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022). Is speisialtóireacht acadúil i bhfad níos déanaí é réimse an staidéir curaclaim. Forluíonn sé le ach tá sé éagsúil le fealsúnacht, socheolaíocht agus síceolaíocht an oideachais. Cruthaíonn sé deis d'anailís iomlánaíoch ar an oideachas mar gheall go bhfuil sé idirdhisciplíneach ó nádúr agus mar gheall nach fothacar é de dhisciplín atá ann cheana féin.

### Réamh-1920idí

Roimh na 1920idí, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, síleadh nach raibh i gceist le curaclam ach sraith cáipéisí oifigiúla rialtais, a raibh téacsleabhair éigeantacha mar chuid de in amanna, a bhí le cur i bhfeidhm ag múinteoirí sna scoileanna. Dhírigh na cáipéisí seo ar bhreac-chuntais ghairide d'ábhar ba cheart do mhúinteoirí a theagasc agus ba cheart do scoláirí a fhoghlaim go príomha, agus in amanna níor díríodh ach ar na nithe seo amháin. Cé gur ann anois do thuiscintí níos casta maidir le déanamh agus forbairt curaclaim, tá sé tábhachtach a aithint go gcuimhníonn go leor daoine fós ar cháipéisí oifigiúla curaclaim atá foilsithe ag an rialtas agus an focal curaclam i gceist. Tá sé tábhachtach freisin a aithint go mbíonn tionchar ag cáipéisí oifigiúla curaclaim ar chórais scoile, scoileanna, múinteoirí, agus eispéiris oideachais scoláirí.

### John Franklin Bobbitt agus riachtanais na sochaí

Agus borradh ag teacht ar réimse na síceolaíochta iompraíochta, agus de réir mar a lean spéis na sochaí san eolaíochas (cuir chuige eolaíochta a shíneadh do réimsí ar fad eolais agus eispéiris an duine) ag cur lena tionchar, thosaigh an dearcadh simplí seo i leith curaclaim ag athrú. Mhaígh John Franklin Bobbitt, príomhphearsa i réimse atá ag teacht chun cinn léann an churaclaim, gur chóir do lucht déanta curaclam cúram a dhéanamh de thaifeadadh a dhéanamh ar shaolta laethúla saoránach, ionas gur féidir cuspóirí curaclaim a fhorbairt a thiocfadh le riachtanais na sochaí, ar

mhaithe le saoránaigh a chur ar fáil a chuirfeadh go fiúntach leis an tsochaí. Tá an smaoineamh seo maidir leis an gcuraclam a bheith nasctha ann féin leis an tsochaí agus le riachtanais na sochaí, agus gur léiriú é ar an tsochaí agus ar a riachtanais, ina bhunghné d'fhorbairt curaclaim i gcónaí. Is é an rud a gcuirtear ina aghaidh go minic, áfach, ná cé chomh mór ba cheart do ghnéithe éagsúla na sochaí – saol poiblí agus sibhialta, lena n-áirítear cultúr, an timpeallacht, agus an geilleagar – bheith mar bhonn eolais faoi phróisis forbartha curaclaim agus bheith corpraithe sna cáipéisí a thagann ó fhorbairtí curaclaim.

### Ralph Tyler agus déanamh curaclaim áitiúil

Chuaigh Ralph Tyler, mac léinn de chuid Bobbitt, níos faide ná Bobbitt nuair a d'fhoilsigh sé *Basic Principles of Curriculum and Instruction* in 1949. Mhaígh sé ann gur cheart ceisteanna a bhaineann le haidhm an oideachais a shocrú ag leibhéal áitiúil. Tugadh 'Réasúnaíocht Tyler' ar na ceithre cheist a mhol sé do scoileanna (agus do cheannairí scoile go sonrach) a chur orthu féin agus iad ag iarraidh cinneadh a dhéanamh maidir lena gcuraclam. Seo a leanas na ceisteanna sin:

1. Céard iad na cuspóirí oideachasúla ba cheart do scoil féachaint lena mbaint amach?
2. Céard iad na heispéiris oideachasúla is féidir a chur ar fáil a fhéadfaidh na cuspóirí seo a bhaint amach?
3. Cén chaoi ar féidir na heispéiris oideachasúla seo a eagrú go héifeachtach?
4. Cén chaoi ar féidir a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na cuspóirí seo á mbaint amach?

Dar le Tyler, a luaithe agus a dhéanann ceannairí scoile cinneadh maidir leis na riachtanais, spéiseanna agus spriocanna ar a bhfreastalóidh a scoileanna, ba cheart don phobal scoile uile obair le chéile leis na heispéiris ba cheart a chur ar fáil do scoláirí chun na spriocanna seo a bhaint amach a aithint. Mhol sé go ndéanfaí éifeachtúlacht na n-eispéireas seo a mheas ina ndiaidh ó thaobh cé acu ar bhain nó nár bhain siad an tionchar inmhianaithe amach. Dála Bobbitt, chreid sé gur chóir don churaclam freagairt do riachtanais na sochaí agus cabhrú le daoine trí réitigh a chur ar fáil maidir le cuid de na dúshláin a bhí rompu, ach mheas Tyler gur tharla sé seo ag leibhéal na bpobal áitiúil seachas mar iarracht na sochaí ar fad. Cuireann lucht déanta beartas, múinteoirí, ceannairí scoile agus acadóirí in aghaidh cé chomh mór a chinntear – nó ba cheart go gcinntear – curaclam ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil go fóill. Uaireanta, bíonn inneachar an churaclaim agus an smacht a chleachtar ar scoileanna trí leagan síos an churaclaim araon faoi réir tionchair agus idirghabhálacha polaitiúla freisin. Ba dhearthóirí curaclaim chomh maith iad teoiricithe luatha curaclaim agus chíor siad an smaointeoireacht/taighde teibí maidir le fírinní praiticiúla an dearaidh curaclaim. Thar imeacht ama, scar an dá rud, ach le breis is deich mbliana anuas, tháinig an smaointeoireacht iomlánaíoch maidir le taighde, beartas agus cleachtas le chéile arís.

### Hilda Taba agus teoiric chasta an churaclaim

Tháinig éagsúlacht chun cinn sa réimse agus leathnaigh sé go suntasach ó lár an chéid, ach ní ar bhealach comhleanúnach ná córasach. Sna seascaidí, rinne Hilda Taba iarracht in *Curriculum Development: Theory and Practice* (Taba, 1962), ord a chur i bhfeidhm ar an méid a shíl sí a bheith ina scoilteadh, scoilteadh ar ábhar frustrachais é, i mbealaí smaointeoireachta maidir leis an gcuraclam, nach raibh, dar léi, cabhrach do chleachtóirí. Lorg sí ina leabhar teoiric chasta an churaclaim, teoiric nár tháinig leis na hinsintí simplí ina raibh rud simplí amháin mar bhonn leis an gcuraclam, mar shampla inneachar ábhair, riachtanais an fhoghlaimeora nó riachtanais na sochaí, ach a d'aimsigh bealach lena gcur le chéile ar bhealach cuimsitheach agus comhleanúnach.

Léiríonn sé seo, i ndeireadh na dála, an cur chuige i leith fhorbairt curaclaim a glacadh in Éirinn le go leor blianta anuas agus a dhéantar a fhiosrú níos mine i gcaibidil 2.

### Lawrence Stenhouse agus ról múinteoirí i ndéanamh curaclaim

Tugadh níos mó airde freisin ar ról múinteoirí i gcur i bhfeidhm agus in achtú curaclaim, agus scoláirí fearacht Lawrence Stenhouse ag iarraidh ar mhúinteoirí breathnú ar a gcuid oibre mar ealaín agus mar eolaíocht agus ag leagan béim ar an ngá le hoiliúint ar ardchaighdeán múinteoirí agus le forbairt ghairmiúil leanúnach. Tá go leor airde faighte ag an ngaol idirspleách idir go leor gnéithe idir an dá linn, agus múinteoirí ag déanamh cinntí laethúla an curaclam a chur i bhfeidhm ina gcuid seomraí ranga. I measc cuid de na ngnéithe seo tá:

- eolas, scileanna, luachanna, meonta, agus creidimh phearsanta agus ghairmiúla na múinteoirí.
- an timpeallacht/na timpeallachtaí ina n-oibríonn siad agus na daoine a n-oibríonn siad leo m.sh., scoláirí, ceannairí scoile srl.
- an tsaoirse atá ann de bharr na mbeartas (curaclaim) atá á gcur i bhfeidhm acu.
- an foghlaim agus tacaíocht ghairmiúil a chuirtear ar fáil agus múinteoirí ag baint brí as athruithe curaclaim.
- na córais a n-oibríonn siad laistigh díobh, struchtúir freagrachta agus córais tástála san áireamh.

### Joseph Schwab agus an curaclam mar phróiseas sóisialta

Is féidir athrú suntasach i réimse an churaclaim a rianú siar go halt Joseph Schwab dar teideal *The Practical: A Language for Curriculum* (Schwab, 1969) inar maíodh go raibh fadhbanna nua i réimse an churaclaim i ndiaidh teacht chun cinn (fadhbanna amhail feiniméan agóidíocht an scoláire) a raibh freagraí agus bealaí nua smaointeoireachta ag teastáil lena n-aghaidh. Murab ionann is Tyler, Taba agus Stenhouse, arbh eolaithe iompraíochta iad, b'fhealsúnaí eolaíochta é Schwab. Shíl seisean gur próiseas sóisialta cíortha agus breithiúnais é déanamh curaclaim, próiseas a bhfuil gníomh in ainm a bheith mar thoradh air, agus atá ceaptha freastal ar leas an phobail. D'aithin sé 5 ghné (nó 'ghnáthrud') is gá a chur san áireamh i ngach plé ar churaclam, is iad sin: múinteoirí, foghlaimeoirí, ábhar, timpeallacht agus déanamh curaclaim. Maireann tuairim Schwab maidir le déanamh curaclaim mar phróiseas casta sóisialta go dtí an lá inniu ann, d'ainneoin tuilleadh teoiricí i réimse an staidéir curaclaim.

### Pinar agus aistear beathaisnéiseach an fhoghlaimeora

D'fhreagair an chéad ghlúin eile de scoláirí curaclaim gairm Schwab maidir le bealaí nua smaointeoireachta ar churaclam. É sin ráite, níor dhírigh siad go príomha ar phlé, mar a theastaigh ó Schwab b'fhéidir, agus lorg siad ina ionad sin beartú teoirice níos fearr maidir le curaclam. Leagadh béim i dteoiric amháin den chineál sin, teoiric de chuid William F. Pinar bunaithe ar choincheap an 'currere', ar aistear beathaisnéiseach an fhoghlaimeora (Pinar, 1975). Leag sé béim ar an tábhacht a bhaineann le féinmhachnamh an fhoghlaimeora ar an am atá caite, ar an am i láthair, agus ar an todhchaí, ar mhaithe lena dteastaíonn ó dhuine agus leis an gcaoi ar féidir le hoideachas cur leis an aistear fadsaoil seo a aithint níos fearr. Tá an bhéim ar seo riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus ar ról an fhéinmhachnaimh san fhoghlaim soiléir i bpróisis agus i dtáirgí na forbartha curaclaim in Éirinn agus in go leor dlínsí eile go hidirnáisiúnta. Lorgaítear guth an scoláire níos minice agus níos minice freisin agus tugtar isteach i bpróisis na forbartha curaclaim é. Déantar machnamh i gcreatchuraclaim agus i sonraíochtaí curaclaim ar a ndéantar den scoláire mar thoradh ar a eispéiris saoil, lena n-áirítear eispéiris san oideachas, agus leagtar béim iontu ar

fhorbairt inniúlachtaí an scoláire. Déantar critíc ar ghnéithe seo na forbartha curaclaim astu féin. Féach, mar shampla, *Capacities and the Curriculum* le Gert Biesta agus Mark Priestley, Caibidil 3 in *Reinventing the Curriculum: New Trends in Curriculum Policy and Practice* (2014). Ina theannta sin, is minic a leagann treoirphrionsabail creatchuraclam béim ar an tábhacht a bhaineann le meonta dearfacha i leith na foghlama fadsaoil a fhorbairt ar feadh an tsaoil.

### Benson R. Snyder agus an curaclam ceilte

Sna 1960idí agus sna 1970idí, tosaíodh ag tabhairt níos mó airde ar an 'gcuraclam ceilte', téarma a chum Philip W. Jackson sa bhliain 1968. Thóg Benson R. Snyder ar shaothar Jackson agus rinne sé iniúchadh ar an gcaoi a n-imríonn gnásanna, tuairimí agus ionchais cheilte institiúidí agus na sochaí tionchar ar an gcaoi a mbíonn, nó nach mbíonn, scoláirí rannpháirteach san oideachas. Leag Snyder béim ar an iomaí bealach ina gcailleann scoláirí deiseanna forbairt go neamhspleách agus smaoineamh go cruthaitheach agus léirigh sé imní faoi leith maidir leis na deacrachtaí a chruthaíonn an curaclam ceilte do scoláirí ar mionlaigh iad. Bíonn imní maidir leis an gcuraclam ceilte, maidir lena thionchar ar mhionlaigh agus maidir le héagsúlacht agus ionchuimsiú le brath go soiléir go fóill i dtaighde curaclaim agus tagann iarrachtaí maidir lena thionchar a laghdú chun cinn go minic, le linn agóidí Black Lives Matter, agus le linn dhúnadh na scoileanna mar thoradh ar phaindéim Covid19, mar shampla.

Ag freagairt in go leor bealaí do chúiseanna imní atá ag teacht chun cinn mar gheall ar an taighde ar an gcuraclam ceilte, tá béim níos mó ar chruthaitheacht, ar smaointeoireacht neamhspleách (agus/nó nuálach) agus ar éagsúlacht agus ionchuimsiú ina gcroíghnéithe de go leor creatchuraclam, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus de thograí níos leithne oideachais, amhail Cairt agus Tairseach na nEalaíon san Oideachas (2012); an Clár 'Éire Ildánach' (2017 – 2022); agus Plean Gníomhaíochta DEIS d'Ionchuimsiú Oideachasúil (2005), a leathnaíodh le déanaí le níos mó scoileanna a chur san áireamh. Aithnítear an méid a bhíonn i bpáirt ag cruthaitheacht, folláine, éagsúlacht agus ionchuimsiú i gcreatchuraclaim go minic freisin, agus i dtograí a chuimsíonn agus a chlúdaíonn níos mó ná scolaíocht fhoirmiúil, i réimse an chúraim sláinte agus an chúraim shóisialta, mar shampla. É sin ráite, is minic nach n-aontaítear maidir leis na bealaí inar cheart prionsabail ar nós na cruthaitheachta agus na folláine a chomhtháthú sa churaclam.

### A.V. Kelly, curaclam agus idé-eolaíochtaí

Cé go maíonn roinnt teoiricithe curaclaim gurb é an t-aon chonclúid loighciúil os comhair castacht den chineál seo ná glacadh le cur chuige comhnasctha i leith curaclaim a dhearadh, ní aontaíonn gach duine. D'aithin A.V.Kelly, ina leabhar *The Curriculum: Theory and practice* (1977, 1d eag., 2009, 6ú heag.) 'trí phríomhoideolaíocht' atá soiléir i gcuir chuige i leith na forbartha agus pleanála curaclaim: curaclam mar inneachar agus oideachas mar sheachadadh; curaclam mar tháirge agus oideachas mar ní lárnach; agus curaclam mar phróiseas agus oideachas mar fhorbairt. Maíonn Kelly go mbaineann a gcuid impleachtaí agus iarmhairtí féin le gach ceann acu, ach nach ndéanann ach an trian acu seo

> cineál curaclaim a chur ar fáil atá riachtanach d'aon sochaí a mhaíonn a bheith daonlathach i ndáiríre" (ibid, lch91)

chomh fada is a bhraitheann sé ar

bhonn láidir a bhfuil bunús leis [seachas ar] ómós rómánsúil don óige (ibid, lch92).

Dar le Kelly, leagann curaclam oideachasúil i ndáiríre béim ar a threoirphrionsabail agus ar phróisis na forbartha daonna, agus is iad sin na gnéithe a stiúrann an curaclam, seachas an méid eolais a shúitear isteach nó athruithe i bhfeidhmiú iompraíochta.

**Caipiteal cultúrtha, sóisialta agus siombalach: Pierre Bourdieu agus E.D. Hirsh**

Bhí tionchar an-suntasach ag obair Pierre Bourdieu, socheolaí, ar theoiric an churaclaim. Molann sé ina gcuid saothar go bhfuil go leor cineálacha caipitil ann, lena n-áirítear caipiteal airgid/geilleagair, caipiteal cultúrtha (inniúlachtaí agus cáilíochtaí), caipiteal sóisialta (lena n-áirítear líonraí traidisiúnta sóisialta) agus caipiteal siombalach (lena n-áirítear cáil agus meas). Mhaígh sé go n-oibríonn na cineálacha caipiteal seo ar bhealach níos sofaisticiúla ná aicme shóisialta amháin agus go n-imríonn siad tionchar ar dhinimic chumhachta sa tsochaí. Chreid Bourdieu go mbaineann aicmí ceannasacha agus intleachtúla úsáid as meascán de na cineálacha ar fad caipiteal lena seasamh, gcumhacht, agus bpribhléidí thar ghlúnta, go háirithe san oideachas agus tríd an oideachas, a chaomhnú. Is ionann breithiúnais maidir le spéis chultúrtha/ aeistéitice (san ealaín, ceol, caithimh aimsire, bia, éadaí, troscán srl., mar shampla), dar le Bourdieu, agus gníomhartha an tsuímh shóisialta. Dar leis go nglacann páistí chucu féin ag aois óg spéiseanna aeistéitice a thagann lena mbunús sóisialta agus go bhforbraíonn siad go sciobtha gráin ar iompraíochtaí agus spéiseanna atá éagsúil lena n-iompraíochtaí agus spéiseanna féin. Shíl Bourdieu gurb iad na spéiseanna is léirithí agus is fréamhaithe na cinn a thagann ó laistigh den teaghlach den chuid is mó (bia, éadaí, troscán) seachas na cinn a bhféadann an t-oideachas tionchar a imirt orthu (ealaín, ceol, caithimh aimsire). Is féidir le caidrimh a thógtar thar am (caipiteal sóisialta) buntáistí a chur ar fáil freisin, lena n-áirítear buntáistí oideachasúla. Is féidir le hinfheistiú i gcaidrimh agus i spéiseanna a thagann leis na haicmí ceannasacha stádas agus meas a ardú. Go hiondúil, faightear caipiteal nach bhfuil chomh praiticiúil agus feiceálach céanna (caipiteal siombalach) trí cháil agus meas.

Nuair a úsáideann duine a bhfuil dea-cháil agus meas aige/aici é seo i gcoinne duine a bhfuil níos lú cumhachta/seasaimh shóisialta aige/aici, le hiallach a chur air/uirthi a [h]iompraíocht a athrú, is ionann seo agus foréigean siombalach. Is féidir le foréigean siombalach síneadh chuig oideachas, nuair a bhrúitear bealaí faoi leith smaointeoireachta agus tuiscint ar an domhan chun cinn tríd an oideachas. Nuair a bhíonn rath oideachasúil ag brath ar iompraíochtaí amhail éadaí, stíleanna gruaige, canúint, blas, srl., is ionann seo agus foréigean siombalach. Shéan Bourdieu an tuairim gur féidir le hoideachas comhionannas deiseanna a chur ar fáil agus, ar an gcaoi sin, cur le soghluaisteacht shóisialta. Mhaígh sé go n-athchruthaítear caipiteal sóisialta, cultúrtha agus siombalach i mbunstruchtúir an oideachais. Is iad eolas, scileanna, luachanna agus meonta na huasaicme agus na meánaicme, agus na heispéiris chultúrtha a bhfuil rochtain acu orthu is mó a shíltear a bheith luachmhar san oideachas agus sa tsochaí, agus cabhraíonn sé seo leis an gcaoi a n-athchruthaítear a gcumhacht agus tionchar tríd an oideachas a mhíniú. Is féidir le hoideolaíochtaí, teanga agus gnásanna an tseomra ranga a bheith ina ngníomhartha d'fhoréigean siombalach i gcoinne grúpaí sóisialta agus mionlach faoi leith freisin. Cabhraíonn sé seo ar fad an éagsúlacht i ngnóthachtáil acadúil páistí ó chúlraí sóisialta difriúla a mhíniú, go háirithe nuair a bhíonn caipiteal cultúrtha cumaiscthe le héirim. Shíl Bourdieu gur ag leibhéal neamh-chomhfhiosach a tharlaíonn sé seo den chuid is mó, seachas é a bheith ina ghníomh d'aon ghnó d'fhoréigean siombalach.

Is acadóir Meiriceánach é E.D. Hirsh a rinne caipiteal cultúrtha san oideachas a choincheapú ar bhealach difriúil. Seachas critíc a dhéanamh ar an tuairim gur chóir d'aicme nó grúpa sóisialta amháin an t-eolas cultúrtha is mó luach a leagan síos (mar a rinne Bourdieu), d'fhoilsigh sé leabhar sa bhliain 1987 dar teideal *Cultural Literacy* inar liostaíodh breis is 5,000 coincheap, frása, ainm agus dáta ba cheart a bheith ar eolas ag gach Meiriceánach le bheith liteartha ó thaobh an chultúir de. Foilsíonn agus nuashonraíonn a eagraíocht neamhbhrabúis go rialta tacar treoirlínte curaclaim is féidir a úsáid i seomraí ranga. Bhí smaointe Hirsh an-chonspóideach, agus tá fós. Nuair a chuimhnítear ar an liosta i bhfianaise theoiricí Bourdieu, d'fhéadfaí a rá gur gníomh foréigin shiombalaigh é úsáid an liosta seo san oideachas, mar go léiríonn sé Hirsh ag úsáid a cháile agus a mheasa (mar acadóir) chun a dhearcadh maidir lena bhfuil i gceist le hoideachas a fháil a chur i bhfeidhm (a liostaí d'ábhar curaclaim) ar ghrúpaí páistí, beag beann ar a gcúlra, spéiseanna aeistéitice agus mianta. Creideann an dream a thacaíonn le cuir chuige Hirsh go dtugann a chur chuige cothrom na Féinne do chách trí chabhrú le scoláirí ón ísealaicme dul in iomaíocht lena gcuid piaraí i ndomhan nach gcuireann mórán luacha ar na bealaí maireachtála atá acu sa domhan seo. Go bunúsach, ghlac Hirsh le tuairim Bourdieu *gur féidir le hinfheistiú i gcaidrimh agus i spéiseanna a thagann le caidrimh agus spéiseanna na n-uasaicmí stádas agus meas a ardú* agus mhol sé, mar sin, gur chóir sin a úsáid chun leasa na bpáistí ar fad, seachas troid ina aghaidh. Tá tuairimí Bourdieu agus Hirsh, atá an-éagsúil lena chéile, maidir le brí agus impleachtaí an chaipitil shóisialta, chultúrtha agus shiombalaigh, ábhartha d'fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim, go háirithe nuair a smaoinítear ar idé-eolaíochtaí/treochtaí/samhlacha atá i bhfeidhm i gcáipéisí curaclaim agus nuair a chuimhnítear ar an gcaoi a gcuirtear le chéile agus a bhforbraítear eolas iontu.

### Curaclaim nach féidir le múinteoirí tionchar a imirt orthu (*teacher-proof curricula*)

Le linn na 1960idí agus na 1970idí, i gcodarsnacht le teoiricí níos casta agus níos casta maidir le curaclaim a bhí á gcur chun cinn ag acadóirí, bhí curaclaim ar tugadh 'curaclaim nach féidir le múinteoirí tionchar a imirt orthu' á bhforbairt ag go leor luchtanna déanta beartas agus rialtas. Tugadh cáipéisí curaclaim an-teicniúil agus saintreorach do mhúinteoirí in go leor tíortha (ach ní in Éirinn) le 'soláthar' dá scoláirí. Cruthaíodh naisc shoiléire agus dhiana idir cuspóirí, ábhar agus measúnú, le cur le comhleanúnachas ingearach curaclaim, ach chomh maith leis sin le hiarracht a dhéanamh an dóchúlacht go mbainfeadh múinteoirí 'míbhrí' as cuspóirí siollabas nua nó leasaithe curaclaim a ísliú go mór. Bhí an chuma ar an scéal gurbh é an cuspóir ba thábhachtaí ná cinntiú gur chuir múinteoirí an curaclaim oifigiúil rialtais i bhfeidhm go dílis. Rinneadh cáineadh ar churaclaim den chineál seo mar gur bheag scóip a d'fhág siad do bhreithiúnas gairmiúil, cruthaitheacht agus saineolas múinteoirí. Mar barr air sin, dheimhnigh an taighde gan mhoill go raibh sé indéanta eispéireas curaclaim aonair 'dílis' a bhaint amach, sa phleanáil nó i léiriú seomra ranga. Is cuma má thug lucht déanta beartas aitheantas dó nó nár thug, is é an fhírinne ná go mbaineann an méid seo a leanas le cur i bhfeidhm curaclaim:

> ...próisis léirmhínithe, idirghabhála, idirbheartaíochta, agus aistriúcháin an-dinimiciúil ar fad. (Priestley, Philippou, Alvunger, Soini, lch1, 2021)

Is gá dóibh siúd a chruthaíonn cáipéisí curaclaim; dóibh siúd a dhearann FGL; do scoileanna agus múinteoirí agus iad ag tabhairt faoi phleanáil churaclaim; agus do mhúinteoirí agus do scoláirí atá ag dul tríd agus ag déanamh an churaclaim in idirghníomhaíochtaí seomra ranga fíor-ama agus iad ag baint úsáid as réimse oideolaíochtaí, is gá dóibh an fhírinne seo a aithint.

Tá an méid soiléire agus sonraí a chuireann cáipéisí curaclaim ar fáil maidir leis an eolas, scileanna agus luachanna/meonta ba cheart do mhúinteoirí cabhrú le scoláirí a fhorbairt agus an méid sainiúlachta ba cheart do cháipéisí oifigiúla curaclaim a chur ar fáil, go háirithe i dtaca le 'heolas ábhair' (seachas cineálacha eile eolais) agus le measúnú, tá siad go fóill i measc na ngnéithe is mó a gcuirtear ina gcoinne ó thaobh na forbartha curaclaim de. Fiosraítear na ceisteanna seo go mion i gcaibidlí a trí agus a ceathair.

### John Goodlad agus na leibhéil churaclaim

Idir an dá linn, lean coincheapuithe an churaclaim ar aghaidh ag forbairt le linn na 70idí, 80idí agus 90idí. Ba é John Goodlad a chuir na leibhéil churaclaim in iúl. D'aithin sé 4 leibhéal ag a dtarlaíonn curaclam: ag leibhéal na sochaí, ag leibhéal institiúideach, agus leibhéal teagaisc, agus ag leibhéal pearsanta. Cé gur leag sé béim ar an gcumarsáid agus idirbheartaíocht idir agus thar leibhéil, tharla sé go síltear anois go bhfuil a chuid oibre róchéimlathach, agus, in amanna, go ndéantar í a cháineadh dá bharr sin. Mar sin féin, is minic – ní nach ionadh – a dhéantar tagairt i bplé maidir le forbairt agus dearadh curaclaim do chuir chuige 'ón mbarr anuas' agus 'ón mbun aníos'. Is féidir leis a bheith cabhrach smaoineamh ar churaclaim i gcomhthéacs na leibhéal éagsúil ag a dtarlaíonn sé, ar an gcoinníoll nach dtugtar tús áite d'aon leibhéal thar na cinn eile ar fad agus go léirítear meas ar an gcomhoibriú thar leibhéil agus go n-aithnítear é.

### Walter Doyle, Zongyi Deng agus trasnachas curaclaim agus oideolaíochtaí

Leagadh béim i gcoincheapuithe eile maidir leis an gcaoi a dtrasnaíonn curaclam institiúideach nó 'oifigiúil' leis an eispéireas a eascraíonn as curaclam in idirghníomhaíochtaí seomra ranga gur próiseas atriallach neamhlíneach é próiseas na pleanála, an teagaisc, na foghlama agus an mhachnaimh a bheachtaíonn múinteoirí i bpróiseas timthriallach déanamh agus athdhéanamh curaclaim le linn idirghníomhaíochtaí seomra ranga agus trí na tascanna a leagan siad amach dá gcuid scoláirí. Leag acadóirí cosúil le Doyle agus Deng béim ar an gcaoi nach féidir le curaclam a bheith ann gan oideolaíocht: cé go mb'fhéidir go bhféadfaí é a shonrú i gcáipéisí teoiriciúla (a bheag nó a mhór, ag brath ar an dlínse agus/nó céim an oideachais), ach nach féidir é a thabhairt chun saoil ach sna seomraí ranga ina gcuirtear i bhfeidhm é. Breathnaíodh freisin ar na hinniúlachtaí agus ar na heispéiris saoil a thugann scoláirí isteach ina gcuid seomraí ranga mar ghnéithe tábhachtacha i bpróiseas déanta curaclaim ranga, de réir mar a théann scoláirí i ngleic le heispéiris, tascanna agus ábhar oideachais éagsúla ar dócha gur curaclam oifigiúil a mbunfhoinse, ach go bhfaigheann scoláirí taithí orthu mar ní a stiúrtar, a léirmhínítear agus a dheartar ag a gcuid múinteoirí. Ceistíonn na coincheapuithe seo ó bhonn smaointe simplí nach bhfuil i gcuraclam ach sraith cáipéisí oifigiúla rialtais a bhíonn le cur i bhfeidhm ag múinteoirí i scoileanna. Léiríonn siad freisin gur féidir déanamh curaclaim a fhiosrú ó dhearcthaí éagsúla, lena n-áirítear dearcthaí scoláire, seomra ranga, scoile, réigiúin, seirbhíse tacaíochta gairmiúla, taighde, déanamh beartas agus/nó polaitíochta.

### Annette Thijs, Jan Van den Akker agus leibhéil, táirgí agus comhpháirteanna curaclaim

Rinne Thijs agus Van Den Akker (2009) leathnú ar choincheap John Goodlad gurb ionann curaclam agus rud éigin a bpléitear leis ag leibhéil éagsúla. D'aithin Thijs agus Van Den Akker rud a ndearna siadsan cur síos air mar 'forleibhéal' tionchair ar fhorbairt curaclaim. Aithníonn an 'forleibhéal' seo tionchar gníomhaireachtaí agus gníomhaithe idirnáisiúnta amhail EOECNA, an AE, an ECFE, agus an Banc Domhanda, tionchar atá ag méadú. Cuimsíonn sé freisin deiseanna feabhsaithe do thaighdeoirí, lucht déanta beartas agus oideoirí maidir le comhráite agus deiseanna trasnáisiúnta a bheith acu don fhoghlaim (nó iasacht) beartas, a bhfuil ról suntasach aici i bhforbairt (beartas) curaclaim. Seo a leanas na lipéid a cuireadh ar 4 leibhéal Thijs agus Van Den

Akker (ar thug Goodlad leibhéal sochaíoch, leibhéal institiúideach, leibhéal teagaisc agus leibhéal pearsanta orthu): an Macraileibhéal (leibhéal córasach, náisiúnta); an Méisealeibhéal (Scoileanna agus Institiúidí); an Micrileibhéal (Seomra ranga, Múinteoir) agus; an Nanaileibhéal (Scoláire, Indibhidiúil).

| Level | Description | Examples |
|---|---|---|
| SUPRA | International | • Common European Framework of References for Languages |
| MACRO | System, national | • Core objectives, attainment levels<br>• Examination programmes |
| MESO | School, institute | • School programme<br>• Educational programme |
| MICRO | Classroom, teacher | • Teaching plan, instructional materials<br>• Module, course<br>• Textbooks |
| NANO | Pupil, individual | • Personal plan for learning<br>• Individual course of learning |

**Tábla 1:** Leibhéil agus táirgí curaclaim, ó Thijs agus Van Den Akker (2009)

Rinneadh idirdhealú ina gcuid oibre idir foirmeacha éagsúla curaclaim, is é sin, idir curaclam beartaithe (an fhís agus na cuspóirí leagtha amach i gcáipéisí oifigiúla); curaclam achtaithe (an chaoi a léirmhíníonn, a bpleanálann agus a mhúineann múinteoirí an fhís agus na cuspóirí trí idirghníomhaíochtaí, tascanna agus gníomhaíochtaí seomra ranga) agus curaclam eispéirithe (a bhraitheann, a dhéanann agus a fhoghlaimíonn scoláirí).

D'aithin Thijs agus Van Den Akker deich gcroí-chomhpháirt de chuid an churaclaim[1]. Déantar cur síos orthu i dtábla 2 thíos.

---

[1] Baineann CNCM úsáid as an téarma 'comhpháirteanna curaclaim' le tagairt a dhéanamh d'ábhair, modúil agus réimsí foghlama.

| COMPONENT | CORE QUESTION |
|---|---|
| Rationale | Why are they learning? |
| Aims and objectives | Towards which goals are they learning? |
| Content | What are they learning? |
| Learning activities | How are they learning? |
| Teacher role | How is the teacher facilitating their learning? |
| Materials and resources | With what are they learning? |
| Grouping | With whom are they learning? |
| Location | Where are they learning? |
| Time | When are they learning? |
| Assessment | How is their learning assessed? |

**Tábla 2:** Comhpháirteanna an churaclaim i bhfoirm ceiste, ó Thijs agus Van den Akker (2009)

Rinne Van Den Akker (2003) na comhpháirteanna seo a léirshamhlú mar líon damhán alla níos túisce, áit ar imir lagú snáithe ar bith tionchar ar sheasmhacht na snáitheanna eile ar fad. Luaigh Thijs & Van den Akker freisin go bhféadfadh roinnt comhpháirteanna a bheith níos tábhachtaí ná cinn eile, ag brath ar leibhéil déanamh agus forbairt an churaclaim ag a bhfuiltear ag feidhmiú. Mar shampla, go ginearálta, bíonn níos mó tábhachta ag *Grúpáil agus Suíomh* i scoileanna agus seomraí ranga (micrileibhéal agus foleibhéal) agus cuimhníonn an dream a bhíonn ag feidhmiú ag forleibhéal agus ag macraileibhéal níos mó ar *Réasúnaíocht* agus *Aidhmeanna* agus *Cuspóirí*. Agus machnamh á dhéanamh ar an gcaoi le teimpléad a fhorbairt d'fhorbairt shonraíocht curaclaim a úsáidfear i sraith shinsearach athfhorbartha, tá sé tábhachtach a shoiléiriú cé acu de na comhpháirteanna a thiocfaidh go hiomlán nó go páirteach taobh amuigh de réimse tionchair dhearadh sonraíochta curaclaim (macraileibhéal), is é sin go sonrach, *ábhair agus acmhainní*, *grúpáil*, *suíomh* agus ag an am céanna ach ní an oiread céanna *am*, *gníomhaíochtaí foghlama agus ról an mhúinteora*, cé go luaitear rud éigin i bhformhór na sonraíochtaí maidir leis na hoideolaíochtaí a úsáidtear le haidhmeanna agus cuspóirí na sonraíochta curaclaim atá i gceist a bhaint amach. Ní hé sin le rá nach bhfuil tábhacht leo, ach go dtiteann siad faoi scáth coinníollacha fabhracha d'athrú curaclaim (féach lch2) de réir mar a leagtar amach iad i dTuarascáil Chomhairleach CNCM maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2022).

Agus na comhpháirteanna curaclaim is ábhartha do lucht déanta beartas curaclaim á gcur san áireamh, tá anailís chomparáideach i gCaibidil 3 ar chroí-chomhpháirteanna sonraíochtaí curaclaim in Éirinn agus i raon dlínsí eile, ar mhaithe le machnamh a dhéanamh ar an leagan amach ba cheart a bheith ar fhoirm theicniúil agus ar theimpléad dhearadh sonraíochta curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha.

### Mark Priestly et al agus suíomhanna gníomhaíochta curaclaim

Tógann leabhar Mark Priestley, Daniel Alvunger, Stavroula Philippou agus Tiina Soini, *Curriculum Making in Europe: Policy and Practice Within and Across Diverse Contexts* (2021) ar leibhéil Thijs agus Van Den Akker, agus cuireann sé leo, le coincheap na 'suíomhanna gníomhaíochta' ina dtarlaíonn an déanamh curaclaim ar mhaithe leis na cleachtais shóisialta a bhíonn i gceist leis an gcinnteoireacht curaclaim; na foirmeacha éagsúla curaclaim atá i suíomhanna éagsúla; agus na 'gníomhaithe' (grúpaí agus daoine aonair) a thugann faoin déanamh curaclaim ar mhaithe le cuspóirí éagsúla i suíomhanna éagsúla, a léiriú ar bhealach níos iomláine. Mhaígh Priestley et al gurb é an cineál gníomhaíochta atá ann a rialaíonn más forghníomhaíocht, macraighníomhaíocht, meiseaghníomhaíocht, micrighníomhaíocht nó nanaighníomhaíocht atá ann, seachas na daoine nó

na gníomhaithe a thugann faoi ghníomhaíochtaí déanta curaclaim, mar gur minic a bhogann an dream a dhéanann curaclaim idir na suíomhanna éagsúla seo, ag brath ar an gcineál déanta curaclaim a bhfuil siad ag plé leis. Síltear an méisileibhéal, lena n-áirítear gníomhaireachtaí FGL, eagraíochtaí ábhar múinteoirí agus fiú soláthraithe téacsleabhar, a bheith ríthábhachtach ó thaobh deiseanna a chur ar fáil maidir le 'hidirghabháil, aistriú agus léirmhíniú' ó bheartas go cleachtas. Léirítear na suíomhanna gníomhaíochta seo ar bhealach atá 'neodrach ó thaobh an chomhthéacs de', ionas nach síltear gur suíomh ceart é suíomh ar leith gníomhaíochta (déanamh curaclaim agus cáipéisíocht curaclaim oifigiúil rialtais den chuid is mó) ina dtarlaíonn an déanamh curaclaim, nó go bhfuil sé ar an gceann is tábhachtaí. Agus anailís á déanamh ar shuíomhanna gníomhaíochta, léirítear spéis faoi leith sna bealaí ina mbogann gluaiseachtaí smaointe, dioscúrsa, agus tionchar thar agus idir suíomhanna agus gníomhaithe éagsúla, agus curaclam á dhéanamh agus á athdhéanamh.

D'fhéadfaí a rá go bhfuil an cur chuige neodrach ó thaobh an chomhthéacs de a mholann siad níos daonlathaí agus nach bhfuil sé chomh breithiúnach céanna maidir leis na gníomhaithe éagsúla laistigh de chórais oideachais a thugann faoi dhéanamh agus forbairt curaclaim. Is féidir leis freisin béim a leagan ar na difríochtaí agus ar na dúshláin a thagann chun cinn nuair nach é an príomhchuspóir atá ann critíc a dhéanamh, cé gur féidir le critíc den chineál sin teacht chun cinn, agus tagann, agus is minic a bhíonn sé cabhrach. É sin ráite, ní bhíonn an cur chuige seo atá neodrach ó thaobh an chomhthéacs de chomh húsáideach céanna má thugann an dream atá ag baint úsáid as neamhaird ar na dinimic chumhachta a bhíonn i gceist laistigh agus thar na leibhéil éagsúla agus curaclam á fhorbairt agus á chur i bhfeidhm.

## William A. Reid agus traidisiúin churaclaim

Sa deireadh thiar, ba bhotún é teoiric an churaclaim a léiriú mar phróiseas líneach i leith comhthuisceana. Cómhaireann roinnt teoiricí curaclaim ag an am céanna agus/nó bíonn siad i gcomhairle lena chéile ag am áirithe. In *The Pursuit of Curriculum: Schooling and the Public Interest* (Reid, 2006), aithníonn Reid 4 thraidisiún curaclaim. Tá sé mar aidhm ag traidisiún córasach cur chuige i leith an déanaimh curaclaim a oibríonn i ngach comhthéacs agus le gach ábhar a aimsiú. Díríonn an traidisiún eisíoch ar eispéiris, samhlaíocht agus dírbheathaisnéis an fhoghlaimeora agus glactar leis mar chuid de nach bhfuil institiúidí chomh tábhachtach céanna. Déantar critíc sa *traidisiún radacach* ar gach curaclam agus diúltaítear go hiomlán mar chuid de d'institiúidí an churaclaim agus na scolaíochta. Faoi dheireadh, aithnítear sa cheathrú traidisiún, sa *traidisiún breithniúcháin*, go mbíonn rud éigin le fáil i ngach ceann de na traidisiúin – is cuma más cur chuige córasach, cur chuige bunaithe ar fhoghlaimeoirí nó critíc ar churaclam mar choincheap agus mar fhírinne phraiticiúil atá i gceist – agus go bhfeictear gurb é cíoradh go bunúsach cuspóir an déanamh curaclaim. Tá próiseas forbartha curaclaim CNCM fréamhaithe sa traidisiún breithniúcháin seo.

## Athruithe sochaíocha agus a dtionchar ar churaclaim

Bíonn teoiric an churaclaim, forbairt curaclaim agus déanamh curaclaim i gcomhairle go leanúnach le hathruithe níos leithne sa tsochaí, cé gur minic a bhíonn léiriú na n-athruithe seo i gcuraclam mall. Ba fheimineach agus sufraigéid mór le rá sa 19ú haois déanach í Mary Newbury Adams, mar shampla, a chreid gur chóir go mbeadh cothroime rochtana ag mná ar oideachas, agus go raibh oideachas níos tábhachtaí fiú ná cead vótála, mar go raibh sé níos éasca mná nach raibh mórán oideachais orthu a choimeád faoi chois, go háirithe don chléir. Scríobh agus labhair sí cuid mhór ar thopaicí oideachasúla amhail tábhacht oideachas na luathbhlianta (an naíscoil) agus acmhainn an

duine a fhorbairt. Bealach amháin le mná a chumasú, a chreid sí, ná cinntiú go raibh eolas acu ar stair ionchur na mban a tháinig rompu.

Is léir impleachtaí tonnta an fheimineachais agus na dteoiricí feimineacha i ndiaidh a chéile maidir le curaclam a mhúnlú. Tá gá le hathmhachnamh orthu siúd ar mhúnlaigh a nguthanna, gníomhartha agus creidimh an stair, agus tuiscint ar na bealaí a ndearnadh a bheag de, inar cailleadh, inar cuireadh ar leataobh agus a ndearnadh neamhaird de rannpháirtíocht na mban sa stair agus sa tsochaí ar feadh na mílaoiseanna. Is ceist fíorthábhachtach d'fhorbróirí agus déantóirí curaclaim sa 21ú haois é athmhachnamh a dhéanamh go criticiúil ar cé leis an scéal/stair a insítear trí agus laistigh de churaclam.

Cruthaíonn **Teoiric Chriticiúil Ciníocha (CRT)** dúshlán comhchosúil do dhearcthaí traidisiúnta maidir leis na nithe a bhfuil tábhacht leo i múnlú curaclaim. Baineann smaoineamh go criticiúil ar choincheapa sóisialta maidir le cine agus eitneacht le teoiric chriticiúil ciníocha. Tá sé trasdisciplíneach agus breathnaíonn sé ar an gcaoi a bhforluíonn cine, aicme, inscne agus [mí]chumas agus an chaoi a n-imríonn siad tionchar ar fhéiniúlacht agus comhionannas/neamhionannas, ar bhealaí casta go minic. Creideann tacadóirí na teoirice criticiúla ciníocha gur coincheap sóisialta/cultúrtha é cine, seachas smaoineamh a bhfuil bunús eolaíoch nó bitheolaíoch leis. Maíonn lucht cáinte na teoirice criticiúla ciníocha go ndiúltaíonn sí do réasúnaíocht agus fiúntas, agus/nó go gcuireann sí daoine geala ina dtost agus go gcuireann sí díonteagasc ar pháistí nuair a mhúintear ar scoil í. Deir tacadóirí go bhfuil daoine a dhiúltaíonn don Teoiric Chriticiúil Ciníocha ag iarraidh plé ar chiníochas, comhionannas, ceartas sóisialta agus stair an chine a chur ina thost. Cruthaíonn teoiric chriticiúil ciníocha dúshlán suntasach d'fhorbróirí agus déantóirí curaclaim. Seachas a lorg go dtabharfaí ar ais nó go gcuirfí san áireamh na guthanna a cuireadh ina dtost roimhe seo den chéad uair sa churaclam (mar shampla, mná i gcás an fheimineachais, nó grúpaí cine éagsúla agus athmhachnamh á dhéanamh ar an bhforluí idir ciníochas agus an curaclam), ceistíonn CRT an bunús ar a dtógtar iarrachtaí den chineál seo i leith an ionchuimsithe, is é sin, an bunsmaoineamh gur ann do ghrúpaí éagsúla cine, seachas mar thógán sóisialta. Sa chomhthéacs seo, is féidir breathnú ar éagsúlú an churaclaim mar fhreagra níos cuí ná leanúint ar aghaidh ó bhonn a ghlacann le 'noirm' cine, aicme, cumais agus inscne.

Bíonn níos mó i gceist le hathruithe sóisialta a imríonn tionchar ar fhorbairt curaclaim ná ceisteanna féiniúlachta amháin. Sa Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2022), déantar achoimre ar réimse athruithe sóisialta a imríonn tionchar ar fhorbairt agus déanamh curaclaim, lena n-áirítear dul chun cinn teicneolaíochta, scaipeadh na bréagfhaisnéise, dúshláin sláinte poiblí, paindéim dhomhanda a bhí ann le déanaí san áireamh, domhandú, athrú aeráide, imirce ardaithe agus ilchultúrthacht, struchtúir teaghlaigh atá ag athrú, éagothromais shóisialta agus gluaiseachtaí sóisialta. Mar thoradh ar an gcogadh a leanann fós san Eoraip, tá ardú suntasach leanúnach tagtha ar imirce go hÉirinn agus mar thoradh air sin beidh soláthar oideachais do pháistí a díláithríodh ón Úcráin le cur san áireamh i leasuithe ar phleanáil curaclaim. Toradh eile ar an gcogadh is ea géarchéim costais maireachtála a bhfuil tionchar á imirt aici fós ar an dream is leochailí inár sochaí agus atá i ndiaidh líon na bpáistí atá bocht in Éirinn a ardú.

### Cultúir churaclaim

Ní hamháin go dtéann curaclam in oiriúint d'athruithe sóisialta agus go léiríonn sé iad, ach is scáthán é ar an tsochaí ina bhfuil sé. Mar gheall air seo, is minic a dhéanann teoiricithe curaclaim

tagairt do agus plé ar an ‘gcultúr curaclaim’ ceannasach atá ag feidhmiú i dtíortha nó i ndlínsí aonair.

Is féidir le teannas teacht chun tosaigh idir a bhfuil ann agus a d’fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an gcastacht a bhaineann le curaclam a léiríonn an tsochaí agus a fhreagraíonn d’athruithe sa tsochaí ag an am céanna. Má tá iarracht á dhéanamh ag curaclam freagairt d’athruithe sóisialta níos leithne a fhad is atá na scoileanna agus institiúidí ina réitítear an curaclam níos spreagtha ailíniú leis an status quo, d’fhéadfadh easpa tacaíochta d’athrú curaclaim agus/nó fíorathrú ar an gcuraclam teacht chun cinn. Chomh maith céanna, d’fhéadfadh éileamh ar athrú curaclaim teacht ó lucht déanta curaclaim (m.sh., múinteoirí) agus/nó ón tsochaí i gcoitinne (m.sh., an t-athbhreithniú trasearnála ar oideachas caidrimh agus gnéasachta a rinneadh le déanaí) agus d'fhéadfadh forbróirí curaclaim ag leibhéil áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta glacadh leis ansin. Ag tógáil ar obair níos luaithe Westbury (2000) agus Stanley (2011) maidir le cultúir churaclaim, in *Evolution of Irish curriculum culture: understandings, policy, reform and change* (Gleeson, 2021), maíonn Jim Gleeson go bhfuil feidhm ag dhá chultúr curaclaim an-éagsúil ar fad in Éirinn, agus gur forbraíodh cultúr curaclaim hibrideach mar thoradh ar an idirghníomhú eatarthu.

Díríonn **cultúr curaclaim na nAngla-Shacsanach/na Meiriceánach** ar ábhair agus ar thorthaí deiridh réamhbheartaithe, trí oideachas bunaithe ar scileanna agus torthaí foghlama mionsonraithe. Glactar leis mar chuid de gurb é cuspóir an oideachais go praiticiúil ná díriú go príomha ar chaipiteal daonna a fhorbairt, le freastal ar riachtanais an gheilleagair agus ar riachtanais daoine aonair a mbeatha a shaothrú. Síltear go bhfuil eolas oibiachtúil den chuid is mó.. Bíonn an curaclam mar an gcéanna beag beann ar na scoláirí a thugann faoi agus déantar é a phacáistiú go néata le ‘soláthar’ do scoláirí. De ghnáth, díríonn an curaclam ar an ábhar ba cheart a athrú, seachas ar na hoideolaíochtaí is mó a thagann le baint amach aidhmeanna na sonraíochta atá i gceist. Bíonn torthaí oideachas den chineál seo intuartha agus go ginearálta is féidir iad a mheas ag baint úsáid as trialacha caighdeánaithe, cé go mbíonn dúshlán i gceist le príomhscileanna ar leith a mheas (m.sh., an comhoibriú). Tá na cúiseanna a bhfuil tionchar ag curaclam Angla-Shacsanach/Meiriceánach in Éirinn fós casta agus ina measc tá tíreolaíocht (mar gurb iad na comharsana is giorra dúinn), stair (mar gheall ar thionchair na gcéadta bliain de riail na Breataine) agus an geilleagar/trádáil (mar gurb iad ár bpáirtithe trádála agus infheisteoirí is mó).

Síleann an dream a thacaíonn le cultúr curaclaim Angla-Shacsanach/Meiriceánach gur dea-rud atá ann mar go gcreideann siad go laghdaíonn curaclaim mhionsonraithe a dtugtar curaclaim nach féidir le múinteoirí tionchar a imirt orthu (féach lch12) an dóchúlacht go mbeidh buntáistí nó míbhuntáistí i gceist do scoláirí mar gheall ar dhifríochtaí idir múinteoirí agus idir scoileanna éagsúla. Síleann siad freisin go bhfuil an bhéim ar eolas disciplíneach dearfach, mar go gcuireann sé seo an ‘caipiteal cultúrtha’ céanna ar fáil do scoláirí a thagann ó chúlraí éagsúla (féach lch10/11) agus a bhíonn ag a gcuid piaraí a bhíonn níos saibhre den chuid is mó, a mbíonn rochtain acu go minic ar chaipiteal cultúrtha den chineál seo mar gheall ar leibhéil oideachais a dtuismitheoirí agus cumas a dtuismitheoirí eispéiris luachmhara a chur ar fáil dóibh taobh amuigh den scolaíocht fhoirmiúil. Is ann do fhreagracht i ngairm na múinteoireachta mar thoradh ar an gcultúr seo, mar go síltear go bhfuil an méid atá ceaptha tarlú mar gheall ar eispéiris oideachasúla intuartha den chuid is mó.

Síleann lucht cáinte chultúr curaclaim na nAngla-Shacsanach/Meiriceánach go bhfuil sé cúng agus ró-ionstraimeach, ródhírithe ar cháilíochtaí seachas ar chuspóirí an oideachais atá níos ‘daonna’, mar shampla, an sóisialú, na próisis a bhíonn i gceist agus féinfheasacht á forbairt, agus foghlaim

cén chaoi le freagairt do chásanna nach mbíonn freagra nó toradh 'is fearr' i gceist leo. Maíonn an dream is mó a dhéanann cáineadh ar an gcultúr curaclaim seo, leithéidí Stanley, go gcabhraíonn an coincheap 'oibiachtúil' maidir le heolas atá mar chuid de 'le hord sóisialta a bhuanú atá mífheidhmiúil agus frithdhaonlathach', rud a chuireann i gcoinne na fiosrachta, an cheistiúcháin agus dearcthaí aonair maidir lena bhfuil á fhoghlaim ag scoláirí.

Díríonn cultúr curaclaim **Didaktik**, (teagascach) a bhaineann le traidisiún aibiú pearsanta agus cultúrtha 'bildung' na Gearmáine, ar fhéinfhorbairt an scoláire agus ar fholláine an duine go príomha. Sa chultúr seo, is ionann curaclam agus rogha amháin de go leor cur chuige féideartha. Ní bhíonn 'eolas' oibiachtúil riamh agus is é príomhchuspóir an oideachais ná cabhrú le scoláirí foghlaim faoi cé hiad féin agus faoin méid a theastaíonn uathu a bhaint amach sa saol, seachas díriú ar cháilíochtaí a bhaint amach amháin nó den chuid is mó. Ní féidir le curaclaim a réamhshainiú go cruinn díreach, is gá é a chur in oiriúint le linn phróiseas an déanaimh curaclaim do riachtanais, cumais, spéiseanna, buanna agus réamheolas na scoláirí trí idirghníomhaíochtaí múinteoirí is scoláirí agus scoláirí is scoláirí. Sa traidisiún seo is gníomhaíochtaí neamhspleácha iad an teagasc agus an fhoghlaim (is féidir le teagasc tarlú gan ionchur ó scoláirí; agus is féidir le foghlaim tarlú gan ionchur ó mhúinteoirí) agus glactar leis gur foghlaimeoir nádúrtha é an páiste. Ní bhreathnaítear ar ábhar trí dhearcadh an chaipitil chultúrtha réamhshainithe atá le cur ar aghaidh ó ghlúin amháin go glúin eile, ach síltear ina ionad sin gur uirlis nó comhthéacs atá ann chun indibhidiúlacht na scoláirí a fhorbairt. Tá na cúiseanna a bhfuil an-tionchar ag an gcultúr curaclaim teagascach in Éirinn casta freisin agus i measc na gcúiseanna tá tíreolaíocht (ár ngaireacht do mhór-roinn na hEorpa), stair (an fonn atá orainn muid féin a dhealú ónár stair choilíneach agus béim a leagan ar ár bhféiniúlacht náisiúnta agus Eorpach), agus ár spiorad náisiúnta, d'fhéadfaí a rá, a shíleann sos agus spraoi a bheith ar a laghad chomh tábhachtach céanna le hobair, agus a shíleann oideachas a bheith luachmhar as féin seachas mar bhealach le sprioc a bhaint amach, mar a léiríodh go soiléir i dTuarascáil Chomhairleach CNCM maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2022).

Síleann an dream a thacaíonn leis an gcultúr curaclaim teagascach é a bheith dearfach mar go gcreideann siad gur gairmithe iad múinteoirí is fearr atá in ann creatchuraclam agus/nó sonraíochtaí/siollabais ábhar a shonraítear go leathan a chur in oiriúint le freastal ar riachtanais, cumais, spéiseanna, buanna agus réamheolas a gcuid scoláirí. Síleann siad go ginearálta go bhfuil an cuspóir scolaíochta níos iomlánaí a chuirtear chun cinn i gcultúir curaclaim theagascacha níos spreagúla do scoláirí, níos ionchuimsithí, agus go bhfuil níos mó seans ann go mbeidh eispéiris dhearfacha laistigh den oideachas agus dearcthaí dearfacha i leith na foghlama ar feadh an tsaoil mar thoradh air. Síleann siad freisin go bhfuil níos lú seans ann go mbeidh curaclaim a bhfuil go leor iontu ó thaobh an ábhair de mar thoradh air, agus gur mó seans go spreagfaidh sé cruthaitheacht agus nuálaíocht, mar gur mó seans go mbeidh spás i gcuraclam nach bhfuil an oiread céanna sonraí agus saintreoracha ann d'fhoghlaim fhéinstiúrtha agus theagmhasach.

Ceapann an dream atá ina choinne go bhfuil sé ró-éiginnte agus uaillmhianach agus go bhfuil sé saonta maidir le claonadh nádúrtha na scoláirí a bheith ag iarraidh foghlaim agus a gcumas san fhoghlaim fhéinstiúrtha. Féadann siad dul ina choinne mar gheall nach leagtar dóthain béime ar shealbhú eolais dhisciplínigh agus ar an tábhacht a bhaineann le sprioc a leagan síos eispéireas curaclaim comhchosúil a chur ar fáil i seomraí ranga éagsúla agus i scoileanna éagsúla agus leis an gá le freagracht múinteora. Féadann siad ceapadh go mbaineann próiseas na 'féinfhorbartha' le saol an teaghlaigh, le hidirghníomhaíochtaí le piaraí agus le gníomhaíochtaí seach-churaclaim go príomha, seachas mar rud ar cheart do mhúinteoirí cabhrú lena gcuid scoláirí leis mar chuid dá n-

oideachas. Is minic a shíleann siad gurb ionann béim ar fholláine an scoláire agus bac ar chaighdeáin a choimeád.

Maíonn Jim **Gleeson** go bhfuil gnéithe de chultúr curaclaim na nAngla-Shacsanach/Meiriceánach agus den chultúr curaclaim Didaktik le brath in Éirinn. I measc ghnéithe chultúr curaclaim na nAngla-Shacsanach/Meiriceánach tá tuiscint ar 'an' gcuraclam, ina mbaineann sé go príomha le heolas disciplíneach ar ábhair, agus béim ar eolas ábhair, cuspóirí foghlama réamhshocraithe, agus forbairt scileanna agus inniúlachtaí. Dar le Gleeson, is ionann an bhéim seo ar scileanna agus ar inniúlachtaí agus fianaise de thionchar an domhandaithe agus fhórsaí an mhargaidh ar oideachas. Ina theannta sin, deir Gleeson go dtagann roinnt na bhfreagrachtaí idir CNCM, Roinn an Oideachais, agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit le cultúr curaclaim na nAngla-Shacsanach/Meiriceánach. Is amhlaidh atá toisc go mbaineann 'athchóiriú' curaclaim sa traidisiún seo le haidhmeanna/cuspóirí curaclaim, struchtúr/scóip, ábhar, agus cuir chuige ghinearálta i leith an mheasúnaithe (agus is ar CSS atá freagracht na scrúduithe stáit agus is ar Roinn an Oideachais atá an fhreagracht maidir lena gcur i bhfeidhm, a dtugtar 'achtú' air na laethanta seo) seachas leis na hoideolaíochtaí is dóichí a bhainfidh na haidhmeanna agus na cuspóirí atá i gcroílár na n-athruithe curaclaim amach. É sin ráite, tuigeann Gleeson go leagann an tiomantas do leibhéil chomhoibrithe trasghníomhaireachta agus forbartha gairmiúla múinteoirí nach raibh ann riamh cheana in áit eile oideolaíochtaí, seachas neamhaird a dhéanamh dá dtábhacht.

I measc ghnéithe an chultúir curaclaim theagascaigh atá le brath in Éirinn tá béim ar sholúbthacht do scoileanna maidir le clár curaclaim a dhearadh (ó luathóige go deireadh na hidirbhliana) a fhreastalaíonn ar riachtanais a gcuid scoláirí; béim ar fhoghlaim ghníomhach agus fhéinstiúrtha agus ar fholláine an scoláire; agus iarrachtaí bogadh ar aghaidh ón dearcadh gurb ionann curaclam agus siollabais/sonraíochtaí ábhair ó thaobh na céille de trí thabhairt isteach creatcháipéisí (Aistear, Creatchuraclam nua na Bunscoile, Creat don tSraith Shóisearach, agus, sa tsraith shóisearach go sonrach, an 24 ráiteas foghlama). Tugann Gleeson faoi deara gur cuireadh i gcoinne cuid mhór de na gnéithe seo nuair a tugadh isteach sraith shóisearach nua ó 2012 – 2022 agus go gcuirtear ina gcoinne go fóill, mar shampla, nuair a lorgaítear cáipéisí curaclaim agus ábhair tacaíochta níos mionsonraithe/ nach féidir le múinteoirí tionchar a imirt orthu. Sa chomhthéacs seo, déanann Gleeson amach go bhfuil cultúr curaclaim hibrideach in Éirinn anois. Dar leis nach dócha go dtiocfaidh cultúr curaclaim amháin atá iomlán comhleanúnach chun cinn mar gheall ar a ionadaí is atá struchtúir CNCM, a comhairle, boird agus meithleacha forbartha, 'd'ainneoin buntáistí na páirtíochta'.

Cé gur foilsíodh páipéar Gleeson sular foilsíodh an Tuarascáil Chomhairleach maidir leis an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2022), tagann an cuspóir comhroinnte, fís agus treoirphrionsabail do shraith shinsearach athfhorbartha a thagann chun cinn san athbhreithniú leis na cultúir hibrideacha a aithníonn sé. Is é an cuspóir comhroinnte, mar shampla, ná gurb é an rud ba cheart d'eispéireas oideachais na sraithe sinsearaí a dhéanamh ná:

- leanúint le hoideachas a chur ar an duine ina iomláine.
- cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite.
- freastal ar chuspóirí coiteanna agus aonair i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne.

- cabhrú leis an scoláire deiseanna éagsúla a fháil amach anseo ach bonn láidir a chur faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht; agus rannpháirtíocht sa tsochaí shibhialta agus sa saol fásta.

## 1.2 Foirm theicniúil churaclaim

Míníonn teoiricí curaclaim na bealaí inar athraigh agus inar fhorbair coincheapuithe curaclaim thar am. Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir agus ar cheart do na teoiricí seo tionchar a imirt ar na próisis agus táirgí d'fhorbairt curaclaim a úsáidfidh CNCM sna blianta amach romhainn. Cé go leagtar béim sa chaibidil seo ar an iliomad bealaí ina mbíonn i bhfad níos mó ná sraith cáipéisí oifigiúla beartas i gceist le déanamh curaclaim, is é cuspóir an pháipéir seo machnamh a dhéanamh ar an bhfoirm theicniúil ba cheart a bheith ar shonraíochtaí curaclaim ábhar agus modúl i sraith shinsearach athfhorbartha. Mar gheall air seo, tá sé tábhachtach a bhfuil le rá sa litríocht maidir lena dtagraíonn Luke, Woods agus Weir do mar '*fhoirm theicniúil*' churaclaim a fhiosrú. De réir mar a leagtar amach thuas, dar le Petrina, seachas baint a bheith aici lenar cheart a fhoghlaim (polaitíocht an eolais/scileanna), nó cé leis ar cheart rudaí faoi leith a fhoghlaim (polaitíocht na féiniúlachta), baineann foirm theicniúil churaclaim leis an gcaoi ar cheart é a eagrú don teagasc (realpolitik foirme). Baineann teoiric agus foirm lena chéile, cé go bpléitear leo astu féin sa litríocht de ghnáth. Maíonn Petrina gur botún í an deighilt seo

> agus go mbeidh ar theoiricithe curaclaim a ladhar a chur sa lathach le realpolitik foirme agus go mbeidh ar dhearthóirí teagascacha a gcloigne a líonadh le teoiricí ar mhaithe le dul in aghaidh an status quo (Petrina, lch81, 2004).

Ag tógáil ar obair Eisner agus Vallance (1974), aithníonn Petrina 5 bhéim a bhaineann le curaclam a eagrú agus dearadh curaclaim bunaithe ar cheann ar bith de na béimeanna seo nó ar mheascán de chúpla ceann acu.

| Béimeanna i dtreo curaclam a eagrú | Béim |
|---|---|
| Réasúnaíocht acadúil | Eolas smachtaithe agus prionsabail chultúrtha |
| Próisis chognaíocha | Réasúnaíocht intleachtúil amhail réiteach fadhbanna |
| Féin-achtáil | Coinníollacha síceolaíocha, indibhidiúlacht, agus cur in iúl pearsanta |
| Athchruthú sóisialta / oideolaíocht chriticiúil | Coinníollacha socheolaíocha, ceartas sóisialta, agus athchóiriú comhchoiteann |
| Feidhmiúil | Inniúlachtaí feidhmiúla, feidhmíocht, nós imeachta, agus éifeachtúlacht teagaisc |

**Tábla 3:** Béimeanna i dtreo curaclam a eagrú (Petrina, 2004)

Tá sé seo suntasach mar gheall ar dhá chúis. Is é an chéad chúis ná, má ghlactar leis na cúig bhéim seo i leith curaclam a eagrú, is é an chonclúid loighciúil ná

> Níl ann do bhéimeanna agus dearaí teoiriciúla d'eagrú curaclaim atá cineálach agus neodrach (Petrina, lch84, 2004) (aistrithe go Gaeilge)

Ar an dara dul síos, dar le Petrina, go stairiúil is é an bhéim fheidhmiúil is lú a léirítear meas air. Trí stádas íseal na béime feidhmiúla i dtreo curaclam a eagrú a cheistiú, ligtear dóibh siúd ar fad atá páirteach i ndéanamh curaclaim

> dearadh curaclaim a athchur mar ábhar is fiú a thabhairt faoi sa staidéar curaclaim (Petrina, lch85, 2004).

É sin ráite, is annamh a dhéantar anailís acadúil ar bhealaí le curaclam a eagrú. Tagann anailís amháin den chineál seo ó Luke, Woods agus Weir, ina n-alt *"Curriculum design, equity and the technical form of the curriculum"* ina leabhar *Curriculum, Syllabus Design and Equity* (Eag. Luke, Woods agus Weir, 2012). Is é an dearcadh atá acusan ná gur chóir do cháipéisí oifigiúla curaclaim feidhmiú

> mar léarscáil agus léargas tuairisciúil ar an gcuraclam... [ach] ní féidir le cáipéis oifigiúil churaclaim, faoi mar a thuigfeá, an méid a tharlaíonn sa seomra ranga a bheith ann ná an méid sin a léiriú, a rialú ná a mhicreabhainistiú... Féadfaidh sé srian a chur le cleachtais agus nósanna imeachta faoi leith seachas cinn eile, nó iad a chumasú – ach ní hionann riamh an cháipéis scríofa agus na heispéiris a eascraíonn as an gcuraclam a chruthaíonn agus a chuireann múinteoirí agus scoláirí i bhfeidhm sna seomraí ranga (lch10, 2023)

Is féidir leis an léarscáil oifigiúil seo - foirm theicniúil agus leagan amach na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus do mhodúil araon - a bheith chomh mionsonraithe, dúnta nó oscailte, ardsainithe nó ísealshainithe, ar speictream, agus is gá. Braitheann an áit ina mbíonn na cáipéisí seo ar an speictream ar an gcinnteoireacht, gníomhú agus solúbthacht a chuireann comhlachtaí curaclaim, státseirbhísigh agus oifigigh rialtais ar nós Airí Oideachais ar fáil do mhúinteoirí agus scoileanna. Tháinig Luke, Woods, agus Weir ar na conclúidí céanna a bhí ag scoláirí curaclaim comhaimseartha eile, beag beann ar cé chomh hoscailte nó dúnta a bhíonn cáipéisí curaclaim, úsáideann múinteoirí (agus ba cheart dóibh) a mbreithiúnas gairmiúil le cruth a chur ar churaclam beo agus lena chur in oiriúint – le dóthain tacaíochtaí – le freastal ar riachtanais na ndaoine aonair agus na ngrúpaí atá á múineadh acu. Is gá do shonraíocht, maíonn siad, cothromaíocht a bhaint amach idir treoir agus gairmiúlacht ach

> níl sé agus ní féidir leis a bheith cuimsitheach ná uileghabhálach agus ní féidir leis agus níor cheart dó modh, cur chuige, stíl oideolaíochta agus idirghníomhaíocht theagascach a leagan amach agus a rialú ... a chuireann srian le múinteoireacht agus a rialaíonn agus a dhíghairmiúlaíonn í (Luke, Weir agus Woods, 2013, lch11).

Maíonn siad nach féidir an chothromaíocht seo a bhaint amach le 'leagan amach a bhíonn níos cuimsithí agus níos mionsonraithe de réir a chéile i gcáipéisí curaclaim'. Deir siad freisin:

> Ní freagra iad siollabais atá níos faide, níos mionsonraithe agus níos cuimsithí (Luke, Weir agus Woods, 2013, lch11).

Níl aon fhianaise ann, dar leo, go mbíonn 'cleachtas gairmiúil níos fearr agus níos eolaí, nó torthaí níos fearr do scoláirí agus dá bpobail' mar thoradh ar na siollabais seo. Ní réiteach iad sonraíochtaí

níos mionsonraithe ar fhadhb na hiarmharta sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh ar thástálacha a bhfuil go leor i ngeall leo ach oiread.

Murar féidir le cáipéis churaclaim *a bheith* ina heispéireas a eascraíonn as curaclam, a n-imríonn i bhfad níos mó ná sonraíocht oifigiúil tionchar air, céard ba cheart di a bheith? Sainaithníonn Luke, Woods, agus Weir go leor samhlacha éagsúla curaclaim: samhail bunaithe ar thorthaí; samhail fhorbarthach bunaithe ar phróiseas; samhail thraidisiúnta bunaithe ar ábhar; samhail na teoirice criticiúla agus samhail scileanna inaistrithe. Seachas ailíniú le samhail faoi leith, a mbíonn ar na múinteoirí ar fad glacadh leis ansin beag beann ar a gcuid luachanna agus creideamh, molann siad cur chuige hibrideach. Maíonn siad gur chóir go ndéanfadh foirm theicniúil churaclaim

1. na bunchlocha agus treoracha a leagan síos do na hidirghníomhaíochtaí sóisialta agus don déanamh eolais a tharlaíonn in idirghníomhaíochtaí múinteoirí is scoláirí laistigh d'ábhair scoile seachas disciplíní (cé go mbaineann siad lena chéile).
2. foghlaimeoirí éagsúla ó chúlraí cultúrtha, inniúlachtaí teanga agus scéalta éagsúla chomh maith le cuir chuige éagsúla i leith na foghlama, agus foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais agus suimeanna speisialta acu a aithint agus ionadaíocht a dhéanamh orthu.
3. eolas canónta a aithint agus ionadaíocht a dhéanamh air.
4. torthaí gnóthachtála, rátaí coinneála agus rannpháirtíochta, agus teastasú níos cothroime do gach scoláire a chur roimpi.
5. teagasc scileanna agus inniúlachtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú.
6. cuir chuige mheasúnaithe nach bhfuil bunaithe ar scrúduithe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear measúnú rangbhunaithe, agus feabhsú agus leathnú ghnóthachtáil scoláirí ó chúlraí foghlama éagsúla mar aidhm leo.

Is tábhachtach an t-idirdhealú a dhéanann siad idir ábhar scoile agus disciplín ábhair. Maíonn siad

> [gur chóir don fhoirmiúil theicniúil] a mbeidh ina eolas scoile tábhachtach agus luachmhar a roinnt, a chur i gcodarsnacht, a athghrúpáil agus a bhaint anois ó na féidearthachtaí neamhtheoranta atá ar fáil ... ón taisce eolais agus cleachtais dhaonna a d'fhéadfadh a bheith gan teorainn ar bith (Luke, Weir agus Woods, 2013, lch2).

Sna díospóireachtaí maidir le hinneachar ábhair/modúil a bhíonn ann le linn an phróisis a bhaineann le siollabas/sonraíocht churaclaim a fhorbairt, is é an cuspóir atá ann ná gan gach gné a shíleann saineolaithe smachtaithe a bheith tábhachtach a chur isteach, ach, agus muid ag cuimhneamh ar chuspóirí an oideachais,

> rogha spreagtha a dhéanamh ó pharaidímí intleachtúla, eolaíocha agus aeistéitiúla is féidir a aithint laistigh de réimse nó disciplín traidisiúnta nó atá ag teacht chun tosaigh agus chomh maith leis sin ó chuir chuige faoi leith maidir le réimse feidhmiúil cleachtais ... agus nithe a chur isteach agus a fhágáil amach go feasach agus d'aon ghnó ó réimse leathan inneachar disciplíneach a d'fhéadfadh a bheith ann (Luke, Weir agus Woods, 2012, lch11).

Déanann siad argóint freisin ar son próiseas deartha a mbaineann trí chéim leis agus a léiríonn cuid mhór cur chuige CNCM i leith fhorbairt shiollabais/shonraíochtaí curaclaim, mar a léirítear i lúibíní.

1. athbhreithniú ar na sonraíochtaí/siollabais reatha agus ar an dea-chleachtas sa réimse sin (doiciméad eolais)
2. déanamh curaclaim rannpháirtíoch chun an cháipéis oifigiúil a scríobh (meithleacha forbartha)
3. próiseas tástála, aiseolais agus athbhreithnithe (dhá chomhairliúchán agus athbhreithnithe ar chur i bhfeidhm luath)

Chuirfeadh an tsamhail a mholann siad don fhoirm theicniúil a bhaineann le curaclam a dhearadh (féach thíos) a ndéanann Gleeson cur síos air thuas (lgh17-18) mar chultúr curaclaim 'hibrideach' i gcuimhne duit.

Leanann Luke, Woods agus Weir ar aghaidh le samhail a mholadh d'fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim, agus maíonn siad gur chóir di:

- a bheith gonta.
- a bheith scríofa i dteanga ghairmiúil a thuigfeadh múinteoirí.
- céim nó bliain a chlúdach.
- breac-chuntas a thabhairt ar fhealsúnacht agus ar loighic an ábhair/an mhodúil atá i gceist.
- breac-chuntas a thabhairt ar aidhmeanna oideachasúla ginearálta an ábhair/an mhodúil agus ar na buntáistí féideartha a bhaineann leo do scoláirí, do phobail agus don tsochaí.
- pobail éagsúla na scoláirí a múinfear an t-ábhar dóibh a aithint agus an t-ábhar a dhearadh dá réir sin, agus ráitis sna sonraíochtaí/modúil nach bhfuil an breithniú cuí déanta orthu i ndáil le foghlaimeoirí uile an chórais a sheachaint.
- achoimre leathan a thabhairt ar scóip agus ord forbarthach, ní de réir aoise nó bliana amháin, le freastal ar réimse inniúlachtaí forbarthacha.
- an méid seo a leanas a aithint: réimsí (snáithe in Éirinn) agus meascáin den fhoghlaim a bhfuiltear ag súil léi, ar cheart dóibh a bheith achomhair agus inrochtana, agus nár cheart ach don fhoghlaim a shíltear a bheith riachtanach do na scoláirí uile a bheith mar chuid dóibh.
- nod múinteora agus roinnt ceisteanna heorastúla a chur ar fáil in éineacht le gach foghlaim a bhfuiltear ag súil léi.
- teanga choiteann le cur síos a dhéanamh ar ghnóthachtáil an scoláire san ábhar sin a chur isteach, le hardchaighdeáin uaillmhianacha a leagan síos do na scoláirí ar fad agus le húsáid agus gnóthachtáil á tuairisciú do thuismitheoirí.
- ráitis tháscacha a chur ar fáil maidir le príomhréimsí agus an phríomhfhoghlaim a tharlóidh bunaithe ar shamhail inniúlachtaí traschuraclaim a aontaíodh chun breithiúnais an mhúinteora a threorú.
- breac-chuntas a thabhairt ar mheasúnú caighdeánaithe agus modhnaithe.
- breac-chuntas a thabhairt ar mheasúnú scoile agus múinteora, agus níos mó sonraí a chur ar fáil sna hábhair thacaíochta, ar nós eiseamláirí, samhlacha, gnáth-thascanna agus taisce measúnuithe tionscadail.

Áitíonn siad gur chóir go mbeadh acmhainní gairmiúla ar líne grinnfhiosraithe curtha ar fáil in éineacht le sonraíochtaí, acmhainní

> is féidir a chur in oiriúint, atá solúbtha agus faoi athbhreithniú gairmiúil leanúnach… [agus a thugann comhairle maidir le] rogha ábhar, pleanáil aonaid agus ceachta, straitéisí oideolaíochta maidir le measúnú seomra ranga agus measúnú scoilbhunaithe agus riachtanais faoi leith na ngrúpaí scoláirí a aithnítear (Luke, Woods agus Weir, lch30, 2013).

Is sampla annamh go leor de phlé acadúil ar fhoirm theicniúil siollabas/sonraíochtaí é an moladh mionsonraithe seo maidir leis an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar fhoirm theicniúil churaclaim a réiteach. Faoi mar a léirítear i gcaibidil 1, is cosúil agus cinntí á ndéanamh maidir le foirm theicniúil churaclaim, gur nós le formhór na ngníomhaireachtaí curaclaim brath ar mheascán de chleachtas seanbhunaithe, féachaint ar a bhfuil ar siúl i dtíortha agus i ndlínsí eile, agus aiseolas ó mhúinteoirí maidir leis an méid is úsáidí, dar leo, agus curaclam á phleanáil, chomh maith leis an líon teoranta taighde atá ar fáil ar an ábhar. Is dócha freisin go dtarlaíonn plé mór laistigh de ghníomhaireachtaí curaclaim maidir le foirm theicniúil a gcáipéisíochta curaclaim ach nach ndéantar seo a dhoiciméadú i bpáipéar den chineál seo. Mar sin, faoi mar a dúradh sa réamhrá, is é aidhm an pháipéir seo trédhearcacht a ardú dóibh siúd ar spéis leo na gnéithe a imríonn tionchar ar fhoirm theicniúil na sonraíochtaí in Éirinn faoi láthair agus sna blianta amach romhainn.

## 1.3 Treochtaí idirnáisiúnta i mbeartas agus cleachtas curaclaim

Sula mbogann muid ar aghaidh go dtí an t-iniúchadh a dhéantar i gCaibidil 2 ar stair fhoirm theicniúil siollabais/sonraíochtaí curaclaim sa tsraith shinsearach in Éirinn, tá sé tábhachtach breathnú ar threochtaí agus athruithe idirnáisiúnta uileghabhálacha ó thaobh an chaoi a dtugann dlínsí éagsúla faoi fhorbairt curaclaim, mar go bhfuil siad seo ábhartha do phlé maidir le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim. Cé nach bhfuil gach ceann acu seo chomh tábhachtach agus suntasach céanna, ag brath ar an tír nó dlínse atá i gceist, is féidir fós mórathruithe a aithint. Déanann Mark Priestley agus Gert Biesta, agus Claire Sinnema agus Graeme Aitkin, achoimre orthu seo ar bhealaí éagsúla sa leabhar *Reinventing the Curriculum: New Trends in Curriculum Policy and Practice* (2014). Déanann Daniel Alvunger et al anailís freisin ar threochtaí curaclaim i gcaibidil dheireanach an leabhair *Curriculum Making in Europe: Policy and Practice Within and Across Diverse Contexts* (2021). Chun an t-athrá a sheachaint, cuirtear na treochtaí seo isteach uair amháin, fiú nuair a aithníonn na scoláirí curaclaim a liostaítear roinnt uaireanta iad.

De réir Sinnema agus Aitkin is iad na spriocanna agus béimeanna seo a leanas na cinn is minice a fheictear i bhforbairtí curaclaim a cuireadh i bhfeidhm idir 2004 agus 2012 san Albain, sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart Éireann agus sa Nua-Shéalainn, agus in athruithe a tosaíodh in 2012 san Astráil, i Sasana, agus sna Stáit Aontaithe.

| Treochtaí i bhForbairt Curaclaim | |
|---|---|
| **Spriocanna coiteanna** | **Béimeanna coiteanna** |
| Curaclam mar sheift don fheabhsú | Inniúlachtaí |
| Curaclam le spriocanna cothromais a bhaint amach | Luachanna |
| Curaclam dírithe ar an todhchaí | Oideolaíocht |
| Comhleanúnachas curaclaim | Gníomhú an scoláire |
| | Comhpháirtíochtaí |
| | Treoir laghdaithe |

**Tábla 4:** Treochtaí i bhForbairt Curaclaim (Sinnema agus Aitkin, 2014)

Nuair a chuimhnítear orthu seo i bhfianaise na Tuarascála Comhairlí maidir le hAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2022), bhí an chéad dá cheann de na spriocanna coiteanna seo le brath go forleathan in Éirinn, mar a bhí in áiteanna eile, is é sin, fonn an tSraith Shinsearach a athfhorbairt ionas go mbeadh sí níos cothroime, go bhfreastalódh sí ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí ar fad, agus go bhfeabhsódh sí eispéiris bhlianta deireanacha a scolaíochta. In go leor dlínsí, Éire san áireamh, breathnaítear ar an mbéim ar chothromas mar bhéim freisin ar na luachanna is gá do scoláirí a fhorbairt, i gcomhthéacs na cothroime, an cheartais shóisialta, agus na saoránachta.

Bhí an t-aiseolas athbhreithnithe níos caolchúisí maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart don churaclam a bheith níos 'dírithe ar an todhchaí'. Tháinig fonn láidir chun cinn maidir le luach a chur leis an gcéim seo den oideachas as féin, agus ní mar thairseach todhchaí amháin. Ag an am céanna, aithníodh go forleathan an gá le hoideachas iomlánaíoch a chur ar fáil, rud a fheabhsaíonn forbairt imeasctha eolais, scileanna, luachanna agus meonta agus a ullmhaíonn daoine óga dá saol lasmuigh den scoil; an gá le conairí níos éagsúla laistigh agus lasmuigh den tsraith shinsearach a chur ar fáil, seachas an róbhéim ar an aistriú go breisoideachas agus ardoideachas; an tábhacht a bhaineann le modhanna níos leithne measúnaithe agus an tábhacht a bhaineann le foghlaimeoirí a chothú le meon dearfach i leith na foghlama fad saoil.

Maidir le ceist chomhleanúnachais an churaclaim, in go leor dlínsí bíonn glaonna ar ábhar a laghdú agus an curaclam a athrú ionas nach mbeidh sé chomh plódaithe sin agus nach mbeidh an oiread easpa leanúnachais ann. D'fhéadfadh baint a bheith ag comhleanúnachas curaclaim le himní nach bhfuil comhleanúnachas náisiúnta sa churaclam a dtugann scoláirí faoi ar fud tír iomlán. Is i dtíortha státbhunaithe amhail an Astráil agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i dtíortha a bhfuil curaclam náisiúnta acu ach nach bhfuil sonraíochtaí faoi leith d'ábhair nó modúil, an Nua-Shéalainn mar shampla, is mó a thagann an imní seo chun cinn. Tabhair faoi deara nár tháinig imní maidir le comhleanúnachas curaclaim, faoi mar a rinne Sinnema agus Aitken a phlé, chun cinn mar threocht shuntasach in aiseolas ar athbhreithniú na sraithe sinsearaí. Ina ionad sin, lorgaíodh go mbainfí cothromaíocht amach sa tsraith shinsearach athfhorbartha idir níos mó solúbthachta agus comhleanúnachais ginearálta in eispéireas na bhfoghlaimeoirí; agus lorgaíodh freisin comhleanúnachas ó thaobh acmhainní de, mar go ngluaiseann curaclaim tríd an gcóras ag leibhéil éagsúla agus i suíomhanna éagsúla gníomhaíochta. Lorgaíodh freisin comhleanúnachas curaclaim de chineál eile, is é sin, cur ar fáil níos comhleanúnaí conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach, le freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí ar fad. I ndiaidh athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí, áfach, tháinig comhleanúnachas curaclaim (lorgaíodh go laghdófaí an curaclam agus go ndéanfaí é a athrú ionas nach mbeadh sé chomh plódaithe agus scoilte sin) chun cinn le linn do na scoileanna a bheith dúnta mar thoradh ar phaindéim Covid19, i gcomhthéacs imní maidir le caillteanas foghlama. Maidir leis na béimeanna atá le brath in go leor forbairtí curaclaim idirnáisiúnta, rinneadh go leor plé le linn an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach ar chuid de na cinn a d'aithin Sinnema agus Aitken. Déantar plé ar thrí cinn acu seo – **treoir** [laghdaithe]; agus **inniúlachtaí** agus **luachanna** thíos, i gcaibidlí 4 agus 6 faoi seach.

Leagadh béim san athbhreithniú ar fad ar an tábhacht a bhaineann le **comhpháirtíochtaí** do phróiseas athfhorbairt na sraithe sinsearaí agus do chéim oideachais na sraithe sinsearaí, agus tá comhpháirtíochtaí in ocht gcinn de threoirphrionsabail sraithe sinsearaí athfhorbartha. Níor bhain sé seo le comhpháirtíochtaí idir scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí amháin (agus is air seo a leagtar béim i dtaighde Sinnema agus Aitken). Luadh freisin sprioc maidir le comhpháirtíochtaí

feabhsaithe pobalbhunaithe, comhpháirtíochtaí idir scoileanna agus gnólachtaí le foghlaim obairbhunaithe a éascú, agus comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí ar nós SOLAS agus QQI le cur le foghlaim agus ailíniú beartas.

Treocht eile i bhforbairt curaclaim a d'aithin Sinnema agus Aitken is ea béim níos mó ar **ghníomhú an scoláire** agus ar cheart an scoláire guth a bheith aige i gcinntí maidir lena oideachas. Molann siad do lucht déanta beartas níos mó a dhéanamh le haitheantas a thabhairt do chastacht ghníomhú an scoláire maidir leis an gcuraclam, is cuma má tá nó mura bhfuil sé leabaithe i dtreoirphrionsabail an churaclaim, i gceart na scoláirí a bheith mar chuid den phlé maidir lena n-eispéiris scolaíochta, agus/nó sa chothromaíocht idir foghlaim a chuireann múinteoirí nó scoláirí tús léi. Áitíonn siad gur ceannas sóisialta amháin a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar rannpháirtíocht scoláirí mar fhreagra ar chinntí agus éilimh an mhúinteora, seachas inniúlacht, féinsmacht, agus gníomh a d'fhéadfadh cumasú agus gníomhú a bheith mar thoradh air. In Éirinn, sa lá atá inniu ann, is féidir a rá go bhfuil béim níos mó ar ghuth an scoláire ná ar ghníomhú an scoláire. Tá comhairliúchán le scoláirí leabaithe i bpróisis CNCM maidir le forbairt curaclaim (féach caibidil 2), ceapadh ionadaí scoláirí do Chomhairle CNCM den chéad uair le déanaí, agus leagtar béim i dtreoirphrionsabail na sraithe sinsearaí athfhorbartha ar neamhspleáchas na scoláirí, atá de shíor ag fás, agus ar an tábhacht a bhaineann le tacú leo agus iad ar chonair phearsanta tríd an tsraith shinsearach.

Tá trí cinn de na treochtaí a d'aithin Sinnema agus Aitken mar phríomhthreochtaí idirnáisiúnta i bhforbairt curaclaim aitheanta ag Priestley agus Biesta freisin. Cé gur gné ríthábhachtach den churaclam achtaithe í oideolaíochtaí, cuirtear in aghaidh cur in iúl agus/nó sonraíocht oideolaíochtaí i ndoiciméid curaclaim agus athraíonn sí ó dhlínse go dlínse (féach caibidlí 3 agus 4). Tugtar breac-chuntas thíos agus i gcaibidlí 4 agus 5 ar an gcasadh i dtreo**oideachas bunaithe ar inniúlachtaí** agus ar a bhféadfadh a bheith i gceist leis seo don churaclam agus in eispéiris scolaíochta na scoláirí; agus ar **threoir laghdaithe** sa churaclam go hidirnáisiúnta. **Tá sé tábhachtach a athdhearbhú gurb ionann na treochtaí a dtugtar breac-chuntas anseo agus thíos orthu agus na treochtaí a aithníonn Mark Priestley agus Gert Biesta, agus Claire Sinnema agus Graeme Aitkin, sa leabhar *Reinventing the Curriculum: New Trends in Curriculum Policy and Practice* (2014) agus ag Daniel Alvunger, Tiina Soini, Stavroula Phillippou and Mark Priestly i gcaibidil dheireanach *Curriculum Making in Europe: Policy and Practice Within and Across Diverse Contexts* (2021).**

### Dúshláin churaclaim mar gheall ar thimthriallta na nuálaíochta beartas atá ag géarú

Tá rabhaidh tugtha ag go leor taighdeoirí maidir leis na contúirtí a bhaineann le leasuithe curaclaim a bheith ar bun laistigh de thréimhsí an-ghearr ama, agus/nó in éineacht le hathruithe eile ar bheartas oideachais, mar gur féidir 'patrún géarchéime leantaí agus nuálaíochta frithghníomhaí' (Priestley et al, lch2, 2013) a bheith mar thoradh air sin. Agus seo á chur san áireamh, tugadh cuireadh le linn Athbhreithniú CNCM ar an tSraith Shinsearach do chomhghleacaithe ó Rannóg Oideachais an ECFE leasuithe na hÉireann ar bheartas oideachais a chur i gcomparáid le dlínsí eile go hidirnáisiúnta. Luaigh siad gur tír í Éire ina bhfuil leasuithe ar bheartas oideachais meántéarmach nó fadtéarmach níos mó ná rud ar bith eile. É sin ráite, tá sé tábhachtach a admháil go gcruthaíonn dhá thimthriall de leasuithe curaclaim sa mheánscolaíocht taobh istigh de dheich agus cúig bliana déag, in éineacht le leasuithe eile ar bheartas oideachais, go gcruthaíonn sé sin dúshláin do chách.

**‘Foghlaimiú’ an oideachais, a mbíonn teip ó thaobh ceisteanna maidir le cuspóir oideachasúil, lena n-áirítear ‘céard atá á fhoghlaim againn?’ agus ‘cén fáth?’ mar chuid de go minic**

Cuireadh méid mór ama ar leataobh le linn Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach de chuid an CNCM leis na ceisteanna seo a fhiosrú le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, taighdeoirí, lucht déanta beartas agus páirtithe eile leasmhara, agus is é an toradh air sin ná cuspóir, fís agus treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí athfhorbartha, de réir mar a thugtar breac-chuntas orthu i Tuairisc Chomhairleach Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí (CNCM, 2022). É sin ráite, is dhá rud iomlán difriúil é na cuspóirí seo a leagan amach agus iad a bhaint amach go leanúnach thar am, agus beidh sé tábhachtach leanúint le leabú na gcuspóirí, na físe agus na dtreoirphrionsabal seo a aontaíodh le linn phróiseas athfhorbairt na sraithe sinsearaí agus cur i bhfeidhm na leasuithe sin go praiticiúil.

Bogadh ó threoir as cuimse sa churaclam go creatchuraclaim agus sonraíochtaí curaclaim nach bhfuil chomh mionsonraithe céanna.

Cé go dtugann sé seo níos mó gníomhaithe do mhúinteoirí, go léiríonn sé meas ar a mbreithiúnas gairmiúil, agus gur tháinig spéis as an nua chun cinn maidir le forbairt curaclaim scoilbhunaithe dá bharr, tá cáineadh déanta air mar gheall ar an machnamh easnamhach a rinneadh ar na tacaíochtaí a theastaíonn d’fhorbairt curaclaim scoilbhunaithe agus ar an gcastacht a bhíonn i gceist leis do scoileanna, grúpaí, agus daoine aonair. Féach caibidil 4 le haghaidh tuilleadh plé ar an gceist seo.

**Cur in iúl leantach an churaclaim i dtéarmaí cuspóirí inmheasúnaithe.**

Fiú sna codanna atá an curaclam oscailte go leor maidir le hionchuir (cuspóirí leathana foghlama a chruthaíonn scóip do bhreithiúnas agus rogha an mhúinteora chun an fhoghlaim a chur in oiriúint dá scoláirí), agus sna codanna a bhfuil sé dúnta maidir le haschuir, m.sh., áit a bhfuil sé ceangailte le córais freagrachta, cultúir feidhmithe, agus/nó an tástáil ‘a bhfuil go leor i ngeall léi’ mar a thugtar uirthi, fiú sna codanna seo is féidir le béim leantach nó níos forleithne ar an teagasc bunaithe ar mheasúnú a bheith mar thoradh air seo. Féach caibidil 4 le haghaidh tuilleadh plé ar an gceist seo.

**Béim ar fhorbairt inniúlachtaí.**

Is minic gur iarracht é seo teannais a réiteach idir scileanna a dtugtar scileanna boga orthu (a bhaineann le cuspóirí geilleagracha nó cathartha dar le daoine go minic) agus eolas, go háirithe na cineálacha cumhachtacha eolais atá ábalta cabhrú le daoine a bheith rannpháirteach go criticiúil sa domhan. Féach caibidil 5 le haghaidh tuilleadh plé ar an gceist seo. Tá go leor de na treochtaí seo le feiceáil freisin i bhfiosrú 2021 Alvulgner et al maidir le treochtaí idirnáisiúnta le déanaí i bhforbairt curaclaim san Eoraip, ina measc sin oideachas bunaithe ar **inniúlachtaí**; **treoir laghdaithe** agus na deiseanna agus teannais a chruthaíonn sé seo; agus tionchar atá ag méadú gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí fornáisiúnta. Is é an treocht is suntasaí agus is déanaí i bhforbairt curaclaim a aithníonn siad ná an tábhacht a bhaineann le méiseashuíomh gníomhaíochta mar ‘nasc’ agus spás ‘idir eatarthu’, agus ról tábhachtach acu siúd i méiseashuíomhanna (an dream a dhearann agus a éascaíonn forbairt ghairmiúil de ghnáth)

> i ndéanamh curaclaim, idirghabháil, agus aistriú teachtaireachtaí a thagann ó fhorshuíomhanna agus ó mhacrashuíomhanna gníomhaíochta, agus ó mhicreashuíomhanna agus nanashuíomhanna gníomhaíochta freisin (lch283).

Maíonn Alvunger et al gur féidir gníomhú an mhúinteora a fheabhsú nuair a leagtar béim san fhoghlaim ghairmiúil agus i scileanna na ndaoine a éascaíonn an fhoghlaim seo ar bhrí a dhéanamh, ach gur féidir le béim thaibhitheach agus theagascach i bhforbairt ghairmiúil an mhúinteora bac a chur ar ghníomhú an mhúinteora agus ar thacaíocht d'athrú sa chóras araon. Is mar gheall air seo a dhéanann siad argóint ar son

> suíomhanna sóisialta an déanaimh curaclaim a éascaíonn comhoibriú múinteoirí (lch287).

Aithníonn siad cúig ghné de dhéanamh curaclaim ar ardchaighdeán, is iad sin,

1. Déanamh curaclaim rannpháirteach
2. Freagracht bunaithe ar mhuinín
3. An tábhacht a bhaineann le teacht ar chomhréiteach agus soghluaisteacht i ndéanamh curaclaim
4. Rialáil chothrom – treoir leordhóthanach mar aon leis an bhféidearthacht plé a dhéanamh
5. Gníomhú an chórais oideachais.

Tá rabhadh tugtha ag go leor teoiricithe curaclaim go bhfuil sé riachtanach do gach tír agus dlínse traidisiúin churaclaim agus tréithe a gcórais a chur san áireamh agus a bheith cúramach maidir le 'héifeachtaí cóineasaithe i gcórais agus curaclaim náisiúnta' (Lingard, in *Reinventing the Curriculum: New Trends in Curriculum Policy and Practice*, lch46 (Eag. Priestley, Biesta, 2013). É sin ráite, d'aithin Lingard agus daoine eile le déanaí go mb'fhéidir nach bhfuil na cóineasaithe seo chomh forbartha agus a síleadh ar dtús, i bhfianaise an fhreagra náisiún ar náisiún a tugadh ar phaindéim Covid19 le linn agus i ndiaidh na scoileanna a bheith dúnta.

## 1.4 Achoimre ar an gCaibidil

Tá athruithe agus forbairtí tagtha thar am ar na tuiscintí atá ar bhrí an churaclaim, de réir mar a tháinig curaclam chun cinn mar réimse staidéir ann féin. Is ar an méid ba cheart a fhoghlaim agus ar an té atá le rudaí a fhoghlaim a leagadh cuid mhór de bhéim theoiric an churaclaim go dtí seo. Leagadh i bhfad níos lú béime ar an leagan amach ba cheart a bheith ar churaclam (a 'fhoirm theicniúil). Mhol Hilda Taba sna 1960idí gur cheart do churaclam, seachas áitiú maidir le tús áite a thabhairt d'inneachar ábhair, scileanna agus riachtanais na bhfoghlaimeoirí nó na sochaí, bealach a aimsiú lena gcur le chéile ar bhealach cuimsitheach agus comhleanúnach. Léirítear i bhfoirm theicniúil go leor siollabas/sonraíochtaí curaclaim, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, an smaoineamh seo maidir le gnéithe éagsúla a chur le chéile i gcáipéis churaclaim, faoi mar a léirítear i gcaibidil 3. Cé go bhféadfadh an litríocht taighde roinnt cur chuige i leith curaclam a eagrú a scaradh agus a lipéadú (féach tábla 5), go praiticiúil, is minic a chomhaireann gnéithe de gach ceann de na híde-eolaíochtaí/béimeanna/samhlacha seo i gcáipéisí curaclaim, agus nach mbíonn tosaíocht ag ceann ar bith acu thar na cinn eile.

| 3 Oideolaíocht churaclaim<br>Kelly (1977) | 5 bhéim churaclaim<br>Petrina (2004) | 5 shamhail churaclaim<br>Luke, Weir agus Woods (2012) |
|---|---|---|
| Curaclam mar inneachar agus oideachas mar *sheachadadh* | Réasúnaíocht acadúil | Traidisiúnta bunaithe ar ábhar |
| Curaclam mar tháirge agus oideachas mar *theagasc* | Próisis chognaíocha | Bunaithe ar thorthaí |
| Curaclam mar phróiseas agus oideachas mar *fhorbairt* | Féin-achtáil | Bunaithe ar phróiseas, forbarthach |
| | Athchruthú sóisialta agus oideolaíocht chriticiúil | Bunaithe ar theoiric chriticiúil |
| | Feidhmiúil | Bunaithe ar scileanna inaistrithe |

**Tábla 5:** Béimeanna agus samhlacha curaclaim (Petrina 2004 agus Luke, Weir agus Woods 2012)

Agus foirm theicniúil cháipéis churaclaim á réiteach, is féidir leo siúd atá páirteach sa phróiseas aghaidh a thabhairt ar an tasc ó réimse traidisiún curaclaim, faoi mar a leagtar amach iad thíos.

| 4 thraidisiún curaclaim Reid (2006) | |
|---|---|
| Córasach | Lorgaítear cur chuige a oibríonn i ngach comhthéacs agus le gach ábhar |
| Eisíoch | Dírítear ar eispéiris agus ar dhírbheathaisnéis an fhoghlaimeora |
| Radacach | Déantar critíc ar institiúidí an churaclaim agus na scolaíochta agus diúltaítear go hiomlán iad |
| Breithniúchán | Aithnítear luach na dtraidisiún eile agus déantar breithniú ar mhaithe le comhaontú a bhaint amach |

**Tábla 6:** Traidisiúin Churaclaim (Reid, 2006)

Is dócha go mbeidh claontaí éagsúla ag na daoine aonair laistigh de na meithleacha forbartha a dhearann na sonraíochtaí curaclaim agus ag comhaltaí an Bhoird don tSraith Shinsearach agus ag comhaltaí na Comhairle a dhéanann athbhreithniú ar shonraíochtaí curaclaim, a chuireann aiseolas ar fáil orthu agus a fhaomhann iad ar deireadh lena gcur ar aghaidh chuig an Aire Oideachais, i dtaobh an churaclaim, i dtaobh fhorbairt an churaclaim agus i dtaobh déanamh curaclaim agus go mbeidh tuairimí éagsúla acu maidir leo. Is cinnte go gcruthaíonn sé seo dúshláin sa phróiseas a bhaineann le cáipéis churaclaim náisiúnta a dhearadh ach d'fhéadfadh sé an próiseas a shaibhriú freisin, de réir mar a bhreathnaítear ar pheirspictíochtaí éagsúla agus go gcuirtear san áireamh iad sna dréachtleaganacha agus sna leaganacha deiridh den tsonraíocht atá i gceist. Mar sin, is traidisiún breithniúcháin an traidisiún is fearr a dhéanann cur síos ar an bpróiseas a úsáideann CNCM.

Is féidir an próiseas a bhaineann le siollabas/sonraíocht a chruthú a choincheapú ar bhealaí difriúla.

| Luke, Weir agus Woods (2012) – próiseas | Alvunger et al (2021) – gnéithe maidir le déanamh curaclaim ar ardchaighdeán |
|---|---|
| **1.** athbhreithniú ar na sonraíochtaí reatha agus ar an dea-chleachtas sa réimse sin | Rannpháirtíoch |
| **2.** déanamh curaclaim rannpháirtíoch chun an cháipéis oifigiúil a scríobh | Freagracht bunaithe ar mhuinín |
| **3.** próiseas tástála, aiseolais agus athbhreithnithe | Tábhacht an chomhréitigh agus na soghluaisteachta |
| | Rialáil chothrom – treoir leordhóthanach mar aon leis an bhféidearthacht plé a dhéanamh |
| | Gníomhú sa chóras oideachais |

**Tábla 7:** Próisis agus gnéithe na forbartha curaclaim agus an déanaimh curaclaim.

De bharr na héagsúlachta sna dearcthaí agus sna tuairimí atá ann maidir leis an gcuraclam, molann Luke, Weir agus Woods (2012) cur chuige hibrideach i dtaobh foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim. Séanann siad an cur chuige malartach, is é sin aon samhail amháin a úsáid, ina mbeifí ag súil agus go nglacfadh gach múinteoir leis beag beann ar a gcuid luachanna agus tuairimí, toisc go gcoimhtheodh sé sin roinnt de na múinteoirí a bheidh ag úsáid na sonraíochta curaclaim chun bonn eolais a chur faoina gcuid teagaisc, agus faoi fhoghlaim agus measúnú an scoláire. Is fiú suntas a dhéanamh de go molann siad cur chuige hibrideach, toisc go bhféadfaí argóint a dhéanamh go bhfuil dhá chultúr curaclaim ar leith i bhfeidhm in Éirinn, is iad sin an cultúr curaclaim Angla-Shacsanach/Meiriceánach agus Teagascach, agus tharla forbairt cultúr curaclaim hibrideach mar thoradh ar idirghníomhú an dá chultúr sin (Gleeson, 2021). Tá príomhghnéithe an dá chultúr le sonrú i dtábla 8 thíos.

| Cultúr curaclaim Angla-Shacsanach/Meiriceánach | Cultúr churaclaim Teagascach |
|---|---|
| Béim ar na hábhair | Béim ar fhoirmiú agus ar fholláine an scoláire |
| Béim ar scileanna | Béim ar fhéinriar san fhoghlaim |
| Torthaí foghlama sonracha | Foghlaim solúbtha agus inoiriúnaithe (a chuirtear in iúl i bhfoirm torthaí foghlama uaireanta?) |
| Feidhm an oideachais ná caipiteal daonna a fhorbairt chun cur le hinfhostaitheacht agus leis an ngeilleagar | Feidhm an oideachais ná d'fhéiniúlacht a fhorbairt níos mó agus d'áit a ghlacadh sa tsochaí |
| Tá eolas oibiachtúil, mar an gcéanna do gach duine | Ní bhíonn eolas neodrach ná oibiachtúil riamh |

**Tábla 8:** Príomhghnéithe na gcultúr curaclaim Angla-Shacsanach/Meiriceánach agus Teagascach

Mar sin is dócha gur struchtúr hibrideach a bheidh i gceist le heagar nó le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha. Sula ndéantar meas níos sonraí air seo, d'fhéadfadh go mbeadh sé cabhrach braistint níos soiléire a fháil maidir leis an tslí inar fhorbair

foirm theicniúil na siollabas/sonraíochtaí curaclaim le haghaidh ábhair agus módúil sa tsraith shinsearach i gcaitheamh ama, agus is air seo a leagtar an bhéim i gcaibidil a 2.

# 2. Stair achomair maidir le dearadh curaclaim agus maidir le foirm theicniúil sonraíochtaí in Éirinn

## 2.1 Réamhrá:

Is é atá sa churaclam oifigiúil agus i gcur i láthair oifigiúil an churaclaim seo i gcáipéisí siollabais ná 'greillí sonraíochta', de réir mar a thug Michel Foucault (1972) orthu. Déanann an téarma seo cur síos ar

> struchtúr institiúideach chun mapáil a dhéanamh ar eolas daonna agus ar ábhair dhaonna; na ranna agus na catagóirí a úsáidtear chun an méid a bheidh i gceist leis an gcuraclam ag an am seo agus sa chomhthéacs seo a shonrú' (Luke, Woods, agus Weir).

Tógann na breithniúcháin atá ar bun faoi láthair maidir le nádúr dhearadh na sonraíochta curaclaim agus maidir leis an bhfoirm theicniúil ba cheart a ghlacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhar agus modúl, tógann siad ar an bpróiseas smaointeoireachta agus forbartha atá ar bun ó bhunú an stáit. Sa chuid seo déanfar iarracht breithnithe atá ann i láthair na huaire i dtaca le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim le haghaidh ábhair agus modúil i gcomhthéacs stairiúil a aimsiú, agus suntas á dhéanamh de roinnt príomhfhorbairtí a raibh tionchar nó iarmhairt acu ar dhearadh sonraíochta curaclaim na sraithe sinsearaí. Sa chuid seo déanfar scrúdú ar fhoirm theicniúil sampla de cháipéisí dá leithéid a bhaintear ó raon ábhar difriúil, agus é mar aidhm cur leis an bhfeasacht maidir leis an tslí inar fhorbair na cáipéisí seo le himeacht aimsire. Táthar ag súil go gcuirfidh an pheirspictíocht stairiúil seo bonn eolais faoi bhreithnithe maidir le foirm theicniúil cáipéisí sonraíochta curaclaim i gcomhthéacs sraith shinsearach athfhorbartha.

## 2.2: Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 1920idí – 1960idí

Bhí ábhair imní maidir leis an gcuraclam mar thréith sa dioscúrsa oideachais ó bhunú an stáit agus díríodh ar chur chun cinn luachanna oideachais náisiúnacha Éireannacha, a bhí bunaithe go mór ar choincheap an 'Ghaelaithe', a raibh an Ghaeilge ag déanamh ionadaíocht air go príomha. Óstáladh comhdháil maidir leis an meánoideachas i nDáil Éireann i Lúnasa na bliana 1921. Bhí ordú an 'Ghaelaithe' le sonrú sna príomh-mholtaí a rinneadh. Ina measc seo moladh go bhfoilseofaí gach scrúdpháipéar le haghaidh gach ábhar, seachas an Béarla, an mhatamaitic agus an eolaíocht, i nGaeilge agus i mBéarla; gur cheart go ligfeadh frámú na scrúdpháipéar sa stair agus sa tíreolaíocht leis an scoláire lánmharcanna a bhaint amach trí cheisteanna a bhaineann le hÉirinn amháin a fhreagairt agus gur cheart ábhar éigeantach a dhéanamh den Ghaeilge, rud a bhí suntasach. I mí Feabhra na bliana 1922, ghlac an Rialtas Sealadach cúram ar riarachán an oideachais agus d'eisigh siad ciorclán chuig na scoileanna i dtaca leis na moltaí seo. Bhí na téarmaí tagartha seo a leanas ag coimisiún um meánoideachas, a chuir deireadh lena gcuid breithniúchán i mí na Nollag 1922:

> 'clár a dhréachtú a chomhlíonfadh na riachtanais náisiúnta, agus an áit chuí á tabhairt don Ghaeilge.'

Léiríonn coincheap na 'riachtanas náisiúnta' an tiomantas a bhí ann curaclam a mhúnlú a d'fhreagródh d'éiteas an stáit nua. Ghlac an Roinn Oideachais, a bunaíodh i Meitheamh na bliana 1924, smacht ar an oideachas iar-bhunscoile. Chuir moltaí an choimisiúin um mheánoideachas bonn ar fáil don chlár do mheánscoileanna, a tháinig i bhfeidhm i Lúnasa 1924, agus a lean ar aghaidh trí leaganacha éagsúla, ar ar tugadh na Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna.

Foilsíodh na Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna go bliantúil ar feadh na mblianta. Leag an chuid maidir le Rialacha amach rialacháin riaracháin agus gnásanna éagsúla a bhain le cúrsaí amhail aitheantas agus maoiniú scoileanna agus stiúradh scrúduithe. Bhí an chuid a phléigh leis an gcuraclam achomair, agus leagadh amach na hábhair a raibh dualgas ar na scoileanna teagasc a chur ar fáil iontu. Baineann an chuid is cuimsithí den cháipéis le cláir, rud a chiallaigh an Mheánteistiméireacht agus an Ardteistiméireacht (a rinneadh foirmeálta san Acht Oideachais Idirmheánaigh (Leasú) 1924). Go bunúsach, liostaíodh i rannáin na gclár an t-ábhar cúrsa ba cheart a chur san áireamh sa siollabas do gach ábhar, agus cuireadh socruithe measúnaithe ábhartha san áireamh freisin. Is suimiúil go mbeadh an tsamhail seo i bhfeidhm le haghaidh roinnt deicheanna de bhlianta go dtí gur tháinig cáipéisí siollabais níos sonraí chun cinn sna 1990idí.

Ón mbliain 1924, leag an Roinn Oideachais síos an t-inneachar ginearálta a raibh súil leis a chlúdach do gach ábhar, agus é foilsithe ina Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna. Ar dtús, níor chuir sí ról ró-shriantach i bhfeidhm sa mhéid seo, ag ligean do scoileanna cúrsaí a fhorbairt agus iad a leagan isteach lena bhfaomhadh. Is ábhar suntais é go léiríonn tuin roinnt cumarsáide le scoileanna ón tréimhse seo cineál na smaointeoireachta reatha maidir leis an luach atá le cumas na scoileanna cinntí a dhéanamh bunaithe ar a gcomhthéacsanna áirithe a aithint, agus leibhéal féinriar suntasach á chur ar fáil do scoileanna, i dtéarmaí raon a gcuid clár agus a rogha leabhar. Glacadh leis go n-úsáidfí téacsleabhair, agus go mbeadh rogha ag scoileanna i leith na saincheiste seo. Mar sin féin, mar gheall ar ghanntanas téacsleabhair mheánscoile scríofa i nGaeilge, thug an stát urraíocht do chomhlacht foilsitheoireachta chun téacsleabhair dá leithéid a tháirgeadh, ag teacht lena pholasaí an Ghaeilge a chur chun cinn i gcoitinne.

Faoi chlár na Meánteistiméireachta, éilíodh ar an scoláire pas a bhaint amach i gcúig ábhar chun go mbainfidís teistiúchán amach. Eagraíodh na hábhair seo ina ngrúpaí, a raibh ar an scoláire ábhair a roghnú astu mar seo a leanas: (1) Béarla nó Gaeilge, (2) teanga eile seachas an ceann a roghnaíodh in (1), (3) matamaitic nó (i gcás cailíní amháin) uimhríocht, mar aon le ceann amháin den eolaíocht, líníocht nó ceol. (4) stair agus tíreolaíocht. Tá an t-idirdhealú san inscne le sonrú anseo. Ábhar éigeantach ab ea an Ghaeilge ag an Meánleibhéal ón mbliain 1928 agus d'éirigh sí éigeantach don Ardteistiméireacht sa bhliain 1934, socruithe a bhí i bhfeidhm gan athrú go dtí an bhliain 1973. Éilíodh ar an scoláire pas a bhaint amach i gcúig ábhar chomh maith, a raibh gá an Ghaeilge agus an Béarla a bheith ina measc, chun teistiúchán a ghnóthachtáil san Ardteistiméireacht. Sna 1930idí tugadh isteach cúrsaí ardleibhéil agus gnáthleibhéil laistigh d'ábhair, cleachtas atá i bhfeidhm sa tsraith shinsearach fós.

Forbairt shuntasach ab ea an tAcht Oideachais Ghairme Beatha sa bhliain 1930, a d'aithin an gá teagasc teicniúil agus gairme a dhéanamh foirmeálta. Sa bhliain 1937, bhí cineál an churaclaim mar ábhar cháinte ag an Taoiseach Eamon de Valera, a reáchtáil comhdháil leis an Aire Oideachais a bhí ann ag an am agus le hoifigigh eile, lenar áiríodh cigirí, chun a chuid ábhair imní maidir leis an doiléire bhraite agus leis an nádúr ró-fhairsing a bhain leis an soláthar curaclaim a chur in iúl. Chreid sé nach raibh an réimse leathan ag cuidiú leis an bpríomhthasc a bhí ann dar leis, is é sin an 'Gaelú'. Forbairt eile a rinneadh go déanach sna 1930idí ná gur tugadh isteach téacsleabhair

ainmnithe arís, rud a chiallaigh go bunúsach go raibh na leabhair seo ina gcáipéisí siollabais. Léiríonn na hathruithe seo roinnt de na príomhbhreathnuithe a rinneadh i gcaibidil 1, is iad sin

- go gcuirtear dúshlán faoin méid a chinntear an curaclam – nó ba cheart an curaclam a chinneadh – ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil
- go gcuirtear dúshlán faoi cé chomh hoscailte nó sonrach ba cheart don churaclam a bheith agus
- uaireanta, go bhfuil inneachar an churaclaim agus an smacht a chleachtar ar scoileanna trí leagan síos an churaclaim faoi réir tionchair agus idirghabhálacha polaitiúla.

Níor chuidigh corraíl pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta na mblianta idir na cogaí, ná tréimhse na Éigeandála agus forbairtí tar éis an Dara Cogadh Domhanda, le forbairtí suntasacha san oideachas. Bíodh sin amhlaidh, reáchtáladh Comhairle Oideachais agus rinneadh breithniúcháin maidir leis an curaclam idir 1954 agus 1960. Bhí nádúr fíorchoimeádach ag baint leis na torthaí agus na tátail a tháinig chun cinn, nach raibh ag dul leis an mbraistint a bhí chun cinn sna 1960idí go ginearálta i leith an chultúir, na polaitíochta agus an tsochaí, nó go deimhin i leith an oideachais féin. Thángthas de thátal sa tuairisc gurbh é an curaclam a bhí ann an tsamhail chuí, a raibh luachanna oideachais daonnachacha agus acadúla ina chroílár, agus gur sainaithníodh na scoileanna mar ionaid chuí chun féiniúlacht Éireannach agus luachanna agus tuairimí reiligiúnacha a chur chun cinn agus a chothú i ndaoine óga. Leanadh le tréithe litríochta agus acadúla an churaclaim. Is suimiúil a thabhairt faoi deara gur breathnaíodh ar an gcuraclam go follasach mar bhealach freagairt do riachtanais na sochaí mar aon le heolais inneachair a thraschur. Ba ábhar machnaimh é cé a thiocfadh le duine mar thoradh ar a n-oideachas, mar sin tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, fiú breis is seasca bliain ó shin, nár bhain an curaclam leis an méid a mhúineann an múinteoir amháin. Mar sin féin, cé go rabhthas ag dréim le féiniúlacht 'idéalach' Caitliceach Éireannach sa ré seo, sa lá atá inniu ann, tá an fócas seo ar an gcineál duine a bhíonn ann mar thoradh ar a n-eispéiris san oideachas i bhfad níos oscailte, le glacadh de shíor ag athrú agus meas ar an éagsúlacht.

In ainneoin cineál cuíosach caomhnaitheach agus seasmhach tuairisc na Comhairle Oideachais (1962), tharla roinnt athruithe suntasacha san oideachas, a raibh impleachtaí acu ar nádúr an churaclaim, i gcaitheamh na 1960idí agus tús na 1970idí, a léiríonn na hathruithe polaitiúla, cultúrtha agus sochaíocha suntasacha a bhí ag tarlú ar bhonn níos forleithne sa ré sin, in Éirinn agus ar fud na hEorpa, ar fud Mheiriceá agus ar fud an domhain araon. Bhí an méid seo a leanas i measc na bhforbairtí seo:

- Tugadh isteach scoileanna cuimsitheacha, réamhtheachtaí don tsamhail phobalscoile, in áiteanna nach raibh iar-bhunscoileanna, agus chuir siad oideachas ar fáil suas chuig deireadh na Meánteistiméireachta trí bliana. Ghníomhaigh sé seo, i bpáirt, i gcoinne an chleachtais a bhí ann gairmscoileanna agus meánscoileanna a bheith ag feidhmiú taobh le chéile sna bailte nó sna réigiúin chéanna.
- Thosaigh gairmscoileanna ag cur clár na Meánteistiméireachta ar fáil chomh maith.

- Sa bhliain 1966, d'éiligh George Colley TD, a bhí ina Aire ag an am, go mbeadh tuilleadh comhoibrithe agus roinnte áiseanna idir iar-bhunscoileanna beaga a raibh pátrúnacht dhifriúil acu, chun roghanna curaclaim an scoláire a leathnú[2]
- Níos déanaí sa bhliain 1966, d'fhógair an tAire Donnacha Ó Máille, a tháinig i gcomharbacht ar Colley i mí Iúil na bliana sin, go gcuirfí oideachas iar-bhunscoile ar fáil saor in aisce do gach scoláire ón mbliain 1967. Tháinig méadú ar líon na scoláirí ó 148,000 sa bhliain 1966/7 chuig 185,000 sa bhliain 1968/9.
- Sa bhliain 1972 ardaíodh aois fágála scoile go 15 bliana d'aois.

Bhí iarmhairt charnach ag na forbairtí éagsúla seo ar an gcuraclam. Tugadh isteach raon ábhar níos leithne, le béim níos mó ar ábhair phraiticiúla. Thosaigh meánscoileanna ag cur curaclam níos cuimsithí ar fáil, rud a mhaolaigh an t-idirdhealú idir meánscoileanna, pobalscoileanna agus gairmscoileanna/scoileanna teicniúla níos mó. Mar sin, bíodh agus go raibh foirm theicniúil an churaclaim go dtí sin tar éis a bheith bunaithe den chuid is mó ar chuir síos ar inneachair cúrsa nó ar eolas ábhair a bhí le sealbhú, bhí athrú cultúir ag tarlú mar thoradh ar athruithe agus forbairtí oideachais níos leithne, áit ina n-éireodh an curaclam agus léiriú an churaclaim níos sofaisticiúla.

## 2.3 Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 1970idí – 1980idí

I gcaitheamh na 1970idí, bhí roinnt forbairtí a léirigh smaointeoireacht nua maidir leis an gcuraclam agus maidir le hoideolaíocht. Bhí athrú sa dearadh siollabais in ábhair ar nós na staire agus na tíreolaíochta i dtreo béim níos mó ar théamaí sóisialta agus eacnamaíocha, fad is a thosaigh cúrsaí litríochta ag tabhairt aitheantas do scríbhneoirí agus d'údair chomhaimseartha. Bhí gluaiseacht i dtreo tuilleadh obair thionscadail aonair de chuid an scoláire, forbairt ar freagraíodh dó trí shaotharlanna a thabhairt isteach i scoileanna chun obair níos praiticiúla agus níos turgnamhbhunaithe a chumasú. I gcás teagasc nuatheangacha tugadh isteach saotharlanna teanga chun gníomhú in aghaidh na béime gramadaí agus aistriúcháin traidisiúnta i dteagasc teangacha. Tugadh isteach comhpháirt na béaltrialach sa Ghaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta, a raibh luach 25% de mharcanna an ábhair leis go luath ina dhiaidh sin. Sa bhliain 1973, fuarthas réidh leis an riachtanas go mbeadh an Ghaeilge ina hábhar éigeantach i gcomhair bronnadh na Meánteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta. Tugadh ábhair nua, amhail miotalóireacht, innealtóireacht, cuntasaíocht agus eagrúchán gnó, isteach sa churaclam, rud a d'fhreagair don chomhthéacs sóisialta agus eacnamaíoch a raibh athrú ag teacht air, san áit gur tháinig meath mór ar ardréim na Laidine, a bhí ina mórábhar le fada an lá, agus bhí baint nach beag ag athruithe i gcleachtais Liotúirgeacha na gCaitliceach a d'fhógair an Dara Comhairle Vatacánach sna 1960idí.

[2] Is ábhar imní í an tsaincheist seo go fóill sa lá atá inniu ann, de réir mar atá le sonrú san aiseolas a bailíodh i gcaitheamh Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach de chuid CNCM (2017 – 2020).

Forbairt shuntasach eile sna 1970idí ná gur eascair tionscadail agus tionscnaimh shuimiúla a rinne iarracht gluaiseacht lasmuigh de shrianta cúnga na siollabas ábhair a leag an stát síos as smaointeoireacht nua maidir leis an gcuraclam. Rinne an tAonad um Fhorbairt Curaclaim, a bhí faoi choimirce Choiste Ghairmoideachais Átha Cliath, a lán oibre a bhí suimiúil. I measc na dtionscnamh bhí forbairt curaclaim dhifriúla i réimsí foghlama difriúla le béim ar chomhtháthú ábhair agus ar leanúnachas a chruthú idir ábhair. Tugadh isteach an chéad leagan den Idirbhliain sa bhliain 1974 agus forbraíodh an clár agus fairsingíodh é ar shlí ní ba shonraí go luath sna 1990idí. Bhí sé mar aidhm ag an Idirbhliain tacú le forbairt iomlánaíoch na scoláirí trí chúrsa idirdhisciplíneach tar éis na sraithe sóisearaí, gan srianta scrúduithe ná siollabais stáit a bheith bainteach léi.

Bunaíodh an Bord Curaclaim agus Scrúduithe (BCS), réamhtheachtaí CNCM, sa bhliain 1984. An sainchúram a bhí orthu ná

> tuairisciú chuig an Aire i dtaca le haidhmeanna, struchtúr agus inneachar inmhianaithe an churaclaim ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile.

Is spéisiúil gur chuir Páipéar Bán de chuid an Rialtais maidir leis an oideachas sa bhliain 1980 sainmhíniú ar fáil maidir le curaclam mar 'na heispéiris foghlama iomlána a mbíonn teagmháil ag an scoláire leo' (Gleeson, 2021, lch. 5).  Rinneadh tuilleadh soiléirithe sa Pháipéar Bán ag lua go 'nglacfar go gciallaíonn curaclam an raon ábhar, lena siollabais ar leith, atá faofa le go ndéanfaí staidéar orthu' ar mhaithe le feidhmeanna na caibidle ina moltar an sainmhíniú. Is dúshlán fós é an teannas idir féachaint ar an gcuraclam mar iomlán eispéiris an scoláire agus féachaint air go simplí mar bhailiúchán ábhar do chomhleanúnachas an churaclaim go dtí an lá inniu.

I ndiaidh foilsiú cáipéis plé de chuid na Roinne Oideachais, *The Ages of Learning*, sa bhliain 1984, d'eisigh an BCS moltaí sa bhliain 1986 dar teideal *In Our Schools-A Framework for Curriculum and Assessment* (BCS, 1986). B'fhiú suntas a dhéanamh don tuairisc seo sa mhéid agus gur moladh bunú coistí cúrsaí le haghaidh ábhair chun an t-eolas agus an tuiscint, na coincheapa, scileanna agus dearcthaí a bhí le forbairt ag an scoláire trína chuid foghlama a shonrú, de réir mar a tugadh breac-chuntas orthu sna siollabais ábhartha. Bheadh na coistí cúrsaí seo, a d'fhorbródh ina meithleacha forbartha ábhair ina dhiaidh sin, agus a raibh páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sa chóras oideachais mar chuid díobh, i bhfeidhm ar bhonn leathbhuan go dtí gur cruthaíodh an chéad mheitheal forbartha (Béarla, sa bhliain 2013) chun tacú le hathruithe sa tSraith Shóisearach, a d'eascair ón gCreat don tSraith Shóisearach (2012 agus 2015). Moladh athruithe do chlár na hArdteistiméireachta sa tuairisc chomh maith, a d'fhreagair do riachtanais ilchineálacha an scoláire a raibh méadú ag teacht orthu, agus luadh an Idirbhliain agus cúrsaí Gairmoideachais le go bhforbrófaí iad, rud a d'aithin na teorainneacha a bhain leis an tsamhail a bhí ann.

I bhfianaise feidhm an pháipéir seo, is tábhachtach, ag an bpointe seo, meas a dhéanamh ar fhoirm theicniúil roinnt de na siollabais ábhar ó na 1970idí agus na 1980idí. Go dtí seo, leagadh an t-ábhar a bhí le teagasc amach i gcáipéisí siollabais, go bunúsach, mar aon le socruithe measúnaithe a chuaigh leo. I measc na n-ábhar a dtagann a gcuid siollabas ón tréimhse seo tá Fisic agus Ceimic (roimh na 1970idí), Ealaín (1971), Léann Eabhrach (roimh 1987), Staidéar Foirgníochta (1983), Innealtóireacht (1983), Laidin (1983), agus Sean-Ghréigis (1983). Ar mhaithe le feidhmeanna an pháipéir seo, fiosrófar na hábhair seo a leanas go gairid chun breathnú ar an gcuma a bhí ar an bhfoirm theicniúil: Sean-Ghréigis agus Laidin, Staidéar Foirgníochta agus Ealaín.

## Foirm theicniúil: Ealaín na hArdteistiméireachta 1971

Bhí siollabas Ealaíne na hArdteistiméireachta ó 1971, dar teideal Ealaín (lena n-áirítear Ceardaíocht) ar an gcuraclam go dtí an bhliain 2021, bíodh agus gur tugadh isteach roinnt socruithe measúnaithe athbhreithnithe i scrúdú na bliana 2018. Forbraíodh sonraíocht nua agus tá sí á cur i bhfeidhm i scoileanna faoi láthair.

**Gnéithe d'fhoirm theicniúil an tsiollabais seo ar fiú suntas a dhéanamh dóibh**
Bhí beagáinín le cois ceithre leathanach i gceist leis an seansiollabas. Ní leagann sé aidhm ná réasúnaíocht amach, seachas a rá gur cheart go mbeadh an cúrsa bunaithe ar réimse leathan ábhar, cosúil leis an gcúrsa Ealaíne sa Mheánteistiméireacht, agus gur

> tábhachtach go gcaomhnaítear braistint aontais i measc na gcodanna difriúla den siollabas ar mhaithe le córas ceachtanna aonraithe a sheachaint.

Leagtar amach socruithe scrúdaithe sa cháipéis siollabais ina n-éileofar ar 'iarrthóirí' tabhairt faoi cheithre pháipéar éagsúla, ceann le haghaidh gach ceann de na nithe seo a leanas: Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo; Dearadh nó Ceardaíocht; Líníocht ón mBeo; agus Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne. Tá leathanach amháin sa siollabas le breac-chuntas molta maidir leis an tslí ina bhféadfadh múinteoirí cúrsa staidéir a dhearadh chun 'braistint aontais' a chinntiú. Mar sin, is léir go bhfuil an bhéim dírithe go láidir ar bhreac-chuntas a thabhairt ar an méid atá á theagasc agus á fhoghlaim, agus gur beag sonraí eile atá ann.

## Foirm theicniúil: Sean-Ghréigis agus Laidin na hArdteistiméireachta 1983

Léiríonn an tSean-Ghréigis agus Laidin an fhoirm theicniúil an dearaidh siollabais a úsáideadh sa churaclam tríd síos ar feadh na mblianta. Bíodh agus gur ábhair éagsúla iad, bhí an fhoirm theicniúil a bhí acu mar an gcéanna a bheag nó a mhór.

**Gnéithe d'fhoirm theicniúil an tsiollabais seo ar fiú suntas a dhéanamh dóibh:**
Níl sa siollabas don dá ábhar ach dhá leathanach. Leagann leathanach amháin amach socruithe le haghaidh an Ghnáthleibhéil agus leagann an dara leathanach amach na socruithe le haghaidh an Ardleibhéil. Leagann gach leathanach amach an méid ar cheart do scoláirí staidéar a dhéanamh air agus tagairt á déanamh do cheithre cheannteideal: Aistriúchán/scanadh; téacsanna ainmnithe; téacsanna neamh-ainmnithe; agus stair lena n-áirítear ealaín agus litríocht. Leagtar amach na socruithe do scrúdú scríofa na hArdteistiméireachta, arbh é an t-aon mhodh measúnaithe a úsáideadh do na hábhair seo, dáileadh na marcanna san áireamh. Tógadh an sliocht seo a leanas ó shocruithe cúrsa Gnáthleibhéil le haghaidh na Sean-Ghréigise. Leagtar amach ionchais le haghaidh roinn staire an chúrsa:

> Cuirfear ceisteanna litríochta ginearálta maidir le saol agus saothair (lena n-áirítear a gcúlra ábhartha) na mór-údar Gréagach ó Hóiméar chuig Arastatal. Ba cheart staidéar a dhéanamh ar ealaín na nGréagach. Socrófar ceisteanna ginearálta agus beifear ag súil go mbeidh taithí ag iarrthóirí, trí úsáid a bhaint as stiallacha scannáin agus léaráidí nua-aimseartha, ar shamplaí dealbhóireachta, seandálaíochta agus clasaiceach (dealbhóireacht ailtireachta san áireamh),

ailtireacht na dteampall, agus péintéireachtaí vásaí Attic dubh agus rua-fhíoracha.

Tá ábhar an tsiollabais leagtha amach go bunúsach maidir le ceisteanna scrúdaithe. Níl aon aidhmeanna ná cuspóirí ná réasúnaíocht chúrsa san áireamh. Ní bhaintear úsáid as torthaí foghlama. Ní raibh aon bhéim ar phríomhscileanna sa tsraith shinsearach ag an am seo. Ní dhéantar tagairt d'fhorbairt iomlánaíoch agus d'oideachas scoláirí (cé go mb'fhéidir go raibh meas ag go leor múinteoirí orthu i gcleachtas), agus breathnaítear ar an bhfoghlaim trí lionsa an inneachair ábhair agus tríd an lionsa sin amháin.

## Foirm theicniúil: Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta (1983)

Nuair a chuirtear siollabas an Staidéir Foirgníochta i gcomparáid leis na hábhair a ndéantar cur síos orthu thuas, is léir go bhfreastalaíonn sé ar aidhmeanna níos leithne, lena n-airítear tagairt d'eolas agus do scileanna, ar bhonn níos sonraí, de réir mar atá le sonrú thíos.

| Aidhmeanna |
| --- |
| Dearadh na cúrsaí (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal) chun<br>**1.** An t-eolas agus na scileanna a bhaineann leis an teicneolaíocht foirgníochta agus le hábhair agus le cleachtais fhoirgníochta a chur i láthair na ndaltaí; trí staidéar teoiriciúil agus trí thionscadail phraiticiúla chomhtháite<br>**2.** Cumas na ndaltaí smaointe agus eolas a chur in iúl trí mhodhanna oiriúnacha a fhorbairt, agus iad a spreagadh breathnuithe cruinne agus iniúchadh eolaíoch a chur i bhfeidhm trí fhiosrú ábhar agus gnásanna<br>**3.** Cur lena gcuid oideachais ginearálta agus<br>**4.** Bunús a chur ar fáil dóibh siúd ar mhian leo staidéar a dhéanamh ar an teicneolaíocht foirgníochta ag an tríú leibhéal.<br><br>Ba cheart go mbeadh staidéar an ábhair bainteach le foirgnimh theaghlaigh go príomha. Táthar ag súil, áfach, go bpléifidh an múinteoir leis an ábhar ina ghnéithe níos leithne. Ba cheart cúram a dhéanamh d'Oideachas Tomhaltóirí, mar shampla meas a dhéanamh ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí a bhaineann le hábhair agus le sonraí cóimeála. Ba cheart an scoláire a spreagadh dearcthaí dearfacha a fhorbairt maidir lena oidhreacht ailtireachta agus maidir leis an tionchar a bhíonn ag tionscal na tógála ar an timpeallacht. |

**Tábla 9:** Aidhmeanna Siollabas an Staidéir Foirgníochta

**Gnéithe d'fhoirm theicniúil an tsiollabais seo ar fiú suntas a dhéanamh dóibh:**
Is ábhar suntais é go n-áirítear móraidhm don ábhar anseo. Is díol suntais eile an tagairt d'eolas agus scileanna, agus comhtháthú na foghlama teoiriciúla agus praiticiúla atá beartaithe. Is díol suntais freisin an t-aitheantas go bhfuil an fhoghlaim san ábhar mar bhonn eolais d'fhoghlaim iomlán nó ghinearálta na scoláirí. Tá sé seo le feiceáil freisin sa chuspóir atá ann cumas na scoláirí a fhorbairt chun smaointe agus eolas a chur in iúl. Luaitear anseo freisin naisc trasna na gcéimeanna foghlama agus tábhacht na n-aistrithe, sa chás seo ag féachaint ar ullmhúchán na scoláirí don tríú leibhéal.

Léiríonn foirm theicniúil na siollabas ábhair ó na 1970idí agus 1980idí go raibh an cleachtas, go stairiúil, dírithe go mór ar shocruithe scrúdaithe a shoiléiriú agus ar 'inneachar' an ábhair a bhí le clúdach. Is beag réasúnaíocht atá le tábhacht nó le hábharthacht an ábhair atá i gceist, ná leis na haidhmeanna agus na cuspóirí a d'fhéadfadh staidéar ar an ábhar a bhaint amach. Breathnaíodh ar na hábhair a bheith scartha óna chéile agus scoite óna chéile, gan mórán de mhacalla trasna na n-ábhar. Bhí béim an oideachais ar fhorbairt an eolais dhisciplínigh, agus comhpháirteanna praiticiúla láidre ag roinnt ábhar, rud a léirigh feasacht maidir le tábhacht an 'eolais i mbun gnímh'. Seasann foirm theicniúil an Staidéir Fhoirgníochta amach mar rud atá an-difriúil agus tugann sé roinnt léargais luatha ar an gcaoi a bhféadfadh foirm theicniúil na siollabas forbairt a dhéanamh sna blianta amach romhainn.

## 2.4 Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 1990idí

Is ábhar léitheoireachta suimiúil í tuairisc de chuid ECFE ón mbliain 1991 i gcomhthéacs dearadh curaclaim. Luaigh an tuairisc gur shíolraigh curaclam meánscoile na hÉireann ón traidisiún Daonnachach Clasaiceach le forleagan ábhair theicneolaíocha. Cháin roinnt breathnóirí ag an am go raibh an chuma air go raibh an dioscúrsa faoi oideachas dírithe go mór ar an mbaint a bhí aige leis an ngeilleagar, chun aimhleasa téamaí eile amhail féiniúlacht chultúrtha, teanga, inniúlacht shibhialta agus forbairt mhorálta (Gleeson, 2021, lch.717).

Sa bhliain 1991, d'fhoilsigh BCS (a d'aistrigh isteach sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ina dhiaidh sin) páipéar seasaimh dar teideal *The Curriculum in Senior Cycle – Structure, Format and Programmes*, a bhí claonta i dtreo samhail ionchuimsitheach don tsraith shinsearach, agus an tsolúbthacht ann freastal ar raon ilchineálach de riachtanais na scoláirí. Chuir Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) raon roghanna curaclaim fairsingithe ar fáil mar aon le trí nascmhodúl éigeantacha – oideachas fiontraíochta, ullmhú don obair, agus taithí oibre. Síneadh Clár na hIdirbhliana chuig gach iar-bhunscoil ón mbliain 1994. Tugadh isteach an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF), a díríodh ar scoláirí nár thug faoin Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB) a ullmhú don saol fásta agus don saol oibre, in 1995. Bhí sé bunaithe ar thrí phríomhréimse – ullmhúchán gairme, oideachas ginearálta, agus gairmoideachas – agus éilíodh ar an scoláire tabhairt faoi réimse tascanna praiticiúla. Bhí GCAT agus an ATF úr i dtéarmaí na gcur chuige i leith measúnaithe.

## Foirm theicniúil: Gairneoireacht/Talmhaíocht na Ardteistiméireachta Feidhmí (1995)

Is clár Ardteistiméireachta dhá bhliain í an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a bhfuil d'aidhm léi an scoláire a ullmhú do shaol an duine fhásta agus do shaol na hoibre. Tá sé mar aidhm ag an gclár buanna gach scoláire a aithint agus deiseanna a sholáthar chun freagracht phearsanta, féinmheas agus féin-eolas a fhorbairt, agus cabhraíonn sé leis an scoláire an méid a fhoghlaimíonn sé a chur i bhfeidhm sa saol réadúil. Tá ceithre bhloc leathbhliana, ar a dtugtar seisiúin, i gceist sa chlár dhá bhliain. Tugtar creidiúint le haghaidh gnóthachtála i ngach seisiún. Cuirtear cúrsaí ar fáil sna trí phríomhréimse seo a leanas: Ullmhú le haghaidh Gairme; Gairmoideachas; agus Oideachas Ginearálta. Níl aon athrú ar na modúil a tugadh isteach le haghaidh na hArdteistiméireachta Fheidhmí sa bhliain 1995, seachas na cinn sa tábla thíos, a ndearnadh athfhorbairt orthu anuraidh:

| | |
|---|---|
| Béarla agus Cumarsáid | 2022 |
| Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 2022 |
| Buntreoir don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | 2022 |
| Feidhmeanna Matamaitice | 2022 |

**Tábla 10:** An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, modúil nuafhorbartha

Mar shampla d'fhoirm theicniúil an churaclaim sa bhliain 1995, fiosraítear Gairneoireacht/Talmhaíocht anseo. Is rogha é seo laistigh den réimse Gairmoideachais.

**Gnéithe d'fhoirm theicniúil an tsiollabais seo ar fiú suntas a dhéanamh dóibh:**

Leagtar amach an fhoirm theicniúil mar tuairisceoir modúil. Tá sé mhodúl ann, a gcaithfidh an scoláire dhá cheann acu a roghnú. Is iad seo a leanas na modúil:

- Gairneoireacht bhunúsach
- Dearadh gairdíní
- Bláthadóireacht, torthaí agus glasraí
- Foraoiseacht
- Féar
- Táirgeadh bainne agus feola

Leagtar amach réasúnaíocht don ábhar iomlán ag tús na cáipéise, le cur síos gairid ar gach modúl mar aon le roinnt moltaí ginearálta. Ansin, i gcás gach ceann de na sé mhodúl, tá formáid chomónta i bhfeidhm:

- Aidhmeanna an mhodúil
- Aonaid laistigh de gach modúl
- Moltaí ginearálta
- Torthaí foghlama le haghaidh gach aonad
- Treoirlínte don mhúinteoir le haghaidh gach aonad
- Acmhainní do gach aonad

Mar shampla d'aonad, déantar Dearadh Gairdíní a mheas anseo. Tá ceithre aonad sa mhodúl seo: Gairdíní agus an úsáid a bhaintear astu; Dearadh gairdíní; Plandaí agus an úsáid a bhaintear astu; agus Faichí. Leagtar amach cuspóir an mhodúil ina iomláine: is é sin, 'Tá an modúl seo i ndearadh gairdíní mar chuid den eilimint Ghairmoideachais de Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Sainmhodúl is ea é a chuirfidh ar chumas na scoláirí eolas bunúsach a fháil ar scileanna i ndearadh, i dtógáil agus i gcothabháil gairdíní'. Leagtar amach ansin aidhmeanna an mhodúil. Tá sé d'aidhm ag an modúl seo:

- spléachadh a thabhairt don scoláire ar choincheap an dearaidh gairdín
- an scoláire a spreagadh chun gnéithe de dhearadh gairdín a fhiosrú agus iad a nascadh le plean gairdín
- an scoláire a chur ar an eolas faoi chothabháil bhunúsach limistéar gairdín.
- Léiríonn an sampla seo a leanas an chaoi a leagtar amach aonad:

**Aonad 1:** Gairdíní agus an úsáid a bhaintear astu

| Torthaí foghlama | Treoirlínte don mhúinteoir |
|---|---|
| Beidh sé ar chumas an scoláire:<br>**1.** na húsáidí is féidir a bhaint as gairdíní a liostú<br>**2.** fíorghairdín a chur i gcomparáid lena g(h)airdín idéalach mar a breathnaíodh in ábhair acmhainne<br>**3.** na príomhghnéithe a chuireann le dearadh maith a lua<br>**4.** stíleanna gairdín difriúla a shainaithint<br>**5.** struchtúir a roghnú is féidir a úsáid agus gairdín á chruthú. | Is rud úsáideach é tobsmaointeoireacht a dhéanamh maidir leis na húsáidí a bhaintear as gairdíní idir na nithe a bheadh cur amach againn orthu agus nithe níos samhlaíche mar réamhrá. Ba cheart go mbeadh rogha leabhar, irisleabhair agus grianghraif garraíodóireachta/dearadh gairdíní ar fáil don scoláire chun tacú lena chuid taighde. Is dócha go mbeadh cuairt ar cheann amháin nó ar roinnt forbairtí gairdíní pleanáilte ina bhuntáiste níos luaithe seachas níos déanaí i gcúrsa an mhodúil seo. Tar éis dó a rogha stíl féin a aithint agus príomhchodanna an dea-dhearaidh a shú isteach beidh an scoláire in ann fíorghairdíní a mheas go criticiúil. |

Mar sin, is féidir linn a fheiceáil go bhfuil an teanga a bhaineann le réasúnaíocht, aidhmeanna agus torthaí foghlama le sonrú i ndearadh na modúl seo, agus treoirlínte agus acmhainní na múinteoirí comhtháite leis an bhfoirm theicniúil freisin. Is díol suntais freisin an raon leathan roghanna atá ar fáil chun ligean do scoileanna cláir a dhearadh a fhreastalaíonn ar riachtanais na scoláirí ina gcomhthéacs féin.

Sna 1990idí freisin rinneadh athfhorbairt ar ábhair san Ardteistiméireacht Bhunaithe. I dtábla 11 thíos liostaítear na hábhair Ardteistiméireachta a ndearnadh athfhorbairt orthu sna 1990idí.

| | |
|---|---|
| Cuntasaíocht | 1995 |
| Fraincis | 1995 |
| Gearmáinis | 1995 |
| Iodáilis | 1995 |
| Spáinnis | 1995 |
| Gnó | 1997 |
| Béarla | 1999 |
| Ceol | 1999 |

**Tábla 11:** Ábhair Ardteistiméireachta a ndearnadh athfhorbairt orthu sna 1990idí.

## Foirm theicniúil: Béarla na hArdteistiméireachta (1999)

Tá tuilleadh forbartha ar fhoirm theicniúil na siollabas Ardteistiméireachta le sonrú i siollabas Béarla na hArdteistiméireachta ón mbliain 1999. I réamhrá don siollabas, aithnítear an méid seo a leanas:

> Leag sainchúram an choiste sainchúrsa don Bhéarla, a chuir CNCM ar bun, béim gur chóir go dtabharfadh an siollabas nua Béarla tús áite do staidéar agus sealbhú na scileanna teanga, idir labhartha agus scríofa, atá ag teastáil do shaol an duine fhásta. Go sonrach, ba cheart go gcuirfeadh an siollabas nua

deiseanna ar fáil chun scileanna smaointeoireachta ardoird a fhorbairt, mar atá anailís, tátal, sintéis agus meastóireacht....Mar thoradh air sin is freagairt radacach agus bunaidh é an siollabas seo, ina struchtúr agus ina ábhar, ar an sainchúram sonraithe. Leagtar béim ar an staidéar ar scileanna smaointeoireachta agus teanga tríd síos. Cuirtear liostaí mionsonraithe de scileanna a bhaineann le catagóirí sonracha úsáide teanga i láthair mar na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo.

Ábhar iontais é go luaitear sa siollabas nua go bhfuil sé 'radacach' agus 'uathúil'.

**Gnéithe d'fhoirm theicniúil an tsiollabais seo ar fiú suntas a dhéanamh dóibh:**
Tá 21 leathanach sa cháipéis seo. Tá an struchtúr eagraithe timpeall ar dhá 'réimse ginearálta': tuiscint agus ceapadóireacht. Leagtar amach an cúrsa sna codanna seo a leanas:

- Réamhrá a chloíonn, cé nach bhfuil sé ainmnithe amhlaidh, leis an rud ar a dtugtar 'réasúnaíocht' i sonraíochtaí níos déanaí
- Nóta ar struchtúr an tsiollabais, a thugann breac-chuntas ar an gcaoi ar chóir taithí a fháil ar an gcumadóireacht agus an tuiscint maidir le cúig cheannteideal ghinearálta faoinar féidir úsáid na teanga a rangú, mar atá:
    - Teanga na faisnéise
    - Teanga na hargóinte
    - Teanga an mheallta
    - Teanga na reacaireachta
    - Úsáid aeistéitiúil na teanga
- Aidhmeanna an tsiollabais, ag leagan amach a bhfuil sé beartaithe aige a fhorbairt sa scoláire (lena n-áirítear, mar shampla, 'litearthacht aibí agus chriticiúil chun é a ullmhú do fhreagrachtaí agus do dhúshláin shaol an duine fhásta i ngach comhthéacs').
- Nóta maidir leis na réimsí ina gcothófar forbairt an scoláire, is iad sin: Coincheapa and Próisis, Eolas agus Inneachar, Scileanna and Dearcthaí and Iarmhairtí
- Nóta tráchta gairid maidir leis na haidhmeanna, ina leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an scoláire tuiscint a fhorbairt ar 'chumhacht uathúil' na teanga.
- Torthaí foghlama le haghaidh gach ceann de na cúig réimse teanga ainmnithe a luaitear thuas, áit ina n-éileofaí ar an scoláire réimse 'scileanna agus inniúlachtaí' ainmnithe a fhorbairt.
- Cuid maidir le leibhéil soláthair agus gnóthachtála, a leagann amach socruithe le haghaidh idirdhealú idir an t-ardleibhéal agus an gnáthleibhéal.
- Riachtanais an chúrsa, ag leagan síos an chaoi ar chóir téacsanna a roghnú (ainmnítear téacsanna ach tá rogha shuntasach ann)
- Socruithe scrúdaithe

Is ábhar suntais é go leagtar an-bhéim ar shamhail na dtorthaí foghlama sa siollabas, a d'éireodh níos seasmhaí sna blianta ina dhiaidh sin. Tá na torthaí foghlama nasctha go soiléir leis na scileanna ba cheart don scoláire a shealbhú maidir le húsáid teanga. Cuireann an siollabas réimse leathan litríochta nuachóirithe ar fáil ar féidir le múinteoirí tarraingt as chun tacú le rannpháirtíocht an scoláire leis na torthaí foghlama. Déantar raon na dtéacsanna a nuashonrú go rialta, le ciorcláin ag cur scoileanna ar an eolas faoi choigeartuithe. Is ábhar suntais é go n-áirítear scríbhneoirí ban mar aon le raon údar níos leithne de chuid náisiúntachtaí éagsúla. Cheadaigh an struchtúr meascán d'eilimintí agus roghanna sonraithe, trína bhféadfadh scoláirí seisear filí a roghnú le staidéar a dhéanamh as liosta ochtair, mar shampla, le codanna eile den siollabas ag

ligean do shaoirse shuntasach freisin téacsanna oiriúnacha a roghnú. Leagann an siollabas amach socruithe scrúdaithe nua agus tá tacar treoirlínte don mhúinteoirí leis a thugann eiseamláir de réimse cur chuige teagaisc agus measúnaithe oiriúnacha. San iomlán, bhí an fhoirm theicniúil, agus an smaointeoireacht ar bhí mar bhonn fúithi, cuíosach úr agus ceannródaíoch, agus bhí sé mar chomhartha ar chineál na n-athruithe a bhí le teacht ar an fhoirm theicniúil.

## 2.5 Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 2000 – 2010

Leagadh nádúr an tsoláthair churaclaim ag leibhéal na sraithe sinsearaí amach i *Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna* de chuid na Roinne Oideachais le haghaidh 2000/01 ag tús na mílaoise. Mar a luadh cheana, is díol suntais é a laghad athruithe a rinneadh do leagan amach na Rialacha agus na gClár do Mheánscoileanna sna blianta ó tugadh isteach ar dtús é. In 2000/01, chloígh sé go fóill leis an leagan amach ina raibh rialacha agus rialacháin maidir le soláthar ábhar agus riachtanais scrúdaithe leagtha amach i roinn amháin, agus an chuid eile den doiciméad tiomnaithe do shocruithe siollabais na n-ábhar a leagan amach. Léirítear nádúr na smaointeoireachta ar fhoirm theicniúil an churaclaim don Ardteistiméireacht Bhunaithe i nóta ar lch.82. a thugann comhairle go bhfuil doiciméid siollabais athbhreithnithe agus nua ina leagtar amach socruithe mionsonraithe agus sonracha ar fáil d'ábhair áirithe. Is iad seo a leanas na hábhair a bhí i gceist:

- **Matamaitic (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)**: siollabas athbhreithnithe i bhfeidhm le haghaidh scrúdú na bliana 1994 agus ina dhiaidh.
- **Gaeilge**: siollabas nua i bhfeidhm le haghaidh an Bhonnleibhéil i gcomhair scrúdú na bliana 1996 agus ina dhiaidh.
- **Fraincis**, **Gearmáinis**, **Iodáilis**, **Spáinnis** agus **Cuntasaíocht** **(Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal):** siollabais athbhreithnithe i bhfeidhm le haghaidh scrúdú na bliana 1997 agus ina dhiaidh.
- **Matamaitic**: siollabas nua i bhfeidhm le haghaidh an Bhonnleibhéil i gcomhair na bliana 1997 agus ina dhiaidh.
- **Ceol** agus **Gnó** **(Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)**: siollabais athbhreithnithe i bhfeidhm le haghaidh scrúdú na bliana 1999 agus ina dhiaidh.
- **Béarla**: **(Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)**: siollabas athbhreithnithe le tabhairt isteach sa bhliain 1999 agus le scrúdú sa bhliain 2001 agus ina dhiaidh.

Cuireann an nóta in iúl chomh maith go dtabharfar isteach siollabais athbhreithnithe ag **Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal** le haghaidh **Ceimic** agus **Fisic** sa bhliain 2000 lena scrúdú sa bhliain 2002 agus ina dhiaidh. I gcás na n-ábhar eile, áiríodh na siollabais eile in aon imleabhar amháin de na Rialacha agus Cláir. Sa tábla thíos leagtar amach an leathanach/na leathanaigh a bhfuil na siollabais le haghaidh gach ábhar le fáil orthu sna Rialacha agus Cláir 2000/01. An meánfhad atá i ngach siollabas ná 4 leathanach agus áirítear aon ábhar ainmnithe breise le haghaidh scrúdaithe sna haguisíní.  Leagtar amach i dTábla 12 thíos na hábhair seo mar a liostaítear iad sna Rialacha agus Cláir, agus líon na leathanach a leithdháiltear chun mionsonraí a dhéanamh ar na socruithe do gach ábhar.

| | |
|---|---|
| **1.** Laidin lgh 84-85 | **13.** Staidéir Foirgníochta lgh 162-169 |
| **2.** Gréigis lgh 86-87 | **14.** Eolaíocht Talmhaíochta lgh 170-174 |
| **3.** Léann Clasaiceach lgh 88-92 | **15.** Eacnamaíocht Talmhaíochta lgh 175-176 |

| | |
|---|---|
| **4.** Léann Eabhrach lgh 93-95 | **16.** Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch agus Sóisialta) lgh 177-182 |
| **5.** Rogha Staidéir Ríomhaireachta lch. 96 | **17.** Eacnamaíocht Bhaile (Ginearálta) lgh 183-189 |
| **6.** Fisic (le scrúdú sa bhliain 2001 amháin) lgh 97-111 | **18.** Eacnamaíocht lgh 190-192. |
| **7.** Ceimic (le scrúdú sa bhliain 2001 amháin) lgh 112-127 | **19.** Stair Eacnamaíoch lgh 193-197 |
| **8.** Fisic and Ceimic lgh 128-131 | **20.** Stair lgh 198-199 |
| **9.** Bitheolaíocht lgh 132-147 | **21.** Tíreolaíocht lgh 200-207 |
| **10.** Matamaitic Fheidhmeach lgh 148-149 | **22.** Ealaín (lena háirítear Ceardaíocht) lgh 208-211 |
| **11.** Innealtóireacht lgh 150-155 | **23.** Siollabas sa Chorpoideachas lgh 212-224 |
| **12.** Líníocht Theicniúil lgh 156-161 | |

**Tábla 12:** Líon na leathanach a leithdháiltear in aghaidh an ábhair i Rialacha agus Clár do Scoileanna 2000/2001

**Gnéithe de na Rialacha agus Clár do Scoileanna ar fiú suntas a dhéanamh dóibh:**
Tá éagsúlacht sa líon leathanach a leithdháiltear ar gach ábhar. I roinnt cásanna, is beag le cois leathanach amháin treorach a bhíonn i gceist le siollabas an ábhair. Leagann gach ábhar amach a shocruithe curaclaim agus measúnaithe ar a bhealach sainiúil féin, rud a léiríonn nach bhfuil aon teimpléad amháin ann d'fhoirm theicniúil na siollabas ábhair. Go bunúsach, baineann na sonraí a leagtar amach le hábhar disciplíneach ainmnithe agus le socruithe measúnaithe a bhaineann leo. D'fhéadfaí léirmhíniú a dhéanamh air seo ar nós go léiríonn sé an-mhuinín i mbreithiúnas gairmiúil na múinteoirí agus ina gcuid saineolais i dtaca le heispéireas curaclaim a n-ábhair a mhúnlú don scoláire. Seachas sin, d'fhéadfaí léirmhíniú a dhéanamh air ar nós go léiríonn sé léargas cúng ar fheidhm an oideachais agus ar a bhfuil i gceist le hoideachas a bheith ar dhuine, is é sin le rá traschur eolas disciplíneach ábhair, dul i ngleic leis agus measúnú a dhéanamh air.

Léiríonn Tábla 13 thíos na hábhair a ndearnadh athfhorbairt orthu sa chéad deich mbliana de na 2000idí.

| | |
|---|---|
| Ceimic | 2000 |
| Fisic | 2000 |
| Nascmhodúil | 2001 |
| Rúisis | 2001 |
| Araibis | 2002 |
| Bitheolaíocht | 2002 |
| An tSeapáinis | 2002 |
| Eacnamaíocht Bhaile | 2002 |
| Oideachas Reiligiúin | 2003 |
| Tíreolaíocht | 2004 |

| | |
|---|---|
| Stair | 2004 |
| Grafaic Dheartha agus Chumarsáide | 2007 |
| Teicneolaíocht | 2007 |
| Gaeilge | 2010 |

**Tábla 13:** Ábhair a athfhorbraíodh idir 2000 agus 2010

Is fiú meas níos mine a dhéanamh ar roinnt samplaí chun blas a fháil ar na hathruithe.

## Foirm theicniúil: Fisic na hArdteistiméireachta (2000)

Tá forbairt fhoirm theicniúil shiollabais na hArdteistiméireachta le sonrú freisin i siollabas Fisice na hArdteistiméireachta. Lonnaítear an t-ábhar laistigh de réimse níos leithne na hEolaíochta sa réamhrá, a luann gur cheart do na siollabais

> freagairt do riachtanais an scoláire, a bhfuil athrú ag teacht orthu agus don suntas a bhaineann le forbairt straitéiseach na heolaíochta in Éirinn.

agus dearadh é chun trí chomhpháirt ar leith a chuimsiú

> - eolaíocht don duine fiosrach nó fíor-eolaíocht, lena n-áirítear prionsabail, gnásanna agus coincheapa an ábhair chomh maith le gnéithe cultúrtha agus stairiúla a bhaineann leis
> - eolaíocht don ghníomh nó feidhmeanna na heolaíochta agus an t-idirphlé idir í agus an teicneolaíocht
> - eolaíocht a bhíonn ag plé le ceisteanna – polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha – a bhíonn i mbéal an phobail.


**Gnéithe d'fhoirm theicniúil an tsiollabais seo ar fiú suntas a dhéanamh dóibh:**

Ualú ar leith le haghaidh gach ceann de na trí chomhpháirt

Aidhmeanna an tsiollabais, ina leagtar amach an méid atá ar intinn go bhforbrófaí sa scoláire (lena áirítear, mar shampla, 'an cumas breathnóireacht a dhéanamh, smaoineamh go loighciúil, agus cumarsáid a dhéanamh a dhéanamh go héifeachtach'

Leathanach maidir le struchtúr an tsiollabais a thugann breac-chuntas ar an tslí ina n-eagraítear an t-inneachar ón trí chomhpháirt, ón gcur chuige oideolaíoch agus ón gcomhthéacs ábhartha ina 4 cholún:

- inneachar
- cé chomh domhain a chaithfear plé leo
- gníomhaíochtaí
- an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an tsochaí.




| MEICNIC | | | |
|---|---|---|---|
| Ábhar | Doimhne na hIonramhála | Gníomhaíochtaí | ETS |
| **GLUAISNE** | | | |
| **1. Gluaisne líneach** | Aonaid mhaise, fhaid agus ama – ní gá na haonaid a shainmhíniú. | | |
| | Díláithriú, treoluas, luasghéarú: sainmhínithe agus aonaid. | Treoluas agus luasghéarú a thomhas, agus aon trealamh cuí a úsáid. Feidhmeanna graf fad-am, treoluas-am. | Cúrsaí spóirt, m.sh. lúthchleasaíocht. |
| | Cothromóidí na gluaisne. | Tomhas luach *g*. Ríomhaireachtaí cuí. | |
| **2. Veicteoirí agus scálaigh** | Idirdhealú idir cainníochtaí veicteoireacha agus scálacha. | | Nádúr veicteoireach cainníochtaí fisiceacha: eiseamláirí ón ngnáthshaol. |

Alt maidir le

- obair phraiticiúil
- idirdhealú idir an Gnáthleibhéal agus an tArdleibhéal
- Cuspóirí Measúnaithe

Soláthraíonn an siollabas eolas freisin ar riachtanais, siombailí agus foirmlí matamaitice ag an dá leibhéal agus tá sraith de threoirlínte do mhúinteoirí ag gabháil leis a léiríonn raon cur chuige teagaisc agus measúnaithe oiriúnacha.

## Foirm theicniúil: Oideachas Reiligiúin na hArdteistiméireachta (2003)

Is fiú trácht ar an siollabas Oideachais Reiligiúin (OR) ón mbliain 2003 de bharr an struchtúir uathúil atá air, agus an fad atá ann go deimhin, a bhfuil 104 leathanach ann – forbairt shuntasach ón gcleachtas a bhí ann sna blianta roimhe sin. Leagtar amach sa siollabas 'réasúnaíocht oideachais' don OR sa churaclam. Déantar argóint ann gur 'féidir leis an oideachas reiligiúin páirt tábhachta a éileamh in aon churaclam a bhfuil sé d'aidhm aige forbairt iomlánaíoch an duine aonair a chur chun cinn i bhfianaise aidhm ainmnithe an oideachais'. Déantar tagairt do 'eolas, tuiscint, scileanna agus dearcthaí' agus don bhuntáiste féideartha don tsochaí agus do na daoine aonair a théann i ngleic leis an siollabas, a bhfuil neart de ag dul le feidhm na sraithe sinsearaí athfhorbartha. Tá réasúnaíocht, aidhmeanna, agus machnamh ar dhul chun cinn ón tsraith shóisearach ar fad mar chuid d'fhoirm theicniúil na sonraíochta seo. Dhá aidhm acu seo ná: 'tuiscint a chothú go mbaineann tóraíocht an duine ar bhrí na beatha leis an gcine daonna ar fad, is cuma cén aois atá acu nó cén ré lena mbaineann siad' agus 'fiosrú a dhéanamh ar an tslí ar cuireadh, agus a gcuirtear fós, an tóraíocht seo ar bhrí na beatha in iúl i reiligiún'. Is é an rud is suntasaí faoin siollabas seo i gcomparáid le siollabais roimhe seo ná an chaoi a nascann sé gnéithe

éigeantacha agus roghnacha. D'fhéadfaí a áitiú go bhféadfadh an cur chuige seo obair meitheal forbartha a dhéanamh níos éasca, mar seachas topaicí agus eolas a roghnú ar feadh 180 uair an chloig d'am teagmhála ranga, agus gach rud eile a scaipeadh, is féidir béim a chur ar fhéidearthachtaí éagsúla foghlama laistigh den ábhar agus is féidir le múinteoirí agus le scoláirí dul i ngleic leis na cinn a thagann lena riachtanais, lena leasanna, lena n-inniúlachtaí agus/nó lena roghanna agus lena saineolas. Mar sin féin, bheadh impleachtaí ag an gcur chuige seo freisin do chomhleanúnachas curaclaim agus don mheasúnú a chaithfí a bhreithniú i gcomhthéacs an ábhair atá i gceist.

Ansin, leagtar an siollabas amach ina thrí aonad mar seo a leanas:

**AONAD A hAON CUID A**
Tóraíocht bhrí agus luachanna

**AONAD A DÓ**
Aon dhá cheann acu seo:
RANNÓG B An Chríostaíocht: Bunús agus Leaganacha Comhaimseartha
RANNÓG C Reiligiúin dhomhanda
RANNÓG D Cinnteoireacht mhorálta

**AONAD A TRÍ**
Aon cheann amháin acu seo (seachas an dá rannóg a ainmníodh d'obair chúrsa).
RANNÓG E Reiligiún and inscne
RANNÓG F Saincheisteanna ceartais agus síochána
RANNÓG G Adhradh, paidreoireacht, agus deasghnáth
RANNÓG H An Bíobla: litríocht agus an téacs naofa
RANNÓG I Reiligiún: taithí na hÉireann
RANNÓG J Reiligiún agus an eolaíocht

Ina dhiaidh sin eagraítear gach ceann de na haonaid seo i dtaca le:

- Aidhmeanna: Leagann na haidhmeanna ag tús gach rannóige amach cuspóir leathan na rannóige sin agus léiríonn siad an ceangal atá ag an rannóg le haidhmeanna foriomlána an tsiollabais.
- Roinnt fo-rannóg, a bhfuil an méid seo a leanas iontu:
    - **Cuspóirí:** Agus iad ag tógáil ar aidhmeanna na rannóige iomláine, tugann na cuspóirí léiriú maidir leis an tslí inar cheart tabhairt faoin inneachar.
    - **Topaicí:** Cuireann na rannóga seo na réimsí staidéir i láthair, agus téann 'cur síos ar an ábhar' leo.
    - **Torthaí foghlama:** Tugann siad seo doimhneacht agus fairsinge mheasta na rannpháirtíochta leis na topaicí in iúl.

Tugtar sampla d'fho-rannóg topaice anseo:

| Aonad a hAon, Rannóg A: Tóraíocht bhrí agus luachanna | | |
|---|---|---|
| **Tóraíocht bhrí** | | |
| **Topaic** | **Cur síos ar an ábhar** | **Torthaí foghlama** |
| 1.1 An comhthéacs comhaimseartha | • léirithe comhaimseartha ar an tóraíocht bhrí<br>• príomhcheisteanna maidir le sprioc agus brí an tsaoil, an chiall atá le maitheas agus olcas, agus eispéireas na fulaingthe<br>• léirithe ar na ceisteanna seo sa chultúr comhaimseartha agus i dtaithí an scoláire<br>• gnéithe a chuireann bac ar thóraíocht bhrí agus luachanna<br>• léirithe comhaimseartha ar fheiniméan na neamhshuime i leith aon tóraíocht bhrí. | Mar thoradh ar staidéar a dhéanamh ar an rannóg seo, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire<br>• dhá shampla ón gcultúr comhaimseartha a thabhairt a léiríonn tóraíocht bhrí an duine: D'fheadfaí samplaí a tharraingt ón gceol, ón ealaín, ón litríocht nó ó chultúr na hóige<br>• dhá shampla de gach ceann de na príomhcheisteanna seo a leanas a thagann chun cinn sa chultúr comhaimseartha a chur ar fáil: sprioc agus brí an tsaoil; an chiall atá le maitheas agus olcas; eispéireas na fulaingthe<br>• tosca cultúrtha sa tsochaí chomhaimseartha a d'fhéadfadh bac a chur ar thóraíocht bhrí a shainaithint<br>• dhá shampla d'fheiniméan comhaimseartha na neamhshuime i dtaca le tóraíocht bhrí a thabhairt |

**Tábla 14:** Fo-rannóg topaice, Sonraíocht an Oideachais Reiligiúin, 2003

**Gnéithe d'fhoirm theicniúil an tsiollabais seo ar fiú suntas a dhéanamh dóibh:**

- Tá an cúrsa an-fhairsing agus an-chuimsitheach sa mhéid a chuimsítear ann. Mar sin leagtar amach é ionas go bhfuil rogha agus solúbthacht shuntasach i gceist leis an méid a dtéann an scoláire i ngleic leis, bíodh agus go gcaithfidh an scoláire dul i ngleic le hAonad a hAon.
- Tá béim láidir tríd síos ar chuspóirí dírithe ar eolas, scileanna, luachanna, agus dearcthaí a chomhtháthú le nithe a bhféadfaí inneachar cúrsa a thabhairt orthu.
- Tá cleachtas ann ina leagtar amach torthaí foghlama ach go n-ailínítear iad le cur síos ar an ábhar. Bíodh agus go mbaintear leas as torthaí foghlama anseo, is léir go bhfuil athrú tagtha ar an tslí ina n-úsáidtear iad i gcomparáid le blianta roimhe seo agus níos lú béime ar chur in iúl an inneachair agus níos mó béime ar sholúbacht na dtorthaí foghlama féin.

## Foirm theicniúil: Siollabas Staire na hArdteistiméireachta (2004)

Is úsáideach an rud é meas a dhéanamh ar shiollabas Staire na hArdteistiméireachta mar shampla eile d'ábhar a ndearnadh athfhorbairt air i dtús na 2000idí. Tháinig sé in ionad siollabas 1969 a scrúdaíodh den chéad uair in 1971. Agus comparáid á déanamh ar fhoirm theicniúil an dá

shiollabas tugtar léargas úsáideach dúinn ar an smaointeoireacht a chuir bonn eolais faoi athruithe churaclaim ar bhonn níos ginearálta i dtús na 2000idí. Ba bheag sonraí a bhí i siollabas staire na bliana 1969 agus rogha dhá chúrsa suirbhéireachta á cur ar fáil ann, ceann a bhain leis an luathstair agus ceann a bhain leis an tréimhse nua-aimseartha. Ní raibh aon tagairt ann maidir le modhanna staire ná maidir le dearcadh criticiúil ar imeachtaí an am atá caite a spreagadh. Bhí aistí traidisiúnta ar an scrúdú agus ní raibh aon cheisteanna bunaithe ar fhoinsí. Bhí an t-inneachar thar a bheith dírithe ar an bpolaitíocht, agus é ag breathnú ar ghnéithe de stair na hÉireann agus na hEorpa, agus beag deis ann (nó gan aon deis) stair an domhain mhóir a fhiosrú. Bhí sé an-ghairid chomh maith, i bhfianaise an nádúr ginearálta a bhain leis – níos lú ná 2 leathanach.

Tugadh isteach an siollabas athbhreithnithe seo sa bhliain 2004 agus rinneadh scrúdú air den chéad uair sa bhliain 2006. Ba choiste cúrsa a dhear é agus bhí sé difriúil leis an siollabas ar tháinig sé ina áir ar go leor bealaí tábhachtacha. Seo a leanas roinnt de na príomhdhifríochtaí:

- Tá toirt níos mó sa cháipéis siollabais nua agus tá tuilleadh sonraí ann maidir le paraiméadair an staidéir, maidir leis na feidhmeanna a bhí mar bhonn leis agus maidir leis na socruithe measúnaithe. San áit nach raibh ach 2 leathanach sa siollabas a bhí ann roimhe, bhí an siollabas athbhreithnithe tuairim agus 50 leathanach.
- Seachas rogha a bheith ann idir dhá chúrsa mar a bhí sa siollabas roimhe, bhí rogha idir dhá 'réimse staidéir' – An Nua-Aois Luath, 1490idí chuig 1815, agus An Nua-Aois Dhéanach, 1815 chuig na 1990idí – le topaic ainmnithe amháin agus trí thopaic eile a bheadh le roghnú ó réimse roghanna. Bhí neart topaicí i measc na roghanna nach ndearnadh staidéar orthu ag an leibhéal seo roimhe sin, ar nós diaspóra na hÉireann le linn na chéad bliana a raibh leibhéal ard eisimirce ann i ndiaidh an Ghorta agus na Stáit Aontaithe sna deicheanna de bhlianta i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda.
- Tá réimse 'dearcthaí' éagsúla le fiosrú i ngach topaic: de ghnáth is iad Polaitíocht agus Riarachán, Sochaí agus Geilleagar, Cultúr agus Creideamh (agus an Eolaíocht i neart cásanna) a bhíonn i gceist. De réir na dTreoirlínte do Mhúinteoirí (2004), an fheidhm inmhianaithe ná '...a chinntiú go mbeidh clúdach cothrom ar eachtraí ón am a chuaigh thart agus ar na daoine a ghlac páirt iontu' (lch. 8). Rinneadh iarracht d'aon ghnó bogadh ar shiúl ó bhéim dhocht pholaitiúil, agus chun peirspictíochtaí níos leithne a cheadú trína bhféadfaí an t-am atá caite a scrúdú.
- Tá treoir i gcuspóirí an tsiollabais a deir "Agus staidéar á dhéanamh ar ghníomhaíocht an duine san am atá caite, is ceart aird a thabhairt ar eispéiris na mban", (lch. 3). Béim nua a bhí i gceist anseo agus d'fhreagair sé d'fhorbairtí i scríobh na staire mar aon le hábhair imní shochaíocha maidir le neamhionannas inscne.
- Príomhdhifríocht a bhí ann ná béim ar chleachtadh na staire agus soláthar deiseanna don scoláire stair 'a dhéanamh' mar aon le stair a fhoghlaim.

### Gnéithe d'fhoirm theicniúil an tsiollabais seo ar fiú suntas a dhéanamh dóibh:

Tá gnéithe ar leith den fhoirm theicniúil a ailíníonn leis an OR, de réir mar a déantar cur síos air thuas. Leagtar amach aidhmeanna agus spriocanna sa siollabas. Leagtar amach na haidhmeanna agus na spriocanna maidir le téamaí comónta, is iad sin eolas agus tuiscint, scileanna staire agus ullmhú don saol agus don tsaoránacht. Is príomhghné de siollabas é an rogha. Is suimiúil go gcuirtear réasúnaíocht ar fáil i gcomhair foghlaim an ábhair, bíodh agus nach n-úsáidtear an téarma 'réasúnaíocht'. Seachas sin, leagtar amach 'cineál na staire' amach i 'réamhrá, ina sonraítear an tábhacht agus an ábharthacht a bhaineann leis agus ina dhiaidh sin tugtar forbhreathnú ar 'nádúr an tsiollabais'.

- Bíodh agus go leagtar amach dhá thopaic déag lena staidéar, ní dhéanann an scoláire staidéar ach ar cheithre cinn mar chuid dá gcúrsa, dhá cheann ó Stair na hÉireann agus dhá cheann ó Stair na hEorpa agus an Domhain Mhóir.
- Tá an struchtúr atá ar gach topaic cosúil lena cheile. Eagraítear imeachtaí, saincheisteanna agus téamaí mar *eilimintí*, a leagtar amach i dtaca le *dearcthaí* éagsúla. Meastar go ndéanfaí staidéar leathan ar na heilimintí agus go roghnaítear eilimint amháin le staidéar níos géire a dhéanamh uirthi, i bhfoirm *cás-staidéir*.
- Sonraítear liosta príomhphearsana agus príomhchoincheapa le haghaidh gach topaic. Cuirtear treoir ar fáil sna liostaí leo maidir leis na pearsana agus na coincheapa ar cheart don scoláire teagmháil a bheith acu leo agus iad ag dul i ngleic leis na heilimintí agus leis na cás-staidéir.

**Éire sa Nua-Aois Dhéanach (Réimse Staidéir)**
**Topaic 5: An Pholaitíocht agus an tSochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

| Dearcadh | Gnéithe | Cás-staidéir |
|---|---|---|
| Polaitíocht agus riarachán | Ó Brookeborough go dtí Ó Néill; gluaiseacht na gCeart Sibhialta; teacht chun cinn Shealadaigh Arm Phoblacht na hÉireann; turnamh Stormont; Riail Dhíreach; sceimhlitheoireacht na bPoblachtach agus na nDílseoirí; Sunningdale agus comhroinnt chumhachta; an Comhaontú Angla-Éireannach, 1985. An Phoblacht – freagairtí ar na “Triobló idí”. Dearbhú Shráid Downing, 1993. | Comhaontú Sunningdale agus an feidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1973–1974 |
| Sochaí agus geilleagar | Tionchar Stáit Leasa Shóisialaigh: oideachas, sláinte, tithíocht. Forbairtí sóisialta agus eacnamaíochta roimh 1969. Tionchar na dTrioblóidí: (a) an geilleagar; (b) an tsochaí – oideachas, sláinte, tithíocht. | Conspóid Ollscoil Chúil Raithin |
| Cultúr agus creideamh | Cleamhnú creidimh agus féiniúlacht chultúir; éacúiméineachas; freagairtí cultúir ar na “Trioblóidí”. | Printísigh Dhoire |
| Sa staidéar a dhéanann sé ar an topaic, is ceart go dtiocfadh an scoláire ar an eolas faoi ról príomhphearsana ar leith. “Eochair” eile chun tuiscint a fhorbairt ná foghlaim conas na príomhcheisteanna a aithint trí chur amach ar phríomhchoincheapa áirithe. | | |
| **Príomhphearsana** | | |
| Is ceart go mbeadh an scoláire ar an eolas faoin gcion a rinne na daoine seo a leanas do na forbairtí atá liostaithe faoi na heilimintí thuas:<br>Terence O’Neill; Conn agus Patricia McCluskey; Bernadette Devlin; Ian Paisley; Brian Faulkner; John Hume; James Molyneaux; Margaret Thatcher; Gerry Adams; Seamus Heaney | | |
| **Príomhchoincheapa** | | |
| Cearta Sibhialta; claonroinnt, sceimhlitheoireacht, comhroinnt chumhachta, seicteachas, biogóideacht, caoinfhulaingt agus éadulaingt, traidisiúin chultúrtha, éacúiméineachas, bolscaireacht. | | |

**Tábla 15:** Topaic 5, Stair na hArdteistiméireachta, 2004

B'ionann an leagan amach topaice thuas agus iarracht ar fhairsinge agus doimhneacht an chlúdaigh a réiteach ach tabharfar faoi deara go bhfuil sé sonrach i dtaca leis na himeachtaí, na saincheisteanna, na téamaí agus na daoine ar cheart staidéar a dhéanamh orthu. Aithnítear go bhfuil an méid sonraí an-difriúil leis an seansiollabas, bhí rogha chuimsitheach ann agus topaicí á roghnú, fiú mura raibh an rogha chéanna ann laistigh de na topaicí féin.

An príomhphointe suntais ná an cur síos sonrach ar imeachtaí staire, saincheisteanna, pearsana agus téamaí le staidéar a dhéanamh orthu, nuair a chuimhnítear ar an easpa sonraí a bhí sa siollabas níos sine, agus ar cé chomh ginearálta agus a bhí an chomhairle a bhí ann. Pointe suntasach eile ná an méadú ar an mbéim ar scileanna an staraí agus ar nádúr an ábhair mar dhisciplín, lena n-áirítear an bhéim láidir ar imscrúdú criticiúil a dhéanamh ar cháipéisí agus fiosrúcháin a dhéanamh bunaithe ar fhianaise, seachas a bheith ag glacadh le hinsintí réamhshocraithe maidir leis an am atá caite. Is suimiúil an bhéim seo a leagtar ar scileanna agus meonta.

Tugadh isteach comhpháirt measúnaithe atá le cur isteach roimh ré sa siollabas, ina gcuirfeadh an scoláire staidéar taighde i gcrích maidir le téama dá rogha féin, laistigh de pharaiméadair leathana ar leith, agus go ndéanfadh sé tuairisc air agus a mbeadh luach 20% den ghrád iomlán ag dul leis Gné eile de shocruithe measúnaithe athbhreithnithe an tsiollabais ná gur trí aiste a bheadh le scríobh ag an scoláire ina chuid freagraí sa scrúdú deiridh seachas cúig cinn, mar aon le ceist bunaithe ar cháipéis a dhíreodh ar scileanna an scoláire maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar cháipéisí stairiúla agus iad a chur i gcomhthéacs. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearnadh athfhorbairt ar shiollabas Tíreolaíochta na hArdteistiméireachta ag an am céanna leis an gceann staire agus go raibh béimeanna a bhí cosúil le béimeanna na staire le sonrú maidir leis na difríochtaí idir na seansiollabais agus na cinn nua.

Bliain ghnóthach a bhí sa bhliain 2009 do CNCM ó thaobh na bhfoilseachán de, rud a léiríonn an bhraistint práinne i dtaca leis an ngá le leasuithe a dhéanamh ag an am, seans. Foilsíodh an páipéar *Leading and Supporting Change in Schools*, a leag béim ar an ngá le go mbeadh tuilleadh féinriar ag scoileanna maidir le hathruithe a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil, mar aon leis an ngá a bhí le baint níos follasaí a bheith ag múinteoirí leis an bpleanáil i dtreo athruithe mar aon leis na hathruithe sin a chur i bhfeidhm. Leagadh béim ar ról na múinteoirí mar fhorbróirí curaclaim sa tuairisc chomh maith agus cuireadh cur chuige bunaithe ar thorthaí foghlama le haghaidh dearadh curaclaim chun cinn. Sa bhliain chéanna, d'fhoilsigh CNCM *Towards Learning: An Overview of Senior Cycle Education*, inar moladh go ndéanfaí leasú ar na próisis reatha. Foilsíodh Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí sa bhliain 2009 chomh maith, rud a raibh suntas ar leith ag baint leis maidir le dearadh curaclaim na sraithe sinsearaí.

## Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí (2009)

Leag an creat seo béim ar an tábhacht a bhaineann le scoláire a bheith in ann smaoineamh go criticiúil agus go cruthaitheach, a bheith nuálach, a bheith in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann agus a bheith machnamhach, cáilíochtaí ar chuir an doiciméad béim orthu mar 'réamhriachtanas don saol agus don ionad oibre san 21ú haois.' Sainaithníodh cúig phríomhscil sa chreat, a raibh tionchar ag Straitéis Liospóin agus ag tionscnaíocht DeSeCo ('*Defining and Selecting key Competencies*') de chuid ECFE air, mar nithe a bhí 'lárnach san fhoghlaim agus sa teagasc i gcuraclam na sraithe sinsearaí tríd síos'. Is iad seo a leanas na scileanna a bhí i gceist:

- Próiseáil faisnéise
- A bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta
- Cumarsáid
- Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach
- Obair le daoine eile

Nasc an cháipéis na scileanna seo le hinniúlacht sa litearthacht agus san uimhearthacht, a bhí mar phríomhthosaíochtaí ag an Roinn Oideachais. Mhínigh sé na scileanna seo trí ghnéithe gaolmhara agus torthaí foghlama a leagan amach do gach ceann acu. Rinneadh tuilleadh soiléirithe sa cháipéis go leabófar na príomhscileanna sna torthaí foghlama de réir mar a fhorbrófar gach ábhar nua, rud a chuirfeadh bunús ar fáil le haghaidh measúnaithe mar chuid den fhoghlaim leanúnach agus i scrúduithe. Tugtar sampla de ghné agus de thorthaí foghlama a bhaineann leis anseo i dtaca le príomhscil na 'próiseála faisnéise':

**Príomhscil:** Próiseáil faisnéise

**Gné:** Eolas a fháil ó fhoinsí éagsúla

**Torthaí foghlama:** Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:

- an raon leathan d'fhoinsí eolais atá ar fáil ar scoil, ag an mbaile agus lasmuigh de sin a aithint
- teacht ar eolas gan mhoill in ábhair scríofa le cabhair straitéisí amhail úsáid a bhaint as cláir ábhar, gluaiseanna, achoimrí ag deirí caibidlí agus mar sin de
- catalóga leabharlainne agus córais tagartha a úsáid chun teacht ar leabhair agus ar ábhair eile
- teacht ar eolas nua go tapa trí úsáid a bhaint as foclóirí, ábhair thagartha agus an t-idirlíon
- nascleanúint a dhéanamh ar an idirlíon chun teacht ar láithreáin speisialtóra a bhaineann leis an topaic is ábhar staidéir dóibh
- daoine a úsáid mar fhoinsí eolais, chomh maith le foinsí cóip chrua/leictreonacha

**Tábla 16:** Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí (2009) sampla de ghné agus de thorthaí foghlama

Ag an am seo b'fhorbairt shuntasach a bhí i gceist le hailíniú molta fhoirmeacha theicniúla gach ábhar le réimse leathan príomhscileanna.

## 2.6 Forbhreathnú ar fhorbairtí curaclaim ábhartha 2010 – 2021

Dhá bhliain ina dhiaidh sin, sa bhliain 2011, rinne an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (ROS, 2011) tiomantas beartais soiléir i dtaobh torthaí foghlama agus iad ag moladh:

> nach mór cur chuige atá bunaithe ar "Thorthaí Foghlama" a ionchorprú i ngach ráiteas curaclaim ag leibhéal na bunscoile agus i ngach siollabas nua ag leibhéil iar-bhunscoile
> de réir mar a bheidh siad ar fáil. Ba chóir do na curaclaim na scileanna agus na cumais a shonrú go soiléir a mbeifear ag súil leo ó fhoghlaimeoirí... (lch 45).

Bhí CNCM tar éis athrú chuig cur chuige bunaithe ar thorthaí foghlama i dtaobh dearadh curaclaim i bhfad roimh an bhliain 2011, go háirithe ina gcuid oibre leis an iar-bhunscolaíocht. Mar a chonacthas san athbhreithniú ar cháipéisí siollabais sna blianta roimhe sin, baineadh úsáid as an téarma, bíodh agus go mb'fhéidir nach raibh sé fréamhaithe sa taighde a bhí mar bonn faoina úsáid sna blianta ina dhiaidh sin. Ina dhiaidh sin bheadh samhail torthaí foghlama agus scileanna/cumais ina gné shuntasach de dhearadh curaclaim go hidirnáisiúnta agus thar gach céim foghlama in Éirinn. De réir mar a shainíonn creat cáilíochtaí na hEorpa iad is ráitis iad torthaí foghlama faoin méid atá ar eolas ag an bhfoghlaimeoir, an méid a thuigeann an foghlaimeoir agus faoin méid gur féidir leis an bhfoghlaimeoir a dhéanamh tar éis dó an próiseas foghlama a chur i gcrích (An Coimisiún Eorpach, 2006). Ceadaíonn an sainmhíniú réimse léirmhínithe ionas gur féidir leis na Ballstáit an cur chuige a chur in oiriúint do chomhthéacsanna ar leith ina gcórais oideachais mar aon leis na fochórais dhifriúla (Janet Looney, CNCM, 2016).

Tháinig torthaí foghlama chun cinn mar mhodh chun curaclam a chur in iúl sa 19ú aois agus ag tús na 20ú aoise trí shaothar Ivan Pavlov (1849-1936) agus ina dhiaidh sin trí 'scoil iompraíochta' smaointeoireachta síceolaíche Mheiriceá, de réir mar a leag JB Watson (1878-1958) agus BF Skinner (1904-1990) amach go príomha. Chuir iomprachas béim ar shainaithint agus ar thomhas soiléir na foghlama agus ar an ngá atá le torthaí inbhraite agus intomhaiste. Tháinig borradh ar 'chur chuige na dtorthaí foghlama' san Astráil, sa Nua-Shéalainn, san Afraic Theas, agus sa Ríocht Aontaithe ar dtús, agus sa Danmhairg, sa tSualainn, in Éirinn agus i gcodanna eile den Eoraip ina dhiaidh sin. Tá forbairt tagtha ar an mbéim ar thorthaí foghlama i measc gach réimse ábhair agus tá sé tar éis gluaiseacht ó réimsí na scoile agus an ghairmoideachais ar aghaidh chuig an ardoideachas.

Cuireadh an cur chuige chun cinn de réir mar a d'eascair sé ón 'bPróiseas Bologna' go hairithe. Baineann an próiseas seo le hobair Réimse Ardoideachais na hEorpa, a bhfuil Éire mar bhall ann. Ag cruinniú in Bologna sa bhliain 1999, thug tíortha Eorpacha éagsúla tiomantas oibriú i dtreo córas uile-Eorpach i dtaca le céimeanna inchomparáide agus creidiúintí cúrsa inaistrithe, comh-aithint cáilíochtaí, tuilleadh soghluaisteachta, comhoibriú níos fearr sa dearbhú caighdeáin, agus an teagaisc agus an taighde a nascadh níos soiléire leis na smaointe atá mar bhonn leis an Aontas Eorpach. Cuireadh na huaillmhianta seo chun cinn i nDearbhú Bologna. Gné thábhachtach amháin de na forbairtí nua seo a bheadh i gceist le húsáid torthaí foghlama, a dearbhaíodh in Communique Bheirlín na bliana 2003. Tacaíodh le torthaí foghlama toisc go gceanglaítear iad leis an bhfoghlaim scoláire-lárnaithe agus toisc go meastar go dtacaíonn siad le hathrú béime ó sholáthar oideachais bunaithe ar ionchur atá múinteoir-lárnaithe chuig foghlaim agus teagasc bunaithe ar thorthaí atá scoláire-lárnaithe. Bíodh sin amhlaidh, i bhfianaise na ndifríochtaí suntasacha idir foghlaim na scoile agus foghlaim an ardoideachais, leis an mbéim níos mó atá ag an scolaíocht ar fhorbairt iomlánaíoch an pháiste agus an duine óig sula mbíonn siad ina ndaoine fásta, d'fheadfaí a argóint gur gá do thorthaí foghlama sa scolaíocht a bheith níos solúbtha ná na torthaí foghlama a chruthaítear san ardoideachas lena n-úsáid le daoine fásta.

Spreag an Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta cur chuige na dtorthaí foghlama arís eile agus is féidir breathnú orthu mar ghné ríthábhachtach i bhforbairt sonraíochta na sraithe sinsearaí ón mbliain 2011. Spreag an tréimhse seo na chéad ghluaiseachtaí i dtreo teimpléad comónta sa tsraith shinsearach, nó, le bheith níos sonraí, i sonraíochtaí agus i gCreataí ábhar na hArdteistiméireachta Bunaithe. Chonacthas é seo i gCreat an Oideachais Shóisialta Phearsanta agus Sláinte, a tugadh isteach sa bhliain 2011, agus an mhatamaitic ag teacht ina dhiaidh sa bhliain 2013. Chuimsigh ábhair nó réimsí curaclaim Ardteistiméireachta nua nó athfhorbartha a tugadh

isteach ón mbliain 2011 torthaí foghlama agus dearadh iad faoi theimpléad agus faoi struchtúr comónta. Bhí an fhoirm theicniúil a bhí orthu cosúil ach coimeádadh an tsolúbthacht chun ligean leo difríochtaí ábhair a chur san áireamh, san áit go raibh réasúnaíocht dhaingean ann a leithéid a dhéanamh agus gur aontaíodh é. I measc na n-ábhar nó na réimsí curaclaim seo tá:

| | |
|---|---|
| Creat an OSPS | 2011 |
| Matamaitic | 2013 |
| Creat an Chorpoideachais | 2016 |
| An Pholaitíocht agus an tSochaí | 2016 |
| Eolaíocht Talmhaíochta | 2018 |
| Ríomheolaíocht | 2018 |
| Corpoideachas | 2018 |
| Eacnamaíocht | 2019 |
| An Liotuáinis | 2020 |
| Mandairínis | 2020 |
| Polainnis | 2020 |
| Portaingéilis | 2020 |
| Matamaitic Fheidhmeach | 2021 |
| Ealaín | 2021 |
| Léann Clasaiceach | 2021 |

**Tábla 17:** ábhair a ndearnadh athfhorbairt orthu idir 2011 agus 2021

## Foirm theicniúil: Creat Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na hArdteistiméireachta (2011)

An suntas a bhaineann le creat an OSPS ná go raibh sé ar an gcéad cheann a leag amach teimpléad a coimeádadh ina dhiaidh sin, rud a léirigh gluaiseacht i dtreo comhleanúnachas curaclaim nó ailíniú i gcur i láthair fhoirm theicniúil cháipéisí curaclaim na hArdteistiméireachta. Tá an méid seo a leanas i gcreat an OSPS:

- **Forbhreathnú ar eispéireas na Sraithe Sinsearaí,** lena n-áirítear fís maidir lena mbeadh i gceist le foghlaimeoir de chuid na sraithe sinsearaí, a bhfuil luachanna agus prionsabail mar bhonn eolais faoi.
- **Forléargas ar an réimse curaclaim [OSPS]** lena n-áirítear Réamhrá agus Réasúnaíocht; Timpeallacht thacúil uile-scoile; Ról na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí; Foghlaim ghaolmhar; Aidhm agus cuspóirí.
- **Struchtúr an chreata curaclaim,** lena áirítear forbhreathnú ar an gcúrsa; Leithdháileadh ama; Pleanáil i gcomhair teagaisc agus foghlama; Peirspictíochtaí [san OSPS]; Measúnú; Idirdhealú; Príomhscileanna; Foghlaim Éifeachtach.
- **Réimsí foghlama.** i gcás OSPS, a leagtar amach i dtreoir le cúig cheannteideal. Le haghaidh gach réimse foghlama, tá colún 'foghlaimíonn an scoláire faoi..' a leagann amach roinnt de na

fothéamaí a bhaineann leis an réimse. Sa cholún in aice leis, dar teideal 'Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire...', tá sraith torthaí foghlama a bhaineann le gach ceann de na fothéamaí, a leagann amach an méid ar cheart a bheith ar chumas an scoláire a bheith ar eolas aige, a thuiscint agus/nó a dhéanamh.

- **Measúnú,** lena n-áirítear Measúnú chun foghlama agus Measúnú na Foghlama.

## Foirm theicniúil: Matamaitic na hArdteistiméireachta (2013)

Rud a insíonn go leor dúinn ná go bhfuil na ceannteidil a úsáideadh sa Mhatamaitic i dtreoir le teimpléad an OSPS ón mbliain 2011, a bheag nó a mhór. Is iad seo a leanas na ceannteidil a bhí i gceist:

- Réamhrá agus réasúnaíocht
- Aidhm
- Cuspóirí
- Foghlaim ghaolmhar
- Forbhreathnú ar an Siollabas
- Struchtúr
- Príomhscileanna
- Réiteach Fadhbanna (a bhaineann go sonrach leis an matamaitic)
- Teagasc agus foghlaim
- Idirdhealú
- Snáithí Staidéir (úsáidtear snáithe in ionad réimse agus cuireann sé scáth-théamaí an ábhair in iúl faoina n-eagraítear na torthaí foghlama)
- Measúnú

Sa roinn struchtúir, leagtar torthaí foghlama amach i dtaca le topaicí, atá mar fhoranna de na snáitheanna. Tagann an sampla thíos ó Shnáithe 1: Staitisticí agus Dóchúlacht sa chúrsa Bonnleibhéil. Tabhair faoi deara go bhfuil na torthaí foghlama socraithe mar na rudaí ba cheart don scoláire a bheith in ann a dhéanamh, suite taobh le colún ina leagtar amach cad a fhoghlaimíonn an scoláire. (D'fhéadfaí a thabhairt faoi deara go bhfuil siollabas na matamaitice 96 leathanach ar fhad i gcomparáid le 27 leathanach sa cháipéis OSPS. Is amhlaidh an cás seo de bharr go gcuirtear cúrsa céimseata na Sraithe Sóisearaí ar fáil i Roinn 2 den cháipéis Matamaitice, rud a thugann aitheantas dó go dtógtar ar fhoghlaim ón tSraith Shóisearach i gcéimseata na hArdteistiméireachta.)

| Topaic | Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|---|
| **1.7** Anailís a dhéanamh ar shonraí, iad a léirmhíniú agus tátail a bhaint astu. | Tátail a bhaint as sonraí; lochtanna na dtátal | – achoimrí grafacha ar shonraí a léirmhíniú – ceangal a dhéanamh idir an léirmhíniú agus an bhuncheist – a aithint cén chaoi a dtéann inathraitheacht samplála i bhfeidhm ar úsáid eolais shamplaigh chun ráitis a dhéanamh i dtaobh an daonra – uirlisí cuí úsáid chun cur síos a |

| | | |
|---|---|---|
| | | dhéanamh ar inathraitheacht, ag baint tátal faoin daonra as an sampla – an anailís a léirmhíniú – ceangal a dhéanamh idir an léirmhíniú agus an bhuncheist |

Is léiriú iad Creat an OSPS agus Sonraíocht na Matamaitice ar theacht chun cinn teimpléad comónta, a bhfuil príomhairíonna d'fhoirm theicniúil ann a léiríonn comhleanúnachas i measc ábhar laistigh de chlár foghlama. Maidir leis na sonraíochtaí eile a liostaítear thuas a athfhorbraíodh nó a eisíodh mar ábhair nua, tá príomhghnéithe an teimpléid ag ailíniú trasna na n-ábhar seo. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil maidir leis na leaganacha is déanaí d'fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim i gcaibidil 3.

## 2.7 Achoimre ar an gCaibidil

Sa chaibidil seo rinneadh iarracht forbairt fhoirm theicniúil an churaclaim ag leibhéal na sraithe sinsearaí i gcaitheamh roinnt deicheanna de bhlianta a rianú. Luaitear an suntas a bhain le *Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna* de chuid na Roinne Oideachais i gcaitheamh blianta fada, a bhí, go bunúsach, ina cháipéis churaclaim le haghaidh clár na hArdteistiméireachta, a leag amach siollabas agus socruithe measúnaithe le haghaidh gach ábhar. Baintear de thátal as, i mblianta tosaigh an stáit, go raibh foirm theicniúil na siollabas curaclaim thar a bheith gairid, 4 leathanach ar an meán, agus nach raibh ann ach táscairí leathana ar inneachar an ábhair agus faisnéis maidir leis na scrúduithe deiridh. Luaitear cé chomh bunúsach agus a bhí an cháipéis Rialacha agus Cláir do Scoileanna mar phointe thagartha le haghaidh eolas curaclaim, cás gur beag athrú a tháinig air idir na 1920idí agus na 1960idí.

Bhí teacht chun cinn an Bhoird Churaclaim agus Scrúduithe agus níos déanaí an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta sna 1970í agus 1980idí tábhachtach chun smaointeoireacht faoi fhoirm theicniúil an churaclaim a chur chun cinn, agus chun dul níos faide ná coincheapú an churaclaim mar chur síos ar rud a bhféadfaí eolas ábhair nó inneachar substainteach a thabhairt air. Díríonn sé ar fhorbairtí ó na 1980idí, áit ar tháinig an curaclam ina réimse staidéir níos suntasaí, agus inar éirigh an fhoirm theicniúil níos sofaisticiúla, le réasúnaíocht, aidhmeanna agus cuspóirí le haghaidh ábhar níos mionsonraithe, agus cur in iúl na dtorthaí do scoláirí ag éirí níos follasaí.

Luaitear sa chaibidil gur forbraíodh doiciméid siollabais níos substaintiúla agus níos sofaisticiúla sna 1990idí agus go luath sna 2000idí, áit a n-eisítear socruithe siollabais d'ábhair athfhorbartha mar dhoiciméid discréideacha siollabais agus go ndéantar iad a fhrámú mar níos mó ná an t-inneachar ábhair a shainiú, agus iad tacaithe freisin ag treoirlínte teagaisc a thugann treoir i gcuir chuige oideolaíochta agus mheasúnaithe. Leagtar béim ar fhairsingiú an raon ábhar atá ar fáil sna scoileanna ann agus teacht chun cinn cláir dhifriúla mar léiriú ar athruithe sochaíocha níos leithne, agus cuir chuige níos sofaisticiúla i dtaca le foirm theicniúil siollabas/sonraíochtaí curaclaim ag teacht chun cinn le himeacht aimsire agus luaitear an tionchar a bhí ag smaointeoireacht ón Eoraip agus ó dhlínsí eile chomh maith.

Aithnítear an feabhas ar chur in iúl aidhmeanna, cuspóirí agus réasúnaíocht le haghaidh staidéar an ábhair, agus breathnaítear béim níos mó ar thorthaí foghlama sna forbairtí ón tréimhse seo, le creat príomhscileanna níos leithne ar fud na sraithe sinsearaí ag cur bonn eolais faoi fhorbairtí.

Chomh maith leis sin tugtar faoi deara an comhthéacs maidir le héagsúlacht san fhoirm theicniúil chun tacú le Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. I measc na bhforbairtí sa mheasúnú tá éagsúlacht níos mó ar mhodhanna measúnaithe a théann, i go leor ábhar ach ní i ngach ábhar, níos faide ná samhail an scrúdaithe deiridh.

Ar deireadh fiosraítear teacht chun cinn foirm theicniúil agus teimpléad comónta sa tsraith shinsearach tríd síos i ndiaidh na bliana 2010 sa chaibidil seo, agus tugtar faoi deara an tionchar a bhí ag an teimpléad seo i dtaca le tacú le comhleanúnachas curaclam méadaithe agus leanúnachas i measc ábhair agus comhpháirteanna curaclaim. Aithníonn sé freisin bunús agus tábhacht shamhail na dtorthaí foghlama mar mhodh chun a chur in iúl an méid ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire, an méid ba cheart go dtuigfeadh an scoláire nó ba cheart dó a bheith ábalta a dhéanamh a chur in iúl i ndiaidh a chuid staidéir ar ábhar nó modúl, bunaithe laistigh de spriocanna foghlama níos leithne an chláir lena mbaineann siad. Tá sé i gceist go soláthróidh an suirbhé gairid seo ar fhorbairtí ó pheirspictíocht stairiúil comhthéacs úsáideach chun breathnú ar fhoirm theicniúil na siollabas/sonraíochtaí curaclaim ó dhearcadh eile sna caibidlí seo a leanas den pháipéar seo, agus chun bogadh i dtreo sainaithint samhail oiriúnach i gcomhthéacs athfhorbairtí reatha na sraithe sinsearaí.

# 3. Cuir chuige náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaca le foirm theicniúil dearadh sonraíochtaí curaclaim

## 3.1: Aidhmeanna na caibidle seo

Sa chaibidil seo féachtar ar fhoirm theicniúil dearadh siollabais/sonraíochta curaclaim go náisiúnta agus i réimse dlínsí go hidirnáisiúnta. Tugtar breac-chuntas ar na príomhchodanna laistigh de na siollabais nó sonraíochtaí curaclaim (ar mhaithe le soiléireacht glaofar sonraíochtaí curaclaim orthu amach anseo) agus cuirtear a gcuid cur chuige i gcomparáid le comhthéacs na hÉireann, ag baint úsáid as sonraíochtaí curaclaim a dearadh ag baint úsáid as foirm theicniúil agus teimpléad ar tugadh breac-chuntas orthu i dtreo dheireadh chaibidil 2. Tógtar ar thaighde roimhe seo a rinne CNCM, go háirithe Athbhreithniú na Meánscoile Sinsearaí i Naoi nDlínse: Tuairisc Forbhreathnaithe (O'Donnell S, 2018) agus déantar iarracht a chinneadh

- an bhfuil 'dea-chleachtas' ann go hidirnáisiúnta i dtaca le foirm theicniúil curaclaim a dhearadh.
- cad iad na tacaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm, mar aon leis na sonraíochtaí curaclaim, chun tacú le soiléireacht agus comhleanúnachas le haghaidh múinteoirí agus iad ag tabhairt isteach sonraíochtaí nua nó athbhreithnithe i scoileanna.

Aithnítear gur próiseas leanúnach atá i bhforbairt sonraíochtaí curaclaim ó bhunú stát na hÉireann agus gur léiriú é an curaclam atá againn ar an gcarachtar, ar thosaíochtaí agus luachanna náisiúnta agus ar ár gcomhthéacs stairiúil, sóisialta agus cultúrtha. Ar an dul céanna, d'fhorbair na dlínsí éagsúla a dtagraítear dóibh sa pháipéar seo laistigh de chomhthéacsanna stairiúla agus cultúrtha fíorshonrach, agus ní féidir leo iad a scaradh ó na comhthéacsanna céanna. Titeann sé lasmuigh de raon an taighde seo na dlínsí a ndéantar staidéar orthu a shuíomh laistigh dá gcomhthéacsanna stairiúla, sóisialta agus cultúrtha ar leith. Mar sin déantar comparáidí le comhthéacs na hÉireann agus na teorainneacha a bhaineann lena leithéid á n-aithint againn.

Don chaibidil seo, tugadh faoi léirmheas ar na sonraíochtaí curaclaim ag leibhéal na meánscoile sinsearaí sna dlínsí seo a leanas: An Nua-Shéalainn; Ontario, (Ceanada); Queensland, an Astráil; Albain agus an Bhreatain Bheag Roghnaíodh na dlínsí seo le léirmheas a dhéanamh orthu ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear roinnt díobh seo a leanas nó iad ar fad:

- léiríonn siad réimse cur chuige maidir le foirm theicniúil an churaclaim a dhearadh
- de bharr go bhfuil siad ina mbaill de líonraí náisiúnta, ar nós *Consortium of Institutions for Development and Research in Education in Europe* (CIDREE) agus *International Educational Assessment Network* (IEAN), a d'éascaigh rochtain CNCM ar eolas mionsonraithe maidir lena bpróisis deartha curaclaim.
- áiríodh iad sa tuairisc ar an athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach i dtaca leis an oideachas meánscoile sinsearaí i naoi ndlínse (CNCM, 2018).
- tá a gcuid cáipéisí ar fáil i mBéarla.

Sa pháipéar seo, na cáipéisí a ndéanfar tagairt dóibh ná sonraíochtaí curaclaim na hArdteistiméireachta Bunaithe, toisc go ndíríonn an chéad chéim d'athfhorbairt sonraíochtaí na sraithe sinsearaí ar (ath)fhorbairt ábhair ATB. Chomh maith leis sin, áirítear dhá cheann den cheithre thuairisceoir modúil de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí le plé a dhéanamh orthu, toisc go gcuireann neart de na dlínsí idirnáisiúnta a fhiosraítear thíos modúil ar fáil sa tsraith

shinsearach freisin. Toisc nach ndearnadh nuashonrú ar fhoirm theicniúil modúil nó aonaid na hIdirbhliana ná ar mhódúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta le déanaí, níor cuireadh san áireamh iad sa phlé thíos.

## 3.2 Forbhreathnú ar na dlínsí a roghnaíodh

In **Ontario**, **Ceanada** cuirtear meánoideachas ar fáil do scoláirí idir 14-18 bliana d'aois (Gráid 9-12), ina meastar go bhfuil gráid 11 agus 12 ina mblianta sinsearacha/meánscoile sinsearaí. Deirtear i *Ontario Schools Kindergarten to Grade 12: Policy and Program Requirements* gur feidhm an mheánoideachais ná

> 'an buneolas agus na bunscileanna a bheidh ag teastáil uathu in aon réimse saothair a chuir ar fail do gach scoláire mar aon leis an deis speisialú i réimsí a bhaineann lena spriocanna iar-mheánscoile agus le suimeanna pearsanta agus / nó iad a fhiosrú. Coimeádtar roghanna ar oscailt don scoláire sna gráid tosaigh agus cuirtear i gcóir iad sna gráid shinsearacha le haghaidh a gcinn scríbe i ndiaidh na meánscoile, lena n-áirítear oiliúint printíseachta, an coláiste, maireachtáil sa phobal, an ollscoil, nó an t-ionad oibre' (Ontario Ministry of Education, 2016a, leathanach 70).

Leanann formhór scoláirí in Ontario clár bunaithe ar chreidiúintí a mbíonn Dioplóma Meánscoile Ontario (DMO) mar thoradh air.  De ghnáth críochnaíonn an scoláire an mheánscoil agus a DMO i gcaitheamh ceithre bliana, bíodh agus go nglacann roinnt scoláirí an cúigiú bliain nó seimeastar breise chun amhlaidh a dhéanamh. Trí shíneadh a chur lena gcuid staidéir ceadaítear dóibh níos lú cúrsaí creidiúintí i dtreo an DMO a ghlacadh gach bliain, rud ar féidir leis cabhrú leo céimniú meánscoile a bhaint amach agus an tsolúbthacht / am a cheadú dóibh chun a gcuid spéiseanna in ábhair scoile eile a fhiosrú. I gcéim na meánscoile sinsearaí le haghaidh scoláirí 16-18 bliana d'aois, cuirtear cúig chineál cúrsa ar fáil dóibh lena n-áirítear cúrsaí ullmhaithe don Ollscoil, don Choláiste, do Phrintíseachtaí agus don Ionad Oibre. Tá sé seo an-difriúil le hÉirinn, áit a leanann 95% de na scoláirí cúrsa amháin (an Ardteistiméireacht Bhunaithe), de réir mar a leagtar amach í sna siollabais/sonraíochtaí ábhartha agus a ndéantar measúnú orthu ag leibhéal amháin as dhá leibhéal (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal).

Tá cúrsaí oscailte ar fáil in Ontario chomh maith, a bhfuil ionchais cuí le haghaidh gach scoláire i gceist leo, a dearadh chun eolas agus scileanna an scoláire in ábhair a léiríonn a chuid spéiseanna a fhairsingiú agus chun iad a chur i gcóir le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach agus fhiúntach sa tsochaí. Is é atá i gceist leis na measúnaithe in Ontario ná creidiúintí a bhronntar i ndiaidh go gcuirtear cúrsaí, a leagtar síos go seachtrach agus a ndéantar measúnú orthu go hinmheánach, a chríochnú.

In **Queensland, an Astráil**, tugtar breac-chuntas sa phlean gníomhaíochta *Advancing Education* (DET, 2017a) ag cur in iúl gurbh iad aidhmeanna agus feidhm an oideachais ansin ná

> 'spreagadh a thabhairt don scoláire a bheith ina fhoghlaimeoir ar feadh an tsaoil, ina shaoránach domhanda agus ina dhuine rathúil, atá inniúil déileáil lena thodhchaí go muiníneach, agus é ag tógáil ar bhunscileanna na litearthachta agus na huimhearthachta'.

agus

> 'scoileanna a shuíomh chun tacú leis an scoláire, ar bhonn níos éifeachtaí, an t-eolas, na scileanna agus na tréithe atá de dhíth air a fhorbairt le go mbeadh sé réidh chun oibre i bpoist na todhchaí'.

I dtaca leis an meánscolaíocht shinsearach (le haghaidh scoláirí 15/16 chuig 18 mbliana d'aois), províonn *Advancing Education* ar na conairí atá ar fáil don scoláirí a neartú agus ar leanúint ag déanamh fairsingiú ar líon na roghanna gairmoideachais agus gairmoiliúna sna scoileanna. Déantar é seo chun a chinntiú go mbíonn an deis ag gach scoláire de chuid scoil stáit de chuid Queensland Bliain a 12 a chur i gcrích (aois 18) agus, nuair is féidir, Teastas Oideachais Queensland (*Queensland Certificate of Education*) a bhaint amach mar chéim i dtreo féidearthachtaí fostaíochta níos fearr agus deiseanna níos fearr sa todhchaí.

Oibríonn scoláirí 16 bliana d'aois agus níos sine (Bliain a 11 agus 12) i dtreo Teastas Oideachais Queensland a dhéanann taifead ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil ag caighdeán atá leagtha síos, trí úsáid a bhaint as córas bunaithe ar chreidiúintí. Aithníonn an Teastas roghanna foghlama leathana agus cuireann sé solúbthacht ar fáil maidir leis an bhfoghlaim a tharlaíonn, an áit a dtarlaíonn sí agus cathain a tharlaíonn sí. Cuirtear roinnt conairí ar fáil in Queensland, lena n-áirítear Oiliúint Gairmoideachais agus Teastas Gnóthachtála Aonair Queensland (*Queensland Certificate of Individual Achievement*), a ndéantar plé orthu níos déanaí sa chaibidil seo. Tá athrú tagtha ar an measúnú in Queensland le déanaí agus tá cumasc idir measúnú inmheánach agus seachtrach ann anois.

Sa **Nua-Shéalainn**, tosaíonn Curaclam na Nua-Shéalainne agus an cháipéis chomhthreomhar, Te Marautanga o Aotearoa, le físeanna de dhaoine óga a fhorbróidh inniúlachtaí a bheidh de dhíth orthu don staidéar, don obair agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus chun dul ar aghaidh agus lán a gcumais a bhaint amach. Chomh maith leis sin, deirtear ann gurb é an fhís ná daoine óga a fhorbairt

- a bheidh cruthaitheach, fuinniúil, agus fiontraíoch;
- a ghlacfaidh leis na deiseanna a chuirtear ar fáil le heolas nua agus le teicneolaíochtaí nua chun todhchaí inbhuanaithe, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíoch, agus timpeallachta a dhearbhú dár dtír;
- a oibreoidh chun Nua-Shéalainn Aotearoa a chruthú ina n-aithníonn lucht Māori agus Pākehā iad féin mar chomhpháirtithe iomlána, agus ina bhfuil luach ar gach cultúr de bharr na rudaí a chuireann siad leis an tsochaí;
- a leanfaidh orthu, ina mblianta scoile, ag forbairt na luachanna, an eolais agus na n-inniúlachtaí a chuirfidh ar a gcumas saol iomlán agus taitneamhach a chaitheamh;

- a bheidh ina bhfoghlaimeoirí muiníneacha, ceangailte, a mbíonn baint ghníomhach acu agus ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil.

Sa bhliain deiridh den oideachas éigeantach a bhíonn acu sa Nua-Shéalainn, cuireann scoláirí 15-16 bliana d'aois Teastas Náisiúnta Gnóthachtála Oideachais (National Certificate of Educational Achievement) (NCEA) Leibhéal 1 i gcrích, a mbíonn sraith shinsearach dhá bhliain ag Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 NCEA (Bliain 12 agus 13) ina dhiaidh. Tá an NCEA dírithe ar gach scoláire, is cuma an bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi ardoideachas agus ardoiliúint, breisoideachas agus breisoiliúint nó oideachas agus oiliúint do dhaoine fásta, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus/nó saol na hoibre agus éilítear cáilíocht ar Leibhéal 3 NCEA, a baineadh amach i dtrí 'ábhar faofa' ag Leibhéal 3 NCEA, mar aon le bunriachtanais litearthachta agus uimhearthachta.  Tá an Nua-Shéalainn níos cosúla le hÉirinn ná Ontario agus Queensland, sa tslí agus go bhfuil aon churaclam amháin le haghaidh gach scoláire, ach tá sé an-difriúil sa tslí agus go bhfágtar forbairt curaclaim ag leibhéal an ábhair chuig scoileanna agus go bhfuil traidisiún fadbhunaithe i dtaca le measúnú inmheánach ina ngairm múinteoireachta agus gur fearr leo é sin.

Ailíníonn Conairí Gairme NCEA foghlaim le scileanna atá de dhíth sa tionsclaíocht agus sa lucht saothair, agus cuireann Cláir Dara-Tríú leibhéal cláir cheirde agus teicneolaíochta ar fáil don scoláire a spreagann é chun fanacht leis an oideachas agus an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth ar phobail áitiúla a ghnóthú. Cuirtear na cláir seo ar fáil in Acadaimh Cheirde. Ar nós Queensland, tá measúnú inmheánach agus seachtrach araon ag scoileanna sa Nua-Shéalainn.

In **Albain**, tugtar breac-chuntas ar fheidhm an oideachais sa Churaclam um Fheabhas (*Curriculum for Excellence*) (2010). Cuimsítear an fheidhm seo i gCeithre Inniúlacht an Churaclaim um Fheabhas- a chur ar chumas gach páiste nó duine óg a bheith ina fhoghlaimeoir rathúil, ina dhuine aonair muiníneach, ina shaoránach freagrach agus ina chuiditheoir éifeachtach.

Tá córas bunaithe ar chreidiúintí ag Albain ag leibhéal na meánscoile sinsearaí chomh maith. I gCreat Cáilíochtaí Creidiúintí na hAlban (*Scottish Credit Qualifications Framework*) (SCQF) tá Cáilíochtaí Náisiúnta i measc na gconairí trí bliana, a bheadh ar an gconair is cosúla leis an Ardteistiméireacht Bhunaithe. Tá Cáilíochtaí Náisiúnta ar fáil ag leibhéil éagsúla: Leibhéal 4, Leibhéal 5, Leibhéal 6, Ardleibhéal agus Sár-Ardleibhéal. Déanann formhór na scoláirí a bhíonn ag dul isteach san Ollscoil meascán den Ardleibhéal agus Sár-Ardleibhéal. Déanann roinnt díobh ábhair ag leibhéal níos ísle bunaithe ar shuim phearsanta, chun scileanna breise a ghnóthú agus/nó chun cur lena gcuid féidearthachtaí. I measc na gconairí eile in Albain tá Cáilíochtaí Gairme na hAlban ag 5 leibhéal difriúil agus Baccalaureates na hAlban. Tá Baccalaureate na hAlban ar fáil i sainréimsí foghlama agus tá Tionscadal Idirdhisciplíneach ann a ligeann d'fhoghlaimeoirí fianaise a fhorbairt agus a thaispeáint ar thionscnamh, freagracht agus oibriú neamhspleách. Tá cumasc idir measúnú seachtrach agus inmheánach i gceist in Albain, ag brath ar an gcúrsa/aonad a ndéantar staidéar air. Mar shampla, is é an múinteoir a dhéanann measúnú ar Cháilíochtaí Náisiúnta 3 agus 4 san áit go ndéantar measúnú seachtrach ar Cháilíocht Náisiúnta 5, Ardleibhéal agus Sárleibhéal.

I gcuraclam **na Breataine Bige**, *Curriculum for Wales* (2020), deirtear go bhfuil ceithre chroí-fheidhm atá mar fhís agus mar uaillmhian roinnte le haghaidh gach páiste agus duine óg.  De réir mar a leagtar amach sa cháipéis seo, is í an aidhm atá ag curaclam scoile ná tacú leis an bhfoghlaimeoir a bheith:

- ina fhoghlaimeoir uaillmhianach cumasach, atá réidh le foghlaim i gcaitheamh a shaoil

- ina rannpháirtí fiontraíoch cruthaitheach, atá réidh páirt iomlán a ghlacadh sa saol agus san obair
- ina shaoránach eiticiúil eolach de chuid na Breataine Bige agus an domhain
- ina dhuine sláintiúil muiníneach, atá réidh tabhairt faoi shaol saibhir agus é ina bhall den tsochaí, ball a bhfuil luach againn air

Sa Bhreatain Bheag, tugann scoláirí 16-19 mbliana d'aois faoin Teastas Ginearálta san Oideachas (*General Certificate in Education*) (GCE) ag leibhéal Ard-Fhotheastais agus/nó Ardleibhéil de ghnáth. Tá leibhéil AF cosúil leis an gcéad bhliain de chúrsa A-leibhéil. Tá na A-leibhéil níos deacra agus tógann sé níos mó ama iad a chur i gcrích. De ghnáth, déanann an scoláire trí cháilíocht leibhéal AF nó A-leibhéil, gur féidir a úsáid mar bhonn le haghaidh iontráil san ardoideachas. Le haghaidh an scoláire A-leibhéal ar mhaith leis staidéar a dhéanamh in Éirinn, áiríonn an Lár-Oifig Iontrála (CAO) A-leibhéal amháin mar dhá ábhar Ardteistiméireachta. Is féidir le scoláirí sa Bhreatain Bheag roghnú tabhairt faoi Baccalaureate de chuid na Breataine Bige chomh maith. Agus é dírithe ar an scoláire idir 14 agus 19 mbliana d'aois, tá sé ar fáil ag trí leibhéal; Bonnleibhéal, Leibhéal Náisiúnta agus Ardleibhéal.Bronntar Baccalaureate de chuid na Breataine Bige ar scoláire trí shraith cáilíochtaí sonraithe, a bhfuil Teastas an Dúshláin Scileanna ina chroílár, a ghnóthachtáil. Cosúil le Queensland agus an Nua-Shéalainn, tá cumasc idir measúnú inmheánach agus seachtrach i gceist sa Bhreatain Bheag.

## 3.3 Tionchar na scáthchreataí

In Éire, níl aon cháipéis chreata amháin le haghaidh na Sraithe Sinsearaí is féidir a chur i gcomparáid le Creatchuraclam na Bunscoile (CNCM, 2023) nó leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), mar shampla. Seachas sin, ailínítear sonraíochtaí ábhair na hArdteistiméireachta Bunaithe agus na ceithre thuairisceoir modúil athbhreithnithe le haghaidh clár na hArdteistiméireachta Feidhmí le luachanna, fís agus prionsabal oideachas na Sraithe Sinsearaí, de réir mar a thugtar breac-chuntas orthu in *Toward Learning, An Overview of Senior Cycle Education (CNCM, 2009).* Gabhfaidh feidhm, fís agus treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí athfhorbartha, de réir mar a thugtar breac-chuntas orthu i dTuairisc Chomhairleach ar Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí (CNCM, 2022), ina n-ionad seo ar deireadh. Cruthaíodh Ráiteas Cláir na hArdteistiméireachta Feidhmí, nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) agus Treoirlínte /aonaid bhunaidh Chlár na hIdirbhliana sular foilsíodh *Toward Learning An Overview of Senior Cycle Education (NCCA, 2009)* agus dá bharr níl siad ailínithe go soiléir le luachanna, fís agus prionsabail oideachas na Sraithe Sinsearaí.

Níl aon scáthchreat ag **Ontario, Ceanada** a chuireann bonn eolais faoi na hábhair nó na réimsí foghlama éagsúla ach aon oiread. Cuireann cáipéis dar teideal *Ontario Schools Kindergarten to Grade 12: Policy and Program Requirements (Ontario Ministry of Education, 2016a)* réimse leathan polasaithe agus clár ar fáil a rialaíonn an t-oideachas le haghaidh an scoláire i scoileanna in Ontario. Cuireann *Stepping Stones, A Resource on Youth Development* (2012) creat straitéiseach ar fáil le haghaidh daoine idir 12 agus 25 bliana d'aois in Ontario chomh maith. Tá sé mar aidhm aige forbairt agus seachadadh seirbhísí agus tacaíochtaí a threorú, lena n-áirítear institiúidí oideachais, don aos óg ar fud Ontario. Tá léarscáileanna forbartha le haghaidh na hógántachta agus tús na luath-aosachta in *Stepping Stones* agus baintear úsáid as samhail chun coimpléascacht fhorbairt an duine a léiriú le réimsí – cognaíocha, mothúchánacha, fisiciúla, agus sóisialta – atá idircheangailte agus idirspleách. Déantar macasamhail den tsamhail seo i gcáipéisí curaclaim ó Ontario le déanaí

agus baintear úsáid aisti chun bonn eolais a chur faoina bhforbairt, sa tslí chéanna agus a chuireann fís, prionsabail agus príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí bonn eolais faoi shonraíochtaí curaclaim na hÉireann.

**In Queensland, an Astráil,** níl aon chreat d'oideachas na sraithe sinsearaí ach aon oiread. Mar sin féin is é an *Foundation to Year 10 Australian Curriculum*, a d'fhorbair macasamhail CNCM san Astráil, Údarás um Churaclam, Measúnú agus Tuairisciú na hAstráile (*Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority*) (ACARA) – atá le húsáid i ngach stát agus críoch de chuid na hAstráile. Bíodh agus go mbíonn oideachas na meánscoile sinsearaí ann ó Bhliain 11 go dtí 12, luaitear sna sonraíochtaí ag an leibhéal seo go "Tógann gach réimse foghlama i sonraíochtaí curaclaim Queensland ar Churaclam na hAstráile." Ar an dul céanna le hÉirinn, in Queensland cuirtear sonraíochtaí curaclaim ar leith ar fáil le haghaidh gach ábhar agus deartar iad i dtreoir le teimpléad comónta, de réir mar a pléifear ar ball sa chaibidil seo.

In eile dlínsí, ar nós **na Nua-Shéalainne** agus **Albain,** ní bhíonn aon sonraíochtaí ar leith ann d'ábhair. Seachas sin, tá cuir chuige nach bhfuil chomh saintreorach sin i dtaobh dearadh curaclaim ina dtugtar féinriar do scoileanna a gcuraclam féin a dearadh, trí úsáid a bhaint as na prionsabail óna gcreataí faoi seach. Is é Curaclam na Nua-Shéalainne (*New Zealand Curriculum*) an creat curaclaim comónta a leagann amach an treo le haghaidh foghlaim an scoláire ó bhliain 1 go dtí 13 agus cuirtear treoir ar fáil ann do scoileanna agus iad ag dearadh agus ag déanamh athbhreithniú ar a gcuraclam a bhaineann le hábhar ar leith.

> Is creat é Curaclam na Nua-Shéalainne... seachas plean sonrach agus ciallaíonn sé sin cé go gcaithfidh gach curaclam scoile a bheith ailínithe go soiléir le rún na cáipéise seo, tá solúbthacht shuntasach ag scoileanna agus na sonraí á gcinneadh acu... éilítear ar scoileanna a gcuraclam a bhunú ar phrionsabail *Churaclam na Nua-Shéalainne*, chun na luachanna a spreagadh agus a eiseamláiriú, agus chun na príomhinniúlachtaí a fhorbairt ag gach leibhéal bliana.

Agus é mar scáthcháipéis amháin 67 leathanach, is ráiteas é an creat seo ar pholasaí oifigiúil a bhaineann le teagasc agus foghlaim i scoileanna Béarla na Nua-Shéalainne. Tugtar breac-chuntas ann ar ocht réimse foghlama lena n-áirítear an Béarla, na hEalaíona, na hEolaíochtaí Sóisialta, an Teicneolaíocht, an Mhatamaitic agus Staitisticí srl. Tá an fheidhm chéanna ag an gcáipéis, Te Marautanga o Aotearoa, le haghaidh scoileanna Māori. Tugtar breac-chuntas ar aidhmeanna/cuspóirí struchtúr agus gnóthachtáil an réimse foghlama le haghaidh gach ábhar agus leibhéal ar fáil ann féin ar shuíomh idirlín na hAireachta Oideachais (*Ministry of Education*).

In **Albain**, níl aon churaclam meánscoile sinsearaí saintreorach éigeantach ann ach an oiread, i bhfírinne. Seachas sin, forbraíodh creat, Curaclam um Fheabhas (*Curriculum for Excellence*) (CfE) a chuireann bonn eolais faoin gcóras oideachais agus a bhfuil sé mar aidhm go gcomhlíonfadh sé riachtanais gach foghlaimeora idir 3 agus 18 mbliana d'aois le go ngnóthóidís an t-eolas, na scileanna agus na tréithe a theastaíonn don saol sa 21ú haois. Ag leibhéal na meánscoile íochtaraí meastar go bhfuil Eispéiris agus Torthaí, a nglaoitear Enna agus Onna orthu, mar ábhair thógála don churaclam ar fad. Bíodh agus go bhfuil siad dírithe ar leibhéal na meánscoile sóisearaí, táthar ag súil agus go gcuirfidh siad bonn eolais faoin bhfoghlaim uile i seomraí ranga na hAlban. Difriúil

le dlínsí eile a phléitear anseo, is é Údarás Cáilíochtaí na hAlban (*Scottish Qualifications Authority*) (SQA) a fhoilsíonn na "Sonraíochtaí Cúrsa", mar a thugtar orthu, ag Leibhéal na Meánscoile Sinsearaí, seachas Oideachas Alban (*Education Scotland*)  Bíonn éagsúlacht mhór idir fad na sonraíochtaí, ag brath ar an ábhar a bhíonn i gceist. Bíonn eolas iontu seo do mhúinteoirí agus do léachtóirí a mhúineann an cúrsa, déantar cur síos ar struchtúr an chúrsa (m.sh. na haidhmeanna agus an réasúnaíocht) agus bíonn eolas maidir le measúnú iontu. Bíonn liosta cuimsitheach d'eolas éigeantach agus de ghníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc molta i roinnt sonraíochtaí, ar nós an Ardchúrsa sa Cheimic (leagan 3, 2019), san áit go mbíonn ceisteanna samplacha agus treoracha marcála i sonraíochtaí eile, ar nós na Staire.

I gcás na **Breataine Bige**, bíodh agus nach bhfuil aon chreat le haghaidh oideachas na meánscoile sinsearaí, tá sonraíochtaí curaclaim aonair ann le haghaidh gach cáilíocht TGO, AF agus A-Leibhéil. Ar nós na hAlban, ní fhorbraíonn an príomhchomhlacht a bhfuil cúram an oideachais orthu (*Education Wales*) an tsonraíocht. Seachas sin, scríobhann comhlacht neamhspleách, Comhchoiste Oideachais na Breataine Bige (*Welsh Joint Education Committee*) (WJEC), sonraíochtaí curaclaim AF/A-Leibhéil le haghaidh formhór d'ábhair na meánscoile sinsearaí. Chomh maith leis sin, is iad WJEC an príomhsholáthraí cáilíochtaí le haghaidh scoileanna agus coláistí a mhaoiníonn an stát ar fud na Breataine Bige. I gcomparáid leis na sonraíochtaí a d'fhorbair Údarás Cáilíochtaí na hAlban (*Scottish Qualifications Authority*), is cáipéisí níos faide agus níos sonraí iad na sonraíochtaí sa Bhreatain Bheag.

Níl aon sonraíocht churaclaim le haghaidh Baccalaureate na Breataine Bige. Is creat é *Design Principles for the Welsh Baccalaureate* (2014) ina dtugtar breac-chuntas ar struchtúr, aidhmeanna, torthaí foghlama, inneachar, tionscnamh, dúshláin agus sonraí measúnaithe le haghaidh an chúrsa seo. Tabhair faoi deara chomh maith go mbíodh agus go bhfuil roinnt comhlachtaí cáilíochtaí eile a fhorbraíonn sonraíochtaí agus measúnaithe cúrsa le haghaidh cáilíochtaí AF agus A-Leibhéil, ní féidir le scoileanna na sonraíochtaí agus cáilíochtaí a ofrálann na heagraíochtaí seo a úsáid ach amháin mura gcuireann Comhchoiste Oideachais na Breataine Bige cáilíocht ar fáil san ábhar sin. Ar mhaithe leis an anailís chomparáideach a dtugtar fúithi sa pháipéar seo, ní dhéanfar plé ach ar shonraíochtaí a dhear Comhchoiste Oideachais na Breataine Bige.

## 3.4 Foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim: Éire agus dlínsí idirnáisiúnta

Fiosrófar sa chuid seo cosúlachtaí agus difríochtaí idir foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim in Éirinn agus i réimse dlínsí eile. Mar sin féin, i dtús, is tábhachtach a bhreith chun cuimhne nach mar an gcéanna iad na rudaí a bhíonn á gcur i gcomparáid lena chéile sa caibidil seo i gcónaí. Deartar sonraíochtaí in Éirinn agus sa Bhreatain Bheag agus an cohórt iomlán scoláirí ar intinn acu nach mór, san áit go bhforbraítear sonraíochtaí difriúla le haghaidh foghlaimeoirí difriúla in Ontario, in Albain agus in Queensland ag brath ar an gconair tríd an meánscolaíocht shinsearach atá á leanúint acu agus ar an todhchaí atá ar intinn acu dóibh féin. Ansin sa Nua-Shéalainn, tá tuilleadh solúbthachta ann agus d'fhéadfadh an scoláire a bheith ag tabhairt faoi leibhéil éagsúla ag an am céanna. Níl sé seo go hiomlán difriúil leis an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal in Éirinn agus san Albain chomh maith, áit gur féidir leis an scoláire réimse cúrsaí ag leibhéil dhifriúla a leanúint ag an am céanna. Tabharfar faoi obair maidir le Conairí agus Modúlú in Éirinn agus in áiteanna eile go comhthreomhar leis an bpáipéar seo maidir le foirm theicniúil sonraíochtaí

curaclaim. D'fhéadfaí coigeartuithe a dhéanamh ar theimpléad na sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha le conairí éagsúlaithe sa tsraith shinsearach a léiriú.

Le blianta beaga anuas, lean sonraíochtaí curaclaim na sraithe sinsearaí in Éirinn teimpléad leanúnach, bíodh agus nach raibh siad aonfhoirmeach.  Bíonn na gnéithe seo a leanas san áireamh sa teimpléad seo de ghnáth:

- **Réasúnaíocht**
- **Aidhmeanna** agus **cuspóirí**
- Cuid maidir le **foghlaim ghaolmhar**
- **Forbhreathnú ar an tsonraíocht** a raibh **struchtúr na snáitheanna** agus **leithdháileadh ama** (íosmhéid 180 uair an chloig) ann
- Cuid maidir le **príomhscileanna** na sraithe sinsearaí lena n-áirítear litearthacht agus uimhearthacht, agus iad á n-ailíniú leis an ábhar a bhíonn i gceist
- Breac-chuntas **ar theagasc agus ar fhoghlaim** agus **ar idirdhealú** a bhaineann leis an ábhar a bhíonn i gceist.
- Cuid maidir leis na **snáitheanna staidéir** a bhfuil **torthaí foghlama** ann ina ndéantar cur síos ar an eolas agus ar na scileanna ba cheart don scoláire a fhorbairt i gcaitheamh an chúrsa
- Cuid maidir le **Measúnú.**

Áirítear **aguisíní** i neart sonraíochtaí curaclaim Ardteistiméireachta chomh maith, ina gcuimsítear gluaiseanna le sainmhínithe ar théarmaí ábhartha, briathra gnímh agus/nó príomhchoincheapa a úsáidtear.  Tá cuid ina bhfuil treoirlínte measúnaithe nó príomhthascanna sa cheithre thuairisceoir modúil de chuid na hArdteistiméireachta Feidhmí a ndearnadh athbhreithniú orthu le déanaí. I gcás an Bhéarla agus Cumarsáid agus Feidhmeanna Matamaiticiúla, cuirtear acmhainní ar fáil chomh maith. Léirítear sa tábla thíos na háiteanna ina mbíonn éagsúlachtaí i gceist sna sonraíochtaí is déanaí a forbraíodh.

I gcás na hArdteistiméireachta Feidhmí, tá foirm theicniúil na modúl a ndearnadh athbhreithniú orthu le déanaí an-chosúil le foirm theicniúil na hArdteistiméireachta Bunaithe agus d'fhéadfadh neart de na gnéithe céanna a bheith iontu seachas roinnt eisceachtaí. Chomh maith leis sin, is minic a bhíonn acmhainní le fáil i modúil ATF agus go mbíonn treoirlínte measúnaithe iontu.

| Bliain ar Tugadh Isteach É | 2018 | 2018 | 2018 | 2019 | 2019 | 2020 | 2020 | 2021 | 2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Clár | ATB | ATB | ATB | ATB | ATB | ATB | ATB | ATF | ATF |
| Ábhar | Eacnamaíocht | Ríomheolaíocht | Eolaíocht Talmhaíocht a | Ealaí n | Matamaitic Fheidhmeach | Léann Clasaiceach | An Liotuáinis An Mhandairínis, An Pholainnis, An Phortaingéilis | Buntreoir don Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide | Béarla agus Cumarsáid |
| Fad na cáipéise (ina líon leathanaigh) | 33 | 34 | 34 | 36 | 27 | 30 | 35 | 28 | 59 |
| Taithí Oideachas na Sraithe Sinsearaí / na Meánscoile Sinsearaí | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Réamhrá/Réasúnaío cht | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Aidhmeanna | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Cuspóirí | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X | X |
| Foghlaim ghaolmhar | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Struchtúr/ Forbhreathnú | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Breac-chuntas ar na snáitheanna/modúil | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| An t-am a thugtar | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | X | X |
| Príomhscileanna lena n-áirítear | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| litearthacht agus uimhearthacht | | | | | | | | | |
| Foghlaim agus Teagasc | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Idirdhealú | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Snáitheanna Staidéir | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| *Foghlaimíonn an scoláire faoi* agus *Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire* (torthaí foghlama) | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Measúnú | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ | √ |
| Gluais de bhriathra gnímh | √ | √ | √ | √ | X | √ | X | X | X |
| Gluais príomhchoincheap agus príomhthéarmaí | X | √ | X | X | X | √ | √ | X | X |
| Gluais eile | X | X | X | √ | X | X | √ | Acmhainní | Acmhainní |

**Tábla 18:** Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí i bhfoirm theicniúil sonraíochtaí ábhair de chuid na hArdteistiméireachta Bunaithe agus na hArdteistiméireachta Feidhmí le déanaí.

Chun tacú leis an gcomparáid, cuirtear na codanna a airíonn an cúig dhlínse eile san áireamh ina sonraíochtaí curaclaim i gcomparáid, dá mhéid agus gur féidir, sa ghreille thíos. D'fhéadfadh na codanna seo a bheith in ord difriúil sna dlínsí éagsúla. Tabhair faoi deara, toisc go gcuireann scáthchreataí bonn eolais faoi fhorbairt curaclaim sa Nua-Shéalainn agus in Albain, seachas sonraíochtaí curaclaim ábhair aonair, déantar tagairt do phríomhcháipéisí eile a bhfuil comhpháirteanna curaclaim iontu .i. aidhmeanna agus cuspóirí gnóthachtála na Nua-Shéalainne agus an t-eolas a chuirtear ar fáil i Sonraíochtaí Cúrsaí na hAlban. Sa chás go dtagann an t-eolas ó áit eile seachas ó chreat, cuirtear é seo in iúl le réiltín.

| An Dlínse | Éire | Queensland | An Bhreatain Bheag | An Nua-Shéalainn | Ontario | Albain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Sonraíochtaí ábhar ar leith | Sonraíochtaí ábhar ar leith | Sonraíochtaí ábhar ar leith | Creat Curaclaim agus cáipéisí eile | Réimse sonraíochtaí foghlama | Creat & sonraíochtaí cúrsa SQA ar leith |
| Fad measta | 36 leathanach | 85 leathanach | 30 leathanach | Cáipéisí html ar líne | 250 leathanach | CfE: 317 leathanach Éagsúlacht i bhfad na sonraíochtaí cúrsa* |
| Taithí na sraithe sinsearaí | √ | X | X | X | X | X* |
| Réamhrá/Réasúnaíocht | √ | √ | √ | X | √ | √* |
| Aidhmeanna | √ | X | √ | X | √ | √* |
| Cuspóirí | √ | √ | √ | √* | X | X |
| Foghlaim Ghaolmhar | √ | X | √ | X | X | X |
| Struchtúr/ Forbhreathnú | √ | √ | X | X | √ | √* |
| Breac-chuntas ar na snáitheanna/modúil | √ | X | X | X | X | X |
| An t-am a thugtar | √ | √ | √ | X | X | √* |
| Príomhscileanna | √ | √ | √ | X | √ | √ |
| Litearthacht agus Uimhearthacht | √ | √ | X | √ | √ | X |
| Foghlaim agus Teagasc | √ | √ | X | √ | √ | √* |
| Idirdhealú | √ | X | X | X | √ | X |
| Snáitheanna Staidéir | √ | √ | √ | X | √ | X |
| *Foghlaimíonn an scoláire faoi* agus *Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire* (torthaí foghlama) | √ | √ | √ | X | √ | |
| Measúnú | √ | √ | √ | √ | √ | √* |
| Aguisíní lena n-áirítear gluais | √ | √ | √ | √ | √ | √* |

**Tábla 19:** Comparáid idir dhlínsí, a léiríonn comhpháirteanna i sonraíochtaí/creataí curaclaim éagsúla

De réir mar a léirítear i dtábla 19, tá neart rudaí comónta sna cuir chuige i dtaca le dearadh sonraíochtaí curaclaim i ndlínsí difriúla. D'fhéadfaí breathnú go leathan orthu seo amhail agus go gcuireann siad cineál 'dea-chleachtais' in iúl, mar sin féin, léirítear in anailís níos sonraí go d'fhéadfadh leanúnachas nó ciall dhifriúil a bheith ag an teanga agus na téarmaí a úsáidtear, ag brath ar an tslí ina n-úsáidtear iad i gcomhthéacs. D'fhéadfadh tuilleadh sonraí a bheith i gcodanna a bhfuil an t-ainm agus/nó an fheidhm chéanna acu i roinnt dlínsí ná i gcinn eile. D'fhéadfadh an leibhéal sonraí a bheith difriúil in ábhair dhifriúla laistigh den dlínse céanna fiú, bíodh agus go mbíonn na difríochtaí agus na héagsúlachtaí níos soiléire i measc sonraíochtaí a forbraíodh i bhfad ó shin nó a forbraíodh ag amanna an-difriúil, de ghnáth. Ar na cúiseanna seo, cé go bhféadfadh cuid a bheith i dhá dhlínse nó níos mó, níor cheart glacadh leis go gciallaíonn sé sin gurb ionann an cur chuige a ghlactar.

### Réamhrá/Réasúnaíocht:

I sonraíochtaí curaclaim na hÉireann, is gnách go gcuireann an réasúnaíocht roinnt alt ar fáil faoi nádúr an ábhair ábhartha, chomh maith lena ról agus a thábhacht i gcomhthéacs níos mó. Déanann sí tagairt do na scileanna a ghnóthaíonn scoláirí agus iad ag gabháil do na torthaí foghlama, na deiseanna a thagann chun cinn le linn an chúrsa staidéir agus an iliomad nasc is féidir a dhéanamh le hábhair agus le réimsí staidéir eile. Tá an chuid maidir le Réasúnaíocht i sonraíochtaí churaclaim **Queensland** cosúil le hÉireann i dtaobh faid, naisc a dhéanamh le hábhair eile, agus breac-chuntas a thabhairt ar thábhacht na n-ábhar. Déantar ceangail shoiléire le scileanna de chuid na 21ú aoise i sonraíochtaí curaclaim Queensland chomh maith.

In **Albain**, sa réasúnaíocht sna sonraíochtaí cúrsa a fhoilsíonn Údarás Cáilíochtaí na hAlban áirítear ráiteas gairid maidir leis an tslí ina bhfreagraíonn Cúrsaí Náisiúnta do Churaclam um Fheabhas na hAlban, agus bíonn ráiteas gairid eile ina dhiaidh maidir leis na buntáistí a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar ábhar ar leith agus na naisc a chuireann sé ar chumas an fhoghlaimeora a dhéanamh le réimsí foghlama eile. In **Ontario**, seachas réasúnaíocht, tá cuid i ngach sonraíocht a shonraíonn áit réimse ábhair ar leith sa churaclam níos leithne. I sonraíochtaí sa **Bhreatain Bheag**, a fhoilsíonn WJEC, tugtar breac-chuntas ar bhéim na sonraíochta ábhartha agus ar na deiseanna a chuireann sí ar fáil don fhoghlaimeoir.

### Aidhmeanna agus Cuspóirí

I sonraíochtaí uile na hÉireann le déanaí, i ndiaidh an choda maidir leis an réasúnaíocht, áirítear aidhmeanna agus cuspóirí araon, in dhá chuid dhifriúla. Agus alt ghairid ann de ghnáth, is gnáth go ndíríonn na haidhmeanna ar fheidhm na sonraíochta agus ar spriocanna fadtéarmacha. I bhformhór na ndlínsí a ndéantar staidéar orthu anseo, bíonn siad cuíosach gonta agus dírithe, mar a bhíonn siad in Éirinn. Cuirtear cuspóirí i láthair mar phointí urchair de ghnáth agus bíonn briathra gnímh chun tosaigh iontu. Tugtar breac-chuntas iontu ar na scileanna agus ar an eolas ar leith a mbeifear ag súil agus go bhforbróidh an scoláire i gcaitheamh dhá bhliain. Bíodh agus gur féidir éagsúlacht a bheith sa mhéid sonraí a chuirtear san áireamh sna cuspóirí, bíonn tuairim agus seacht gcuspóir i bhformhór de shonraíochtaí na hÉireann le déanaí.

In **Ontario**, ní luaitear aidhmeanna ná cuspóirí go sonrach sna sonraíochtaí, bíodh agus go ndéantar tagairt d'aidhmeanna uaireanta. I líon beag sonraíochtaí, Eolaíocht mar shampla, déantar tagairt gairid d'aidhmeanna mar chuid den Léargas Ginearálta ar an gClár.

Is é aidhm fhoriomlán an chláir eolaíochta meánscoile litearthacht eolaíoch a chinntiú do gach céimí meánscoile. Chun an aidhm seo a bhaint amach ar

bhonn níos fearr, deartar gach cúrsa sa chlár seo chun díriú ar an eolaíocht mar fhiontar gníomh-bhunaithe laistigh de chomhthéacs sóisialta seachas mar ghníomh intleachtúil amháin.
(*Ontario Curriculum for Science, Years 10-11, Ministry of Education, 2008*)

Cuirtear gach snáithe aonair i láthair le sraith mórionchas agus tá na hionchais seo cuíosach cosúil leis na cuspóirí a bhíonn le feiceáil i sonraíochtaí na hÉireann.

In **Albain**, tugtar breac-chuntas ar na móraidhmeanna le haghaidh gach foghlaimeoir, 3 go dtí 18 mbliana d'aois, sa Churaclam um Fheabhas (*Curriculum for Excellence, a Framework for Teaching and Learning*) (Rialtas na hAlban, 2008). Tugtar breac-chuntas ar aidhmeanna ar leith d'ábhair i sonraíochtaí cúrsa éagsúla, a fhoilsíonn Údarás Cáilíochtaí na hAlban (*Scottish Qualifications Authority*). Sa Churaclam um Fheabhas, sonraítear aidhm an-leathan don oideachas in Albain sa chuid tosaigh, Comhthéacs. Sonraítear aidhmeanna níos sonraí ina dhiaidh sin sa chreat, i bhfoirm ceithre phointe urchair. I sonraíochtaí cúrsa, a fhoilsíonn Údarás Cáilíochtaí na hAlban, díreach i ndiaidh réasúnaíocht an chúrsa, tá cuid dar teideal "Feidhm agus Aidhmeanna". Cuirtear tús leis an gcuid seo le halt gairid ina ndéantar achoimre ar fheidhm an chúrsa trí bhreac-chuntas leathan a thabhairt ar an méid a bhainfidh an scoláire amach le linn a chuid staidéir agus tá sé an-chosúil leis an tslí ina gcuirtear na haidhmeanna in iúl i sonraíochtaí na hÉireann. Cuimsíonn na haidhmeanna – a leanann an cuspóir – i sonraíochtaí cúrsa na hAlban na sainscileanna agus an tuiscint a fhorbróidh an scoláire. Agus iad á gcur in iúl i bpointí urchair, tá na haidhmeanna seo níos cosúla leis na cuspóirí i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta Bunaithe.

Sa **Bhreatain Bheag**, ar nós na hÉireann, tá aidhmeanna agus cuspóirí san áireamh i ngach sonraíocht ábhair (a fhoilsíonn WJEC agus a chreidiúnaíonn Rialtas na Breataine Bige). Murab ionann agus in Éirinn, i bhformhór na sonraíochtaí is gnách go dtagann na haidhmeanna agus na cuspóirí le chéile in aon chuid amháin, ina bhfuil sraith nó dhó de phointí urchair nó alt próis in amanna. Úsáidtear iad a mhalairt den tslí ina bhfeictear iad i sonraíochtaí na hÉireann. Is dócha go léiríonn an chéad chuid den chuid seo (na pointí urchair) na haidhmeanna. Cuirtear é seo in iúl i bhfoirm ráiteas a gcuirtear tús leo le briathra gnímh agus bíonn sé an-chosúil leis na cuspóirí de réir mar a bhíonn le feiceáil i sonraíochtaí na hÉireann. Is sraith spriocanna níos leithne a bhíonn sa dara liosta nó san alt a thagann ina dhiaidh (na cuspóirí is dócha) a bhíonn cosúil leis na haidhmeanna i sonraíochtaí na hÉireann.

I sonraíochtaí ábhair in **Queensland**, ní bhíonn aon chuid ar leith le haghaidh aidhmeanna, bíodh agus go luaitear iad go gairid sa réamhrá anois agus arís. Bíonn na cuspóirí níos soiléire agus bíonn siad le feiceáil i neart codanna difriúla den tsonraíocht churaclaim, agus iad scartha ina gcuspóirí siollabais agus aonaid. Tá na cuspóirí cosúil leis na cuspóirí i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta Bunaithe agus i modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí a athfhorbraíodh le déanaí, san áit go bhfuil na cuspóirí aonaid níos cosúla le Torthaí Foghlama ná cuspóirí. Bíonn éagsúlacht idir cuspóirí aonaid Queensland ó ábhar go hábhar. Mar shampla, tugtar breac-chuntas sa tsonraíocht Ghnó ar Timthriall an Ghnó agus liostaítear Uirlisí Anailíse ar dhá leathanach san áit go n-áirítear Gnéithe Teanga Éigeantacha i sonraíocht na Fraincise a sonraítear ar shé leathanach, agus áirítear cuid maidir le roghnú téacsanna agus cineálacha téacsanna chomh maith.

Tá an Nua-Shéalainn cuíosach difriúil, toisc go gceanglaítear cuspóirí go sonrach le gnóthachtáil. Baintear úsáid as an téarma cuspóirí sa Nua-Shéalainn sa tslí céanna agus a úsáidtear an téarma torthaí foghlama in Éirinn, a bheag nó a mhór.

### Foghlaim Ghaolmhar

Is é feidhm an chuid 'foghlaim ghaolmhar' i sonraíochtaí curaclaim na **hÉireann** ná béim a leagan ar leanúnachas ó chéimeanna roimhe sin san oideachas agus roinnt bealaí ina bhféadfadh foghlaim a bhaintear amach san ábhar seo a bheith chun tairbhe an scoláire sa todhchaí, de réir mar a théann sé ar aghaidh chuig foghlaim lasmuigh den scoil, a lua. Bíodh agus nach bhfuil cuid maidir le foghlaim ghaolmhar le feiceáil in aon dlínse eile a fhiosraítear sa pháipéar seo, tagraítear di ar shlí éigin i bhformhór na ndlínsí. In **Queensland** mar shampla, tugtar breac-chuntas in alt maidir le Conairí ar an tslí inar féidir le hábhar ar leith, agus an t-eolas agus na scileanna a chabhraíonn sé leis an scoláire a fhorbairt, a bheith úsáideach le haghaidh staidéar agus obair/gairmeacha amach anseo. Mar sin féin, ní cheanglaíonn an chuid seo an chéim seo den staidéar le céimeanna oideachais roimhe sin, mar a déantar in Éirinn. Glactar cur chuige an-chosúil leis seo in **Ontario.**

I gCuraclam na **Nua-Shéalainne**, tá breac-chuntas ar Chonairí Foghlama le linn na scoile agus ina diaidh. Ní bhaineann sé seo go sonrach le haon ábhar, rud atá difriúil le sonraíochtaí na hÉireann. Sainaithnítear conairí i dtreo dul chun cinn a dhéanamh i gCuraclam um Fheabhas na **hAlban**, bíodh agus go mbaineann sé seo go sonrach leis an uimhearthacht agus leis an litearthacht agus go bhfuil i bhfad níos lú ann ná mar atá i Sonraíochtaí na hÉireann. I sonraíochtaí TGO AF/A-Leibhéil na **Breataine Bige**, tá cuid ghairid tiomnaithe don réamhfhoghlaim agus don dul chun cinn.

In **Queensland**, in **Albain**, sa **Nua-Shéalainn** agus in **Éirinn**, áirítear tagairtí don sláinte agus don fholláine i gcáipéisí i stíl forbhreathnaithe nó creata ach ní luaitear iad sna sonraíochtaí curaclaim. In **Ontario**, tá roinnt tagairtí don fholláine sna sonraíochtaí curaclaim, i dtaca le tacú le folláine agus le cumas foghlama an scoláire, agus i dtaca le ról na meabhairshláinte agus na folláine. Tugtar breac-chuntas ar phlean gníomhaíochta i bhfad níos sonraí maidir leis an bhfolláine a chur chun cinn san oideachas sa cháipéis beartais *Achieving Excellence.* A Renewed Vision for Education in Ontario (2014).

### Príomhscileanna nó príomhinniúlachtaí

Féach caibidil 5 le do thoil chun teacht ar anailís shonrach ar na cuir chuige i leith scileanna/inniúlachtaí i réimse dlínsí idirnáisiúnta éagsúla.

### Leithdháileadh ama

Bíodh agus gur dearadh sonraíochtaí uile na hArdteistiméireachta Bunaithe le haghaidh íosmhéid 180 uair an chloig d'am teagmhála ranga, ní luaitear am ar aon chor (mar mheastachán nó iar aon slí eile) i modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí. San Albain, bíonn 25 uair an chloig d'am teagmhála ranga ag múinteoirí agus cinneann an scoil an líon uaireanta a leithdháiltear ar ábhair agus ar mhodúil. Chomh maith leis sin, deir Údarás Cáilíochtaí na hAlban go bhfuil "Cúrsaí Náisiúnta ag leibhéal Náisiúnta 5 agus níos airde bunaithe ar thuairim agus 160 uair an chloig d'fhoghlaim threoraithe agus 80 uair an chloig d'fhoghlaim féinstiúrtha [san áit go bhfuil] Sár-

Ardchúrsaí Náisiúnta ag sár-ardleibhéal bunaithe ar tuairim agus 160 uair an chloig d'fhoghlaim threoraithe agus 160 uair an chloig d'fhoghlaim fhéinstiúrtha..."[3]

Tugtar aghaidh ar an leithdháileadh ama ar shlí an-difriúil i sonraíochtaí na meánscoile sinsearaí in **Queensland**. Leithdháiltear 220 uair an chloig ar gach ábhar i gcaitheamh dhá bhliain agus bíonn ceithre aonad i gceist le gach ábhar. Luaitear go sonrach i sonraíochtaí curaclaim Queensland gur forbraíodh gach ceann de na ceithre aonad i gcomhair leithdháileadh ama tuairim agus 55 uair an chloig d'fhoghlaim agus de theagasc, lena áirítear measúnú. Chomh maith leis sin, laistigh de gach aonad, bristear síos na huaireanta cloig ina n-uaireanta measta in aghaidh na topaice. Mar shampla, san áit go mbíonn dhá thopaic in aonad, d'fhéadfaí tuairim agus 25 uair an chloig a leithdháileadh ar cheann amháin agus 30 ar an gceann eile. Áirítear líon ama sonraithe le haghaidh measúnú suimitheach inmheánach leis seo. Chomh maith leis sin, san áit go bhfuil tionscadal nó obair allamuigh i gceist, sonraítear gur cheart íoslíon uaireanta a chaitheamh air seo.

In **Ontario** bronntar creidiúint mar aitheantas ar chúrsa a ndearnadh sceidealú air le haghaidh íosmhéid 110 uair an chloig a chur i gcrích (é curtha i gcrích le marc deiridh 50 faoin gcéad nó níos airde). Bronnann an príomhoide creidiúintí ar son an Aire Oideachais i gcomhair cúrsaí a d'fhorbair nó a cheadaigh an aireacht. Is féidir leath-chreidiúint a bhronnadh le haghaidh gach cuid 55 uair an chloig de chúrsa 110 uair an chloig a d'fhorbair an aireacht i dtreoir leis an mbeartas a dtugtar breac-chuntas air i gcáipéisí beartais an churaclaim.[4]

Sa **Nua-Shéalainn**, ní dhéantar aon tagairt do leithdháileadh ama le haghaidh ábhair nó comhpháirteanna laistigh de na hábhair.

### Foghlaim agus Teagasc/Oideolaíochtaí

In **Éirinn**, bíodh agus go mbíonn ról an-tábhachtach ag Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i dtaca le tacú le tuiscint múinteoirí ar oideolaíochtaí agus ar fhorbairt an úsáid a bhaineann siad as, áirítear cuid maidir leis an teagasc agus foghlaim (nó vice versa) i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta Bunaithe agus i modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí. D'fhéadfadh níos mó nó níos lú eolais a bheith ann, ag brath ar an gcomhthéacs agus áirítear treoir maidir leis an idirdhealú sa seomra ranga agus/nó measúnú ann (de réir mar a thugtar breac-chuntas air thíos) nó bíonn sé san áireamh ina dhiaidh.

[3] *Design of National Courses and Units, Scottish Qualifications Authority*, Leagan 2.0, Márta 2020

[4] *Ontario Schools, Kindergarten to Grade 12: Policy and Program Requirements, 2016*, Cuid 7.1

Áirítear treoir maidir le cuir chuige i leith an teagaisc agus na foghlama laistigh de shonraíochtaí nó creataí i bhformhór na ndlínsí a fhiosraítear anseo. San áit nach n-áirítear, i gcás na **Breataine Bige**, cuimsítear é i gcáipéisí eile ar nós treoir le haghaidh teagaisc, mar shampla, cuimsítear an treoir le haghaidh teagaisc i Tíreolaíocht TGO/A-Leibhéil in dhá cháipéis ar leith, a bhfuil 230 leathanach iontu, lena n-áirítear samplaí de phleanáil le haghaidh aonaid éagsúla, forbairt maidir le hinneachar an chúrsa, chomh maith le cuir chuige agus acmhainní teagaisc agus foghlama molta.

I g*Curaclam na* ***Nua-Shéalainne***, tá na cuir chuige teagaisc agus foghlama i bhfad níos gonta. Tugtar breac-chuntas i gcuid atá trí leathanach ar fhad laistigh den Churaclam – dar teideal *Effective Pedagogy*, *Teacher actions promoting student learning* – ar na saghsanna cur chuige teagaisc a mbíonn “tionchar dearfach acu ar fhoghlaim an scoláire ar bhonn seasmhach”. Tá réimse leathan cur chuige sa chuid seo lena n-áirítear eolas maidir le timpeallacht foghlama thacúil a chruthú; smaointeoireacht agus gníomhaíocht athmhachnamhach a spreagadh; cur le hábharthacht na foghlama nuaí agus naisc a dhéanamh leis an réamhfhoghlaim. Tá cuid maidir le measúnú a bhfuil cuspóir leis nasctha leis an gcuid seo, a bhfuil liosta de thréithe an mheasúnaithe éifeachtaigh ann. Cuirtear leis an eolas seo le cuid maidir le hOideolaíocht Éifeacht ar shuíomh idirlín Curaclam ar Líne na Nua-Shéalainne (*New Zealand Curriculum Online*), a bhfuil físeáin maidir le réimse cur chuige teagaisc agus foghlama air. In **Queensland**, tugtar breac-chuntas sna sonraíochtaí ar straitéisí teagaisc agus foghlama ar cheart iad a chur san áireamh sa seomra ranga.

Tá cur chuige na **hAlban** i leith tacaíochtaí foghlama agus teagaisc difriúil arís. Toisc go bhforbraíonn agus go bhfoilsíonn Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) na sonraíochtaí cúrsa le haghaidh earnáil na meánscoile sinsearaí, leagtar an bhéim ar an measúnú sa tsonraíocht. Mar sin féin, bíonn cuid tiomanta do chuir chuige teagaisc agus foghlama ann de ghnáth. Bíonn éagsúlacht i bhfad an choda seo. Mar shampla sa Sár-Ardleibhéal Staire níl ann ach aon leathanach amháin ach san Ardchúrsa le haghaidh Nuatheangacha tá sé 7 leathanach ar fhad agus tá sé an-sonrach do theangacha, agus tá breac-chuntas ar chuir chuige i leith teagasc gach scil teanga.

### Idirdhealú, inrochtaineacht agus ionchuimsiú

De réir mar a dhéantar tagairt dó thuas, déantar foráil le haghaidh an idirdhealaithe i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta Bunaithe agus i modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí ar roinnt slite difriúla. Tá an méid sonraí i dtaca le hidirdhealú éagsúil i measc sonraíochtaí a (ath)fhorbraíodh le déanaí. Go ginearálta, bíonn eolas ginearálta sa chuid seo maidir le tábhacht an idirdhealaithe sa seomra ranga. Luaitear i roinnt sonraíochtaí go sonraítear ábhar an chúrsa ar bhonn leathan chun roghnú agus fiosrú topaicí ar na bealaí is mó a mbeadh suim ag gach foghlaimeoir iontu agus a bheadh ábhartha do shaol gach foghlaimeora a cheadú.

Tá tagairtí sonracha do ról an idirdhealaithe sna torthaí foghlama i roinnt sonraíochtaí, ar nós Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta (2018), Matamaitic Fheidhmeach (2019) agus Ealaín (2019). Déantar tuilleadh línithe air seo i gcás na hEacnamaíochta agus na Matamaitice Feidhmí i dtaca leis an measúnú, sa tslí agus go gcuirtear tábla ar fáil ina dtugtar breac-chuntas ar ról an idirdhealaithe ag an Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. I gcás na dtuairisceoirí modúil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach a athbhreithníodh le déanaí, tá an t-idirdhealú leagtha amach go soiléir agus leagtha amach i dtrí réimse; idirdhealú trí thorthaí foghlama; idirdhealú sa teagasc agus san fhoghlaim agus idirdhealú sa mheasúnú.

Ní úsáidtear an téarma idirdhealú sna sonraíochtaí ná sna creataí ó na dlínsí a fhiosraítear anseo, seachas **Ontario**. Cuirtear treoir ar fáil maidir le cur chuige idirdhealaithe i dtaobh an teagaisc agus

na foghlama ina sonraíochtaí a forbraíodh le déanaí, mar aon le treoir shonrach maidir leis an ionchuimsiú. Tá béim níos doimhne ar an ionchuimsiú i gceann de na sonraíochtaí is déanaí a forbraíodh in Ontario, Teanga Chomharthaíochta Mheiriceá mar Dhara Teanga (2021). Mar shampla, leagtar amach ann conas is fearr prionsabail an oideachais chuimsithigh a chur i bhfeidhm chomh maith le treoir a sholáthar maidir le hoideachas dúchasach agus le sábháilteacht chultúrtha.


In **Queensland**, tá clár sraithe sinsearaí ar leith ar a dtugtar Teastas Gnóthachtála Aonair Queensland (*Queensland Certificate of Individual Achievement*) (QCIA), ina aithnítear agus ina ndeimhnítear gnóthachtálacha foghlama an scoláire a bhfuil a chuid foghlama mar chuid de chlár foghlamtha saincheaptha. Tá croíchreat dar teideal Treoirlínte le haghaidh na Foghlama Aonair (*Guidelines for Individual Learning*) (GIL),[5] creat curaclaim, measúnaithe agus tuairiscithe le haghaidh scoileanna agus pleananna curaclaim saincheaptha á bhforbairt acu le haghaidh scoláirí na meánscoile sinsearaí atá ag oibriú i dtreo QCIA, mar bhonn faoi QCIA.

Tá an tábhacht a bhaineann le glacadh le hionchuimsiú a eascraíonn as peirspictíochtaí iar-choilíneacha maidir leis an timpeallacht gheopholaitiúil le sonrú in **Queensland**, in **Ontario** agus sa **Nua-Shéalainn**, ina ndéantar tagairt do dhaonraí bundúchasacha agus a aithníonn iad, san áit go bhfuil cuid i ngach sonraíocht sa **Bhreatain Bheag** ina deirtear gur cheart deiseanna a thabhairt don fhoghlaimeoir, nuair is cuí, machnamh a dhéanamh ar pheirspictíocht na Breataine Bige.

### Snáitheanna Staidéir

I bhformhór sonraíochtaí na hArdteistiméireachta a forbraíodh le déanaí, eagraítear an fhoghlaim ina snáitheanna staidéir (idir 2 agus 4 cinn de ghnáth). Luaitear i bhformhór na sonraíochtaí go ndéantar optamú ar rannpháirtíocht agus ar fhoghlaim an scoláire trí eispéireas lán-chomhtháite ar na snáitheanna ar fad. Chun struchtúr na snáitheanna a léiriú tuilleadh, is minic a chuirtear grafaic san áireamh. Mar shampla, baintear úsáid as stiall Möbius (sa phictiúr thíos) chun saintréith chomhtháite agus idirspleách na snáitheanna agus na ngnéithe i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta don Liotuáinis, don Sínis Mandairínis, don Pholainnis agus don Phortaingéilis a léiriú, sonraíochtaí a foilsíodh le déanaí.


[5] *Guidelines for Individual Learning (GIL)*, Bealtaine 2022, QCA




**Fíor 2:** Grafaic a léiríonn saintréith chomhtháite agus idirspleách na snáitheanna agus na ngnéithe (Creat Teangacha Iasachta na hArdteistiméireachta).

Laistigh de na snáitheanna ar leith, is gnáth go gcuirtear an fhoghlaim i láthair le halt amháin nó roinnt alt ina mínítear an fheidhm agus an fhoghlaim atá i gceist laistigh den snáithe. Chomh maith leis sin, uaireanta, mar atá i gcás Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, bíonn léaráid leis seo.

## Snáithe 1: Cad atá i gceist le heacnamaíocht?




Is snáithe aontach é Snáithe 1 ina leagtar amach an comhthéacs le haghaidh chúrsa Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta. Tugtar aghaidh i dtorthaí foghlama an tsnáithe seo ar luachanna, ar scileanna agus ar eolas ar leith a chothóidh an scoláire agus a ndéanfaidh sé forbairt orthu de réir mar a théann sé tríd an gcúrsa. Baineann an snáithe seo le bunchúrsa eacnamaíochta an scoláire agus an fhorbairt fhorásach air sin thar imeacht dhá bhliain, ina bhfuil a théamaí fite fuaite i dtorthaí foghlama na snáitheanna eile. De réir mar a théann an scoláire chun cinn trí gach snáithe, tiocfaidh forbairt chórasach ar a eolas bunúsach, ar a luachanna agus ar a scileanna eacnamaíocha. Bainfear leas as léann an scoláire san eacnamaíocht chun tacú le conclúidí eolacha dea-réasúnaithe.

Tugtar tús eolais don scoláire i Snáithe 1 ar bhunphrionsabail eacnamaíochta an ghanntanais agus na rogha. Tá acmhainní teoranta agus ní féidir le daoine na hearraí agus na seirbhísí uile a theastaíonn uathu a fháil. Níor mhór go dtuigfí cinntí ar leibhéil éagsúla – daoine aonair, gnólachtaí, gnóthaí, rialtais agus institiúidí eile – le go mbeifí in ann feidhmiú geilleagair a thuiscint.

Tugann inbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil comhthéacs ina bhfeidhmíonn an eacnamaíocht sa lá atá inniu ann. Baineann forbairt inbhuanaithe le daoine ag caitheamh saol sásúil i dtimpeallacht shláintiúil anois agus amach anseo. Tá sé riachtanach d'fholláine daoine agus an domhain go mbaintear fás geilleagrach amach gan dochar a dhéanamh don tsochaí ná don chomhshaol.

**Fíor 3:** Sonraíocht Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta, 2018

Tabhair faoi deara, i gcás na hArdteistiméireachta Feidhmí, seachas snáitheanna staidéir, scartar an curaclam ina modúil agus ina aonaid.

**Torthaí Foghlama** (*Foghlaimíonn an scoláire faoi* agus *Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire*) Ag leanúint ar aghaidh ón réamhrá snáithe, cuirtear an fhoghlaim i láthair ina dhá cholún; tugtar breac-chuntas sa chéad cholún ar thaobh na láimhe clé, dar teideal 'Foghlaimíonn an scoláire faoi' ar bhéim na foghlama agus dírítear sa cholún ar chlé ar cad a dhéanfaidh na scoláirí, ar a dtugtar torthaí foghlama de ghnáth. Tá sampla thíos de Réamhrá Snáithe agus den dá cholún de réir mar a bhíonn siad le feiceáil sa Snáithe Cruthaigh in Ealaín na hArdteistiméireachta. Sa sampla seo, tá focail aonair nó frásaí gairide sa cholún Foghlaimíonn an scoláire faoi san áit go leagtar na torthaí foghlama amach ina bpointí urchair.

## Snáithe Cruthaithe

San Ealaín, beidh an foghlaimeoir ag gabháil do phróiseas chun ealaín a chruthú, idir é a cheapadh go gcuirtear i gcrích é. Cruthóidh an foghlaimeoir saothar bunaithe ar spreagthach ag úsáid réimse scileanna agus na hábhair is rogha leis. De réir mar a fhorbraíonn sé a shaothar féin, tabharfar deis dó freisin freagairt dó de réir mar a théann sé chun cinn. Tabharfaidh sé seo deis dó na rudaí a oibríonn a thuiscint agus cabhróidh sé leis muinín a fháil chun treo a athrú más gá. I rith machnaimh ar an bpróiseas cruthaitheach, féadfaidh an foghlaimeoir scrúdú a dhéanamh ar a shaothar atá ag forbairt agus déanfaidh sé cinneadh chun é a chur i gcrích ina iomláine nó socróidh sé go bhfuil gá le tuilleadh taighde. Cuid thábhachtach den chruthú is ea go n-aithníonn sé freisin an nóiméad atá saothar críochnaithe agus cén uair is fearr stopadh.

Agus é ag foghlaim le saothar a chruthú, déantar cur síos agus léirítear an **Déanamh** atá bainteach sna torthaí foghlama; úsáid as na **Fiosrúcháin Chomhthéacsúla**, go háirithe san fhoghlaim chun tuiscint agus úsáid a bhaint as na gnéithe ealaíne agus na prionsabail deartha; an **Próiseas** atá bainteach sna línte fiosrúcháin seo a leanas agus cinneadh a dhéanamh ar an saothar críochnaithe; an t-eolas, scileanna agus tuiscint a theastaíonn chun cumarsáid a dhéanamh trína shaothar a **Chur i gcrích/Chur i láthair**. D'fhéadfaí cuid de na torthaí foghlama sa Snáithe Cruthaithe a chur i bhfeidhm ar dhéanamh praiticiúil na hoibre chomh maith leis an Amharcstaidéar.

| FOGHLAIMÍONN AN FOGHLAIMEOIR FAOI | BA CHEART GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN FHOGHLAIMEORA |
|---|---|
| 2.1 Déanamh | ‣ coincheapa a fhorbairt ar bhealaí samhlaíocha agus cruthaitheacha<br>‣ bunfhoinsí a léirmhíniú lena n-áirítear an timpeallacht nádúrtha agus thógtha, agus cruth an duine mar fhoinse inspioráide<br>‣ scileanna, eolas agus teicnící cuí a chur i bhfeidhm<br>‣ saothar críochnaithe a chruthú bunaithe ar a thaighde |
| 2.2 Fiosrúcháin chomhthéacsúla | ‣ na gnéithe ealaíne agus na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm agus a shaothar á chruthú agus á mheas<br>‣ critíc a dhéanamh ar a shaothar féin agus saothar daoine eile<br>‣ a thaithí ar an Amharcstaidéar a aistriú chuig a shaothar praiticiúil |

**Fíor 4:** Sonraíocht Ealaíne na hArdteistiméireachta, 2019

Sa chéad sampla eile, a tógadh ó Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta, níl aon réamhrá ar an snáithe, san áit go bhfuil beagáinín níos mó sonraí sa cholún ar thaobh na láimhe clé ná mar a bhí sa sampla roimhe seo agus go bhfuil uimhreacha ar na torthaí foghlama.

## Strand 3: Power and identity

| STUDENTS LEARN ABOUT | STUDENTS SHOULD BE ABLE TO: |
|---|---|
| **The time of Alexander or Caesar** | 3.1. Recognise key historical events that shaped the world of Alexander (the late Classical period) or Caesar (the late Roman Republic)<br>3.2. Identify key political and social tensions at the time in which Alexander or Caesar came to power<br>3.3. Compare maps showing the changes in political geography before and after the conquests of Alexander or Caesar |
| **The political and military exploits of Alexander or Caesar** | 3.4. Create an outline of the life of Alexander or Caesar.<br>3.5. Examine key moments and events during Alexander's Persian campaign or Caesar's Gallic campaign<br>3.6. Discuss the composition and tactics of the army of Alexander or Caesar in light of its operations during at least one major military event |

**Fíor 5:** Sonraíocht Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta, 2020

Sa sampla deireanach (thíos), a tógadh ó Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta, tá an réamhrá níos giorra, tá uimhreacha ar an gcolún ar thaobh na láimhe clé agus cuirtear na torthaí foghlama i láthair mar phointí urchair.

## Snáithe 3: Barra

Ina staidéar ar Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta, forbraíonn an scoláire tuiscint ar an ról agus an tábhacht atá le barra éagsúla, lena n-áirítear barra mar fhoráiste agus barra a ídíonn an duine, a mbainistiú agus a dtáirgeadh, agus a rannchuidiú d'fhorbairt inbhuanaithe sa todhchaí. In Éirinn, tá ár suíomh agus ár n-aeráid fabhrach do chóras féarbhunaithe den chuid is mó le haghaidh táirgeadh mairteola agus déiríochta. Tugann cláir inbhuanaitheachta náisiúnta páirtithe leasmhara le chéile chun tacú le táirgeadh éifeachtúil agus inbhuanaithe agus é a chur chun cinn sa todhchaí.

| FOGHLAIMÍONN AN SCOLÁIRE FAOI: | BA CHÓIR GO MBEADH SÉ AR CHUMAS AN SCOLÁIRE: |
|---|---|
| **3.1 Fiseolaíocht plandaí** | ▸ príomhstruchtúir an phlanda a cheangal lena phróisis bhunúsacha: fótaisintéis, riospráid, trasghalú agus ionsú cothaitheach<br>▸ cur síos a dhéanamh ar na prionsabail a bhaineann le feabhsú agus roghnú géiniteach<br>• tástáil cruthachtála<br>• tréithe fisiciúla<br>• tástáil sleachta<br>• géinitíopáil agus roghnú géanómaíochta<br>• roghnú nádúrtha<br>▸ na prionsabail a bhaineann le hinnealtóireacht ghéiniteach a thuiscint, ag sainaithint géinte i ngéanóim barr sainaitheanta agus a thuiscint cén chaoi a dtáirgeann siad próitéin chun dul i ngleic le galair barr ar leith |
| **3.2 Rangú/ aitheantas** | ▸ a chuid eolais ar struchtúr agus feidhm a chur i bhfeidhm chun féir, barra saothraithe agus fiailí éagsúla a shainaithint<br>▸ idirdhealú a dhéanamh idir saolréanna bliantúla, débhliantúla agus trébhliantúla<br>▸ an tábhacht atá le pórú plandaí agus cineálacha síolta a mhíniú |

**Fíor 6:** Sonraíocht Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta, 2018

I sonraíochtaí na hÉireann, déantar cur síos sna torthaí foghlama ar an méid ar cheart a bheith ar eolas ag an scoláire, ar an méid ar cheart dó a thuiscint agus ar an méid ar cheart a bheith ar a chumas a dhéanamh i ndiaidh tréimhse ama shainaithe. Déantar iarracht soiléire a bhaint amach sna torthaí foghlama sa tslí agus go bhfuil comhleanúnachas idir aidhmeanna agus cuspóirí an ábhair, na straitéisí foghlama agus teagaisc a ghlactar, comhtháthú an eolais agus na scileanna agus na cuir chuige mheasúnaithe a chuirtear i bhfeidhm. Mar a luadh ar leathanach 12, déantar conspóid maidir leis an méid atá – agus ba cheart – d'oideolaíochtaí a bheith intuigthe nó follasach laistigh de thorthaí foghlama agus sa tsonraíocht níos leithne.

Féadfaidh éagsúlacht a bheith ann sa líon torthaí foghlama i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta Bunaithe/tuairisceoirí modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí. I sonraíochtaí na hArdteistiméireachta Bunaithe le déanaí, ar an meán tá thart ar caoga toradh foghlama trasna na snáitheanna agus na ngnéithe éagsúla ach i dtuairisceoirí modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí, tá níos lú torthaí foghlama i ngach aonad, cé go bhfuil níos mó aonad san iomlán, mar sin tá thart ar an líon céanna san iomlán.

Sa dhá chlár, cuirtear tús le torthaí foghlama le briathra gnímh agus déantar cur síos ar an bhfoghlaim inmhianaithe iontu .i. an méid a bheidh ar eolas ag an bhfoghlaimeoir, an méid a thuigfidh sé agus an méid a bheidh ar a chumas a dhéanamh i ndiaidh tréimhse foghlama. In Éirinn, tá torthaí foghlama coitianta do gach foghlaimeoir agus leibhéal.[6] Caithfidh siad a bheith fairsing go leor ligean le gach foghlaimeoir iad a ghnóthachtáil agus a bheith sonrach go leor ionas gur féidir iad a thomhas agus a mheas.

I gcás sonraíochtaí ábhair/cúrsa in **Ontario**, eagraítear an fhoghlaim ina grúpaí foghlama. Is grúpaí téamacha ardleibhéil iad seo, atá cosúil leis na snáitheanna i sonraíochtaí na hÉireann. Tagann na mórionchais ina dhiaidh seo, a bhfuil tuairim agus trí phointe urchair i gceist leo. Sna hionchais seo déantar cur síos ginearálta ar an eolas agus ar na scileanna a bhfuiltear ag súil agus go léireoidh an scoláire iad faoi dheireadh an chúrsa. I sonraíochtaí ó Ontario le déanaí, nasctar scileanna inaistrithe ábhartha le mórionchais an chúrsa a bhíonn i gceist. Níl aon chomhionann do na Mórionchais i sonraíochtaí na hÉireann, seachas alt reacaireachta i roinnt sonraíochtaí, b'fhéidir. Laistigh de gach Snáithe, i ndiaidh na Mórionchas, tá fotheideal a bhfuil uimhir air, atá ar nós

[6] Is eisceachtaí iad Matamaitic agus Eolaíocht Ríomhaireachta na hArdteistiméireachta a bhfuil líon beag torthaí foghlama nó gnéithe de thorthaí foghlama iontu nach mbaineann ach leis an scoláire a bhfuil sé i gceist aige tabhairt faoin scrúdú ardleibhéil.

Snáithaonad i sonraíochtaí na hÉireann, agus bíonn ionchais shonracha (torthaí foghlama) le fáil ann. Baineann gach pointe urchair sna Mórionchais le fotheideal. Sa chéad sampla thíos ó Bitheolaíocht Grád 11, Ullmhúchán don Ollscoil, is é mórionchas an ghrúpa F1 de na torthaí foghlama ná 'F1. meas a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le húsáid inbhuanaithe plandaí le haghaidh sochaí Cheanada agus le haghaidh cultúir eile'.

Bíonn na torthaí foghlama in Ontario beagáinín níos sonraí ná in Éirinn, toisc go mbíonn eolas níos sonraí iontu. I gcás na gcúrsaí Matamaitice agus Eolaíochta, leanann ceisteanna samplacha, fadhbanna agus/nó saincheisteanna na torthaí foghlama, san áit, i gcás na heolaíochtaí sóisialta, na dteangacha, na hEalaíona agus roinnt ábhair eile, bíonn roinnt samplaí agus/nó leid(eanna) múinteora i ndiaidh na dtorthaí foghlama. Chomh maith leis sin, áirítear breac-chuntas ar an gclár i sonraíochtaí Ontario, mar aon le hionchais churaclaim le haghaidh gach foghlaimeoir beag beann ar an leibhéal.

Tá sampla thíos ó chuid de shonraíocht Bitheolaíocht Grád 11 Ullmhúchán don Ollscoil, a chuimsítear laistigh de Churaclam Eolaíochta Grád 11 agus 12. Léiríonn sé seo an tslí ina mbaineann na Mórionchais leis na saincheisteanna agus leis na ceisteanna samplacha a úsáidtear.

**'Snáithe F. Plandaí: Anatamaíocht, Fás, agus Feidhm**

**Mórionchais**
Faoi dheireadh an chúrsa seo déanfaidh an scoláire:
F1. meas a dhéanamh ar an tábhacht a bhaineann le húsáid inbhuanaithe plandaí le haghaidh sochaí Cheanada agus cultúir eile;
F2. iniúchadh ar struchtúir agus feidhmeanna fíocháin plandaí, agus ar thosca a mbíonn tionchar acu ar fhás plandaí;

F3. tuiscint a léiriú maidir le héagsúlacht plandaí soithíocha, lena n-áirítear a struchtúir, a gcórais iompair inmheánacha, agus a ról maidir leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú.

**Ionchais Shonracha**
**F1. An Eolaíocht a cheangal leis an Teicneolaíocht, leis an Sochaí agus leis an Timpeallacht**

Faoi dheireadh an chúrsa seo déanfaidh an scoláire:
**F1.1** meas, ar bhonn taighde, ar thábhacht na bplandaí le haghaidh fás agus forbairt sochaí Cheanada (m.sh. mar fhoinse bia, cógaisíocht, leighis na mbundúchasach, ábhair thógála, smachtú tuilte agus creimthe; mar acmhainn le haghaidh áineasa agus éiceathurasóireachta) [IP, PR, AI, C]

**Saincheist shamplach:** Tá poitéinseal eacnamaíoch ollmhór ag an earnáil talmhaíochta de réir mar a thagann méadú ar an éileamh ar tháirgí amhail bithbhreoslaí, bithcheimiceáin agus bithchógaisíocht. D'fhéadfadh bithfhoinsí tacú lenár gcuid iarrachtaí fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, sláinte a fheabhsú, agus tionchar ar an timpeallacht a íoslaghdú. Mar sin féin, tá lucht an cháinte buartha mar gheall ar thionchar na mbithfhoinsí ar an bhfáil atá ar bharraí bia agus ar phraghas an bhia.

**Ceisteanna samplacha:** Cén tslí ina gcuireann an ghluaiseacht um bhia áitiúil le forbairt pobail? Conas a chabhraíonn ath-thabhairt isteach speicis plandaí dhúchasacha le hais bruacha abhann le cosc a cur ar chreimeadh talún? Cad iad na speicis plandaí a mheastar a bheith tábhachtach i dtaca

le tacú le fás Cheanada san earnáil talmhaíochta? Conas a d'fheadfadh an méadú atá ag teacht ar ábhair thithíochta burlaí tuí tacú le hearnáil talmhaíochta Cheanada agus cur le hinbhuanaitheacht acmhainní nádúrtha eile?

Tabhair faoi deara nach bhfuil saincheisteanna agus/nó ceisteanna samplacha ach ag roinnt snáitheanna nó torthaí foghlama i sonraíochtaí ar nós na hEolaíochta agus cinn eile.

Léiríonn sampla eile a tógadh ón gcúrsa Drámaíochta, Grád 11, Ullmhúchán don Ollscoil/Choláiste (a chuimsítear laistigh den Churaclam Ealaíon), an tslí a n-úsáidtear samplaí agus leideanna múinteora laistigh de thorthaí foghlama.

**Snáithe B. Machnamh, Freagairt agus Anailísiú**

**Mórionchais**
**Faoi dheireadh an chúrsa seo déanfaidh an scoláire:**
**B1. Próiseas na hAnailíse Criticiúla:** úsáid a bhaint as próiseas na hanailíse criticiúla chun machnamh a dhéanamh ar a chuid saothar drámaíochta féin agus ar shaothair drámaíochta daoine eile agus chun é a mheas;
**B2. An Drámaíocht agus an tSochaí:** tuiscint a léiriú ar an tslí ina n-úsáideann nó inar úsáid sochaithe sa lá atá inniu ann agus ón am atá caite an drámaíocht, agus ar an tslí inar féidir le cruthú drámaíochta agus breathnú ar dhrámaíocht a bheith chun tairbhe daoine aonair, grúpaí, agus pobail;
**B3. Naisc Lasmuigh den Seomra Ranga:** an t-eolas agus na scileanna atá gnóthaithe aige trí ghníomhaíochtaí drámaíochta a shainaithint, agus tuiscint a léiriú ar na slite ar féidir leis an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna pearsanta, sóisialta agus gairme.

**Ionchais Shonracha**
**B1 Próiseas na hAnailíse Criticiúla**
B1.1 próiseas na hanailíse criticiúla a úsáid roimh agus i gcaitheamh tionscadail drámaíochta chun róil a dháileadh laistigh den ghrúpa, monatóireacht a dhéanamh ar phróiseas an ghrúpa, agus coigeartú a dhéanamh ar na róil agus ar an bpróiseas de réir mar is gá (m.sh. úsáid a bhaint as tobsmaointeoireacht agus plé grúpa chun smaointe a ghiniúint, róil a dháileadh, agus aontú ar phróiseas ina n-áirítear córas chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus aiseolas a chur ar fáil; úsáid a bhaint as scríobh dialainne chun machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn le linn cleachtaidh; uirlis féin/piarmheasúnaithe bunaithe ar chritéir forbartha an scoláire a chruthú agus a úsáid)
**Leideanna an Mhúinteora:** "Conas a choimeádfaidh tú súil ar dhul chun cinn do ghrúpa i gcaitheamh an phróisis cleachtaidh?" "Conas is féidir leat deiseanna a chuimsiú le haghaidh piaraiseolas sa phróiseas chun feabhas a chur ar shaothar cruthaitheach do ghrúpa?"

Ar nós na gCuspóirí i sonraíochtaí na hÉireann, eagraítear an fhoghlaim i sonraíochtaí **Queensland** ina cuspóirí siollabais. Mar sin féin, bíonn ceangal níos dírí acu seo le hinneachar níos déanaí sa mhéid agus go gcuireann siad bonn eolais faoi na Cuspóirí Aonaid (tá Aonad in Queensland ar nós Snáithe i sonraíochtaí na hÉireann agus Ontario). Cuirtear tús leis na cuspóirí siollabais seo le briathra cognaíochta (briathra gnímh) agus tugtar breac-chuntas ar an méid a bheidh deis ag an scoláire a fhoghlaim i ngach aonad agus ar an méid a bheidh sé ábalta a dhéanamh ag deireadh tréimhse foghlama. Difriúil ó CNCM, a úsáideann leagan leasaithe Anderson agus Krathwohl de

thacsanomaíocht Bloom agus tacsanomaíocht SOLO chun bonn eolais a chur faoi scríobh na dtorthaí foghlama, baineann Údarás Curaclaim agus Measúnachta Queensland (*Queensland Curriculum and Assessment Authority*) (QCAA) úsáid as Tacsanomaíocht Cuspóirí Oideachais Nua de chuid Marzano agus Kendall (2007) mar chreat le haghaidh a gcuid siollabais meánscoile sinsearaí agus tosaítear cuspóirí foghlama sna siollabais nua le briathar cognaíoch a dhéanann cur síos ar cé chomh domhain agus a éilleofar ar an scoláire a gcuid eolais a chur in iúl i gcaitheamh an mheasúnaithe (QCAA, 2018A).[6]

Ar nós úsáid na Mórionchas in Ontario, eagraítear an fhoghlaim i sonraíochtaí Queensland ina gCuspóirí Aonaid ansin a bhfuil uimhreacha orthu agus a thosaíonn le briathra gnímh. Déantar é seo a chomhthéacsú ansin le haghaidh ábhar agus riachtanais an aonaid (ar nós gnéithe agus torthaí foghlama). Tá sampla thíos de chuspóirí aonaid ó chúrsa Sinsearach na Bitheolaíochta 2019 (nuashonraithe Iúil 2022). Tabhair faoi deara go n-aibhsítear na príomhfhocail agus go dtagraíonn IA1 agus IA2 do mheasúnaithe Inmheánacha san áit go dtagraíonn EA do mheasúnaithe seachtracha.

### Cuspóirí aonaid

Baintear cuspóirí aonaid ó na cuspóirí siollabais agus cuirtear iad i gcomhthéacs le haghaidh ábhar agus riachtanais an aonaid. Caithfear measúnú a dhéanamh ar gach cuspóir aonaid uair amháin ar a laghad.

| Cuspóir Aonaid | IA1* | IA2 | EA |
|---|---|---|---|
| **1.** déan cur síos ar **dhinimic bhithéagsúlachta and éiceachórais agus** mínigh iad | | | • |
| **2.** cuir tuiscint ar **dhinimic bhithéagsúlachta agus éiceachórais** i bhfeidhm | • | • | • |
| **3.** déan anailís ar fhianaise maidir le **dinimic bhithéagsúlachta agus éiceachórais** | • | • | • |
| **4.** léirmhínigh fianaise maidir le **dinimic bhithéagsúlachta and éiceachórais** | • | • | • |
| **5.** fiosraigh feiniméin **a bhfuil baint acu le dinimic bhithéagsúlachta agus éiceachórais** | | • | |
| **6.** déan meas ar phróisis, ar éilimh **agus** ar thátail **maidir le dinimic bhithéagsúlachta agus éiceachórais** | | • | |
| **7.** cuir tuiscintí, torthaí **argóintí agus tátail maidir le dinimic bhithéagsúlachta agus éiceachórais in iúl**. | | • | |

**Tábla 20:** An Cúrsa Bitheolaíochta Sinsearach, Queensland, 2019

Amhail na hionchais shonracha i sonraíochtaí Ontario, agus na Torthaí Foghlama in Éirinn, tá liosta 'ábhar' i sonraíochtaí Queensland. I gcás fhormhór na n-ábhar, is colún amháin é seo le ráitis a thosaíonn le briathra gnímh. Tá an 't-ábhar' seo cosúil leis an gcolún 'Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire' i sonraíochtaí na hÉireann toisc go gcuirtear tús leis le liosta briathra gnímh, atá cosúil leis an gcolún 'Foghlaimeoidh an scoláire faoi' i sonraíochtaí na hÉireann.

Chomh maith leis an ábhar seo, tá colún breise ina bhfuil roinn treorach i líon beag sonraíochtaí in Queensland, mar Bhitheolaíocht Shinsearach. Seo sampla thíos ón tsonraíocht chéanna. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur annamh an rud é seo i sonraíochtaí Queensland agus go gcuirtear in oiriúint é go sonrach don ábhar a bhíonn i gceist:

| Ábhar | Treoir |
|---|---|
| **Bithéagsúlacht**<br>• **aithin** go n-áirítear na héagsúlachtaí speiceas agus éiceachóras le bithéagsúlacht<br>• **cinn** éagsúlacht speiceas agus úsáid á baint as slata tomhais ar nós saibhreas speiceas, cothroime (i gcomparáid le flúirse speiceas), céatadán clúdach, céatadán minicíochta agus innéacs éagsúlachta Simpson<br>• bain úsáid as innéacsanna éagsúlachta speiceas, idirghníomhaíochtaí speiceas (creachóireacht, iomaíocht, siombóis, galar) agus tosca aibitheacha (aeráid, substráit, méid/doimhneacht an cheantair) chun **comparáid** a dhéanamh idir éiceachórais thar scálaí spáis agus ama<br>• **mínigh** an tslí a gcuireann tosca timpeallachta teorainn le dáileadh agus le flúirse speiceas in éiceachóras.<br>• **Gné phraiticiúil éigeantach:** Éagsúlacht speiceas de ghrúpa orgánach a chinneadh bunaithe ar innéacs ar leith. | • **Tréimhse mheasta:** 9 n-uair an chloig<br>• **Úsáid** an comhthéacs áitiúil i gcaitheamh an aonaid chun na cuspóirí ábhair a fhorbairt.<br>• Ba cheart go dtacófaí le hinnéacsanna agus tomhais éagsúlachta i gcaitheamh na hoibre allamuigh agus iad a bheith bunaithe ar rangú. Tomhais bithéagsúlachta, .i. ba cheart saibhreas speiceas (S) agus innéacs éagsúlachta Simpson (D) a úsáid nuair is infheidhme.<br>• **Foirmle:** An fhoirmle a úsáidtear chun cainníochtú a dhéanamh ar bhithéagsúlacht gnáthóige ná innéacs éagsúlachta Simpson (SDI), a léirítear mar:<br>$SDI = 1 - \left(\frac{\sum n(n-1)}{N(N-1)}\right)$<br><br>san áit go bhfuil:<br>N = líon iomlán na n-orgánach de gach speiceas<br>n = líon na n-orgánach de speiceas amháin<br><br>• **Scil láimhsithe:** Bain úsáid as an teicneolaíocht **chuí**,<br>• **Scil láimhsithe:** Bain úsáid as an teicneolaíocht **chuí**, ar nós logálaithe sonraí, tástálacha ceimiceáin, feadáin mhoirtiúlachta agus fearas eile chun tosca a thomhas.<br>• **Gné phraiticiúil molta:** Tosca aibitheacha a thomhas sa seomra ranga ag baint úsáid as samplaí ón ngort (m.sh. pH, cothaithigh nítrigine, salandacht, carbónáití, moirtiúlacht).<br>• **Gné phraiticiúil molta:** Tosca aibitheacha a thomhas sa ghort (m.sh. ocsaigin tuaslagtha, solas, teocht, luas gaoithe, ráta insíothlaithe). |

**Próisis rangaithe**

- **aithin** gur féidir le haicmiú bitheolaíoch a bheith ordlathach agus bunaithe ar leibhéil éagsúla cosúlachta idir gnéithe fisiceacha, modhanna atáirgeadh agus seichimh mhóilíneacha
- **déan cur síos ar** na córais rangaithe le haghaidh
- cosúlacht idir tréithe fisiciúla (córas Linnaean)
- modhanna atáirgthe (éighnéasach, gnéasach – roghnú K agus r)
- seichimh mhóilíneacha (fíligineacht mhóilíneach – a nglaoitear cládaistíocht air chomh maith)
- **sainmhínigh** an téarma clád
- **tabhair chun cuimhne** go mbíonn comhshinsearacht, ladhráil agus athrú fisiciúil i measc na mbonn tuisceana comónta sa chládaistíocht
- **léirmhínigh** cládagraim chun gaolmhaireacht éabhlóideach idir grúpaí orgánach a infeiriú
- **déan anailísiú ar shonraí** ó sheichimh mhóilíneacha chun infeiriú a dhéanamh ar ghaolmhaireacht éabhlóideach speiceas
- aithin an gá le sainmhínithe éagsúla ar speiceas
- **sainaithin** sampla amháin de hibrid idirspeiceasach nach dtáirgeann sliocht torthúil (m.sh. miúil, *Equus mulus*)
- **mínigh** rangú orgánach de réir na n-idirghníomhaithe speiceas seo a leanas: creachóireacht, iomaíocht, siombóis agus galar
- **tuig** go bhfuil éiceachórais comhdhéanta de ghnáthóga ilchineálacha (micrea-ghnáthóg go héiceaicréigiún)
- **léirmhínigh** sonraí chun éiceachóras a **rangú** agus a ainmniú
- **mínigh** conas gur céim thábhachtach i dtreo bainistíocht éifeachtach éiceachórais é an próiseas rangaithe éiceachórais (déan meas ar fhoraoisí seanfháis, ithreacha táirgiúla agus sceireacha coiréil)
- **déan cur síos** ar phróiseas na samplála srathaithe i dtéarmaí cuspóra (daonra, dlús, dáileadh, grádáin agus próifílí comhshaoil, criosú, srathú a mheas)
- roghnú suímh
- rogha teicníce suirbhéireachta éiceolaíche (cuadraí, traschrios)
- claonadh a íosmhéadú (méid agus líon na samplaí, gineadóirí uimhreacha randamacha, critéir chomhairimh, trealamh a chalabrú agus nóta a dhéanamh den chruinneas a bhaineann leis)

**Tréimhse mheasta:** 12 uair an chloig

- Ba cheart go **dtuigfeadh** an scoláire go bhfuil baint dhíreach ag coincheap an aicmithe leis an gcuspóir a n-úsáidfear na **sonraí**.
- Ba cheart don scoláire a **aithint** nach mbraitheann córas Linnean ar thréithe fisiciúla amháin chun rangú a dhéanamh.
- Ba cheart go dtacódh an anailís ar na sonraí goirt leis an rangú.
- Ba cheart go n-aithneodh an scoláire go nglactar leis go gcruinníonn seichimh chaomhnaithe (m.sh., DNA miteacoindreach) sócháin ag ráta leanúnach le himeacht aimsire agus, mar sin, go gcuireann siad modh ar fáil chun dáta a chur le dibhéirseacht.
- Ba cheart go mbeadh **sainaithint** feidhmeanna na fíligineachta móilíní (barrachódú DNA agus
- tástáil ghéiniteach) ceangailte le tuiscint ar an ábhar in Aonad 4.
- Tagair don ghluais le haghaidh sainmhíniú ar ***chlád***.
- Ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoláire ar **theorainneacha** na sainmhínithe difriúla ar speiceas, m.sh coincheap bitheolaíoch na speiceas agus coincheap fíligineachta na speiceas.
- D’fheadfaí rangú éiceachórais a bheith bunaithe ar scéim rangaithe limistéir beatha Holdridge, ar chóras rangaithe Specht, ar chóras rangaithe ANAE nó ar chóras rangaithe gnáthóige EUNIS.

| | |
|---|---|
| • modhanna cur i láthair agus anailísithe sonraí.<br>• **Gné phraiticiúil éigeantach:** **Úsáid** próiseas na samplála srathaithe chun sonraí goirt bitheacha agus aibitheacha príomha a **bhailiú** agus a anailísiú chun rangú a dhéanamh ar éiceachóras. | |

**Tábla 21:** An Cúrsa Bitheolaíochta Sinsearach, Queensland, 2019

Áirítear treoracha marcála sainionstraime i sonraíochtaí Queensland, ina dtugtar breac-chuntas ar thréithe ionchasacha le haghaidh saothar an scoláire agus na marcanna a leithdháiltear ag gach leibhéal. D'fhéadfaí a argóint go gcuirtear an méid sonraí seo ar fáil chun tacú le measúnú suimitheach inmheánach de chuid na múinteoirí agus chun tacú le leanúnachas agus le comhthuiscint ar na caighdeáin i measc scoileanna.

Baintear úsáid as struchtúr difriúil i sonraíochtaí cúrsa na **hAlban**, a chruthaíonn Údarás Cáilíochtaí na hAlban. In ionad torthaí foghlama, cuimsíonn sonraíochtaí sonraí na scileanna, an eolais agus na tuisceana a sampláladh i measúnú an chúrsa, cé go bhfuil éagsúlacht mhór sa tslí ina gcuirtear é seo in iúl ó ábhar go hábhar. Mar shampla, in Stair Ardleibhéal AF, cuirtear tábla ar fáil le haghaidh gach ceann de deich dtopaic a d'fhéadfaí a clúdach laistigh de gach príomh-shaincheist le haghaidh gach réimse staidéir. Áirítear achoimre maidir leis an bhfoghlaim sa tábla agus tá príomh-shaincheisteanna atá laistigh den réimse staidéir sin. Bristear síos an ceann deireanach acu siúd i liosta pointí urchair ina dtugtar breac-chuntas ar an inneachar. I gcontrárthacht leis sin, tugtar breac-chuntas sa chúrsa Fisice ar an méid ar cheart a bheith ar eolas ag an scoláire ó ghnéithe ar leith den fhisic m.sh leictreamaighnéadas agus an tslí inar cheart dóibh a bheith ábalta an méid atá ar eolas acu a úsáid chun fadhbanna a réiteach.

I sonraíochtaí na **Breataine Bige**, déantar achoimre ar an bhfoghlaim ag tús na sonraíochtaí, ar nós an chuid forléargais i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta. Tagann na haonaid (ar nós Snáitheanna) ina dhiaidh seo, a mbíonn ceithre cinn ann de ghnáth.

I ndiaidh n-aidhmeanna agus na gcuspóirí, tugtar breac-chuntas ar an 'inneachar ábhair' (de réir mar a thugtar air). Ansin tá réamhrá le haghaidh gach aonad a luann an tslí ina ndéanfar measúnú ar gach aonad; fad an scrúduithe deiridh; céatadán ualaithe agus an luath atá aige seo i dtaca leis an gcáilíocht iomlán.

Laistigh de gach aonad, bristear an fhoghlaim síos ina 'réimsí inneachair', atá cosúil leis an gcolún 'Foghlaimíonn an scoláire faoi', mar atá aithne orthu i gcás na hArdteistiméireachta, bíodh agus go bhfuil cuid mhaith níos mó dóibh i sonraíochtaí na Breataine Bige.  Cuimsítear "soiléirithe" sna réimsí inneachair, ráitis iad seo atá ar nós torthaí foghlama sa mhéid agus go dtosaíonn siad ar bhriathra gnímh, bíodh agus go bhfuil i bhfad níos mó dóibh agus go bhfuil siad an-sonrach agus an-mhionsonraithe.

Mar shampla, tá 4 aonad (snáithe) agus 29 réimse inneachair (aonad) agus breis agus 380 soiléiriú i gceist le Curaclam Gnó TGO AF agus A-Leibhéal. Tá breis agus 7 réimse inneachair in 'Aonad 4: Gnó i nDomhan atá ag Athrú', laistigh den aonad seo déantar tagairt dóibh mar

- Athrú
- Bainistíocht riosca
- Tosca PEST
- Tosca eiticiúla, dlíthiúla agus timpeallachta
- Trádáil idirnáisiúnta
- Domhandú
- An tAontas Eorpach

Tá 81 soiléiriú ann i measc na 7 réimse inneachair san aonad seo go hiomlán. Tá na soiléirithe le haghaidh an chéad dhá réimse inneachair (athrú agus bainistíocht rioscaí) le fáil thíos:

| Ábhar | Soiléiriú |
| --- | --- |
| Athrú | **Mínigh** na cúiseanna a bhíonn leis an athrú sa ghnó lena n-áirítear athrú i méid an ghnó, athrú san úinéireacht, forbairtí sa teicneolaíocht, athruithe margaidh, spéiseanna na dtomhaltóirí, reachtaíocht, athruithe sa lucht saothair agus athruithe sa gheilleagar<br>**Déan idirdhealú** idir cúiseanna athraithe inmheánacha agus seachtracha<br>**Déan idirdhealú** idir athrú pleanáilte agus neamhphleanáilte<br>**Mínigh** na héifeachtaí a bhíonn ag athruithe ar ghnó lena n-áirítear an gá le modhanna táirgthe a athrú agus trealamh a uasdátú, an gá le táirgí nua a fhorbairt, an gá riachtanais dlíthiúla a chomhlíonadh, an gá an lucht saothair a choinneáil agus an gá margaí nua a chuardach.<br>**Mínigh** an tábhacht a bhaineann le hathruithe a bhainistiú go héifeachtach<br>**Mínigh** cuir chuige dhifriúla i dtaca le hathruithe a bhainistiú lena n-áirítear ceithre chur chuige dhifriúla J. Storey<br>Mínigh an chúis go bhféadfadh cur in aghaidh a bheith ann in aghaidh athruithe agus slite ina bhféadfaí fáil réidh leis an gcur i gcoinne lena n-áirítear próiseas trí chéim Lewin, athruithe sa chultúr eagraíochta agus ról na ceannasaíochta.<br>**Mínigh** an tslí inar féidir bainistiú athruithe a mheas<br>**Déan measúnú** ar thionchar an athruithe ar ghnó agus ar a chuid páirtithe leasmhara<br>**Déan measúnú** ar an tábhacht a bhaineann le bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar athruithe |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht Riosca | **Sainaithin** na rioscaí ar dócha go mbeidh teagmháil ag gnóthaí leo, lena n-áirítear tubaistí nádúrtha, teip ar threalamh/theicneolaíocht, earráidí fostaithe, fadhbanna soláthair, tosca eacnamaíocha, dúshláin dhlíthiúla, caidreamh poiblí agus teipeanna táirgí<br>**Mínigh** go mbíonn dóchúlacht níos mó go dtarlóidh rioscaí áirithe ná cinn eile agus go mbeidh tionchar aige seo ar an gcinneadh maidir leis an méid airgid a bheidh gnó toilteanach a chaitheamh chun iad a chosc<br>**Mínigh** tábhacht an mheasúnaithe riosca mar uirlis chun rioscaí a sheachaint<br>**Mínigh** an tslí inar féidir déileáil le roinnt rioscaí le gníomhartha coisc ar nós aisréadóirí uisce a shuiteáil, cóip cúltaca a dhéanamh de shonraí TF agus oiliúint a chur ar fhostaithe<br>**Mínigh** an difríocht idir rioscaí inárachaithe agus neamh-inárachaithe<br>**Mínigh** a bhfuil i gceist le pleanáil theagmhasach agus le bainistíocht ghéarchéime<br>**Mínigh** slite inar féidir le gnó pleanáil theagmhasach a úsáid chun déileáil le rioscaí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a chuid gníomhaíochtaí, ar nós cistí teagmhasacha a bheith acu, socruithe táirgthe ailtéarnacha a bheith acu, freagrachtaí a leithdháileadh ar bhainisteoirí/fhostaithe agus déileáil le caidreamh poiblí i gcás géarchéime<br>**Déan measúnú** ar na freagairtí a d'fhéadfadh a bheith ag gnólacht ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith os a chomhair **Déan measúnú** ar thábhacht na bainistíochta riosca agus na pleanála teagmhasaí le haghaidh gnó agus a chuid páirtithe leasmhara |

**Tábla 22:** Sonraíocht TGO AF/ A-Leibhéal sa Ghnó, lch 27, WJEC, 2019

Is ábhar iontais é a laghad briathra gnímh a úsáidtear sna soiléirithe thuas, agus iad ag brath go mór ar na briathra 'mínigh' agus 'déan meas'.

Sa **Nua-Shéalainn**, tugtar breac-chuntas difriúil ar an bhfoghlaim toisc gur scáthcháipéis é curaclam na Nua-Shéalainne nach mbaineann go sonrach le hábhar ar leith. Cuirtear cuspóirí, táscairí, cáilíochtaí measúnaithe agus caighdeáin ghnóthachtála ar fáil le haghaidh gach ábhar agus gach leibhéal agus foilsítear iad iontu féin ar shuíomh idirlín na hAireachta Oideachais.

Is ráitis an-mhionsonraithe iad cuspóirí gnóthachtála atá cosúil go leor le torthaí foghlama, ag tosú le briathra gnímh agus a bhfuil toradh measartha sainiúil agus intomhaiste go minic acu. Mar shampla, tá an méid seo a leanas san áireamh i measc na gCuspóirí Gnóthachtála le haghaidh Tíreolaíocht Leibhéal 8

### Cuspóir Gnóthachtála 8.1

Gnóthóidh an scoláire eolas, scileanna agus taithí chun:
tuiscint a fháil ar an tslí ina múnlaíonn próisis a idirghníomhaíonn lena chéile timpeallachtaí nádúrtha agus cultúrtha agus ar an tslí ina dtarlaíonn siad ag rátaí difriúla agus ar scálaí difriúla agus an tslí ina gcruthaíonn siad éagsúlachtaí spáis.

### Táscairí

- Déanann sé anailís ar na hidirghníomhíochtaí idir próisis nádúrtha agus/nó cultúrtha a mhúnlaíonn timpeallacht.
- Sainaithníonn agus míníonn sé an áit agus an tslí ina bhfeidhmíonn próisis ag rátaí agus scálaí difriúla i dtimpeallacht.
- Déanann sé cur síos ar chineál agus ar dháileadh gnéithe difriúla i dtimpeallacht agus cuireann sé san áireamh iad.
- Mínithe comhthéacs féideartha
- An tslí in gcruthaíonn próisis a idirghníomhaíonn lena chéile éagsúlachtaí spáis agus ama ag Trá Muriwai.
- Sainaithníonn sé éagsúlachtaí spáis próiseas chultúrtha i suíomh sonraithe agus tugann sé cúiseanna ina leith.
- Forbraíonn sé an creat le haghaidh tionscadal taighde agus cuireann sé i bhfeidhm é.
- Na cúiseanna a bhíonn le forbairt pátrún turasóireachta in áiteanna difriúla i gcaitheamh tréimhsí ama difriúla.

### Measúnú i gcomhair cáilíochtaí

- Cuimhnigh ar an tslí ina bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire trí úsáid a bhaint as caighdeáin ghnóthachtála na tíreolaíochta.
- Cuimhnigh ar naisc ailtéarnacha idir an cuspóir gnóthachtála agus na caighdeáin ghnóthachtála.

### Caighdeáin ghnóthachtála

- 91426 Tíreolaíocht 3.1 Léirigh tuiscint ar an tslí ina múnlaíonn próisis nádúrtha a idirghníomhaíonn lena chéile timpeallacht thíreolaíoch de chuid na Nua-Shéalainne; Seachtrach, 4 chreidiúint.
- 91427 Tíreolaíocht 3.2 Léirigh tuiscint ar an tslí ina múnlaíonn próisis cultúrtha timpeallacht(aí) tíreolaíocha; Seachtrach, 4 chreidiúint.
- 91428 Tíreolaíocht 3.3 Déan anailís ar imeacht comhaimseartha suntasach ó pheirspictíocht thíreolaíoch; Inmheánach, 3 chreidiúint.
- 91429 Tíreolaíocht 3.4 Léirigh tuiscint ar thimpeallacht(aí) tugtha trí coincheapa agus scileanna tíreolaíocha a roghnú agus a chur i bhfeidhm; Seachtrach, 4 chreidiúint.
- 91430 Tíreolaíocht 3.5 Taighde tíreolaíoch a dhéanamh le comhairliúchán; Inmheánach, 5 chreidiúint.
- 91431 Tíreolaíocht 3.6 Déan anailís ar ghnéithe de shaincheist tíreolaíochta chomhaimseartha; Inmheánach, 3 chreidiúint.
- 91432 Tíreolaíocht 3.7 Déan anailís ar thopaic thíreolaíoch ar scála domhanda; Inmheánach, 3 chreidiúint.
- 91433 Tíreolaíocht 3.8 Cuir anailís spáis i bhfeidhm, le comhairliúchán, chun fadhb thíreolaíoch a réiteach; Inmheánach, 3 chreidiúint.

(https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Geography/Achievement-objectives/Level-8 Rochtain ar líne 3 Ean 2023)

Is léir ó anailís a dhéanamh ar na sonraíochtaí éagsúla, ó na dlínsí ábhartha, go scafláiltear na torthaí foghlama ar shlite difriúla. San áit go n-úsáidimidne dhá cholún faoi láthair ('Colún Foghlaimíonn an scoláire faoi' ar thaobh na láimhe clé agus 'Beidh ar chumas an scoláire' ar thaobh na láimhe deise – na torthaí foghlama), bíonn an cur chuige seo difriúil i ndlínsí eile. Tá na

difríochtaí is suntasaí le sonrú i leithéidí Ontario agus Queensland. Tá úsáid na Mórionchas in Ontario agus na Cuspóirí Aonaid in Queensland chun na snáitheanna a chur i láthair cuíosach difriúil le cur chuige na hÉireann nó na Breataine Bige nó na hAlban go deimhin féin. Ina theannta sin, in Queensland agus in Ontario go háirithe, tugtar eolas níos sonraí i dteannta na dtorthaí foghlama ar nós saincheisteanna samplacha, ceisteanna, leideanna agus samplaí. Déanfar tuilleadh meas ar na himpleachtaí agus ar an bhfoghlaim i gcomhair foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim sa pháipéar seo, san achoimre ar an gcaibidil seo agus sna tátail deiridh.

### Measúnú

Agus foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim i gceist, tá an méid sonraí a chuirtear ar fáil i dtaca leis an measúnú fíor-éagsúil i measc na ndlínsí. Go minic bíonn níos mó ná doiciméad amháin a leathnaíonn ar an ngaol idir an bhfoghlaim ba cheart do scoláirí a eispéireas san ábhar atá i gceist agus an measúnú ba cheart a dhéanamh.

In **Éirinn**, is é an chuid Measúnú an chuid deireanach nó an dara chuid deireanach i sonraíochtaí Curaclaim na hArdteistiméireachta Bunaithe (ag brath ar an bhfuil gluais nó aguisíní ann nó nach bhfuil). Tugtar breac-chuntas anseo ar an tslí ina ndéanfar measúnú ar na haidhmeanna, ar na cuspóirí agus ar na torthaí foghlama ar mhaithe le teistiúcháin. Tugtar breac-chuntas ann ar gach comhpháirt measúnaithe, lena n-áirítear an scrúdú deireadh cúrsa agus aon obair chúrsa, nuair is cuí. Soláthraíonn sé miondealú freisin ar leithdháileadh na marcanna do na comhpháirteanna éagsúla. Chomh maith leis seo, tugtar breac-chuntas sna critéir mheasúnaithe ar an gcuma a bhíonn ar ghnóthachtáil íseal, meán-ghnóthachtáil agus gnóthachtáil ard in ábhar laistigh de chomhpháirteanna measúnaithe difriúla. Cé go leanann ábhair nuafhorbartha teimpléad comónta, tá scóip ann chun roinnt éagsúlachta a dhéanamh, de réir mar is cuí don ábhar atá i gceist. Tá Treoirlínte do Mheasúnú Obair Chúrsa ar leith ag ábhair a bhfuil comhpháirt amháin nó níos mó d'obair chúrsa iontu a thugann treoir mhionsonraithe do mhúinteoirí.

I dtuairisceoirí modúil na hArdteistiméireachta Feidhmí, tugtar faoi mheasúnú ar bhealach difriúil. I gcás roinnt de na hábhair is déanaí a ndearnadh athbhreithniú orthu, cuirtear príomhthascanna agus/nó treoirlínte measúnaithe ar fáil.

Murab ionann agus cleachtais mheasúnaithe reatha in Éirinn, is go hinmheánach den chuid is mó a dhéantar an measúnú ag leibhéal na meánscoile sinsearaí in **Ontario**, áit a mbronntar creidiúintí as cúrsaí a shocraítear go hinmheánach a chur i gcrích go rathúil; bronntar 70% de na marcanna ar bhonn an mheasúnaithe a dhéantar le linn an chúrsa; 30% ar bhonn measúnú cúrsa deiridh a d'fhéadfadh a bheith ina scrúdú. Bronnann príomhoide na scoile creidiúintí ar son an Aire Oideachais i gcomhair cúrsaí a d'fhorbair nó a cheadaigh an Aireacht.

Bristear síos an measúnú i sonraíochtaí cúrsa Ontario ina ábhair mhachnaimh bhunúsacha agus ina cairteacha gnóthachtála. Is é feidhm na gcairteacha gnóthachtála ná creat comónta a chur ar fáil a chuimsíonn na hionchais churaclaim le haghaidh gach cúrsa; forbairt tascanna agus uirlisí measúnaithe (lena n-áirítear rúibricí) a threorú; cabhrú le múinteoirí teagasc chun na foghlama a phleanáil agus tacú leo aiseolas fiúntach a chur ar fáil don scoláire agus catagóirí agus critéir éagsúla a chur ar fáil gur féidir a úsáid chun measúnú agus meas a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire. Scartar cairteacha gnóthachtála ina gcatagóirí eolais agus scileanna lena n-áirítear Eolas agus Tuiscint; Smaointeoireacht; Cumarsáid agus Cur i bhfeidhm. Tugtar breac-chuntas sna

cairteacha gnóthachtála ar an eolas agus ar na scileanna a bheifí ag súil agus go léireodh scoláirí ag leibhéil éagsúla (idir 50% agus 100%).

Tá athrú tagtha ar an gcur chuige i leith measúnaithe in **Queensland** le blianta beaga anuas. San am atá caite rinneadh an measúnú ar fad go hinmheánach. Tá gné den mheasúnú seachtrach tugtha isteach a chuireann le 25% de thoradh deiridh ábhair an scoláire i bhformhór na n-ábhar, cé is moite den Mhatamaitic agus Eolaíocht ina bhfuil an t-ualú comhionann ag measúnú seachtrach agus inmheánach ag 50% an ceann.  Tá sé seo cosúil go leor anois le hualú marcanna Ontario thar mheasúnú inmheánach agus seachtrach. Chun tacú le breithiúnas a mhúinteora sa mheasúnú inmheánach (scoilbhunaithe), cuirtear sonraíochtaí measúnaithe, a dtugtar *Instrument-specific Marking Guides* (ISMGanna) orthu, ar fáil le haghaidh gach comhpháirt measúnaithe inmheánach. Ailíníonn na ISMGanna leis cuspóirí measúnaithe an ábhair a bhíonn i gceist agus déantar cur síos ar thréithe saothar an scoláire le haghaidh gach measúnú inmheánach iontu. Sainaithnítear an méid a chuireann gach measúnú inmheánach le toradh iomlán an scoláire san ábhar sna ISMGanna chomh maith.

Ar nós Queensland, tá measúnú inmheánach agus seachtrach ag scoileanna sa Nua-Shéalainn agus tá dhá phríomhchineál caighdeáin ann – caighdeáin ghnóthachtála agus caighdeáin aonaid. Bunaítear caighdeáin ghnóthachtála ar Churaclam na Nua-Shéalainne agus Te Marautanga o Aotearoa (an curaclam Māori) san áit go mbíonn caighdeáin aonaid inniúlacht-bhunaithe agus go ndéanann siad measúnú ar scil ghairme de ghnáth.
Is féidir caighdeáin ghnóthachtála a mheasúnú go hinmheánach nó go seachtrach; déantar caighdeáin aonaid a mheas go hinmheánach.  Cuirtear eolas maidir leis an measúnú in iúl i gcáipéisí éagsúla ar nós Cuspóirí Gnóthachtála de réir an Réimse Foghlama (*Achievement Objectives by Learning Area*) (Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, 2007) agus cáipéisí dul chun cinn ar nós Dul chun cinn i Snáithe cumarsáide na Foghlama Teangacha (Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, gan dáta). Chomh maith leis sin, foilsítear caighdeáin ghnóthachtála le haghaidh gach aonad laistigh de gach ábhar. Tugtar breac-chuntas iontu seo ar na critéir le haghaidh leibhéil ghnóthachtála éagsúla agus cuirtear in iúl iad ar shlí atá cosúil le torthaí foghlama. Bíodh agus nach bhfuil aon sonraíochtaí ábhair náisiúnta sa Nua-Shéalainn, meastar go dtreoróidh cáipéisí amhail na Caighdeáin Ghnóthachtála/Critéir an scoláire agus na múinteoirí de réir mar a ullmhaíonn siad don mheasúnú.. Nuashonraítear na caighdeáin ghnóthachtála gach cúpla bliain agus bíonn tionchar aige seo ar an tslí ina ndearann scoileanna agus múinteoirí a gcuraclaim.

I sonraíochtaí ón **mBreatain Bheag**, cuirtear in iúl sa réamhrá le haghaidh gach ceann den cheithre aonad i sonraíocht TGO, AF/A-Leibhéal conas a dhéanfar scrúdú ar an aonad. Ar an iomlán, ní dhéantar an measúnú a iniúchadh go mion nuair a dhéantar measúnú seachtrach ar an ábhar, mar a dhéantar i gcás Gnó agus Matamaitice. I gcás ábhair le comhpháirt measúnaithe inmheánach, tugtar breac-chuntas níos sonraí ar an measúnú. I gcás Stair AF/A-Leibhéil, is ionann an chomhpháirt seo agus iniúchadh ar shaincheist. Áirítear leis an eolas sa chuid measúnaithe den tsonraíocht seo comhairle do mhúinteoirí maidir le conas an scoláire a threorú ar thopaicí cuí, moltaí a fhaomhadh, an measúnú ábhartha a dhéanamh agus ualú céatadáin na gcuspóirí éagsúla. Tugtar breac-chuntas ar ról an mhúinteora i dtaca le measúnú nach scrúdú é a thabhairt isteach, mar aon leis an bpróiseas marcála agus modhnóireachta. Ina theannta sin, i gcuid den mheasúnú ag druidim le deireadh na sonraíochta sonraítear an measúnú agus tá míniú agus tábla ag dul leis ina leagtar amach na cuspóirí agus na hualuithe do gach ceann de na haonaid ábhartha. Ina

dhiaidh seo tá dhá chuid eile ina mínítear eolas teicniúil maidir le measúnú agus grádú, bronnadh agus tuairisciú.

In Queensland, a d'aistrigh le déanaí ó mheasúnú inmheánach 100% go meascán de mheasúnú inmheánach/ seachtrach, tá méid suntasach sonraí sa chuid ar mheasúnú, b'fhéidir ag léiriú riachtanas braite chun tacú le múinteoirí tuiscint a bheith acu ar mheasúnú seachtrach agus a bheith muiníneach as. D'fhéadfaí a argóint gur dea-shampla é deo den tslí inar féidir le cultúr curaclaim trasnú ar fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim agus ar na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil.

Mar atá leagtha amach ag tús na caibidle seo, is é atá sa chóras scrúdaithe meánscoile in Albain faoi láthair ná trí bliana foghlama (S4-6). Is é atá i gceist leis an measúnú ná Cáilíochtaí Náisiúnta 3 agus 4 a ndéanann an múinteoir measúnú orthu, agus an Leibhéal Náisiúnta 5, Ardleibhéal agus Sár-Ardleibhéal a scrúdaítear go seachtrach. Is iad na trí leibhéal deiridh a bheadh inchomparáide leis an Ardteistiméireacht. Ag an leibhéal seo san Albam, dírítear sna cuir chuige measúnaithe ar 'fhairsinge, dúshlán agus cur i bhfeidhm' (SQA, 2018 lch. 9). Tá dhá chomhpháirt i gceist le measúnú an chúrsa ar a bhfuil scrúdú scríofa seachtrach a chuimsíonn ceisteanna agus uaireanta cás-staidéir a dhéanann measúnú ar eolas agus tuiscint ar fud an chúrsa. Is é Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) a shocraíonn agus a mharcálann é seo. I roinnt ábhar, cuirtear comhpháirt eile san áireamh mar thasc bunaithe ar thuairisc ina ndéanann an scoláire taighde agus anailís ar eolas agus a tháirgeann tuairisc ag baint úsáid as ceannteidil ar leith, atá cosúil le hobair thionscadail i go leor ábhair Ardteistiméireachta. Laistigh de shonraíochtaí cúrsa na hAlban, tá i bhfad níos mó sonraí faoi mheasúnú ná mar a bhaineann le teagasc agus foghlaim, is dócha toisc go bhfuil an tsonraíocht táirgthe ag Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA), comhlacht atá freagrach as measúnú na scoláirí agus atá ceaptha tacú le measúnú.

## Aguisíní

De réir mar a luaitear i dtábla 18, áirítear aguisíní i formhór sonraíochtaí curaclaim (ath)fhorbartha de chuid na Ardteistiméireachta Bunaithe, ina gcuimsítear gluaiseanna le sainmhínithe ar théarmaí ábhartha, briathra gnímh agus/nó príomhchoincheapa a úsáidtear. Áirítear aguisíní agus/nó gluaiseanna i sonraíochtaí curaclaim i ngach ceann de na dlínsí eile a fhiosraítear anseo. Bíodh agus nach bhfuil aon ghluaiseanna in aon cheann de thuairisceoirí módúil na hArdteistiméireachta Feidhmí a ndearnadh athbhreithniú orthu le déanaí, tá acmhainní teagaisc agus foghlama ag deireadh na cáipéise i gcás formhór acu.

In **Ontario**, cuirtear aguisíní in oiriúint don ábhar agus don chúrsa ábhartha. Mar shampla, tá gluais le sainmhínithe ar théarmaí a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs curaclaim ina n-úsáidtear iad sa chúrsa a forbraíodh le déanaí le haghaidh an Léann na gCéad Náisiún, na Métis agus na nIonúiteach (2019), san áit go bhfuil cáipéis aon leathanach ag Teanga Chomharthaíochta Mheiriceá Grád 9-12 a bhfuil léaráid air chun seánraí litríochta Theanga Chomharthaíochta Mheiriceá a léiriú. Tá na gluaiseanna i ngach sonraíocht de chuid **Queensland** níos caighdeánaithe agus bíonn liosta sainmhínithe mionsonrach iontu, ar nós an gluais briathra gnímh a áirítear i neart sonraíochtaí de chuid na hArdteistiméireachta. Sna haguisíní i sonraíochtaí A-Leibhéil na **Breataine Bige** bíonn gluais ann bíodh agus go mbíonn roinnt díobh níos sonraí ná cinn eile, ag brath ar an ábhar. Tá cáipéis ghairid aon leathanach ag Curaclam na **Nua-Shéalainne** ina ngluais, ina liostaítear focail agus frásaí sa Mhaorais agus a gcomhionainn i mBéarla.

In **Albain**, níl cuid maidir le haguisíní nó gluaiseanna i bpríomhchreat an Churaclaim um Fheabhas, bíodh agus go bhfuil a leithéid sna sonraíochtaí cúrsa, a fhorbraíonn SQA. I gcás an Ardchúrsa sna Nuatheangacha, tá ceithre aguisín ann ina bhfuil nótaí tacaíochta cúrsa (a shonraíonn nach bhfuil siad éigeantach agus a bhfuil sé mar aidhm acu comhairle agus treoir a sholáthar maidir le cuir chuige chun an cúrsa a sheachadadh); greille tháirgiúil ghramadaí le haghaidh measúnaithe ag na cúig leibhéal éagsúla den oideachas meánscoile sinsearaí in Albain; liosta comhthéacsanna, topaicí agus forbairt topaicí agus scálú comhpháirteanna, a leagann amach na marcanna a thugtar do chomhpháirteanna agus do cheisteanna éagsúla i measúnú an chúrsa.

## Fad na Sonraíochtaí Curaclaim

Is gnách gur doiciméid réasúnta gearr a bhíonn i sonraíochtaí ábhar curaclaim le déanaí in Éirinn, le 36 leathanach ar an meán (27 leathanach an ceann is giorra agus an ceann is faide ag 49 leathanach). I gcomparáid leis sin, is doiciméid i bhfad níos faide iad sonraíochtaí curaclaim i gcuid de na dlínsí a ndéantar iniúchadh orthu anseo.

In Ontario, tá 160 leathanach sa Churaclam Matamaitice, Grád 11 agus 12 (2007), tá 221 leathanach sa Churaclam Béarla, Grád 11 agus 12 (2007) agus tá 408 leathanach i gCuraclam na nEolaíochtaí Sóisialta agus na nDaonnachtaí, Grád 9-12 (2013), bíodh agus go gcuimsíonn an ceann deireanach sin ceithre bliana foghlama seachas dhá bhliain. Tá na cáipéisí seo chomh fada sin toisc go dtéann sonraíochtaí curaclaim Ontario i ngleic le **réimsí foghlama** iomlána, seachas ábhair ar leith, amhail na hEalaíona, Eolaíocht, na hEolaíochtaí Sóisialta agus na Daonnachtaí. Chomh maith leis sin, áirítear réimse **cúrsaí agus conairí** laistigh d'ábhar ar leith sna sonraíochtaí curaclaim seo.[7]

In **Queensland**, bíonn tuairim agus 90 leathanach sna sonraíochtaí curaclaim, ag brath ar an ábhar, mar sin bíodh agus nach bhfuil siad chomh fada le sonraíochtaí Réimsí Foghlama Ontario (rud atá intuigthe), tá siad geall le bheith dhá oiread fad fhormhór shonraíochtaí na hÉireann. Is é is cúis leis seo ná go gcuimsítear gluaiseanna fada, atá timpeall 20 leathanach ar fad, chomh maith le heolas mionsonraithe faoi mheasúnuithe coimreacha éagsúla inmheánacha, príomhghné de chóras oideachais Queensland.

I gcás na **hAlban**, is gnáth go mbíonn faid éagsúla i gceist le sonraíochtaí cúrsa de chuid Údarás Cáilíochtaí na hAlban, a mbíonn idir 40 agus 60 leathanach iontu de ghnáth, ach go síneann siad thar 100 leathanach uaireanta, sa Cheimic, mar shampla. Murab ionann agus sonraíochtaí eile,

[7] Tabhair faoi deara go ndíríonn Ollscoileanna in Ontario ar chláir acadúla agus gairmiúla san áit go ndíríonn coláistí ar scileanna fostaíochta ar leith, ar oiliúint ghairme agus ar cheirdeanna.

cuirtear méid an-bheag sonraí ar fáil faoi ábhar an chúrsa, mar a thagraítear dó in Albain, agus dírítear formhór na sonraí ar mheasúnú.

Sa **Bhreatain Bheag,** bíonn éagsúlacht mhór i bhfad na sonraíochtaí a fhorbraíonn WJEC, mar sin féin, difriúil le hAlbain, dírítear i bhfad níos mó ar inneachar cúrsa, mar a ghlaoitear air sa Bhreatain Bheag, san áit gur beag sonraí a bhíonn i bhformhór na sonraíochtaí maidir leis an measúnú. Mar shampla, tá sonraíocht Ghnó TGO AS/A-Leibhéil 37 leathanach ar fhad, a bhfuil 26 leathanach tiomnaithe don inneachar cúrsa, agus leathanach amháin ina dtugtar breac-chuntas ar an measúnú, san áit go bhfuil 49 leathanach sa tsonraíocht Mhatamaitice, ina n-áirítear 30 leathanach d'inneachar ábhair agus dhá leathanach ina dtugtar breac-chuntas ar an measúnú. Tá dhá aguisín sa tsonraíocht seo chomh maith.

Ar an láimh eile tá 77 leathanach sa tsonraíocht TGO AS/A Staire, le níos mó ná 50 leathanach tiomnaithe d'ábhar an chúrsa agus roinn níos mionsonraithe ar mheasúnú ná ábhair eile, go príomha toisc go bhfuil comhpháirt measúnaithe inmheánaigh san ábhar seo. Chomh maith leis sin, soláthraíonn WJEC ábhair mheasúnaithe shamplacha, rúibric cuspóirí measúnaithe a bhíonn le feiceáil i dtreoirlínte do mhúinteoirí uaireanta.

## 3.5 Tacaíochtaí le haghaidh cur i bhfeidhm sonraíochtaí nua nó athbhreithnithe

Chomh maith leis an bpríomhshonraíocht churaclaim cuireann gach dlínse a ndéantar tagairt dóibh sa pháipéar seo tacaíochtaí agus cáipéisí tacaíochta ar fáil do mhúinteoirí. Féadfaidh na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil a bheith éagsúil ag brath ar an dlínse agus is gnáth go mbíonn siad nasctha le roinnt tosca lena n-áirítear an bhfuil curaclam náisiúnta i bhfeidhm nó nach bhfuil nó an bhfuil féinriar ag scoileanna a gcuid féin a dhearadh (ar nós na Nua-Shéalainne agus na hAlban); an méid a éilíonn an measúnú inmheánach/scoilbhunaithe ar mhúinteoirí measúnú a dhéanamh ar obair an scoláire, mar aon leis an gcultúr sa dlínse ar leith.

In **Éirinn**, cuireann CNCM na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil ag leibhéal na sraithe sinsearaí faoi láthair:

- Treoirlínte chun tacú le tuiscint agus cur i gcrích comhpháirteanna obair chúrsa
- Treoirlínte punainne
- Liostaí téacsanna

Cuireann CSS na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil faoi láthair:

- Treoracha maidir leis an obair chúrsa
- Scrúdpháipéir shamplacha, 6-8 mí sula dtarlaíonn an chéad scrúdú le haghaidh sonraíocht nua nó athbhreithnithe de ghnáth
- Scrúdpháipéir agus scéimeanna marcála
- Tuarascálacha na bPríomhscrúdaitheoirí.

Déanann an Roinn Oideachais comhordú ar thabhairt isteach sonraíochtaí nua nó athbhreithnithe trí ghrúpaí cur i bhfeidhm nó trí ghrúpaí stiúrtha agus cuireann siad maoiniú agus tacaíocht ar fáil le haghaidh:

- Ábhair thacaíochta agus forbairt ghairmiúil ar an láthair agus ar líne de chuid gníomhaireachtaí náisiúnta (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, PPLI)
- Ábhair thacaíochta agus forbairt ghairmiúil ar an láthair agus ar líne de chuid cumainn chlár agus ábhar cláraithe (Cumainn de chuid Gréasán Gairmiúil Múinteoirí).

Toisc go bhfuil an páipéar seo deasc-bhunaithe go príomha, dírítear i gcomparáid leis na dlínsí eile a ndéantar iniúchadh orthu anseo ar na tacaíochtaí agus na doiciméid a chuireann siad ar fáil ar líne. Mar sin féin, de réir mar a pléadh i gcaibidil 1, tá an méisealeibhéal (ina dhéantar léirmhíniú ar cháipéisí curaclaim i bpróiseas cruthaithe eispéireas foghlama gairmiúla do mhúinteoirí) ríthábhachtach i léirmhíniú, in idirghabháil, agus in aistriú na gcáipéisí curaclaim ina thacaíochtaí do mhúinteoirí ag baint ciall as an gcuraclam, toisc gurb iad a chuireann na sonraíochtaí curaclaim nua i bhfeidhm, i ndeireadh na dála, trí idirghníomhaíochtaí oideolaíocha laethúla leis an scoláire sa

seomra ranga. Léirítear i dtaighde in Albain[8] nach mbaintear amach an aidhm luaite de bheith ag tacú le soiléire don mhúinteoir trí ró-mhionsonrú a dhéanamh ar an gcuraclam, i bhfoirm cáipéisí treoracha (a meastar go bhfuil breis agus 20,000 leathanach ann i gcás an Churaclaim um Fheabhas). Is léir bhfuil am i dteannta a chéile chun ciall a bhaint as athruithe curaclaim de dhíth ar mhúinteoirí. Déantar tuilleadh plé air seo i gcaibidil 4.

In **Ontario**, mar aon leis na sonraíochtaí curaclaim, cuirtear tacaíochtaí ar fáil. I measc na dtacaíochtaí sin tá:

- *Growing Success: Assessment, Evaluation, and Reporting in Ontario Schools* ina leagtar amach beartas measúnaithe, meastóireachta agus tuairiscithe na hAireachta Oideachais agus meastar go dtacódh sé le cleachtais ionchuimsitheacha sa seomra ranga agus leis an measúnú scoilbhunaithe.
- Cuirtear cairteacha gnóthachtála samplacha ar fáil i dtrí réimse ábhair. Cuirtear cairteacha gnóthachtála samplacha ar fáil do na hEalaíona agus don Eolaíocht agus Teicneolaíocht, i gcomhair an scoláire bunscoile agus scoláire na meánscoile sóisearaí ó Ghráid 1-8. Cuirtear cairt ghnóthachtála samplach ar fáil le haghaidh an Bhéarla ag leibhéal na meánscoile sinsearaí (.i. gráid 9-12) chomh maith. Aithníonn na cairteacha seo ceithre chatagóir eolais agus scileanna (eolas agus tuiscint; smaointeoireacht; cumarsáid; pleanáil iarratais agus próiseáil) agus ceithre leibhéal gnóthachtála san ábhar ar leith.
- Tacaíochtaí don teagasc agus don fhoghlaim, a mbíonn éagsúlacht eatarthu ag brath ar an ábhar. Mar shampla, bíodh agus nach bhfuil aon ábhar tacaíochta soiléir ar líne le haghaidh do na hEalaíona agus Sláinte agus Corpoideachas, tá roinnt acmhainní ar shuíomh idirlín Aireacht Oideachais Ontario le haghaidh múinteoirí Matamaitice, mar shampla cáipéisí agus físeáin le sampla de phleananna cúrsa, acmhainní agus tacaíocht le haghaidh cleachtais teagaisc a mbíonn tionchar mór acu agus seimineáir ghréasáin srl.

[8] Reinventing the Curriculum: New Trends in Curriculum Policy and Practice, (Eag. Priestley, Biesta, 2013).

Tá sé mar aidhm ag Aireacht Oideachais Ontario curaclam agus tacaíochtaí a eisiúint chomh luath agus is féidir roimh an gcur i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir múinteoirí a chur ar an eolas faoi nuashonruithe agus ullmhú dá réir. Cuirtear acmhainní a fhorbraíonn an Aireacht ar fáil chun tacú le gach curaclam athbhreithnithe de réir mar is cuí, ar nós físeáin forbhreathnaithe curaclaim, cáipéisí príomhathruithe, pleananna fadtéarmacha, treoracha um chleachtais teagaisc, agus treoracha do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Bíonn rochtain ag oideachasóirí ar dheiseanna foghlama gairmiúla, lena n-áirítear seimineáir ghréasáin de chuid na haireachta, a chuirtear ar fáil ar an suíomh idirlín Curaclam agus Acmhainní roimh chur i bhfeidhm na n-athruithe curaclaim. Is féidir rochtain a fháil ar thaifeadtaí de sheimineáir ghréasáin ar an Ríomhphobal um Thacaíochtaí Foghlama (*Supports for Learning eCommunity*) ar an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (*Virtual Learning Environment*). Téann an Aireacht i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí oideachas-lárnach tríú páirtí chun oiliúint agus acmhainní nua atá réidh don seomra ranga a chur ar fáil d'oideachasóirí agus don scoláire. Féadfaidh na heagraíochtaí seo acmhainní a chur ar fáil mar phleananna ceachta agus measúnaithe, ceardlanna, físeáin d'oideoirí agus seimineáir ghréasáin d'fhoghlaim ghairmiúil.

Chun tacú le múinteoirí in **Queensland**, tá sraith táb ag Údarás Curaclaim agus Measúnachta Queensland (QCCA) ar a suíomh idirlín, lena n-áirítear:

- forbhreathnú ar an ábhar ina gcuirtear achoimre ar an ábhar ar fáil
- na comhpháirteanna measúnaithe, an t-ualú, na creidiúintí a ghnóthaítear agus cé acu an gcuireann sé le ATAR nó nach gcuireann
- an méid a fhoghlaimeoidh an scoláire
- an tslí ina ndéantar measúnú ar an scoláire
- an treo ina bhféadfaí dul leis an ábhar áirithe sin
- sonraí teagmhála le haghaidh tuilleadh eolais (seoladh ríomhphoist agus uimhir ghutháin)

Tá sé seo sách cosúil leis an eolas atá ar fáil in Éirinn ar www.curriculumonline.ie. Mar atá i gcás na hÉireann, tá nasc ann chuig an tsonraíocht churaclaim (i bhfoirm PDF) agus chuig aon fhógraí ábhartha maidir le leasuithe siollabais. Cuirtear acmhainní ar fáil sula gcuirtear an curaclam i bhfeidhm agus bíonn an méid seo a leanas san áireamh

- Tuairiscí ábhar
- Bileoga fíricí ábhar
- Catagóirí agus gluaiseanna de bhriathra cognaíocha
- Acmhainní éagsúla eile lena n-áirítear comhairle do thuismitheoirí, do chúramóirí agus don scoláire atá ag foghlaim sa bhaile.

Is féidir le múinteoirí rochtain a fháil ar níos mó acmhainní san fheidhmchlár Siollabas ar an Tairseach QCAA (*QCAA Portal*).
Níl cuid de na hacmhainní ar fáil go poiblí agus ní féidir ach le múinteoirí cláraithe rochtain a fháil orthu. Chomh maith leis sin, i dtaca leis an measúnú, tá na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil

- Ionstraimí measúnaithe samplacha
- Samplaí anótáilte de fhreagraí
- Acmhainní measúnaithe seachtracha

Le blianta beaga anuas tá athbhreithniú agus leasú á dhéanamh ag an QCAA ar shiollabais ag leibhéal na meánscoile sinsearaí. Chun tacú leis seo, cuireann an QCAA acmhainn feidhmiú an tsiollabais ar fáil a chuimsíonn faisnéis faoin bpróiseas athbhreithnithe agus athbhreithnithe, bealaí le bheith páirteach, amlíne agus ceisteanna coitianta. Cuirtear acmhainní eile ar fáil do mhúinteoirí

ar an tairseach QCAA chomh maith, a bhfuil sonraí logála isteach de dhí chuige agus atá cosúil le codanna ar shuíomh idirlín CNCM, curaclam ar líne, a éilíonn sonraí logála isteach de chuid na Comhairle Múinteoireachta. Ní raibh fáil ar acmhainní QCAA a dearadh do mhúinteoirí amháin ar mhaithe leis an taighde seo.

Sa **Nua-Shéalainn**, ní bhíonn aon sonraíochtaí ábhar náisiúnta. I gCuraclam na Nua-Shéalainne (2015) cuirtear treoir ar fáil le haghaidh scoileanna agus iad ag dearadh agus ag déanamh athbhreithniú ar a gcuraclam ag leibhéal áitiúil.
Chun tacú leo, foilsíonn an Aireacht Oideachais agus Údarás Cáilíochtaí na Nua-Shéalainne (NZQA) réimse cáipéisí, lena n-áirítear

- sraith Treoracha um Churaclam na Meánscoile Sinsearaí/Theagasc agus Foghlaim, a fhoilsíonn an Aireacht Oideachais
- Is cáipéis é *Curriculum Achievement Objectives by Learning Area* ina dtugtar breac-chuntas ar an méid ba cheart don scoláire meánscoile a bhaint amach sna réimsí foghlama éagsúla. Foilsíonn an Aireacht Oideachais í sin.
  caighdeáin ghnóthachtála, a fhoilsíonn NZQA
- caighdeáin measúnaithe le haghaidh gach aonad laistigh de gach ábhar, a fhoilsíonn NZQA
- cáipéis ina bhfuil 'maitrísí agus treoir mheasúnaithe', a fhoilsíonn NZQA
- scripteanna freagartha eiseamláireacha le haghaidh an mheasúnaithe sheachtraigh, a fhoilsíonn NZQA.
- *Curriculum Refresh – Vision for Young People and Te Ao Tangata – Social Sciences* (2021), a d'fhoilsigh an Aireacht Oideachais. Tá ráitis ghairide anseo maidir leis an bpríomheolas, na príomhcheisteanna agus na príomheispéiris foghlama. Uathu seo, táthar ag súil agus go ndearfaidh múinteoirí eispéiris foghlama ina sníomhtar an trí ghné lena chéile.

In **Albain**, bíodh agus nach bhfuil aon churaclam náisiúnta láraithe ag leibhéal na meánscoile sinsearaí (a dtugtar an chéim shinsearach air), cuirtear roinnt príomhcháipéisí agus príomhchreataí tacaíochta ar fáil. Foilsíonn Rialtas na hAlban

- sraith cáipéisí dar teideal *Building the Curriculum* ina gcuirtear comhairle, beartas agus treoir ar fáil le haghaidh gnéithe difriúla den Churaclam um Fheabhas, le haghaidh gach céim den oideachas
- uirlis ar a dtugtar *Insight*, atá dírithe ar mhúinteoirí, scoileanna agus údaráis áitiúla, chun cabhrú leo réimsí ratha agus áiteanna gur gá feabhsuithe a dhéanamh a shainaithint le haghaidh scoláirí i gcaitheamh a 3 bliana oideachais meánscoile sinsearaí.

Foilsíonn Údarás Cáilíochta na hAlban (*Scottish Qualifications Authority*) (SQA)

- Sonraíochtaí cúrsa ag leibhéil éagsúla, ina ndírítear ar an measúnú go príomha
- Eolas maidir le hobair chúrsa agus caighdeáin a thuiscint
- Iar-scrúdpháipéir

Tabhair faoi deara go mbeidh Údarás Cáilíochtaí na hAlban ag cumasc le hOideachas Alban chun comhlacht oideachais agus cáilíochtaí nua a chruthú faoi shamhradh na bliana 2024 – a bhfuil Cáilíochtaí Alban (*Qualifications Scotland*) beartaithe mar ainm air faoi láthair – mar sin d'fhéadfaí go n-athródh an cur chuige reatha.

Sa **Bhreatain Bheag,** mar aon leis an tsonraíocht a fhoilsíonn WJEC, tá an méid seo a leanas ar a suíomh idirlín
Acmhainní teagaisc agus foghlama

- Imeachtaí oiliúna
- Iarpháipéir

## 3.6 Achoimre ar an gCaibidil

Tugann sonraíochtaí curaclaim ó dhlínsí eile léargais a d'fhéadfadh a bheith tairbheach agus cinneadh á dhéanamh ar an bhfoirm theicniúil a úsáidfear chun sonraíochtaí a dhearadh d'ábhair agus do mhodúil sa tsraith shinsearach athfhorbartha. Ón trasghearradh de shonraíochtaí idirnáisiúnta a scrúdaítear sa chaibidil seo, is féidir roinnt conclúidí a dhéanamh, mar seo a leanas:

- Tá foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim trasna na ndlínsí tar éis éirí níos aonchineálaí le himeacht ama, go háirithe le 10-15 bliana anuas.
- Go hidirnáisiúnta, sna dlínsí a ndearnadh staidéar orthu, tá scóip ann i gcónaí do dhifríochtaí idir sonraíochtaí ag brath ar an ábhar nó ar an modúl atá i gceist.
- Bíonn tionchar ag an gcomhthéacs ina bhforbraítear é ar fhoirm theicniúil an churaclaim, mar shampla an stair oideachais, an cultúr agus na traidisiúin; an chothromaíocht idir measúnú inmheánach agus seachtrach; sainchúram na gníomhaireachta a fhorbraíonn é srl.
- Tá leibhéal níos airde de scafláil ar thorthaí foghlama le sonrú i bhformhór na ndlínsí eile, go háirithe sa chás go bhfuil measúnú inmheánach nó meascán de mheasúnú inmheánach agus seachtrach ann. Bíonn an-éagsúlachta sa scafláil seo i ndlínsí difriúla agus in ábhair dhifriúla; uaireanta bíonn sé i bhfoirm ceisteanna, saincheisteanna, fadhbanna, leideanna nó samplaí samplacha (i gcás Ontario) nó i bhfoirm eispéiris/gníomhaíochtaí ranga molta i gcás na hAlban. Sa Bhreatain Bheag, cuirtear soiléirithe ar fáil, bíodh agus nach amhlaidh seo ach in ábhair áirithe, ar nós Staidéar Gnó, sa chás agus go n-áirítear colún treorach, a bhíonn in aice leis an gcolún ina sonraítear na torthaí foghlama, i roinnt sonraíochtaí in Queensland, ar nós na Bitheolaíochta.
- Is gnách go mbíonn na sonraí a chuirtear ar fáil mar scafláil ar thorthaí foghlama in oiriúint don ábhar atá i gceist agus go minic bíonn tionchar ag cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar an fhoghlaim a mheasúnú go hinmheánach nó go seachtrach. Mar shampla, nuair a chuirtear leideanna samplacha, fadhbanna agus ceisteanna ar fáil, is gnách go mbíonn sé seo ceaptha chun tacú le measúnú scoil-bhunaithe agus ní léiríonn sé cad a d'fhéadfaí a chur i measúnú seachtrach. Nuair a chuirtear samplaí de cheisteanna agus samplaí ar fáil, tá siad seo ceaptha chun tacú le tuiscint ar an bhfoghlaim bheartaithe agus í a scafláil, seachas srian a chur léi. I sonraíochtaí Ontario, mar shampla, deirtear go 'Meastar na samplaí agus leideanna an mhúinteoirí araon a bheith mar mholtaí don mhúinteoirí seachas mar liosta uileghabhálach nó éigeantach. Is féidir le múinteoirí roghnú úsáid a bhaint as samplaí agus leideanna atá oiriúnach dá seomraí ranga, nó féadfaidh siad a gcur chuige féin a fhorbairt a léiríonn leibhéal castachta comhchosúil. Cibé bealaí ar leith ina gcuirtear na riachtanais atá leagtha amach sna hionchais i bhfeidhm sa seomra ranga, ní mór dóibh, nuair is féidir, a bheith cuimsitheach agus éagsúlacht daonra na scoláirí a léiriú...'
- Cé gur bhreithnigh an páipéar seo cuir chuige reatha maidir le scafláil a dhéanamh ar thorthaí foghlama a úsáidtear i ngach dlínse a ndearnadh iniúchadh orthu, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil Albain agus an Bhreatain Bheag ag athbhreithniú a gcur chuige curaclaim faoi láthair.
- Tá braistint ag teacht chun cinn go dteastaíonn tacaíocht bhreise le haghaidh cur i bhfeidhm, go háirithe san áit go bhfuil measúnú suimitheach scoilbhunaithe i gceist. Cabhróidh tuilleadh comhairliúcháin le múinteoirí na tacaíochtaí is oiriúnaí le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha a chinneadh.

- Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí ó bheith ag léamh sonraíochtaí curaclaim idirnáisiúnta cé hiad an spriocluct léite a bhíonn ar intinn leis na cáipéisí seo. I roinnt sonraíochtaí, cuireann an teanga in iúl gur múinteoirí an spriocghrúpa, sa chás gur cosúil gur gach páirtí leasmhar a bhíonn mar sprioc ag cinn eile.
- Bíodh agus nach bhfuil aon chur chuige aonchineálach i measc na ndlínsí i dtaca le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim, tá gnéithe comónta ann lena n-áirítear:
    - réamhrá agus/nó réasúnaíocht
    - aidhmeanna agus cuspóirí
    - aitheantas don éagsúlacht i measc foghlaimeoirí
    - cuid maidir leis an teagasc agus foghlaim/oideolaíocht
    - snáitheanna staidéir
    - torthaí foghlama (a ndéantar scafláil orthu ar réimse slite difriúla)
    - cuir chuige i leith an mheasúnaithe
    - cur síos ar na caighdeáin ghnóthachtála
    - gluais na bpríomhthéarmaí agus na bpríomhshainmhínithe

I neart slite tá sé seo cosúil leis an gcur chuige hibrideach i dtaca le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim a mhol Luke, Woods agus Weir, a dtugtar breac-chuntas air i gcaibidil 1, seachas roinnt eisceachtaí. Bunaithe ar an athbhreithniú ar dhlínsí sa chaibidil seo, moltar gurb é an réimse is mó gur gá forbairt a dhéanamh air ná scafláil na dtorthaí foghlama sna sonraíochtaí agus/nó sna tacaíochtaí breise.

Mar a leagadh amach níos luaithe sa chaibidil seo, tá roinnt cur chuige glactha ag dlínsí eile ina leith seo. Déantar meas ar ghnéithe ó dhlínsí eile ó pheirspictíocht foghlaim ó bheartais, ní ó pheirspictíocht iasacht ó bheartais. Ar na cuir chuige a scrúdaítear sa pháipéar seo, áirítear na nithe seo a leanas ar na cinn is oiriúnaí le breithniú i gcomhthéacs cinneadh a dhéanamh ar an teimpléad do shonraíochtaí curaclaim na sraithe sinsearaí in Éirinn:

- mórionchais shnáitheanna a shoiléiríonn an fhoghlaim, agus a shonraíonn an méid a léireoidh an scoláire mar thoradh ar dhul i ngleic leis an bhfoghlaim sa snáithe sin. Tá siad níos follasaí ná an breac-chuntas a bhíonn ar shnáitheanna i sonraíochtaí na hArdteistiméireachta faoi láthair.
- saincheisteanna samplacha nó samplaí nó leideanna (nuair is cuí), a d'fhorbrófaí do chomhthéacs na hÉireann agus a bheadh ag brath go mór ar an ábhar, ar an modúl nó ar an snáithe atá i gceist.
- colún a chuireann i bhfad níos mó sonraí ar fáil ná an colún 'foghlaimíonn an scoláire faoi' a úsáidtear i sonraíochtaí na hÉireann. Bealach eile chun scafláil níos fearr a chur ar fáil ar thorthaí foghlama a bheadh sa mhéid mionsonraí sa cholún 'Foghlaimíonn an scoláire faoi' a mhéadú.

Ní mór dul i ngleic go cúramach le scafláil na dtorthaí foghlama agus í a chur i bhfeidhm go tuisceanach, de réir mar a oireann do nádúr an ábhair, an mhodúil nó an tsnáithe atá i gceist, agus d'fhonn soiléire a bhaint amach gan ró-mhionsonrú, mar go léiríonn taighde gur féidir leis an ró-mhionsonrú réimse tionchair dhíobhálacha a imirt ar fhoghlaim an scoláire.

# 4. Taighde agus aiseolas ó mhúinteoirí i dtaca le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim le haghaidh ábhair agus modúil

I gCaibidil a haon tá cur síos déanta ar theoiricí uileghabhálacha i réimse staidéir an churaclaim agus rianaíonn caibidil a dó forbairt ár gcultúir curaclaim le himeacht ama, go háirithe ó bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mar chomhlacht reachtúil. Fiosraítear foirm theicniúil siollabais/sonraíochtaí curaclaim in Éirinn agus i réimse dlínsí idirnáisiúnta i gcaibidil a trí. Sa chaibidil seo, leagtar béim ar leith ar théama an chomhleanúnachais curaclaim de réir mar a bhaineann sé le hathrú san oideachas agus baintear úsáid as dhá lionsa difriúla chun a impleachtaí le haghaidh foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha a mheas. An dá lionsa seo ná taighde idirnáisiúnta a fhiosraíonn torthaí foghlama – a mbreathnaítear air go minic mar phríomhuirlis i dtaobh comhleanúnachas curaclaim a bhaint amach – agus aiseolas ó mhúinteoirí na hÉireann maidir leis an méid a d'éirigh le sonraíochtaí curaclaim CNCM le déanaí comhleanúnachas agus soiléireacht a sheachadadh.

## 4.1 Réasúnaíocht le haghaidh comhleanúnachas curaclaim

Tugann fiosrúchán ar thréithe córais ardghnóthachtála le fios go bhfuil an comhleanúnachas curaclaim ríthábhachtach i dtaca le hathrú rathúil san oideachas (Fullan & Quinn, 2016; Honig & Hatch, 2004; Newmann et al., 2001). Tá fís roinnte maidir le feidhm agus treo an churaclaim ríthábhachtach mar bhonn le haghaidh tógáil chomhleanúnachais (Sullanmaa et al., 2019; Manyukhina & Wyse, 2019). Léiríonn ceachtanna a foghlaimíodh ó thaighde dá leithéid gur gá d'athruithe sa churaclam a bheith ailínithe go dlúth agus comhleanúnach le hathruithe sa bheartas agus sa chóras leathan socruithe (Fortus et al., 2015; Allen & Penuel, 2015; Schmidt & Prawat, 2006). Tugann sé seo le fios nach amháin gur cheart go mbeadh ailíniú cothrománach laistigh den cháipéisíocht churaclaim ach gur gá an t-ailíniú seo a shíneadh ar fud an chórais oideachais chuig an oideolaíocht, cigireachtaí, forbairt ghairmiúil leanúnach agus oideachas tosaigh múinteoirí. Féadfaidh scoilteadh a bheith mar thoradh ar mhí-ailíniú phríomhghnéithe an churaclaim, agus roinnt gnéithe den churaclam ag oibriú i dtreo feidhm dhifriúil. (Priestley, 2019). Tá caomhnú an chomhleanúnachais curaclaim casta agus teastaíonn próiseas atriallach cumarsáide agus athmhachnaimh i measc gach páirtí leasmhar i gcaitheamh forbairt agus cur i bhfeidhm an phróisis (Sullanmaa et al., 2019). Go príomha, fiosraíonn an chaibidil seo an tslí inar féidir le foirm theicniúil sonraíochta curaclaim comhleanúnachas inmheánach nó cothrománach a bhaint amach (.i. ailíniú

gach gné[9] laistigh de shonraíocht) chun tacú le múinteoirí agus iad ag léirmhíniú, ag idirghabháil agus ag cur an churaclaim i bhfeidhm trí idirghníomhaíochtaí oideolaíochta laethúla lena scoláirí.

## 4.2 Torthaí foghlama agus an ról atá acu i dtaca le comhleanúnachas cothrománach a bhaint amach

Tá aistriú i bhforbairt curaclaim in Éirinn ó thús na 2000idí i dtreo cur chuige atá bunaithe ar thorthaí, ina ndéantar an fhoghlaim a shainmhíniú trí na nithe ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire, ar cheart go dtuigfeadh an scoláire agus ba cheart a bheith ar chumas an scoláire a dhéanamh faoi dheireadh cúrsa. Úsáideadh torthaí foghlama den chéad uair i siollabais athchothromaithe an Teastais Shóisearaigh go luath sna 2000idí. Ó shin i leith, is gnéithe lárnacha iad d'fhorbairtí curaclaim na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí agus na bunscoile. De réir mar a thugtar breac-chuntas air i gcaibidil 2, sa bhliain 2011, éilíodh sa Straitéis Náisiúnta don Litearthacht agus don Uimhearthacht go nglacfar le samhail bunaithe ar "Thorthaí Foghlama" i ráitis churaclaim ag gach céim den scolaíocht, agus go sonrófar na torthaí foghlama atáthar ag súil a bhaint amach ar bhealach sonrach. Leag úsáid torthaí foghlama i bhforbairt curaclaim nua béim ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart do scoláirí a fhorbairt, chomh maith le díriú ar inneachar an ábhair nó an mhodúil ábhartha. Tá ról suntasach acu i dtaca le cinntiú go bhfuil leanúnachas idir fheidhm chéim an oideachais atá i gceist, aidhmeanna agus cuspóirí na sonraíochta ábhartha, na straitéisí teagaisc/foghlama a ghlactar, agus an measúnú a úsáidtear. I mbeagán focal, is é is cuspóir leo ná cur leis an gcomhleanúnachas curaclaim; a chinntiú go n-ailíníonn na gnéithe éagsúla den churaclam lena chéile. Cuimsíonn sonraíochtaí curaclaim torthaí foghlama ach níl siad bunaithe ar thorthaí amháin, toisc go gcuimsíonn siad príomhscileanna na sraithe sinsearaí faoi láthair, toisc go leagann siad béim ar ghnéithe forbarthacha den oideachas, ina struchtúr agus sa chuid foghlaim ghaolmhar, agus toisc gur gnáth go léiríonn a gcuid aidhmeanna agus a réasúnaíocht feasacht maidir leis an tábhacht agus an suntas a bhaineann le héagsúlacht a aithint, glacadh léi agus luach a chur léi. Léiríonn na gnéithe seo na múnlaí curaclaim éagsúla ( bunaithe ar thorthaí foghlama, bunaithe ar phróiseas/forbarthach, traidisiúnta bunaithe ar ábhar, bunaithe ar theoiric criticiúil agus bunaithe ar scileanna inaistrithe) a dtugtar breac-chuntas orthu i gcaibidil 1. Ní mór an chothromaíocht idir na múnlaí agus na traidisiúin seo a chalabrú go cúramach sa teimpléad d'fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim agus i ndearadh na sonraíochtaí féin.

[9] Ón mbliain 2006 tugadh faoi chomhleanúnachas cothrománach a bhaint amach i sonraíochtaí na Sraithe Sinsearaí trí na haidhmeanna, na cuspóirí, an réasúnaíocht, na príomhscileanna, na torthaí foghlama agus an measúnú a ailíniú laistigh d'fhoirm theicniúil na sonraíochta.

## 4.3 Cur i bhfeidhm curaclaim agus comhleanúnachas cothrománach

Chun bonn eolais a chur faoina gcuid oibre i dtaca le torthaí foghlama, choimisiúnaigh CNCM *Torthaí Foghlama: Dearcadh Idirnáisiúnta* (NCCA, 2019). Bhí sé mar aidhm ag an staidéar foghlaim ó dhlínsí eile a bhfuil a mbeartas curaclaim tar éis bogadh freisin ó dhíriú go príomha ar shonraíocht eolas ar ábhar disciplíneach i dtreo cur chuige níos cumaiscthe, mar a chuirtear in iúl i dtorthaí foghlama. Sa chás-staidéar seo fiosraíodh úsáid torthaí foghlama i gcúig dhlínse, Singeapór, Ontario, British Columbia, an Nua-Shéalainn agus Hong Cong. Arna ullmhú ag an Ollamh Mark Priestley agus piarathbhreithniú déanta air sular foilsíodh é, aithnítear sa pháipéar go bhfuil tacaíocht forleathan laistigh de ghrúpaí beartais trasnáisiúnta le haghaidh an athraithe beartais seo. Leagtar béim ann ar na castachtaí a bhaineann le hathrú ar an scála seo a chur i bhfeidhm laistigh de chórais oideachais ar nós córas na hÉireann, áit a bhfuil taithí ag múinteoirí ar oideachas a leagtar amach i dtéarmaí an méid atá le teagasc, seachas i dtéarmaí an fhoghlaimeora agus a chuid foghlama, agus áit a bhfuil

> gnásanna seanbhunaithe maidir le scolaíocht phríomhshrutha a chúitíonn sealbhú eolais dhisciplínigh [tairiscintiúil] agus feidhmíocht [an scoláire] i scrúduithe seachtracha. (CNCM, 2019, lch 71)

Tugtar rabhadh sa chás-staidéar go bhféadfadh scoilteadh an churaclaim a bheith mar thoradh mura dtéitear i ngleic leis an gceist faoi cén saghas eolais is fiúntaí. Sa chomhthéacs seo beidh sé seo ina cheist thábhachtach aghaidh a thabhairt uirthi agus gach sonraíocht churaclaim i sraith sinsearach athfhorbartha á forbairt:

> Cad é an t-eolas is gá do dhuine óg oilte a fháil
> le bheith ina bhall atá éifeachtach agus rannpháirteach go criticiúil
> i sochaí dhaonlathach, chasta, nua-aimseartha...
> agus rath a bheith air sa saol lasmuigh den scoil?
> (CNCM, 2019, lch 71)

Luaitear sna cás-staidéir idirnáisiúnta (CNCM, 2019) go mbítear ag súil le go n-ionchuimseodh múinteoirí cuir chuige oideolaíocha a thacaíonn leis an scoláire dul chun cinn ar a bheith ag sealbhú eolais thairiscintiúil nuair a bhaintear úsáid as torthaí foghlama chun eolas a shonrú i gcáipéisí curaclaim. Déantar é seo chun an scoláire a chumasú tuiscint níos doimhne a fhorbairt, naisc a dhéanamh idir eolas difriúil, agus a bheith inniúil eolas a chur i bhfeidhm (CNCM, 2019, lch 72). Chun cabhrú leis an scoláire é seo a bhaint amach, baineadh de thátal sna cás-staidéir

> ní hamháin go gcaithfidh múinteoirí a gcuid Eolais ar Inneachar Oideolaíoch a mhéadú, ach, i neart cásanna, go gcaithfidh siad a gcuid eolais dhisciplínigh a mhéadú chomh maith, chun an scoláire a chur i ngleic le tuiscint dhomhain agus eolas cumhachtach a fhorbairt (Biesta, 2014). Baineann cuid den phróiseas le múinteoirí ag baint brí as beartais nua, rud atá bainte amach i gcórais rathúla mar atá san Fhionlainn i ndáil lena n-athchóirithe curaclaim (Pyhältö et al., 2018). Cuireann próisis den sórt sin ar chumas múinteoirí brí a dhéanamh as coincheapa nua curaclaim, agus idirdhealú a dhéanamh idir cleachtais nua agus cleachtais reatha; gné thábhachtach ná go gcuireann siad ar chumas múinteoirí

feabhas a chur ar a dteoiricí maidir le heolas agus cleachtas, rud a chuireann deis ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht níos fairsinge le curaclaim nua.

Leagtar béim sa chás-staidéar ar thábhacht gníomhú proifisiúnta an mhúinteora agus iad a bheith ag foghlaim de réir mar a théann siad i ngleic le sonraíochtaí curaclaim nua. Tá an-chuid ag brath ar an lionsa trína mbreathnaítear ar thorthaí foghlama. Más iad teagasc agus foghlaim an príomhlionsa, bíonn an bhéim ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as torthaí foghlama chun pleanáil a dhéanamh le haghaidh idirghníomhaíochtaí sa seomra ranga agus an tslí is fearr iad a léirmhíniú chun freagairt do riachtanais an scoláire. Más í freagracht an príomhlionsa, bíonn an bhéim ar cé chomh maith agus a bhaineann cohóirt scoláirí na hionchais atá leagtha amach sna torthaí foghlama amach. Más é an measúnú seachtrach an príomhlionsa, tagann castachtaí suntasacha chun cinn. Díríonn na múinteoirí go ginearálta ar na bealaí inar féidir leo muinín a bheith acu go n-ullmhóidh na bealaí a ndearna siad idirghabháil, léirmhíniú agus aistriú na dtorthaí foghlama, go n-ullmhóidh siad a gcuid scoláirí do dhúshláin na measúnuithe seachtracha. Díríonn lucht déanta beartais agus gníomhaireachtaí scrúduithe ar cé chomh maith agus gur féidir le measúnaithe seachtracha deiseanna a thabhairt don scoláire an méid atá ar eolas acu, a thuigeann siad agus atá de chumas aige a dhéanamh a léiriú, fad a bhíonn leibhéil éagsúla gnóthachtála á sainaithint go cruinn acu laistigh de chohóirt agus i measc cohóirt éagsúla i bhfianaise rogha torthaí foghlama. I gcás múinteoirí, bíonn tionchar ag gach ceann de na lionsaí ar a gcuid cleachtais, bíodh agus go mbíonn leibhéil soiléireachta éagsúla i gceist ag brath ar chreidimh an duine aonair, an scoil ina bhfuil siad agus éiceolaíocht chórais, agus tionchar an chultúir, na staire agus na sochaí níos leithne.

Is dúshlán leanúnach é soiléireacht a bhaint amach gan ró-mhionsonrú do na grúpaí ionadaíocha nó do na grúpaí forbartha modúl a chruthaíonn dréachtsonraíochtaí. I dtimpeallacht na sraithe sinsearaí a mbíonn gcuid mhór i ngeall léi, éilíonn neart múinteoirí torthaí foghlama agus/nó treoirlínte níos sonraí ina ndéantar mionsonrú ar na torthaí foghlama. Is féidir le scafláil torthaí foghlama, i sonraíocht agus/nó in ábhair thacaíochta, cur le foghlaim agus rannpháirtíocht múinteoirí le sonraíocht churaclaim nua nó athbhreithnithe agus lena muinín agus lena mbraistint féinéifeachtúlachta. Is féidir leis seo suaimhneas a chur ar fáil do mhúinteoirí a d'fheadfadh a bheith imníoch nach bhfuil an léirmhíniú atá acu ar an tsonraíocht churaclaim nua mar an gcéanna lena gcomhghleacaithe, agus/nó dóibh siúd a d'fhéadfadh imní a bheith orthu nach mbeidh a gcuid scoláirí ullamh go leor dá scrúduithe nó nach mbeidh de chumas acu a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ar cheisteanna nó ar chomhthéacsanna nach bhfuil taithí acu orthu. D'fhéadfadh scafláil na dtorthaí foghlama nó soláthar treoirlínte cabhrú go mór an dóchúlacht go n-úsáidfí téacsleabhair agus scrúdpháipéir mar churaclam de facto don ábhar nó don mhodúl a bhíonn i gceist a laghdú, bíodh agus go mbeidís suntasach fós, i bhfianaise an tionchar atá acu ar an gcleachtas faoi láthair. Bíodh sin amhlaidh, molann Priestley

*Ní mór aon fhormhíniú a dhéantar ar Thorthaí Foghlama a scríobh ar bhealach cúramach ionas go dtacóidh siad le rannpháirtíocht dhíreach leis na 'smaointe móra'... agus le cuspóirí an oideachais. D'fhéadfadh iarmhairtí neamhbheartaithe a bheith ann nuair a dhéantar an iomarca formhínithe ar na Torthaí Foghlama agus ní úsáidtear iad ach mar thicbhoscaí don mheasúnú nó don chur i gcrích dá bharr* (Priestley, 2019, lch 6).

Bhí scoilteadh, neamhleanúnachas, dí-ghairmiúlú an teagaisc, níos lú oiriúnú ar an bhfoghlaim chun oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora agus, d'fhéadfaí a argóint, torthaí nach raibh chomh

cothromasach d'fhoghlaimeoir san áireamh leis na hiarmhairtí neamhbheartaithe de bharr ró-mhionsonrú na dtorthaí foghlama a shainaithin taighdeoirí curaclaim.

De réir mar a luadh i gcaibidil 3, ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcineál forbartha gairmiúla agus tacaíochta leanúnaí a bheidh riachtanach chun go rachaidh múinteoirí i ngleic go hiomlán leis na hathruithe a rinneadh ar an gcuraclam, go bhfiosróidís iad agus, ar bhealaí áirithe, go nglacfaidís úinéireacht orthu. Ní leor díreach aontú le hathruithe curaclaim – an rud ar thug Priestley agus Minty (2013) rannpháirtíocht den chéad ord air – chun cleachtas a athrú; teastaíonn tuiscint dhomhain ar an gcuraclam mar eintiteas ilghnéitheach iomlánaíoch – rannpháirtíocht den dara hord – ó mhúinteoirí. Mar sin féin, ní féidir a sheachaint ach go mbeidh creidimh éagsúla ag múinteoirí maidir le curaclaim nua agus athbhreithnithe agus go mbeidh siad ann i gcónaí, de réir mar a théann gach múinteoir i ngleic le hathruithe curaclaim, de réir mar a léirmhíníonn siad é agus de réir mar a théann siad i ngleic leo ina slite féin.

## 4.4 Aiseolas an mhúinteora maidir le cáipéisíocht churaclaim

Cuimsíonn próisis forbartha curaclaim CNCM dhá chomhairliúchán chun aiseolas a bhailiú ó mhúinteoirí, ó pháirtithe leasmhara an oideachais agus ón bpobal i gcoitinne. Tarlaíonn comhairliúchán amháin bunaithe ar an gcáipéis eolais agus ar an treoir a threoraíonn forbairt sonraíocht churaclaim nua nó athbhreithnithe. Tarlaíonn an dara ceann bunaithe ar an dréachtsonraíocht, agus déantar coigeartuithe bunaithe ar an aiseolas, de réir mar is cuí, ar mhaithe le socrú ar an tsonraíocht dheiridh. Déantar athbhreithnithe luath-chur i bhfeidhm ar ábhair nua freisin, go ginearálta tar éis do chohórt nó dhó de scoláirí taithí a fháil ar an dá bhliain iomlán teagaisc, foghlama agus measúnaithe faoi threoir na sonraíochta sin. Ní gnáth go ndéantar mórathruithe ar na sonraíochtaí le linn luath-chur i bhfeidhm sonraíochtaí nua, toisc go mbíonn dlínsí a chuireann athruithe leanúnacha i bhfeidhm i gcónaí i mbaol coimhthiú a dhéanamh ar na múinteoirí agus an fhoghlaim a scoilteadh sula mbíonn deis ag na hábhair leabú. Mar sin féin, i gcás inar moladh san aiseolas go bhféadfaí soiléireacht a bhaint amach trí chomhleanúnachas cothrománach a neartú, is féidir roinnt athruithe a dhéanamh, le faomhadh na Comhairle agus an Aire Oideachais.

Dearadh sé shonraíocht de chuid na sraithe sinsearaí i dtreoir le foirm theicniúil chomónta a d'fhaomh an Chomhairle sa tréimhse ó 2016 go dtí 2019. Is do na hábhair seo a leanas a dearadh na sonraíochtaí seo: an Pholaitíocht agus an tSochaí, Eacnamaíocht, Corpoideachas, Eolaíocht Talmhaíochta, Ríomheolaíocht, agus Matamaitic Fheidhmeach. Fuarthas aiseolas maidir le dréachtsonraíochtaí le haghaidh Gaeilge (T1 agus T2), Arabais agus Teangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta le linn comhairliúchán poiblí sa bhliain 2021/2022 chomh maith. Agus iad ceaptha le haghaidh íosmhéid 180 uair an chloig d'am teagmhála ranga, eagraítear na sonraíochtaí seo ar fad ina snáitheanna agus leagtar an fhoghlaim amach i bhfoirm torthaí foghlama. Chun tacú le múinteoirí a bheith níos muiníní i dtaca le cinntí a dhéanamh faoin bhfoghlaim ar cheart tabhairt fúithi, is gnáth go n-úsáidtear níos mó torthaí chun cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim i sonraíochtaí na sraithe sinsearaí agus ní bhíonn siad chomh solúbtha ná chomh hoscailte agus a bhíonn na cinn a úsáidtear i sonraíochtaí na sraithe sóisearaí. Agus é i gceist soiléireacht agus comhleanúnachas a bhaint amach, áirítear réamhrá ar an snáithe, scartar an t-eolas ina fho-chodanna agus tugtar léiriú ar an méid a bheidh á fhoghlaim ag an scoláire sna fo-chodanna i gcolún *Foghlaimíonn an scoláire faoi*. Áiríonn measúnú an scoláire scrúdú scríofa deiridh agus comhpháirt amháin d'obair chúrsa ar fiú 20% ar a laghad de na marcanna deiridh í. Bailíodh

aiseolas maidir leis na sonraíochtaí seo trí chomhairliúchán i dtaca le dréachtshonraíochtaí agus i gcás na Polaitíochta agus na Sochaí, trí athbhreithniú luath-chur i bhfeidhm. Cuireadh roinnt athbhreithnithe ar luath-chur i bhfeidhm ar athló de bharr tionchar phaindéim Covid-19. Faightear aiseolas maidir le sonraíochtaí ó réimse foinsí ar bhonn aon-uaire chomh maith. Mar sin féin, is aiseolas a fuarthas le linn comhairliúcháin phoiblí é an t-aiseolas a fhiosraítear sa chaibidil seo, toisc go bhfuil sé seo ionadaíoch go ginearálta ar na páirtithe leasmhara go léir.

Tugtar le fios san aiseolas gur glacadh go dearfach le roinnt gnéithe dearaidh i bhfoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim na sraithe sinsearaí den chuid is mó, san áit go raibh aiseolas measctha maidir le gnéithe eile, go háirithe na torthaí foghlama agus an measúnú, agus ba mhinic a iarradh tuilleadh sonraí a chur ar fáil.

| Gnéithe an Dearaidh | Aiseolas ó múinteoirí maidir leis na dréachtshonraíochtaí |
|---|---|
| Réasúnaíocht, Aidhmeanna agus Cuspóirí | Chuir formhór d'aiseolas na múinteoirí an tuairim in iúl go n-oibríonn na codanna seo go maith lena chéile chun soiléireacht a thabhairt don<br>• bheartas um sealbhú teanga iasachta ag leibhéal na sraithe sinsearaí<br>• cineál na Matamaitice Feidhmí<br>• cineál na Ríomheolaíochta ag leibhéal na sraithe sinsearaí<br>• cineál na hEacnamaíochta ag leibhéal na sraithe sinsearaí<br>• an fhoghlaim riachtanach san Arabais<br>• an cineál ar leith a bhaineann le foghlaim teanga chlasaiceach (Laidin nó Gréigis)<br>I dteangacha clasaiceacha, moladh go bhféadfaí cur leis an mbéim sa réasúnaíocht ar naisc le hábhair eile. Sa Ghaeilge bhí deighilt san aiseolas maidir lena mhéid agus a d'oibrigh na codanna seo go maith lena chéile chun soiléireacht a bhaint amach. |
| Forbhreathnú agus Struchtúr | Fáiltíodh roimh an tslí inar líníodh an t-eolas sna snáitheanna agus bhíothas den tuairim go raibh na léaráidí a thaispeánann cineál idircheangailte an eolais a sonraíodh sna snáitheanna úsáideach i dtaca le soiléireacht a bhaint amach sna hábhair seo a leanas:<br>• Teangacha Iasachta<br>• Eolaíocht Talmhaíochta<br>• Matamaitic Fheidhmeach<br>• Ríomheolaíocht<br>• Eacnamaíocht<br>Uair amháin, moladh gur gá nádúr idircheangailte na snáitheanna a dhéanamh níos soiléire, agus cuireadh é seo san áireamh agus muid ag bogadh ó dhréachtsonraíocht go sonraíocht deiridh. Sa Ghaeilge, bhí tuairimí measctha i dtaobh an bhfuil leagan amach, forbhreathnú agus struchtúr na ndréachtsonraíochtaí soiléir. Ag T2, thug roinnt den aiseolas le fios nach raibh cineál idircheangailte na snáitheanna soiléir go leor agus go bhféadfadh dhá cheann de na snáitheanna a bheith deacair le haghaidh roinnt scoláirí a bhí ag déanamh staidéar ar Ghaeilge T2. |
| Torthaí Foghlama | Téama a tháinig aníos arís agus arís eile san aiseolas comhairliúcháin ná go raibh easpa soiléireachta sna torthaí foghlama sna dréachtsonraíochtaí, agus go gcruthódh sé sin fadhbanna agus pleanáil á déanamh don teagasc agus don fhoghlaim. |

| | |
|---|---|
| | **An Pholaitíocht agus an tSochaí:** moladh coigeartuithe a dhéanamh ar thorthaí foghlama ar leith in aiseolas ó athbhreithniú ar luath-chur i bhfeidhm sonraíocht na Polaitíochta agus na Sochaí de chuid na hArdteistiméireachta (2017). Comhtháthaíodh an t-aiseolas i sonraíocht leasaithe (2019) chun cur leis an gcomhleanúnachas agus leis an tsoiléireacht.<br>**Ríomheolaíocht:** rinneadh moltaí maidir leis an teanga a bhain le torthaí foghlama ar leith.. Moladh go bhféadfadh ábhair eiseamláireacha oiriúnacha cabhrú le múinteoirí léirmhíniú a dhéanamh ar thorthaí foghlama.<br>**Eacnamaíocht:** airíodh san aiseolas go bhfuil roinnt torthaí foghlama tearcfhorbartha agus go bhfágann siad an iomarca spáis le léirmhíniú, go háirithe mura bhfuil treoir eile ar fáil don phleanáil struchtúrtha.<br>**Gaeilge T1 agus T2:** dúirt go leor rannpháirtithe nach raibh na torthaí foghlama soiléir, ó thaobh bhéim na foghlama agus na teanga a úsáideadh araon. Tugadh le fios chomh maith nach raibh an chéim ná an caighdeán lena rabhthas ag súil soiléir.<br>**Eolaíocht Talmhaíochta:** Tugadh le fios san aiseolas go mbeadh tuilleadh sonraí maidir leis an measúnú ina tháscaire maith maidir le héifeachtacht úsáid na dtorthaí foghlama i dtaca le foghlaim an scoláire a leagan amach.<br>**Araibis:** Ceistíodh cé chomh hoiriúnach agus a bhí sé toradh foghlama i dtaca le húsáid foclóirí a chur san áireamh.<br>**Teangacha clasaiceacha:** Fáiltíodh roimh na torthaí foghlama go forleathan. Cuireadh roinnt ceisteanna maidir le sainmhínithe nó paraiméadair a bhain le focail ar leith a úsáideadh i dtorthaí foghlama agus maidir leis an méid a thacódh an fhoghlaim ar tugadh breac-chuntas uirthi leis an bhfoghlaimeoir focail agus frásaí a fhoghrú i gceart. |
| Measúnú | Fáiltíodh roimh an gcur chuige ilmhódach i dtaca leis an measúnú toisc go rabhthas den tuairim gur ailínigh sé go maith le haidhmeanna agus le réasúnaíocht siollabais athbhreithnithe na hArdteistiméireachta. Mar sin féin, ba mhinic a lorgaíodh tuilleadh sonraí maidir leis an measúnú. An cleachtas reatha atá ann ná na sonraí sin a chur ar fáil in ábhair thacaíochta (treoirlínte don obair chúrsa agus scrúdpháipéir shamplacha), san áit go dtugtar breac-chuntas sa tsonraíocht ar bhéim an mheasúnaithe, ar na comhpháirteanna measúnaithe, briseadh síos ar dháileadh marcanna le haghaidh comhpháirteanna difriúla agus le haghaidh ardleibhéil agus gnáthleibhéil, agus critéir mheasúnaithe a fhreagraíonn ardleibhéal, meánleibhéal agus leibhéal íseal gnóthachtála le haghaidh gach comhpháirt.<br><br>**Teangacha iasachta:** Ailíníonn an t-ualú méaduithe le haghaidh scileanna cainte go maith le haidhm agus le cuspóirí sonraíochtaí na dteangacha iasachta.<br>**Eolaíocht Talmhaíochta:** Ailíníonn an dá mhodh measúnaithe go maith le codanna eile, rud a chiallaíonn go mbíonn deiseanna ag an scoláire fianaise maidir le réimse eolais níos leithne a léiriú. (An t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a bhaineann le cleachtais laistigh den ábhar atá |

| | |
|---|---|
| | riachtanach d'fhoghlaim an scoláire faoin ábhar. Cur i bhfeidhm eolais ón ábhar chomh maith le heolas maidir leis an ábhar)<br>**Matamaitic Fheidhmeach:** Ailíníonn an dara modh measúnaithe, an tionscadal samhaltaithe, go maith leis na codanna eile (aidhmeanna, cuspóirí agus réasúnaíocht) rud a chiallaíonn go mbíonn deiseanna ag an scoláire fianaise ar réimse eolais níos leithne a léiriú. (An t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a bhaineann le cleachtais laistigh den ábhar atá riachtanach d'fhoghlaim an scoláire faoin ábhar. Cur i bhfeidhm eolais ón ábhar chomh maith le heolas maidir leis an ábhar)<br>**Eacnamaíocht:** Tugann an topaic thaighde deis don scoláire fianaise maidir le réimse eolais níos leithne a léiriú. (An t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a bhaineann le cleachtais laistigh den ábhar atá riachtanach d'fhoghlaim an scoláire *faoin* ábhar. Cur i bhfeidhm eolais ón ábhar chomh maith le heolas maidir leis an ábhar)<br>Gaeilge: Fáiltíodh roimh an bpunann teanga go forleathan toisc go bhféadfadh sí tacú le dul chun cinn an scoláire san fhoghlaim agus í a dhoiciméadú. Moladh gur cheart leanúint le béim láidir ar chumas labhartha an scoláire agus ar a chumas idirghníomhú i nGaeilge agus gur cheart an t-ualú le haghaidh na litríochta sa dréachtsonraíocht a laghdú, agus gur cheart an t-ualú molta le haghaidh scileanna cainte a mhéadú dá réir.<br>**Arabais:** fáiltíodh roimh an moladh punann a thabhairt isteach le haghaidh comhpháirteanna measúnaithe fhoirmithigh agus/nó comhpháirteanna urlabhra agus cluastuisceana.<br>**Teangacha clasaiceacha:** fáiltíodh roimh ualú na gcomhpháirteanna ach lorgaíodh níos mó sonraí maidir le nádúr ar leith na gcineálacha ceisteanna a bhí á moladh don pháipéar scríofa. |

**Tábla 23:** Aiseolas ó múinteoirí maidir leis na dréachtshonraíochtaí 2016-2019

Ag teacht le fianaise ó chás-staidéir i dtaighde Priestley, tugann aiseolas ó mhúinteoirí le fios gurb é an chaoi a gcuireann Torthaí Foghlama in iúl faoi láthair eolas i ndoiciméadú curaclaim an ghné is dúshlánaí de shonraíochtaí reatha na hArdteistiméireachta, agus tá impleachtaí aige seo d'fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha.

Mar a luadh cheana i gcaibidil 1 (leathanach 12) agus i gcaibidil 3 (leathanach 66), déantar conspóid maidir leis an méid atá – agus ba cheart – d'oideolaíochtaí a bheith intuigthe nó follasach laistigh de thorthaí foghlama agus sa tsonraíocht níos leithne agus athraíonn sé go mór ó dhlínse go dlínse. De réir mar a luadh roimhe seo, níor sainordaíodh oideolaíochtaí ar leith i sonraíochtaí curaclaim iar-bhunscoile in Éirinn go traidisiúnta. D'fhonn castachtaí an trasnaithe idir curaclam agus oideolaíochtaí le creidimh agus breithiúnas gairmiúil na múinteoirí a aithint, chomh maith leis na buntáistí a bhaineann le comhráite dialóige faoi chleachtais seomra ranga, is gnách go bpléitear an trasnú idir torthaí foghlama agus oideolaíochtaí mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus le linn cigireachtaí ábhair agus scoile uile. Tá an cur chuige seo i dtreoir le fianaise taighde a chuireann in iúl gur indéanta an rud é *idéal* na dílseachta a bhaint amach (Ahl et al, 2022). Is féidir breathnú ar mhionsonrú follasach oideolaíochtaí mar rud cabhrach san áit go dtacaíonn sé leis an ailíniú idir an curaclam beartaithe agus na hoideolaíochtaí a úsáidtear chun an curaclam sin a chur i

bhfeidhm. D'fhéadfaí é seo a léirmhíniú ar nós mímhuinín i mbreithiúnas gairmiúil na múinteoirí, ar nós neamhaird a dhéanamh ar chastacht na cinnteoireachta oideolaíche sa seomra ranga agus ar an ról a bhíonn ag creidimh an mhúinteora i dtaca le dul i ngleic leis an gcuraclam.

## 4.5 Achoimre ar an gCaibidil

- Tá an comhleanúnachas curaclaim, ar bhonn leathan, ríthábhachtach i dtaca le hathrú rathúil san oideachas. Is gá an t-ailíniú laistigh de gach cuid de na sonraíochtaí curaclaim a shíneadh ar fud an chórais oideachais chuig an oideolaíocht, cigireachtaí, forbairt ghairmiúil leanúnach agus oideachas tosaigh múinteoirí (comhleanúnachas ingearach)
- Tugtar le fios in aiseolas ó mhúinteoirí go bhfuil an-tábhacht le soiléireacht agus le comhleanúnachas laistigh d'fhoirm theicniúil sonraíochta.
- Tugtar le fios in aiseolas a bailíodh trí chomhairliúchán maidir le dréachtsonraíochtaí agus maidir le luath-chur i bhfeidhm gur féidir le roinnt gnéithe dearaidh d'fhoirm theicniúil sonraíochta cur leis an tsoiléireacht agus leis an gcomhleanúnachas
    - Bíonn an **Réasúnaíocht agus na hAidhmeanna** úsáideach i dtaca le soiléireacht a thabhairt maidir le cineál agus tábhacht an ábhair
    - Is féidir leis an gcuid **Forbhreathnú agus Struchtúr** cabhrú an tslí ina rangaítear eolas sna sonraíochtaí a leagan amach go soiléir; agus léaráid ag tabhairt soiléireachta do shaintréith idircheangailte an eolais sin
    - Is féidir le **cur chuige ilmhódach i leith an mheasúnaithe** ailíniú go maith le haidhmeanna agus le réasúnaíocht sonraíochta
- Is féidir le torthaí foghlama ról tábhachtach a bheith acu maidir le comhleanúnachas curaclaim a bhaint amach ach bíonn dúshláin leo chomh maith, go háirithe i mblianta tosaigh na sonraíochta nua, nuair is féidir le neamhchinnteacht maidir leis an measúnú tionchar a bheith aige ar mhuinín múinteoirí agus ar a mbraistint féinéifeachtúlachta.
- Bíonn dúshláin i gceist le dul in oiriúint don phleanáil le haghaidh teagaisc agus foghlama trí úsáid a bhaint as torthaí foghlama
- Is féidir le scafláil torthaí foghlama, i sonraíocht agus/nó in ábhair thacaíochta, cur le foghlaim agus rannpháirtíocht múinteoirí le sonraíocht churaclaim nua nó athbhreithnithe agus lena muinín agus lena mbraistint féinéifeachtúlachta. D'fhéadfadh scoilteadh, neamhleanúnachas, dí-phroifisiúnú an teagaisc, níos lú oiriúnú ar an bhfoghlaim chun oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora agus, d'fhéadfaí a argóint, torthaí nach bhfuil chomh cothromasach don fhoghlaimeoir a bheith mar thoradh ar ró-mhionsonrú na dtorthaí foghlama. Is tábhachtach go mbaintear cothromaíocht amach idir an scafláil, agus an tsolúbthacht agus rogha.
- Ba cheart scafláil a dhéanamh ar thorthaí foghlama i sraith sinsearach athfhorbartha ar shlí
    - a gcuireann soiléireacht ar fáil maidir le *cén* fhoghlaim le tabhairt fúithi
    - a gceadaíonn féinriar curaclaim maidir leis *an tslí* ina dtugtar faoin bhfoghlaim
    - a léiríonn meas ar ghairmiúlacht na múinteoirí chun eispéiris oiriúnacha ábhartha a chur ar fáil don scoláire.

Mar sin féin, i bhfianaise na béime láidre ar scrúduithe deiridh na scoile in Éirinn agus ar an méid a thagann aníos sna scrúduithe, ní dócha go réiteofaí teannais a bhaineann leis an measúnú go hiomlán trí chur chuige difriúil a ghlacadh i dtaca le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim, beag beann ar an méid scafléla le haghaidh torthaí foghlama a chuirtear ar fáil i sonraíochtaí agus/nó in ábhair thacaíochta.

# 5. Eolas, scileanna agus luachanna/meonta:

Deirtear in Athbhreithniú ar an tSraith Sinsearach – Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022)

> I bpróiseas athfhorbartha na sraithe sinsearaí, cuirfidh cur chuige comhtháite i leith eolais, scileanna, luachanna agus meonta bonn eolais faoi dhearadh sonraíochtaí ábhair agus modúil... Déanfar tuilleadh breithnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar na scileanna, na luachanna agus na meonta a dtógfaidh an scoláire orthu ó chéimeanna roimhe sin san oideachais agus/nó na cinn ar cheart dó a fhorbairt i gcaitheamh na sraithe sinsearaí trí rannpháirtíocht I heolas i measc ábhair agus modúil éagsúla agus iad a shainaithint... Áireofar mar chuid den phróiseas seo dul siar ar aiseolas an athbhreithnithe agus ar phríomhscileanna reatha na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon, in éineacht le machnamh ar an gcaoi ar féidir le treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí, a cuireadh in iúl thuas, bonn eolais a chur faoi na luachanna agus na meonta gur féidir a fhorbairt laistigh de agus ar fud ábhair agus modúil. (CNCM, 2022, lch 29)

Choimisiúnaigh CNCM Ollamh Emeritus Carol McGuinness ina dhiaidh sin, a bhíodh in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, chun athbhreithniú agus anailís taighde-threoraithe a sholáthar maidir leis na príomhcheisteanna ar gá do CNCM breithniú a dhéanamh orthu agus cur chuige á fhorbairt a bhfuil d'aidhm aige

> cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite (CNCM, 2022, lch 20)

Déantar achoimre sa chaibidil seo ar na breithnithe is tábhachtaí a eascraíonn ó thuarascáil an tOllamh McGuinness. Tabhair faoi deara go n-úsáidtear an focal 'inniúlachtaí' mar scáth-théarma a dhéanann cur síos ar fhorbairt chomhtháite eolais, scileanna, luachanna agus meonta. Fiosraítear ceisteanna a bhaineann le húsáid teanga ina tuairisc agus déantar amhlaidh ina dhiaidh seo sa chaibidil seo.

## 5.1 Cad iad na ceisteanna taighde a cuireadh?

Cuireadh na ceisteanna seo a leanas le go ndéanfaí breithniú orthu i dtreoracha taighde CNCM (ach ní go díreach san ord seo):

1. De réir mar a shainaithnítear leis an litríocht taighde, cad iad na príomhdheiseanna agus na príomhdhúshláin a bhíonn ann nuair a úsáidtear cur chuige inniúlachtaí chun an fhoghlaim a struchtúrú laistigh den churaclam?
2. Cad iad na hinniúlachtaí uileghabhálacha a leagtar béim orthu sna céimeanna uachtaracha den iar-bhunoideachas i 6 ndlínse éagsúla, mar chomparadóirí d'Éirinn?
3. Leanúnachas agus dul chun cinn: Conas is féidir, leis na hinniúlachtaí uileghabhálacha sa tsraith shinsearach, naisc bhríocha inbhraite a dhéanamh le creata curaclaim CNCM don bhunscoil agus don tsraith shóisearach agus lena fhoghlaim amach anseo?
4. Cén sórt cuma a bheadh ar rangú taighdethreoraithe le haghaidh príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach?

I dtuarascáil McGuinness leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le tógáil ar dhea-chleachtas atá ann faoi láthair, atá i dtreoir leis an mbéim atá ar athfhorbairt in Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach:

> Ní mór cuimhneamh nach bhfuiltear ag tosú ó bhun leis an tSraith Shinsearach i dtaca leis an gceist ghinearálta churaclaim seo. Tá Creat Príomhscileanna ann cheana don tSraith Shinsearach (CNCM, 2009) agus aidhmeanna agus cuspóirí aige atá an-chosúil leo sin a bheadh in aon chreat inniúlachtaí scoláire don tSraith Shinsearach. Ceist thábhachtach don tuarascáil seo ná an méid is féidir an creat seo a athnuachan i bhfianaise forbairtí níos úire, an méid a bheidh sé inaitheanta go fóill ag múinteoirí agus scoileanna,
> ach é ag feidhmiú fós mar spreagadh cumhachtach don tSraith Shinsearach athfhorbartha.
> (McGuinness, 2023, lch 4).

## 5.2 Cad é an téarmaíocht is mó a léiríonn an t-aiseolas ó athbhreithniú ar an tsraith shinsearach agus forbairtí curaclaim in Éirinn le déanaí?

Tugtar ainmneacha difriúla ar spriocanna foghlama níos leithne a fheidhmíonn lasmuigh de shrianta teorainneacha traidisiúnta na n-ábhar scoile, lena n-áirítear scileanna de chuid an 21ú haois, príomhscileanna, scileanna tras-scileanna, litearthacht (nua), Scileanna na Todhchaí, príomhinniúlachtaí, agus inniúlachtaí nó cumais ghinearálta. Ní beag an méid suntais a bhaineann leis na hainmneacha difriúla seo, toisc go mbíonn béimeanna agus bríonna difriúla ag baint leo. Chomh maith leis sin le forbairt tréithe pearsanta amhail smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, cumarsáid, comhoibriú, foghlaim fhéinstiúrtha, gníomhú an scoláire agus litearthachtaí éagsúla, cuimsíonn siad téamaí idirdhisciplíneacha amhail cultúr agus ilchultúrachas, litearthacht dhigiteach, saoránacht agus inbhuanaitheacht.

Sa aiseolas a fuarthas i gcaitheamh an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach (2017-2020) leagadh béim ar thábhacht cur chuige *chomhtháite* agus cabhair á tabhairt don scoláire a chuid eolais, scileanna agus luachanna/meonta a fhorbairt. Luann McGuinness

> Trí bheith follasach faoin ngaol comhtháite idir an t-eolas, na scileanna agus luachanna/meonta agus na tairbhí bainteacha d'fhoghlaim scoláirí, seachnaítear an cáineadh a dhéantar go minic ar fhócas ar scileanna i gcuraclam, mar atá, go mbíonn tearcionadaíocht ag an eolas agus gan meas leorga air. Nuair a éiríonn lena gcomhtháthú, is féidir go mbeadh buntáistí féideartha ann d'fhoghlaimeoirí i gcuid mhór réimsí éagsúla. Mar shampla, is féidir a n-eolas agus a dtuiscint a dhaingniú agus is féidir go bhfaigheadh siad deiseanna leis an gcaoi le heolas a fhorbairt a fhoghlaim mar aon le heolas a ghlacadh isteach. Is féidir cur i bhfeidhm an eolais a chothú agus daoine ag iarraidh spriocanna agus dúshláin a chur díobh, agus is féidir go dtacódh scileanna/luachanna/meonta le scoláirí chun naisc a dhéanamh ní hamháin idir gnéithe den fhoghlaim scoile ach chuig comhthéacsanna an uile lae chomh maith, san am i láthair agus i gcomhthéacsanna oibre amach anseo. (McGuinness, 2023, lch 16).

In aiseolas an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach, leagadh béim chomh maith ar thábhacht forbairt sóisialta agus mothúchánach an scoláire, agus ar thábhacht cur lena chumas freagairt do dhúshláin agus do chásanna nua nó nach féidir a thuar, agus déileáil leo. Tá an chastacht agus an uaillmhian a cuimsíodh sa chéad abairt d'fheidhm na sraithe sinsearaí athfhorbartha – *cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite* – i dtreoir le teanga na n-inniúlachtaí, de réir mar a thugtar breac-chuntas air i bpáipéar seasaimh DeSeCo ECFE.

> – baineann níos mó le hinniúlacht ná eolas agus scileanna amháin. Cuimsíonn sí an cumas freastal ar riachtanais chasta trí tharraingt ar agus leas a bhaint as acmhainní síceasóisialta (lena n-áirítear scileanna agus meonta) i gcomhthéacs faoi leith.
> (OECD DeSeco, Executive Summary, 2005, lch. 4).

Ar na cúiseanna seo, tá an téarma 'inniúlachtaí' níos oiriúnaí ná 'scileanna' chun na cineálacha foghlama a bhfuiltear ag súil leo sa tsraith shinsearach athfhorbartha a ghabháil. Tá sé i dtreoir leis an gcur chuige hibrideach i leith dearadh curaclaim a fiosraíodh i gcaibidil 1 chomh maith. Glacann tionscadail de chuid an Choimisiúin Eorpaigh le déanaí an cur chuige seo freisin, cé go dtagraíonn siad do phríomhinniúlachtaí seachas d'inniúlachtaí. Rud é seo a léiríonn an ghluaiseacht ó theanga na 'bpríomhscileanna' agus mar sin tá sé i dtreoir le forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá dhá mhíbhuntáiste fhéideartha a bhaineann le húsáid an téama 'inniúlachtaí', mar sin féin. Ar an gcead dul síos, i bhfianaise an plé maidir le curaclam na hÉireann i gcaibidil 1, d'fhéadfaí breathnú ar mar róbhéim ar inniúlacht chun saibhriú agus rannpháirtíocht a chinneadh, rud a chlaonann an cur chuige i dtreo cultúr curaclaim Angla-Shacsanach/Meiriceánach agus amach ó bhéim Didaktik ar fheidhmeanna oideachais níos 'daonna' nach bhfuil chomh intuartha, ar nós an tsóisialaithe, na suibiachtúlachta (éirí amach mar dhuine ionat féin) agus na folláine daonna. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go n-aithníonn cur chuige na n-inniúlachtaí tábhacht na rannpháirtíochta, an spreagadh go háirithe, tríd an mbéim ar an gclaonadh tú féin a iompar ar shlite áirithe ar bhonn leanúnach, de réir mar is cuí sa chomhthéacs a bhíonn i gceist. Chomh maith leis sin seachnaíonn 'inniúlachtaí' claonadh an chultúr curaclaim Angla-Shacsanaigh/Mheiriceánaigh ró-luach a chur ar eolas agus ar chaipiteal cultúrtha, a cháintear go minic é, toisc go leagann cur chuige inniúlachtaí béim ar

> an méid a dhéantar leis an eolas seachas ar shealbhú an eolais féin
> (McGuinness, 2023, lch 10)

Chomh maith leis sin, tá mórfheidhm na sraithe sinsearaí athfhorbartha níos leithne ná aon abairt amháin maidir le heolas, scileanna, luachanna agus meonta, agus leagtar béim air gur cheart don tsraith shinsearach leanúint le hoideachas a chur ar an duine ina iomláine, freastal ar fheidhmeanna comhchoitianta agus aonair, agus cabhrú leis an scoláire rochtain a fháil ar thodhchaíochtaí éagsúla.

An dara míbhuntáiste a bhaineann le húsáid an téarma 'inniúlachtaí' ná go gcruthóidh sé seo neamhréir teanga idir an tsraith shóisearach agus shinsearach, toisc go leagtar béim sa tsraith shóisearach ar fhorbairt príomhscileanna. Mar sin féin, leagtar béim i gCreatchuraclam na Bunscoile (2023), atá le foilsiú go luath, ar an tábhacht atá le páistí agus daoine óga a bheith ag

forbairt príomhinniúlachtaí agus d'fhéadfaí argóint a dhéanamh go bhfuil sé níos ciallmhara creata agus sonraíochtaí níos sine a nuashonrú chun freagairt don smaointeoireacht níos úire, seachas ailíniú siar a dhéanamh i dtreo cuir chuige agus téarmaíocht níos sine.

## Cad is ciall le heolas, scileanna, luachanna agus meonta?

I bpróiseas athfhorbartha na sraithe sinsearaí, is ríthábhachtach comhthuiscint a bheith againn ar na téarmaí eolas, scileanna, luachanna agus meonta. Áiríodh sainmhínithe ar na téarmaí seo in Athbhreithniú ar an tSraith Sinsearach – Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022) mar seo a leanas:

### Eolas

Is féidir cur síos ar eolas mar '*fhíricí, coincheapa, smaointe agus teoiricí aitheanta*', lena n-áirítear '*coincheapa agus smaointe teoiriciúla chomh maith le tuiscint phraiticiúil bunaithe ar thaithí i ndiaidh tascanna áirithe a dhéanamh*'.[10] Déanann catagóiriú úsáideach ar an eolas é a chur in eagar i **gceithre** chineál:

1. disciplíneach,
2. ildisciplíneach,
3. eipistéimeach agus
4. gnásúil.

Is féidir le heolas disciplíneach, a eagraítear de réir dhisciplín an ábhair nó fearainn eolais, a bheith ina bhonn tábhachtach agus féadfaidh sé cabhrú leis an scoláire cineálacha eile eolais agus scileanna a fhorbairt agus a fhoghlaim. Cuireann eolas idirdhisciplíneach ar chumas an scoláire naisc a shainaithint agus coincheapa, scileanna agus smaointe a aistriú trasna disciplíní, rud a d'fhéadfadh léargais, smaointe nó tuiscint nua a spreagadh. Tagraíonn eolas eipistéimeach d'fhios a bheith ag duine faoina bhfuil i gceist le heolas; fios a bheith agat céard atá ar eolas aige agus céard atá sé in ann a dhéanamh; agus conas a tharla an fhoghlaim sin. Faoi dheireadh, tagraíonn eolas gnásúil do thuiscint a bheith agat ar an gcaoi a ndéantar tasc, ach próisis struchtúrtha a chíoradh go minic, agus féadfaidh sé seo tacú leis an scoláire agus é ag réiteach fadhbanna casta. Foghlaimíonn, úsáideann agus treisíonn an scoláire réimse scileanna, luachanna agus meonta agus é ag leathnú, ag neartú agus ag léiriú a chuid eolais agus tuisceana a thuilleadh.

[10] ECFE (2019), Future of Education and Skills 2030, Concept note: knowledge for 2030, lch 3.

## SCILEANNA

Is féidir cur síos ar scileanna mar '*a bheith in ann próisis a chomhlíonadh agus a bheith in ann do chuid eolais féin a úsáid ar bhealach freagrach chun do spriocanna féin a bhaint amach*.[11] Déanann catagóiriú úsáideach scileanna iad a chur in eagar i dtrí chineál: scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha (mar shampla, smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chruthaitheach agus féinrialúchán); scileanna praiticiúla agus fisiciúla (mar shampla, ábhair agus uirlisí, eolas nua agus gléasanna teicneolaíochta a úsáid); agus scileanna sóisialta agus mothúchánacha (mar shampla, comhbhá, freagracht agus comhoibriú). Forbraítear agus úsáidtear scileanna, in éineacht le heolas, luachanna agus meonta, ar bhealach comhtháite agus comhordaithe, go minic mar fhreagra ar thasc nó ar éileamh áirithe nó chun obair a dhéanamh i dtreo sprioc áirithe.

### Luachanna agus meonta

Is féidir cur síos a dhéanamh ar luachanna mar '*na creidimh atá ag duine faoi na rudaí atá inmhianaithe – dóibh féin agus don tsochaí i gcoitinne*'.[12]Is féidir cur síos a dhéanamh ar mheonta mar '*an claonadh atá ag duine gníomhú ar bhealach áirithe in gcúinsí ar leith*'[12]. Tá nasc idir meonta agus luachanna, óir is minic a bhíonn daoine ag gníomhú ar bhealach áirithe de bharr a luachanna agus a gcreideamh bunaidh. Tá nasc idir meonta agus scileanna freisin. Cur síos gearr amháin ar mheonta is ea '*toil chomh maith le scil*''[12] a bheith agat chun rud éigin a thriail nó a bhaint amach. Tá nasc idir meonta agus eolas a oiread céanna, óir féadfaidh na meonta smaointeoireachta agus foghlama, a fhorbraíonn an scoláire, a chuid foghlama a shaibhriú agus é ag gabháil don eolas ar fud disciplíní éagsúla. Tá go leor bealaí ann ar féidir luachanna agus meonta a eagrú agus a chatagóiriú, agus féadfaidh siad seo luachanna agus meonta pearsanta, sóisialta, sochaí agus daonna, mar shampla, a chuimsiú.

Cuirtear sainmhíniú níos soléite le níos lú sonraí ar na téarmaí seo ar fáil i dtuarascáil McGuinness, mar seo a leanas:

**Eolas:** baineann eolas ní hamháin le corpais d'eolas disciplíneach bunaithe (fíricí agus figiúirí, coincheapa, teoiricí) ach freisin le heolas idirdhisciplíneach, eolas eipistéimeach nó bealaí inar féidir rudaí a bheith ar eolas agus nithe bainteacha a maítear iad a bheith fíor, agus eolas ar an dóigh le rud a dhéanamh (ní hionann é seo agus tú a bheith sciliúil, féach thíos)

---

[11] ECFE (2019), Future of Education and Skills 2030, Concept note: skills for 2030, lch 4.

[12] McGuinness, C. (2018), *Research-Informed Analysis of 21st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum*, tuarascáil taighde CNCM, https://ncca.ie/media/3500/seminar_two_mcguinness_paper.pdf

**Scileanna**: is é atá i gceist le bheith sciliúil i dtaca le rud ná an cumas próiseas éigin a chur i gcrích le leibhéal éigin inniúlachta, rud a léiríonn go bhfuil gné fhorbarthach ag baint le scileanna. Is féidir scileanna a fhorbairt i réimsí éagsúla – scileanna cognaíocha/meiteachognaíocha, scileanna sóisialta/cumarsáide, agus scileanna fisiceacha/sícealuaile.  Is féidir, freisin, baint a bheith ag scileanna leis an gcumas eolas a chur i bhfeidhm chun spriocanna a bhaint amach.

**Luachanna/meonta**: Baineann luachanna leis na nithe bunaidh a chreideann daoine faoi na rudaí atá inmhianaithe – dóibh féin agus don tsochaí ar bhonn níos ginearálta.  Baineann meonta leis an gclaonadh a bheadh ag duine gníomhú ar bhealach áirithe faoi chúinsí áirithe, rud a léiríonn gur gá, mar aon le bheith in ann gníomhú go sciliúil, gur gá duine a bheith spreagtha lena dhéanamh i rith an ama agus fios a bheith aige nó aici cé na cúinsí faoina mbíonn sé oiriúnach a leithéid a dhéanamh. Tá nasc idir luachanna agus meonta, óir is minic a bhíonn daoine ag gníomhú ar bhealach áirithe de bharr a luachanna agus na nithe bunaidh a chreideann siad. Is minic a úsáidtear téarmaí eile chun an ghné seo d’inniúlacht a chur in iúl, amhail meonta nó dearcthaí.

### Cad é a dhéanann ‘príomhinniúlacht’ d’inniúlacht?

Déanann McGuinness argóint gur cheart d’inniúlacht an méid seo a leanas a dhéanamh chun go gcuimhneofaí uirthi mar ‘phríomhinniúlacht’

- seasamh amach mar rud tábhachtach don fhoghlaim
- a bheith tábhachtach le haghaidh gach scoláire, ní díreach scoláirí ar leith, ar chúiseanna cothromais
- a bheith idircheangailte feidhmiú in éineacht lena chéile chun a n-acmhainneacht a uasmhéadú
- gur féidir í a fhorbairt, a fhoghlaim agus a chleachtadh le leibhéal sofaisticiúlachta agus castachta méadaitheach
- feidhmiúlacht fhairsing a bheith i gceist leo i réimsí difriúla, a thugann rochtain ar dheiseanna naisc a dhéanamh san fhoghlaim tríd síos (McGuinness, 2023, lgh 16/17)

Is cumhachtaí iad na príomhinniúlachtaí i dtaca le tacú le foghlaim an scoláire nuair is féidir leis an bhfoghlaimeoir iad a fheiceáil agus iad i bhfeidhm, sna hoideolaíochtaí a bhfuil siad ag fáil taithí orthu agus trína mhachnaimh féin ar an bhfoghlaim. De réir mar a fhorbraíonn scoláire na príomhinniúlachtaí seo, is é an aidhm ná a chur ar a chumas tabhairt faoi dhúshláin chasta.

## 5.3 Cad iad na buntáistí agus na dúshláin fhéideartha a bhíonn ann nuair a úsáidtear cur chuige inniúlachtaí chun an fhoghlaim a struchtúrú laistigh den churaclam?

Díríonn McGuinness ar thrí mhórbhuntáiste a bhaineann le fairsingiú a dhéanamh ar oideachas an scoláire trí chur chuige inniúlachtaí i leith na foghlama. I dtús báire, déantar argóint go mbíonn cur chuige inniúlachtaí ag dréim leis an gcineál foghlama atá téagartha agus ceangailte go leor a úsáid leis an scoláire lasmuigh de chomhthéacs na scoile ina shealbhaítear é. Agus fiosrú á dhéanamh ar thaighde fairsing de Corte ar an inniúlacht oiriúnaitheach

> an cumas eolas agus scileanna a sealbhaíodh trí fhoghlaim bhríoch a chur i bhfeidhm ar bhonn solúbtha cruthaitheach i gcásanna nua (De Corte, 2012, lch. 47)

Luann McGuinness go gciallaíonn sé seo níos mó a fhoghlaim ná eolas agus scileanna ábhair, síneann sé chuig

> [a bheith] breá cleachta le tacar de rudaí a dtugtar heorastaic nó pleananna agus straitéisí smaointeoireachta orthu a úsáid. Bíodh agus go bhféadfaí teagmháil a bheith againn leo seo agus iad a fhoghlaim i gcomhthéacsanna ar leith, tá an fhéidearthacht iontu iad a chur i bhfeidhm ar bhonn níos ginearálta i gcomhthéacsanna éagsúla… [agus ina measc áirítear] eolas ar an gcaoi le foghlaim a dhéanamh, agus ar an gcaoi le tú féin a eagrú agus a bhainistiú mar fhoghlaimeoir, agus creidiúintí dearfacha fút féin mar fhoghlaimeoir agus faoin ábhar atá le foghlaim agat mar thacaíocht agat… [agus] ról an fhoghlaimeora mar ghníomhaire ina chuid foghlama féin (McGuinness, 2023, lch 7)

An dara buntáiste a bhaineann le oideachas an scoláire a fhairsingiú trí chur chuige inniúlachtaí i dtaca leis an oideachas ná go n-ullmhaítear an scoláire níos fearr le haghaidh dúshláin chasta dhomhan an lae inniu, dúshláin a rangaítear in *The Future of Education and Skills: Education 2030* (ECFE, 2018) mar seo a leanas:

> **comhshaol** (lena n-áirítear athrú aeráide, ídiú na n-acmhainní nádúrtha agus dúshlán na hinbhuanaitheachta); **eacnamaíoch** (lena n-áirítear nuálaíocht san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, bithéagsúlacht, intleacht shaorga, idirspleáchais airgeadais as a n-eascróidh taithí ar rioscaí agus géarchéimeanna nach mbeadh súil leo); **sóisialta** (lena n-áirítear fás daonra, gorta domhanda, imirce, uirbiú, ilchineálacht chultúrtha, neamhionannais as a n-eascrófaí coimhlintí, caillteanas muiníne as institiúidí traidisiúnta) (McGuinness, 2023, lch 8)

Meastar go bhfuil na fadhbanna seo chomh casta agus righin sin go ndéantar argóint go n-éilíonn siad

> athrú mór chuig cuir chuige de chineálacha difriúla i leith réiteach fadhbanna, úsáid a bhaint as cuir chuige chruthaitheacha úra, cumas a bheith ag plé leis an gcastacht, caoinfhulaingt ar an débhríocht, cumas a bheith ag plé le contrárthachtaí,
> chomh maith le teacht aniar in aghaidh díomá agus ábhair frustrachais (McGuinness, lch 8)

Ó thaobh chearta an duine agus an cheartais shóisialta de, ní leor guth a thabhairt do dhaoine óga sa chinnteoireacht agus an ceart chun rannpháirtíochta polaitiúla mura bhfuil na hinniúlachtaí acu a theastaíonn uathu chun páirt bhríoch a ghlacadh agus chun cur leis an gcinnteoireacht.

An tríú buntáiste a bhaineann le hoideachas an scoláire a fhairsingiú trí chur chuige inniúlachtaí i dtaca leis an oideachas ná go gcabhraíonn sé leis an scoláire réimse tréithe pearsanta, seachas an éirim, a fhorbairt a mbeidh tionchar acu ar ghnóthachtáil ar scoil agus ar thorthaí níos déanaí ina shaol. Tugtar le fios sa taighde go bhfuil spreagadh inmheánach, féin-éifeachtacht, coinsiasacht agus féinrialúchán ina measc. Luann McGuinness

> Bíonn tionchar indíreach ag go leor de na tosca seo ar thorthaí scoile trína n-impleachtaí i dtaca le tinreamh scoile, gnáthaimh staidéir agus rannpháirtíocht ghinearálta i ngníomhaíochtaí scoile.
> (McGuinness, 2023, lch 9)

Reáchtáil ECFE suirbhé le déanaí chomh maith inar fiosraíodh an caidreamh idir scileanna sóisialta agus mothúchánacha, gnóthachtáil acadúil agus folláine shíceolaíoch. Luaigh siad

> patrún torthaí fíorspéisiúil agus casta. Mar shampla, tháinig titim bheag sna scileanna sóisialta agus mothúchánacha a tuairiscíodh de réir mar a d'fhás scoláirí isteach sna déaga agus lucht 15 bliana d'aois ag tuairisciú scileanna ab ísle ná lucht 10 mbliana d'aois. Go sonrach, bhí titim ann ar leibhéal cruthaitheachta agus fiosracht na scoláirí, agus thacaigh dearcadh na dtuismitheoirí agus na múinteoirí leis seo freisin. Bhí an patrún a bhain leis an ngaol idir gráid scoile agus scileanna sóisialta agus mothúchánacha measctha, agus gaol dearfach idir roinnt scileanna, dianseasmhacht agus fiosracht agus torthaí scoile ach gaol diúltach idir iad agus scileanna eile amhail frithsheasmhacht struis, cruthaitheacht agus caidreamhacht.
> (McGuinness, 2023, lch 9)

Tá na trí mhórbhuntáiste seo i dtaca le cur chuige inniúlachtaí i dtaca leis an gcuraclam casta agus tarraingteach, ach, fós féin, caithfear inniúlachtaí a cheapadh agus a leabú sa churaclam go cúramach, toisc go mbeadh cur chuige príomhinniúlachtaí a dhéanann aithris ar thréithe na n-aicmí éirimiúla agus ceannais agus a dhéanann iad éigeantach do chách i mbaol a bheith ina ghníomh 'foréigean siombalach' frith-dhaonlathach (féach Bourdieu, lch 10) a thugann faoi aonchineálú a dhéanamh ar na scoláirí seachas meas a léiriú ar an indibhidiúlacht agus ar an éagsúlacht.

Aithníodh raon dúshlán breise maidir le cur chuige príomhinniúlachtaí a chomhtháthú i gcuraclam. Tá neart dlínsí tar éis glacadh le cur chuige príomhscileanna nó inniúlachtaí ina gcáipéisí curaclaim, ach is beag tionchar a bhíonn ag na hathruithe teoirice agus beartais seo ar fhoghlaim an scoláire, go háirithe nuair a bhíonn béim agus struchtúr an churaclaim fós ábhar-bhunaithe den chuid is mó. I roinnt cásanna, ní dhearnadh ach na scileanna/inniúlachtaí inmhianaithe a ainmniú, agus iarradh ar mhúinteoirí forbairt na scileanna/n-inniúlachtaí seo a chomhtháthú ina gcuid teagaisc ábhair ach gan aon treoir eile a bheith tugtha dóibh. I gcásanna eile (Creat don tSraith Shóisearach (2015) agus gach sonraíocht de chuid na sraithe sóisearaí, mar shampla), glactar cur chuige leabaithe, ina gcomhtháthaítear na príomhscileanna i ngach sonraíocht, le samplaí de na háiteanna ina bhféadfadh gach scil 'oiriúint' don ábhar, agus ina gcomhtháthaítear príomhscileanna i ngach toradh foghlama. Bíodh sin amhlaidh, de réir mar a luann McGuinness d'fhéadfadh srian a bheith ar phríomhscileanna/phríomhinniúlachtaí

> mar go ndéantar an inniúlacht a imeallú nó go mbíonn sí dofheicthe de dheasca na riachtanas a thagann le teagasc an ábhair. De bhreis air sin, éiríonn na hinniúlachtaí scartha thar ábhair, cailltear an intinn uileghabhálach, agus ní éiríonn le scoláirí nasc a dhéanamh idir taithí a fhaigheann siad ar an inniúlacht a chleachtadh sna hábhair agus sna heispéiris seomra ranga éagsúla.
> (McGuinness, 2023, lch 13)

Tá an tionchar a bhíonn ag creidimh an mhúinteora i dtaca leis na nithe ar cheart tús áite a thabhairt dóibh i bhfoghlaim an scoláire,
agus am agus deiseanna a sholáthair do chomhghleacaithe oibriú lena cheile chun na naisc i measc ábhair a fheiceáil, an-suntasach i dtaca le hathrú a chur ar bun sa réimse seo.

## 5.4 Cad iad na hinniúlachtaí uileghabhálacha a leagtar béim orthu sna san oideachas meánscoile sinsearaí in 6 dhlínse éagsúla, mar chomparadóirí d'Éirinn?

Príomhthoradh ó thuarascáil McGuinness ná nach raibh rangaithe ar leith le haghaidh céimeanna oideachais aonair le sonrú sna dlínsí idirnáisiúnta a ndearna sí staidéar orthu. Seachas sin, is gnách go mbíonn na príomhinniúlachtaí dírithe

> ...ar leibhéal a bheadh bainteach le foghlaim scoile thar chéimeanna agus go bpléitear leis na céimeanna [difriúla] den oideachas trí ráitis ionchas le haghaidh foghlaim an scoláire ag gach céim, a cuireadh in iúl trí mhapaí dul chun cinn, contanaim nó próifílí foghlama... Is díol suntais é go bhfuil seasamh CNCM i dtaca le rangú faoi leith, níos saincheaptha, b'fhéidir, ar phríomhinniúlachtaí/príomhscileanna a iarraidh do na céimeanna éagsúla den fhoghlaim scoile, difriúil maidir leis seo.
> (McGuinness, 2023, lch 14).

Tá trí chúis nár chruthaigh CNCM aon cháipéis príomhinniúlachtaí amháin chun gach céim den oideachas a chuimsiú, go dtí seo. Ar an gcéad dul síos, ailíníonn sé leis an bpróiseas comhchruthaithe ina ndéanann CNCM athbhreithniú ar chéim den oideachais trí chomhairliúchán leathan le múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara. Ansin baintear úsáid as aiseolas ó na hathbhreithnithe seo, mar aon le taighde níos leithne, chun cáipéis príomhinniúlachtaí (nó príomhscileanna i gcás na sraithe sóisearaí) a dhearadh. An dara cúis ná go bhfuil sé d'aidhm ag an gcáipéis príomhinniúlachtaí a dearadh freagairt do na miondifríochtaí i dtaca le héiceolaíocht agus le céim forbartha an oideachais a bhíonn i gceist. Baineann an tríú ceann le tráthúlacht, toisc gur gnáth go ndéantar athbhreithniú agus leasú ar na ceithre chéim oideachais (luathóige, bunoideachas, sraith sóisearach, agus sraith shinsearach) ag amanna difriúla, seachas ag an am céanna.

I dtuarascáil McGuinness, cuirtear cuir chuige príomhinniúlachtaí ó eagraíochta fornaisiúnta éagsúla, lena n-áirítear cur chuige *DeSoCo* (2004) agus Learning Compass (2019) de chuid ECFE, Rangú Chomhairle Náisiúnta Taighde SAM (2012), Biúró Idirnáisiúnta um Chreat Oideachais le haghaidh Inniúlachtaí an Todhchaí EOECNA (2017) agus an cur chuige Príomhinniúlachtaí na hEorpa le haghaidh Foghlaim ar Feadh an tSaoil (a leasaíodh sa bhliain 2019), agus béim á leagan ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí sna cuir chuige éagsúla a ghlactar iontu. Ansin déanann sí comparáid ar an gcur chuige a ghlactar i réimse dlínsí, is iad sin Tuaisceart Éireann, an Nua-Shéalainn, an Bhreatain Bheag, an Ísiltír, an Phortaingéil, British Columbia agus Ontario. Rianaíonn sí ceithre chur chuige príomhscileanna CNCM i measc Aistear (2009), Creatchuraclam na Bunscoile (2023), an Creat don tSraith Shóisearach (2015) agus Príomhscileanna na

Sraithe Sinsearaí (2009) chun meas a dhéanamh ar cheisteanna i dtaca leis an leanúnachas agus dul chun cinn. Léiríonn táblaí 24-26 ag deireadh na caibidle seo na cosúlachtaí agus na difríochtaí seo. Ar deireadh thiar, baineann McGuinness roinnt tátal as na hanailísí comparáideacha seo.

### Conas is féidir rangú úsáideach a dhéanamh ar inniúlachtaí?

Sainaithníonn McGuinness trí ghrúpa leathana inniúlachtaí, is iad sin:

1. **Tréithe pearsanta** – amhail smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach (**cognaíoch**); comhoibriú agus cumarsáid (**idirphearsanta**), agus tú féin agus an fhoghlaim a bhainistiú (**inphearsanta**).

San anailís ar na dlínsí, baineann McGuinness de thátal gurb í an réimse cognaíoch an inniúlacht is leanúnaí, lena gcuimsítear smaointeoireacht chriticiúil, réasúnaíocht, réiteach fadhbanna, cruthaitheacht agus ar bhonn níos lú, próiseáil nó bainistiú eolais. Áiríodh nuálaíocht, fiontraíocht agus gníomhú/cinnteoireacht i roinnt dlínsí. Is iad an chumarsáid agus comhoibriú/obair lena chéile na hinniúlachtaí **idirphearsanta** is comónta a áiríodh. Mar sin féin, is treocht shuntasach é an forleathnú thar an ngné phearsanta, chun bealaí a chur san áireamh le bheith rannpháirteach agus rannchuidiú níos forleithne sa tsochaí, freagracht shóisialta, agus a bheith íogair agus feasach ar an gcultúr. Tagann na héagsúlachtaí is mó idir na dlínsí chun cinn nuair a dhéantar cur síos ar inniúlachtaí laistigh de na hinniúlachtaí aonair – inniúlachtaí **inphearsanta**. Déantar cuir síos éagsúla ar chaidreamh an duine aonair leis an bhfoghlaim amhail tú féin a bhainistiú mar fhoghlaimeoir; a bheith éifeachtach go pearsanta; a bheith féinstiúrtha agus féinrialaithe; agus spriocanna a leagan síos don staidéar agus don todhchaí.. Músclaítear caidreamh an duine aonair leis an domhain níos leithne amhail a bheith in ann cearta a dhearbhú agus a chosaint, féiniúlacht dhearfach chultúrtha agus shóisialta bheith acu nó amhail a bheith in ann cur go dearfach leis an tsochaí, rud atá cosúil leis an treocht i dtaobh tuilleadh béime ar fhreagrachtaí sibhialta a ndéantar tagairt dóibh faoi inniúlachtaí idirphearsanta thuas.  Gné dheireanach de na hinniúlachtaí laistigh den duine aonair ná béim ar fholláine shóisialta-mhothúchánach, mheabhrach agus fhisiciúil a chaomhnú. Tabhair faoi deara gur téama trasghearrthach é seo nó réimse foghlama ann féin uaireanta, seachas inniúlacht.

2. **Uirlisí foghlama**: is minice a tugtar **litearthachtaí** orthu seo. Cuimsíonn siad seo léitheoireacht/scríbhneoireacht, uimhearthacht agus inniúlacht dhigiteach.  Tugtar scileanna bunúsacha orthu seo ó am go chéile, mar sin féin téann siad lastall de na hionchais a bhí ag baint an chéad lá leis na '3R', go háirithe agus inniúlacht dhigiteach agus ilmheán san áireamh. Tá úsáidí leo mar aon le hionchais i dtaca le foghlaim an scoláire ar fud an churaclaim ag baint leo agus, dá réir, titeann siad faoi chur chuige inniúlachtaí.

Tá an litearthacht teanga, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach le feiceáil i ngach dlínse a ndearnadh staidéar orthu.

3. **Téamaí agus dúshláin thrasdisciplíneacha** (**mórphictiúr**): sa ghrúpa seo, áirítear meascán de théamaí trasdisciplíneacha mar aon le réimsí oideachais níos úire lena n-áirítear oideachas saoránachta, oideachas don inbhuanaitheacht agus inniúlacht dhomhanda. Pé acu an dtiteann siad faoi raon na sainmhínithe reatha ar phríomhinniúlachtaí nó gur réimsí eolais iad astu féin atá ag teacht chun cinn, éilíonn siad foghlaim scoláirí a théann lastall de na hábhair thraidisiúnta, ar a laghad.  Bíonn an fócas iontu ar scoláirí a ullmhú le bheith **rannpháirteach**

**agus a sciar féin a dhéanamh ar bhonn sochaíoch níos leithne i bhfianaise dúshláin shochaíocha** a bhfuil impleachtaí áitiúla, náisiúnta agus domhanda ag baint leo.

Sa ghrúpa seo, áirítear dúshláin amhail athrú aeráide agus inbhuanaitheacht, neamhionannais áitiúla, náisiúnta agus domhanda, teicneolaíocht, sláinte agus folláine (áirítear é seo faoi thréithe pearsanta uaireanta), agus ilchultúrachas. Tá éiginnteacht agus éagsúlacht leanúnach le feiceáil go hidirnáisiúnta maidir le cé acu ar cheart iad seo a rangú mar dhisciplíní atá ag teacht chun cinn agus ábhair scoile scoite a chruthú dóibh nó ar cheart iad a leabú mar inniúlachtaí trasna na n-ábhar go léir. Mar shampla, in Éirinn, tá ábhar nua Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe á chruthú faoi láthair. D'fhéadfaí é seo a léirmhíniú amhail agus nach gá béim a leagan ar an inbhuanaitheacht i rangú príomhinniúlachtaí, ach más amhlaidh an cás, is é an scoláire a thugann faoin ábhar seo, agus an scoláire a mbíonn an rogha aige staidéar a dhéanamh air, agus é siúd amháin ar cinnte go mbeidh rochtain aige ar fhoghlaim i dtaca leis an inbhuanaitheacht. Is fíor an cás céanna i gcás téamaí agus dúshláin mhórphictiúir eile. Mar sin féin, eascraíonn dúshláin deartha curaclaim nua i dtaca le bealaí a aimsiú chun na téamaí seo a chomhtháthú i measc na n-ábhar uile.

## Cad iad na treonna a d'fheadfaí a ghlacadh le cur chuige príomhinniúlachtaí?

Deir McGuinness gur féidir cur chuige príomhinniúlachtaí a fhorbairt i roinnt treonna difriúla. Mar shampla, éilíonn tionscadal *IBE Future Competences* de chuid EOECNA go ndéanfaí atheagrú radacach ar theorainneacha traidisiúnta disciplíneacha i dtreo peirspictíocht thrasdisciplíneach agus is fusa Creat Príomhinniúlachtaí na hEorpa a mhapáil chuig réimsí seanbhunaithe curaclaim. Cuimsítear trí ghrúpa leathana sa dá cheann: tréithe pearsanta; uirlisí foghlama/litearthachtaí; agus téamaí agus dúshláin thrasdisciplíneacha. In Learning Compass ECFE, moltar inniúlachtaí aistritheacha a ghearrann trí na grúpaí leathana seo agus a chónaisceann na gnéithe ábhartha de gach ceann le haghaidh feidhmeanna ar leith, ar nós '*teannais, aincheisteanna agus neamhréitigh a réiteach*' nó '*freagracht a ghlacadh*'.

Athrú suntasach atá i gceist le ar cheart cur chuige inniúlachtaí a mholadh atá dírithe ar an duine nó dírithe ar dhúshlán. Díríonn **cur chuige dírithe ar an duine** ar chabhrú leis an bhfoghlaimeoir naisc a dhéanamh ina chuid foghlama, laistigh de nó trasna ábhair scoile traidisiúnta, nó thar réimsí foghlama trasdisciplíneacha/trasdisciplíneacha. Suíonn uirlisí foghlama/litearthachtaí laistigh den choincheap inniúlachtaí seo toisc go gcabhraíonn siad leis an bhfoghlaimeoir ceangail a dhéanamh. Díríonn **cur chuige dírithe ar dhúshlán** ar nádúr an dúshláin (athrú teicneolaíochta, saoránacht dhomhanda) seachas ar na scileanna/luachanna/meonta a theastaíonn chun freagairt do na dúshláin sin agus molann sé go bhfuil teorainneacha reatha na n-ábhar scoile neamhleor. Tagann ceist an chothromais chun cinn go láidir chomh maith. Má déantar ábhar scoile as ceann amháin de na téamaí nó dúshláin mórphictiúir sin, go háirithe sa tsraith shinsearach, agus tuilleadh roghanna ag an scoláire ach staidéar á dhéanamh ar níos lú ábhar nó modúl, ní chuirfear oideachas ar neart scoláirí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo ina saol i ndiaidh na scoile. Bíodh sin amhlaidh, má chomhtháthaítear iad i measc gach réimse ábhair, i dteannta réimse inniúlachtaí eile, d'fheadfaí iad a fhágáil ar leataobh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear rochtain ar fhoghlaim ghairmiúil ábhartha, brú ama agus creidimh an mhúinteora. B'fhéidir go bhféadfaí modúil ghairide a chur san áireamh i raon de na réimsí seo agus déanfar é seo a iniúchadh go mion ar leithligh ón obair seo ar fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim, agus sceideal á dhréachtú d'fhorbairt agus/nó athbhreithniú ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha.

Chomh maith leis sin cuireann McGuinness in iúl, go mbíodh agus go bhfuil dúshlán ag baint leis na haincheisteanna seo agus cur chuige i leith inniúlachtaí sa churaclam á roghnú, agus

> tarraingítear catagóirí príomhinniúlachta óna chéile agus déantar mionscrúdú orthu chun
> a sainiúlacht a thuiscint, go praiticiúil oibríonn siad le chéile nuair a bhíonn dúshlán foghlama os comhair foghlaimeoirí. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh scoláire ag obair ar fhadhb (cognaíoch) a réiteach mar chuid de thionscadal grúpa (idirphearsanta) agus beidh air/uirthi a c(h)uid foghlama féin a bhainistiú maidir le leanúint ar aghaidh leis i bhfianaise deacrachta agus b'fhéidir mothúcháin éagumasacha a bhainistiú i gcomparáid le daoine eile sa ghrúpa (inphearsanta). Níl aon amhras ach go mbainfidh an scoláire úsáid as réimse litearthachtaí - ábhair léitheoireachta, b'fhéidir sonraí uimhriúla a léirmhíniú, agus an t-idirlíon a chuardach. Ní féidir cumhacht iomlán cur chuige inniúlachta don fhoghlaim a bhaint amach ach amháin nuair a oibríonn siad le chéile ar an mbealach seo
> (McGuinness, 2023, lch 35)

Luann McGuinness, beag beann ar an gcur chuige a ghlactar

> Is gá intinn agus cuspóir uileghabhálach creat príomhinniúlachtaí
> a shoiléiriú i ndearadh an churaclaim, i bhforbairt ghairmiúil múinteoirí, i gcleachtais an tseomra ranga, agus go háirithe don scoláire. Is ansin amháin is dócha a chuirfidh sé lena bhfoghlaim fadsaoil agus lena bhfoghlaim ar feadh an tsaoil
> (McGuinness, 2023, lch 44).

## 5.5 Conas is féidir, leis na hinniúlachtaí uileghabhálacha sa tsraith shinsearach, naisc bhríocha inbhraite a dhéanamh le creata curaclaim CNCM don bhunscolaíocht agus don tsraith shóisearach agus lena fhoghlaim amach anseo?

Agus cur chuige príomhinniúlachtaí atá oiriúnach don tsraith shinsearach á chruthú, luann McGuinness gur tábhachtach

> braistint leanúnachais san fhoghlaim de réir mar a aistríonn an scoláire
> ó chéim amháin den oideachas go dtí an chéad chéim eile, agus a chinntiú go bhfuil athrú oiriúnach sa leibhéal dúshláin sa churaclam, ionas nach bhfuil taithí an athrá ag an bhfoghlaimeoir agus go mbíonn
> ionchais oiriúnacha ag na múinteoirí don mhéid atá ar eolas ag an bhfoghlaimeoir agus don mhéid is féidir leis a dhéanamh.
> (McGuinness, 2023, lch 45)

Tá gluaiseacht ó ghnéithe fiosracha na smaointeoireachta agus na cruthaitheachta chuig bainistiú eolais agus smaointeoireacht chriticiúil le sonrú sna céimeanna tríd síos. Molann McGuinness go

mbeadh béim níos mó ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht sa tSraith Shinsearach oiriúnach. Tá an tábhacht a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus idirghníomhú a dhéanamh leo leanúnach i measc na gcéimeanna oideachais ar fad. Tá mo chuid foghlama a bhainistiú, lena n-áirítear athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama, le feiceáil i ngach céim, bíodh agus go bhfuil béim ar an bhfolláine le sonrú suas chuig príomhscileanna na sraithe sinsearaí, níl sé le sonrú sna cinn reatha. Tá féiniúlacht, muintearas agus saoránacht le feiceáil i bhfoirmeacha éagsúla, agus tagairt á déanamh do chearta agus do fhreagrachtaí in Aistear, Creatchuraclam na Bunscoile (CNCM, 2023) agus Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí (2009). Sa tsraith shóisearach, áirítear Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) mar ghearrchúrsa, seachas an tsaoránacht a chomhtháthú mar théama nó scil thrasghearrtha. Tá uirlisí don fhoghlaim – litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach – le sonrú i measc na gcéimeanna uile agus meastar go dtacaíonn siad leis an bhfoghlaim i measc inniúlachtaí eile. Luann McGuinness

> go bhfuil na leanúnachais soiléir ach tá an teanga difriúil. D'fhéadfadh sé seo mearbhall a chruthú, mura n-aithníonn múinteoirí go hiomlán gurb é an cineál céanna foghlama atá i gceist ach go bhfuil teanga atá rud beag difriúil in úsáid,
> agus/nó go bhfuil béim éagsúil ann i gcéimeanna éagsúla
> (McGuinness, 2023, lch 52)

I dtaca le dul chun cinn san fhoghlaim, sainaithníonn McGuinness an méid seo a leanas mar an príomhdhúshlán

> ná a chinntiú, de réir mar a bhogann siad [an scoláire] trína bhlianta ar scoil agus de réir mar a thugann sé faoi fhoghlaim nua agus níos casta (cibé sainmhíniú a thugtar air sin), ionas gur féidir leis a chuid inniúlachtaí féin a shealbhú agus a chur i bhfeidhm ar bhealach a éiríonn níos sofaisticiúla agus níos aibí
> (McGuinness, 2023, lch 53)

Ar shlí amháin, d'fhéadfaí teacht ar an 'gcéim' cheart go nádúrtha, de bharr go

> bhforbrófar agus cleachtfar na príomhinniúlachtaí i gcomhthéacs na sonraíochtaí ábhar, na gceachtanna agus na dtascanna sa seomra ranga
> ar ghnáthrud a bheadh iontu don chéim sin den scolaíocht
> (McGuinness, 2023, lch 53)

Bíodh agus go ndéantar iarracht a bheith níos soiléire i roinnt dlínsí maidir le dul chun cinn laistigh den inniúlacht i measc céimeanna difriúla den oideachas, trí léarscáileanna dul chun cinn, contanaim foghlama nó próifílí foghlama a chur san áireamh, molann McGuinness a bheith cúramach maidir leo siúd a chur san áireamh, ar chúiseanna éagsúla, is iad sin

> Go bhfuil nós ann síleadh go mbíonn dul chun cinn líneach, agus go mbaineann na hionchais
> is simplí leo siúd sna luathbhlianta, agus go mbíonn na cinn is dúshlánaí ann

> dóibh siúd sa tsraith shinsearach. Tá fírinne áirithe sa mhéid sin ach tá léamh eile air freisin, mar a fheiceann aon duine a bhfuil breathnóireacht déanta acu ar shuíomhanna luathbhlianta, áit ar féidir le páistí comhoibriú agus obair le chéile go toilteanach (uaireanta, cibé) nó obair go neamhspleách ar thasc a bhfuil spéis acu ann
> (McGuinness, 2023, lch 53)

Seachas sin molann sí smaoineamh atá le sonrú i neart sonraíochtaí de chuid CNCM maidir le foghlaim bhíseach

> ina mbaintear máistreacht amach i gcomhthéacs leibhéal faoi leith de chuid dúshláin. Nuair a mhéadaítear an dúshlán, ansin, féadfaidh sé go bhfuil an méid a baineadh amach roimhe seo easpach, agus gur gá foghlaim nua a shealbhú agus a chleachtadh, agus mar sin, leanann an bhís ar aghaidh. Tá an t-aistriú seo maidir le dúshláin níos dóichí ag na pointí aistrithe in aistear oideachais an scoláire, áit a mbíonn aistrithe d'aon ghnó ann maidir lena mbítear ag súil leis i gcás éileamh cognaíoch an churaclaim, i gcás ionchais shóisialta agus mhothúchánacha na foghlama scoile, agus na timpeallachta scoile féin.
> (McGuinness, 2023. lgh 53/54)

## 5.6 Cén chuma a d'fhéadfadh a bheith ar rangú bunaithe ar thaighde do phríomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach?

Moltar rangú ceithre-thaobhach ar phríomhinniúlachtaí a bhaineann leis an **smaointeoireacht, idirghníomhú, bainistíocht foghlama,** agus **rannpháirtíocht sa tsochaí.** Tá na chéad trí réimse i dtreoir le príomhscileanna reatha na sraithe sinsearaí. Tá an ceathrú cuid – rannpháirtíocht sa tsochaí – comhsheasmhach le cuspóir na sraithe sinsearaí athfhorbartha, a leagann béim ar gur cheart don tsraith shinsearach freastal ar chuspóirí comhchoiteanna chomh maith le cuspóirí aonair i scoileanna, i suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne agus cuidiú leis an scoláire teacht ar thodhchaíochtaí éagsúla. Tá sé i dtreoir le béim mhéadaitheach ar ghníomhú nó ar chomhghníomhú an scoláire, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta

> ag aithint na tábhachta leis an idirdhealú idir an scoláire
> a chumasú feidhmiú mar dhuine aonair ar mhaithe leis féin agus mar chuid de ghrúpa ar mhaithe leis an tsochaí agus an domhan níos leithne
> (McGuinness, 2023, lch 37)

Meastar i dtuarascáil McGuinness, go bhfuil 5 as 8 dtreoirphrionsabal de chuid sraith shinsearach athfhorbartha an-ábhartha i dtaca le príomhinniúlachtaí molta na sraithe sinsearaí: féach tábla 24 thíos.

| Treoirphrionsabail agus Rangú Príomhinniúlachta Molta a Ailíniú | | | |
|---|---|---|---|
| Treoirphrionsabail don tSraith Shinsearach | Rangú Príomhinniúlachta Molta | | |
| | Eolas | SCILEANNA | Luachanna/Meonta |
| **Folláine agus caidreamh**<br>Cuireann eispéiris an scoláire ar scoil agus i suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne díreach lena fhorbairt iomlánaíoch. Tacaítear le heispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí i ngach caidreamh atá aige le múinteoirí, comhscoláirí, tuismitheoirí agus daoine fásta tábhachtacha eile. | **Bealaí chun Idirghníomhú le Daoine Eile:**<br>Idirphearsanta leis an bhfócas ar fhoghlaim i ngrúpaí, le piaraí agus múinteoirí<br><br>**Bealaí chun an fhoghlaim agus an duine féin a bhainistiú**<br>Inphearsanta, le fócas ar fholláine. | | |
| **Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht**<br>Tá tábhacht ag baint le gach aon scoláire in eispéireas oideachais na sraithe sinsearaí, agus tá meas ar luach na héagsúlachta agus an méid is féidir le gach scoláire a dhéanamh. Bíonn eispéiris thaitneamhacha ag gach scoláire in oideachas na sraithe sinsearaí agus baineann sé torthaí fiúntacha as. | **Bealaí chun Idirghníomhú le Daoine Eile:**<br>Idirphearsanta le fócas ar leith ar luachanna na héagsúlachta agus an ionchuimsithe. | | |
| **Dúshláin, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht**<br>Bíonn oideachas dúshlánach, tarraingteach agus ardchaighdeáin ag an scoláire, le deiseanna le haghaidh foghlaim atá nua agus domhain. Bíonn deiseanna ann chomh maith do smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach agus nuálach. | **Bealaí Smaointeoireachta**<br>Cognaíoch, le béim ar fhoghlaim dhomhain, smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach agus fhiontraíoch. | | |
| **Foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol**<br>Forbraíonn an scoláire a neamhspleáchas agus a thuiscint maidir leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé; neartaíonn sé a chumas chun déileáil le dúshláin an tsaoil laistigh de agus i ndiaidh na scoile; agus bíonn deiseanna dara seans aige don fhoghlaim agus don mheasúnú. | **Bealaí chun an fhoghlaim agus an duine féin a bhainistiú**<br>Inphearsanta, agus an fócas ar spriocanna pearsanta, foghlaim le foghlaim, agus ar fhéin-éifeachtúlacht. | | |
| **Rannpháirtíocht agus saoránacht**<br>Bíonn an scoláire rannpháirteach ar scoil, ina phobal agus sa tsochaí, ag feidhmiú a cheart mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda ar bhealach eiticiúil agus inbhuanaithe. | **Rannpháirtíocht sa tsochaí**<br>Fócas ar chomhghníomhú, thar an ngníomhú pearsanta. | | |

**Tábla 24:** Treoirphrionsabail agus Rangú Príomhinniúlachta Molta a Ailíniú

Luann McGuinness go bhfuil an chruthaitheacht ceangailte leis an smaointeoireacht chriticiúil faoi láthair, rud a bhfuil forbairt níos iomláine déanta air, ach go mb'fhéidir go mbeadh sé ciallmhar béim níos mó a chur uirthi ach í a chur san áireamh mar phríomhinniúlacht agus í a fhorbairt chun

nuálaíocht agus smaointeoireacht fiontraíoch a chuimsiú. Cé nach bhfuil na treoirphrionsabail eile léirithe go soiléir in ábhar an aicmiú príomhinniúlachtaí atá beartaithe, tá siad ag teacht le haidhmeanna leathana an chur chuige seo maidir le dearadh curaclaim.

| Treoirphrionsabail agus Aidhmeanna Leathana na bPríomhinniúlachtaí a Ailíniú | |
|---|---|
| **Treoirphrionsabail don tSraith Shinsearach** | **Aidhmeanna Leathana na bPríomhinniúlachtaí** |
| **Rogha agus solúbthacht**<br>Éascaíonn an tsraith shinsearach foghlaim leathan agus níos mó speisialtóireachta. Tugann sí solúbthacht agus comhleanúnachas do scoláirí agus iad ag foghlaim ar réimse bealaí difriúla, ag leanúint a gconairí pearsanta féin tríd an tsraith shinsearach, agus ag dul i dtreonna éagsúla amach anseo. | Trí na príomhinniúlachtaí seo a fhorbairt i measc réimse ábhar agus modúl agus na ceangail eatarthu a fheiceáil ba cheart go gcuirfí le comhleanúnachas eispéiris na scoláirí ar an tsraith shinsearach. |
| **Leanúnachas agus aistrithe**<br>Cuireann an scoláire lena chuid foghlama go dtí seo agus tacaítear leis de réir mar a fhorbraíonn agus a leanann sé na conairí a roghnaigh sé agus de réir mar a aistríonn sé go dtí an saol fásta. | Beidh forbairt na bpríomhinniúlachtaí seo chun tairbhe na scoláirí de réir mar a aistríonn siad isteach i saol an duine fhásta agus todhchaíochtaí éagsúla. |
| **Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí**<br>Déanann comhpháirtíochtaí agus comhoibriú ar fud scoileanna, le teaghlaigh, le pobail, agus le timpeallachtaí foghlama eile, timpeallachtaí foghlama ar líne ina measc, foghlaim an scoláire a shaibhriú agus a leathnú agus cuireann siad réimse níos leithne féidearthachtaí ar fáil dó. | Ba cheart go saibhreodh deiseanna na príomhinniúlachtaí seo a fhorbairt i réimse timpeallachtaí foghlama agus le haghaidh feidhmeanna aonair agus cnuasaigh foghlaim an scoláire, cabhrú leis feidhmiúlacht na n-inniúlachtaí seo i réimse comhthéacsanna difriúla a fheiceáil agus na féidearthachtaí atá ar fáil dóibh a fhairsingiú, laistigh den scoil agus lasmuigh di. |

**Tábla 25:** Treoirphrionsabail agus Aidhmeanna Leathana na bPríomhinniúlachtaí a Ailíniú

Ansin fiosraíonn McGuinness cé chomh comhleanúnach agus atá Príomhscileanna reatha na Sraithe Sinsearaí (2009) le cur chuige príomhinniúlachtaí, a bhfuil trí chomhpháirt struchtúrtha chomhtháite na foghlama, na scileanna agus na luachanna/meonta ann. Luann sí go raibh an bhéim ar scileanna i dtreoir leis an dearcadh a bhí chun cinn ag an am agus gur cuireadh scileanna chun tosaigh sna siollabais/sonraíochtaí seo. Chomh maith leis sin, léiríonn leabú príomhscileanna i dtorthaí foghlama ionchas soiléir go mbíonn scileanna agus eolas ábhair comhtháite in eispéiris an scoláire i dtaca leis an siollabas/tsonraíocht a bhíonn i gceist. Leis an gcur chuige seo

> Is é an baol atá ann, ó thaobh an scoláire de, go mbeadh na príomhscileanna 'faoi thalamh' i dteagasc an ábhair agus go mbeadh a bhfeidhm ghinearálta ar fud an churaclaim doiléir.
> (McGuinness, 2023, lch 41)

Tá leanúnachais shoiléire idir príomhscileanna na sraithe sinsearaí atá ann cheana agus an rangú príomhinniúlachtaí a mholann McGuinness, de réir mar atá le sonrú i dTábla 3 thíos. Bheadh gá ionchas go bhforbródh an scoláire a inniúlacht mar shaoránach, i gcaitheamh na sraithe sinsearaí, a chur in iúl ar bhonn níos láidre. Is gá rannpháirtíocht sa tsochaí a ionchuimsiú, toisc go bhfuil sé seo lárnach i bhfeidhm, i bhfís agus i dtreoirphrionsabail sraith shinsearach athfhorbartha. Bíodh agus nach bhfuil sé le feiceáil i bpríomhscileanna na sraithe sinsearaí atá ann faoi láthair, tá sé le sonrú go soiléir san fhís maidir le foghlaimeoir (féach fíor X thíos) ina samhlaítear go nglacfadh an scoláire páirt i ngnéithe sóisialta, pobail, náisiúnta agus idirnáisiúnta dá shaol.

| An Rangú Príomhinniúlachta Molta a Mhapáil leis na Príomhscileanna atá Ann Cheana | |
|---|---|
| Príomhinniúlachtaí Molta | Príomhscileanna Reatha na Sraithe Sinsearaí |
| **Smaointeoireacht**<br>Cognaíoch, le fócas ar fhoghlaim dhomhain, smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach agus nuálaíocht | **Próiseáil faisnéise**<br><br>**Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach** |
| **Idirghníomhú**<br>Idirphearsanta, le fócas go príomha ar fhoghlaim i ngrúpaí, le piaraí, le múinteoirí, leis an teaghlach agus i dtimpeallachtaí ar líne | **Obair le daoine eile**<br><br>**Cumarsáid** |
| **An Fhoghlaim a Bhainistiú**<br>Inphearsanta, le fócas ar spriocanna pearsanta, foghlaim le foghlaim, agus ar ghníomhú pearsanta | **A bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta** |
| **Rannpháirtíocht sa tSochaí**<br>Fócas ar inniúlacht choiteann ghníomhaithe a fhorbairt, thar inniúlacht ghníomhaithe pearsanta, agus é mar aidhm ann an inniúlacht a bheith rannpháirteach mar shaoránach, go háitiúil agus go domhanda, a fhorbairt | Ní áirítear é seo sna príomhscileanna atá ann faoi láthair. Áirítear é in ‘Fís an Fhoghlaimeora’. |

**Tábla 26:** An Rangú Príomhinniúlachta Molta a Mhapáil leis na Príomhscileanna atá Ann Cheana

Luann McGuinness, cé gur beag tagairt a dhéantar do luachanna/dearcthaí i bpríomhscileanna na sraithe sinsearaí atá ann cheana féin, go n-áirítear i bhfís an fhoghlaimeora a leathnaítear faoi cheithre cheannteideal (foghlaimeoirí seiftiúla, muiníneacha, gníomhacha) roinnt luachanna/meonta, amhail fiosracht, leathanaigeantacht, foghlaim a cheangal, tiomantas don fhoghlaim, déileáil le céimeanna ar cúl, agus féinéifeachtúlacht. Go deimhin, cuimsíonn fís seo an fhoghlaimeora go leor comhpháirteanna atá le feiceáil i gcur chuige príomhscileanna nó príomhinniúlachtaí i ndlínsí eile agus i gcreataí inniúlachtaí fornáisiúnta. Is beag tagairt freisin do litearthacht/inniúlacht dhigiteach, agus ní aithnítear uirlisí digiteacha mar uirlisí a d'fhéadfadh a bheith cabhrach agus díobhálach don fhoghlaim. Luann McGuinness, cé gur beag tagairt a dhéantar do luachanna/meonta i bpríomhscileanna na sraithe sinsearaí,,

> eolas a fhiosrú, réiteach fadhbanna, cumarsáid le
> daoine eile, agus a chumhacht sa sochaí i gcoitinne a aithint.
> (m.sh mífhaisnéis). D'fhéadfadh sé seo a bheith á fhoghlaim ag scoláirí
> áit éigin eile sa churaclam, agus, más amhlaidh atá, is gá
> naisc shoiléire a dhéanamh leis na príomhinniúlachtaí.
> (McGuinness, 2023, lch 44)

Agus í ag trácht ar dhéacht na bpríomhinniúlachtaí, luann McGuinness

> chun a chuid cuspóirí mar chreat uileghabhálach a bhaint amach,
> is gá go dtabharfaidh an fhoghlaim príomhinniúlachtaí aghaidh ar dhá threo ag
> an am céanna, i dtreo tuiscint agus cur i bhfeidhm níos doimhne i gcomhthéacs
> an teagaisc ábhar, agus chomh maith leis sin i dtreo
> scileanna/luachanna/meonta ionas go mbíonn siad níos feiceálaí do scoláirí. Is
> gá go n-aithníonn scoláirí go bhfuil saineolas á shealbhú agus á ghnóthú acu na
> scileanna seo a chleachtadh, ionas go bhforbraíonn siad an nós iad a
> chleachtadh, agus go n-aithníonn siad an tábhacht a bhaineann leo taobh
> amuigh den chomhthéacs inar fhoghlaim siad ar dtús iad. Go fadtéarmach, is
> ceist oideolaíochta é seo, ach is
> **gá é a dhéanamh soiléir ag leibhéal an dearaidh curaclaim chomh maith**
> (McGuinness, 2023, lch 57)

Mar fhocal scoir, luann McGuinness an tábhacht a bhaineann le teanga chomhroinnte agus le comhthuiscint ar théarmaí mar inniúlachtaí, eolas, scileanna agus luachanna/meonta. Cuirtear buntáistí féideartha cur chuige inniúlachtaí i dtaca le dearadh curaclaim in iúl arís, mar aon leis na dúshláin a bhaineann leis. Leagtar béim ar an gcomhleanúnachas i measc foinsí éagsúla a ndeachthas i gcomhairle leo chun struchtúr eagrúcháin le haghaidh príomhinniúlachtaí i sraith shinsearach athfhorbartha a cheapadh agus a mholadh.

## 5.7 Achoimre ar an gCaibidil

Tógann príomhinniúlachtaí i sraith shinsearach athfhorbartha ar príomhscileanna na sraithe sóisearaí agus sinsearaí atá ann faoi láthair. Tá teanga na 'n-inniúlachtaí' i dtreoir le forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta le déanaí agus léiríonn sí aiseolas an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach i dtaca leis an mian tuilleadh béime a leagan ar chomhtháthú an eolais, na scileanna agus na luachanna/meonta. Mar sin féin, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcaithfear é seo a

dhéanamh follasach sa teagasc agus san fhoghlaim idir na hábhair agus na modúil, ní díreach laistigh dóibh, má tá an scoláire chun na ceangail a dhéanann sé idir ábhair a fheiceáil agus foghlaim uathu. Is féidir le forbairt príomhinniúlachtaí a bheith ina buntáiste don scoláire ar réimse bealaí. Is féidir leis foghlaim théagartha, a fhanann leis an scoláire lasmuigh de chomhthéacs na scoile inar sealbhaíodh é, a thógáil. Is féidir leis cabhrú é a dhéanamh níos feasaí agus é a ullmhú le haghaidh dúshláin chasta dhomhan an lae inniu agus le haghaidh todhchaí nach bhfuilimid cinnte faoina mbeidh i gceist léi, agus féadfaidh sé guth a thabhairt dó agus a chumas a bheith rannpháirtíocht bhríoch a bheith acu sa sochaí a aithint. Is féidir leis cabhrú leis an scoláire tréithe pearsanta eile seachas an éirim aigne a fhorbairt a chabhraíonn leis le linn na scolaíochta agus ina dhiaidh, de réir mar a aistríonn sé isteach i saol an duine fhásta.

Mar sin féin, tá roinnt dúshlán ann freisin a thagann chun cinn agus príomhinniúlachtaí á gcoincheapú agus á gcomhtháthú i gcuraclam.  Má tá an scoláire chun na ceangail a dhéanann sé idir ábhair a fheiceáil agus foghlaim uathu, caithfidh na ceangail seo a bheith follasach sa teagasc agus san fhoghlaim i measc ábhar agus modúl, seachas a bheith srianta chuig béim ar an tslí ina bhforbraítear na hinniúlachtaí in ábhair ar leith agus chuige sin amháin, rud a scoiltfeadh foghlaim an scoláire. Ní leor díreach na hinniúlachtaí a ainmniú. Caithfear tacú le múinteoirí agus treoir a thabhairt dóibh ina dtuiscint ar na príomhinniúlachtaí agus ar na buntáistí féideartha a bhaineann leo i dtaca le foghlaim an scoláire, agus caithfidh siad an tslí ina gcomhtháthaítear iad laistigh d’ábhair agus modúil agus ina síneann siad eatarthu a fheiceáil.

Ar mhaithe le cáipéis príomhinniúlachtaí a chruthú le haghaidh na sraithe sinsearaí, tugadh faoi raon anailísí comparáideacha. Rinneadh anailís ar mhaitrísí i 5 ghníomhaireacht/eagraíocht oideachais fornáisiúnta agus cuireadh i gcomparáid lena chéile iad. Rinneadh anailís agus comparáid ar mhaitrísí inniúlachtaí i measc 8 ndlínse idirnáisiúnta. Rinneadh anailís ar phríomhthéamaí (luathóige), inniúlachtaí (Bunscoil) agus scileanna (an tsraith shóisearach) CNCM thar 4 chéim oideachais agus cruthaíodh tacar príomhinniúlachtaí molta le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha. Ina dhiaidh sin tugadh faoi na Príomhinniúlachtaí molta le haghaidh na sraithe sinsearaí i dtaighde McGuinness a aistriú ina liosta inniúlachtaí gonta le go n-úsáidfeadh grúpaí forbartha a bhí ag cruthú sonraíochtaí curaclaim iad. Glacfaidh príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí áit Chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí (2009) atá ann faoi láthair. Leis an gcreat seo, tógfar ar thaighde McGuinness agus cuirfear ailíniú beartais le forbairtí sa Roinn Oideachais agus i ranna ábhartha eile san áireamh, chun Creat Príomhinniúlachtaí a chruthú a úsáidfidh idir mhúinteoirí agus scoileanna.




**Fíor 7:** Príomhinniúlachtaí i Sraith Shinsearach Athfhorbartha

# Aguisíní le haghaidh Caibidil 5




**Fíor 8:** Fís an Fhoghlaimeora sa tsraith shinsearach atá ann faoi láthair

**Tábla 27: Cáipéisí Príomhinniúlachtaí Idirnáisiúnta**

| DeSeCo (ECFE) Príomhinniúlachtaí (2004) | US National Research Council Classification Pellegrino & Hilton (2012) | UNESCO International Bureau of Education (IBE) Framework of Future Competences (2017) Maicr-Inniúlachtaí | Eochair-Inniúlachtaí na hEorpa don Fhoghlaim ar feadh an tSaoil (Athbhreithnithe 2019) | Learning Compass ECFE (2019) Inniúlachtaí Claochlaitheacha (a ghearrann trasna catagóirí) |
|---|---|---|---|---|
| **Smaointeoireacht**<br>(a mheastar a bheith lárnach sna hinniúlachtaí eile) | **Cognaíoch**<br>• Próisis agus straitéisí cognaíocha<br>• Foinsí agus claontachtaí eolais agus faisnéise, cumarsáid<br>• Cruthaitheacht agus nuálaíocht | **Foghlaim ar feadh an tsaoil**<br>• Cruthaitheacht<br>• Smaointeoireacht Chriticiúil<br>• Fiosracht<br>• Foghlaim le foghlaim | **Fiontraíocht**<br>• Smaointe a athrú<br>• Cruthaitheacht<br>• Smaointeoireacht chriticiúil<br>• Réiteach fadhbanna<br>• Tionscadail a phleanáil agus a bhainistiú (cineálacha éagsúla smaointeoireachta a ndéantar cur síos orthu i réimsí eile freisin) | **Luach nua á chruthú:**<br>• Dírigh ar nuálaíocht agus ar bhraistint chuspóra<br>• Cruthaitheacht<br>• Smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna<br>• Fiosracht agus dearcadh oscailte (comhoibriú, rioscaí a bhainistiú, inoiriúnaitheacht) |
| **Feidhmiú i ngrúpaí**<br>• Caidreamh a dhéanamh le daoine eile<br>• Comhoibriú a dhéanamh i bhfoirne<br>• Coinbhleachtaí a bhainistiú agus a réiteach | **Idirphearsanta.**<br>• Obair foirne agus comhoibriú<br>• Ceannaireacht | **Caidreamh a dhéanamh le daoine eile**<br>• Obair Foirne<br>• Comhoibriú<br>• Idirbheartaíocht | **Pearsanta, sóisialta agus foghlaim le foghlaim**<br>• Comhoibriú a dhéanamh mar chuid d'fhoireann agus idirbheartaíocht a dhéanamh.<br>• In ann tacaíocht a lorg más gá<br>• Comhbhá a bheith agat agus coimhlint a bhainistiú | **Teannas agus aincheisteanna a réiteach, contrárthachtaí**<br>• Comhbhá agus meas ar thuairimí éagsúla<br>• Cruthaitheacht agus réiteach fadhbanna le haghaidh réiteach coinbhleachta (solúbthacht chognaíoch, tógáil peirspictíochta, |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | cinntí casta agus deacra a dhéanamh, caoinfhulaingt na débhríochta, braistint freagrachta) |
| **Ag gníomhú go neamhspleách**<br>• A bheith ag gníomhú laistigh den mhórphictiúr<br>• Pleananna saoil agus tionscadail phearsanta a fhoirmiú agus a stiúradh<br>• Cearta a chosaint agus a dhearbhú | **Inphearsanta**<br>• Oscailteacht intleachtúil<br>• Eitic oibre, coinsiasacht<br>• Féinmheastóireacht dheimhneach | **Féinghníomhú**<br>• Tionscnaíocht<br>• Treallús<br>• Inspreagadh<br>• Diongbháilteacht/Uchtach<br>• Teacht aniar<br>• Freagracht | **Pearsanta, sóisialta agus foghlaim le foghlaim**<br>• Machnamh a dhéanamh ort féin, foghlaim le foghlaim<br>• Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar am agus ar eolas<br>• Bainistigh d'fhoghlaim agus do ghairm féin<br>• Déileáil le castacht agus neamhchinnteacht<br>• Tacú leis an bhfolláine mhothúchánach<br>• A bheith feasacht ar shláinte | **Freagracht a ghlacadh (a bhaineann le gníomhú an scoláire)**<br>• Treoir mhorálta láidir agus lócas rialúcháin<br>• Braistint ionracais<br>• Féinfheasacht agus féinmhachnamh criticiúil<br>• Féinrialáil<br><br>(atrua agus meas ar dhaoine eile) |
| **Uirlisí a úsáid go hidirghníomhach**<br>• Úsáid teanga, siombailí agus téacsanna<br>• Úsáid eolas agus faisnéis<br>• Úsáid teicneolaíocht | (ar fáil sa chuid **Chognaíoch**) | **Il-litearthacht**<br>• Léitheoireacht agus scríbhneoireacht<br>• Uimhearthacht<br>• Digiteach | **Litearthacht Ilteangach Matamaiticiúil, teicneolaíocht eolaíoch agus innealtóireacht Digiteach** | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Trasdisciplíneach**<br>• ETIM, Na Daonnachtaí, Eolaíocht Shóisialta<br><br>**A bheith ag idirghníomhú sa domhan agus leis an Domhan**<br>• Áitiúil agus domhanda<br><br>**Uirlisí agus acmhainní éagsúla a úsáid**<br>• Inbhuanaitheacht | **Saoránacht**<br>• Gníomhaigh mar shaoránach freagrach<br>• Glac páirt sa saol sibhialta<br>• Feasacht ar fhorbairtí domhanda<br><br>**Feasacht chultúrtha**<br>• Déan cumarsáid trí raon ealaíon agus léirithe cultúrtha eile<br>• Forbair smaointe agus braistint áite an duine féin sa tsochaí<br>agus cuir na rudaí céanna in iúl | |

**Tábla 27** Cáipéisí Príomhinniúlachtaí Idirnáisiúnta

**Tábla 28: Comparáid idir Maitrísí Príomhinniúlachta ar fud na ndlínsí**

| An Dlínse | Ainm an Chreata | An Creat | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Cognaíoch | Idirphearsanta. | Inphearsanta | Litearthacht | Téamaí traschuraclaim/topaicí trasdisciplíneacha, dúshláin san 21ú haois |
| **Tuaisceart Éireann** | **Scileanna Smaointeoireachta agus Cumais Phearsanta** | Faisnéis a bhainistiú; Smaointeoireacht, réiteach fadhbanna, cinnteoireacht; A bheith cruthaitheach | Obair le daoine eile | Féinbhainistíocht | Cumarsáid Uimhreacha a úsáid TFC | Saoránacht, Feasacht ar na meáin, Forbairt inbhuanaithe |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **(2007) (aoiseanna 4 -16) (roinnt éagsúlachta d'aoiseanna 14 - 16)** | | | | | |
| **An Nua-Shéalainn** | **Príomhinniúlachtaí (2007) 5-19 mbliana d'aois** | Smaointeoireacht | Comhbhá le daoine eile; Rannpháirtíocht agus ionchur | Féinbhainistiú | Teanga, siombailí, téacs | |
| **Éire (An tSraith Shinsearach)** | **Príomhscileanna (2009) 16-18 mbliana d'aois** | Próiseáil Faisnéise; smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach | Cumarsáid, obair le daoine eile | A bheith éifeachtach ar bhonn pearsanta | | |
| **British Columbia/ Ceanada** | **Croí-Inniúlachtaí (móide Inniúlachtaí Curaclaim) (2016) 6-17 mbliana d'aois** | Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach | Cumarsáid; Freagracht shóisialta | Féiniúlacht dhearfach phearsanta agus chultúrtha; Feasacht agus freagracht phearsanta Feasacht agus freagracht shóisialta | Litearthacht agus Uimhearthacht, TFC | Dearcthaí Bundúchasacha |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Phortaingéil** | **Próifíl Scoir an Scoláire Réimsí Inniúlachta (2017 -) 6-18 mbliana d'aois** | Faisnéis agus cumarsáid; Réasúnaíocht agus réiteach fadhbanna; Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach; | Caidrimh idirphearsanta; Cumarsáid | Féinriail agus forbairt phearsanta; Feasacht agus máistreacht choirp, meas a bheith agat ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht choirp d'fholláine | Teanga agus téacs (lena n-áirítear teangacha éagsúla, agus córais siombailí eile); Faisnéis eolaíoch, theicniúil agus teicneolaíochta | Folláine, sláinte agus comhshaol; Íogaireacht agus feasacht aeistéitiúil agus ealaíonta, léirithe cultúrtha éagsúla |
| **An Ísiltír** | **Netherlands Curriculum Review Scileanna Leathana (2018/2019) 5-16 bliana d'aois** | Bealaí smaointeoireachta agus bealaí le gníomhú: Smaoineamh go criticiúil; Smaointeoireacht/gníomh cruthaitheach; Smaointeoireacht réiteach fadhbanna agus gníomh | Bealaí chun idirghníomhú le daoine eile: Scileanna sóisialta agus cultúrtha; Comhoibriú; Cumarsáid | Bealaí le haithne a bheith agat ort féin: Féinrialáil; Smaointeoireacht agus gníomhú fiontraíochta; Claonadh duit féin, do chuid staidéir agus do ghairm bheatha | Litearthacht dhigiteach curtha leis go sainráite mar réimse foghlama (féach thíos) | Inbhuanaitheacht Domhandú Sláinte Teicneolaíocht |
| **An Bhreatain Bheag** | **Curriculum Framework for Wales (2020) Scileanna Lárnacha 3-16 bliana d'aois** | Cruthaitheacht agus nuálaíocht; Smaointeoireacht chriticiúil | | Éifeachtacht Phearsanta Pleanáil agus eagrú | Litearthacht Uimhearthacht Digiteach (éigeantach) | Caidrimh agus gnéasacht, Oideachas ar chearta an duine; Ilchineálacht; |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | Gairmeacha agus taithí a bhaineann leis an obair<br>Comhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta |
| **Ontario/Ceanada** | **Transferable Skills (2020)**<br>**6-17 mbliana d'aois** | Smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna,<br>Nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht | Comhoibriú, Cumarsáid | Foghlaim fhéintreoraithe | Litearthacht dhigiteach | Saoránacht dhomhanda agus inbhuanaitheacht (san áireamh ina gcreat inniúlachta);<br>Litearthacht Airgeadais;<br>Oideachas Comhshaoil;<br>Scileanna foghlama sóisialta-mhothúchánach;<br>Oideachas ETIM |

**Tábla 28** Comparáid idir maitrísí Príomhinniúlachta ar fud na ndlínsí

**Tábla 29: Creata CNCM ón Luathóige go dtí an tSraith Shinsearach**

| Rangú na bPríomhinniúlachtaí (McGuinness, 2018)<br>Úsáidtear é mar scéim eagrúcháin | Creat Aistear: Téamaí agus Aidhmeanna (2009) | Príomhinniúlachtaí do Churaclam na Bunscoile (2023) | Príomhscileanna don tSraith Shóisearach (2017) | Príomhinniúlachtaí Molta don tSraith Shinsearach (2023)<br>(Oiriúnaithe ó Chreat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí atá ann faoi láthair, 2009). |
|---|---|---|---|---|
| **Cognaíoch** | **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht**<br>Ciall a bhaint as rudaí, breathnóireacht, ceistiú, fiosrú, tuiscint, réiteach fadhbanna. Meonta dearfacha, fiosracht, spraíúlacht, buanseasmhacht, glacadh rioscaí. | **A Bheith Cruthaitheach**<br>Aithníonn an inniúlacht seo an chruthaitheacht atá i bpáistí ó nádúr. Tá fuinneamh cruthaitheach ag páistí agus teastaíonn a lán deiseanna uathu le bheith cruthaitheach. Dírítear ar ábhair spéise na bpáistí agus deiseanna le haghaidh eispéiris chruthaitheacha fhiúntacha a chothú agus a chur chun cinn trí smaointe agus mothúcháin a iniúchadh, a shoiléiriú agus a chur in iúl. Cuirtear cruthaitheacht in iúl ar a lán bealaí, i ngach réimse de ghníomhaíocht agus de chultúr an duine, agus bíonn úrmhaireacht i gceist. Bíonn foghlaimeoirí cruthaitheacha fiosrach agus samhlaíoch agus bíonn intinn oscailte acu. Trí ghníomhaíocht chruthaitheach, is féidir le páistí saothair a dhéanamh atá úrnua agus luachmhar trasna an churaclaim. De réir mar a fhorbraíonn páistí an inniúlacht seo, tagann siad ar an | **Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú** – a bheith fiosrach; eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, agus a mheas; smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil; machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus í a mheas;<br><br>**A bheith cruthaitheach** – samhlú; roghanna agus bealaí malartacha a fhiosrú; smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú, foghlaim go cruthaitheach | **Bealaí Smaointeoireachta –**<br><br>**Próiseáil faisnéise–** faisnéis a bhailiú, iontaofacht a sheiceáil, eagrúchán agus taifead, agus cur i láthair go soiléir. A bheith córasach agus dea-eagraithe, ag iarraidh a bheith ar an eolas.<br><br>**Smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna** – ag déanamh iniúchadh ar phatrúin agus gaoil, ag déanamh argóintí maithe agus anailís a dhéanamh orthu, ag tuar agus ag lorg fianaise, earráidí agus claontachtaí a fheiceáil, anailís a dhéanamh ar |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | tuiscint go mbaineann taitneamh, iarracht, dul sa seans, smaointeoireacht chriticiúil agus machnamh le gníomhaíocht chruthaitheach. Ach cumas cruthaitheach páistí a scaoileadh saor agus a chur chun cinn, cuirtear lena spreagadh, lena bhféinmheas agus lena bhforbairt iomlán. | | fhadhbanna, ag fiosrú bealaí agus roghanna eile, meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí. A bheith fiosrach agus spreagtha ag dúshláin chognaíocha, a bheith seasmhach agus ag iarraidh go n-éireoidh go maith leat.<br><br>**Smaointeoireacht chruthaitheach agus nuálaíocht** – ag fiosrú ceisteanna, smaointe, agus gníomhartha, agus giniúint smaointe, ag aimsiú fadhbanna le réiteach mar aon le réitigh fhéideartha, ag cur smaointe le chéile, ag cur feabhas ar tháirgí agus ar smaointe daoine eile, ag baint triail as dearaí, gníomhartha, agus torthaí éagsúla. A bheith leathanaigeanta, débhríocht a chaoinfhulaingt, ag foghlaim ó bhotúin agus rudaí nár éirigh leo, ag iarraidh a bheith cruthaitheach.<br><br>**Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid** – tacú le heolas, é a |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | bhailiú agus a mhionscrúdú, pátrúin a shoiléiriú, tacú le réiteach fadhbanna, smaointeoireacht chruthaitheach agus tógáil eolais. |
| **Idirphearsanta**, lena n-áirítear obair le daoine eile, meas a léiriú do dhaoine eile, cumarsáid, idirbheartaíocht agus dul i gcion ar dhaoine, coimhlintí a bhainistiú agus a réiteach. Meonta agus luachanna amhail a bheith measúil, ag iarraidh go dtuigfear tú, a bheith iontaofa agus freagrach. | **Cumarsáid**<br>Cumarsáid neamhbhriathartha; teanga; léiriú cruthaitheach;<br><br>**Féiniúlacht agus Muintearas**<br>Léiriú ceart agus tuiscint ar chearta/tuairimí daoine eile. | **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid**<br>(féach thíos faoi Litearthachtaí)<br><br>**A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach**<br>Cuidíonn an inniúlacht seo le páistí feasacht orthu féin mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt. Cuireann sí chun cinn forbairt an eolais, na scileanna, na gcoincheap, na ndearcthaí, na luachanna agus na meonta a theastaíonn le bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach ar féidir leis foghlaim go neamhspleách agus in éineacht le daoine eile. Foghlaimíonn páistí cén chaoi le cumarsáid a dhéanamh, cuspóirí foghlama pearsanta agus comhoibrithe a leagan síos, fadhbanna a réiteach, agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile a bhainistiú. Is éard atá i gceist leis an inniúlacht seo ná páistí ag foghlaim faoi dhaoine, rudaí agus áiteanna mórthimpeall orthu agus sa domhan mór agus ag baint ciall astu. Ach an inniúlacht seo a fhorbairt, | **Obair le daoine eile** – caidrimh a fhorbairt agus dul i ngleic le coimhlintí; comhoibriú; meas a léiriú ar éagsúlacht; cur leis an obair; foghlaim le daoine eile;<br><br>**Cumarsáid** – teanga a úsáid; uimhreas a úsáid; éisteacht agus léiriú; taibhiú agus cur i láthair; plé agus díospóireacht a dhéanamh | **Bealaí chun Idirghníomhú le Daoine Eile:**<br><br>**Obair le daoine eile** – i gcomhthéacsanna éagsúla le spriocanna agus feidhmeanna difriúla; comhspriocanna a shainaithint, a mheas agus a bhaint amach; freagrachtaí éagsúla i ngrúpa a shainaithint agus cleachtais a bhaineann le róil dhifriúla (m.sh. ceannaire, ball foirne) a bhunú; caidrimh mhaithe le daoine eile agus braistint folláine a fhorbairt i ngrúpa; difríochtaí aonair a aithint; idirbheartaíocht a dhéanamh maidir le coimhlintí agus iad a réiteach; seiceáil a dhéanamh ar dhul chun cinn, athbhreithniú a dhéanamh ar |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | foghlaimíonn páistí freisin lena machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama. Músclaíonn agus cothaíonn an inniúlacht seo fiosracht na bpáistí ó nádúr agus bíonn deiseanna acu le hidirghníomhú, le fiosrú, le ceisteanna a chur agus le hiontas a dhéanamh. Tacaíonn an fhoghlaim le daoine eile agus fúthu le folláine na bpáistí mar go gcruthaíonn sé braistint chómhuintearais agus cheangail, agus feasacht a thógáil ar an méid uathúil atá gach páiste in ann a dhéanamh. Ach iad a bheith ag foghlaim in éineacht le daoine eile agus fúthu, cuirtear ar chumas páistí comhbhá a fhorbairt, acmhainn thábhachtach a ligeann a n-aird a dhíriú agus a bhfuil á bhrath ag duine eile a fheiceáil agus a mhothú. | | obair an ghrúpa agus machnamh pearsanta a dhéanamh ar obair an duine féin<br>A bheith solúbtha agus inoiriúnaithe<br>Meas a léiriú ar dhearcthaí éagsúla<br>Freagracht a ghlacadh as comhchinntí<br><br>**Cumarsáid a dhéanamh** – anailís agus léirmhíniú a dhéanamh ar théacsanna agus ar bhealaí eile cumarsáide; tuairimí a chur in iúl, a bheith ag tuairimíocht, ag plé, ag réasúnaíocht, ag dul i ngleic le díospóireacht agus argóint; tabhairt faoi chomhrá, éisteacht go cúramach agus tuairimí, dearcthaí agus mothúcháin a lorg; cumadóireacht agus taibhiú ar réimse bealaí; cur i láthair a déanamh trí réimse meán agus teicneolaíochtaí<br>Cumarsáid and machnamh a dhéanamh i dtimpeallachtaí ar líne |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Éisteacht agus comhbhá a léiriú, a bheith oscailte do thuairimí éagsúla, ag iarraidh go dtuigfear tú |
| **Inphearsanta,** lena n-áirítear féinbhainistíocht mothúchán chomh maith le foghlaim, féinrialú, solúbthacht phearsanta, teacht aniar, tuiscint ar láidreachtaí agus ar laigí, agus an fonn dul i bhfeabhas, iarracht a dhéanamh, creidiúint san fhéinéifeachtúlacht, gníomhú foghlaimeora | **Folláine**<br>Bheith láidir go síceolaíoch agus go sóisialta, bheith sláintiúil agus aclaí, cruthaitheach agus spioradálta, dearcthaí dearfacha a léiriú ar an bhfoghlaim agus ar an saol<br><br>**Féiniúlacht agus Muintearas**<br>Féinaitheantas láidir, breathnú orthu féin mar fhoghlaimeoirí cumasacha | **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** (féach thuas)<br><br>**A bheith slán**<br>Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint agus léirthuiscint na bpáistí d'fholláine agus a gcumas a bheith chomh sláintiúil agus is féidir leo – go fisiciúil, go sóisialta, go mothúchánach agus go spioradálta. Cothaíonn sí féinghlacadh agus féinfheasacht agus cuireann chun cinn cé chomh tábhachtach is atá sé go measann páistí go bhfuil siad féin cumasach agus seiftiúil. Tacaíonn sé sin lena gcumas déileáil le gnáthdhúshláin an tsaoil, teacht aniar a bheith iontu agus cruthú go maith i suíomhanna agus i gcúinsí éagsúla. Cuidíonn an inniúlacht seo le páistí a bheith sláintiúil trí ghníomhaíocht fhisiciúil, bia, féinchúram, agus idirghníomhaíocht leis an dúlra. Cabhraíonn sí le páistí a bheith dearfach agus gafa lena gcuid foghlama agus a n-uathúlacht agus a gcumas féin a aithint. Tacaíonn sí le caidrimh shláintiúla leo féin, lena bpiaraí, lena dteaghlach agus leis an domhan mór. Aithníonn sí gné spioradálta na | **Mé féin a bhainistiú** – aithne a bheith agam orm féin; cinntí a bhfuil machnamh déanta agam orthu a dhéanamh; spriocanna pearsanta a leagan amach agus a bhaint amach; a bheith in ann machnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin<br><br>**Fanacht sábháilte** – a bheith sláintiúil agus gníomhach go fisiciúil; a bheith sóisialta; a bheith sábháilte; a bheith muiníneach; a bheith dearfach maidir leis an bhfoghlaim; a bheith freagrach, sábháilte agus eiticiúil agus an teicneolaíocht in úsáid<br><br>(féach **Creat Folláine sa tSraith Shóisearach** chomh maith) | **Bealaí chun an Fhoghlaim agus an Duine Féin a Bhainistiú**<br><br>**Foghlaim conas foghlaim** – Pleananna a dhéanamh chun feabhas a chur ar a chuid foghlama, am a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar a chuir chuige reatha, féinfheasacht maidir le smaointe agus mothúcháin a bhaineann leis an bhfoghlaim a fhorbairt, agus machnamh a dhéanamh ar an tslí ina bhféadfaidís cabhrú lena chuid foghlama sa todhchaí nó bac a chur air.<br>Machnamh a dhéanamh ar na hinniúlachtaí eile, a bheith san airdeall ar dheiseanna chun iad a chomhcheangal ar bhealaí cruthaitheacha agus iad a úsáid i gcomhthéacsanna nua. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | beatha freisin, rud a chuireann ar chumas páistí uamhan agus iontas a mhothú agus fios a bheith acu go bhfuil brí leis an mbeatha. | | Dearcthaí a fhorbairt maidir le bheith níos freagraí as do chuid foghlama féin, 'meon is féidir liom' nó 'dearcadh fáis', bheith réidh leis an iarracht a dhéanamh agus tuiscint dhearfach maidir leat féin a choimeád.<br><br>**A bheith éifeachtach go pearsanta** – a bheith ábalta breithiúnas a thabhairt orthu féin, ar a bhfeidhmiú féin agus iad i mbun plé le daoine eile a mheas, aiseolas a fháil agus freagairt dó; spriocanna pearsanta, chomh maith le pleananna gnímh, a aithint, a mheas agus a bhaint amach;<br><br>tréithe pearsanta a fhorbairt a bhíonn cabhrach i gcásanna nua agus deacra ar nós obair as a stuaim féin, a bheith solúbtha, agus bheith ábalta an fód a sheasamh nuair a thagann deacrachtaí chun cinn; a bheith muiníneach agus ábalta iad féin a chur in iúl mar dhuine. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | Ag iarraidh feabhsú, ag glacadh freagrachta, ag gníomhú as a stuaim féin<br><br>Tuiscint a bheith agat ar d'fholláine féin agus ar fholláine daoine eile a chothú agus a bheith ag iarraidh í a fheabhsú |
| **Dúshláin an 21ú hAois**<br>bheith rannpháirteach agus ag cur le cúrsaí ar bhealach níos leithne, saoránacht, feasacht dhomhanda, feasacht ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus chomhshaoil | **Féiniúlacht agus Muintearas**<br>Féiniúlacht ghrúpa agus phobail, scéalta saoil, léiriú ceart agus tuiscint ar chearta/thuairimí daoine eile | **A bheith i do shaoránach gníomhach**<br>Cothaíonn an inniúlacht seo an t-eolas, na scileanna, na coincheapa, na dearcthaí, na luachanna agus na meonta i bpáistí a spreagann agus a chumasaíonn iad mar shaoránaigh chun bearta dearfacha a dhéanamh chun maireachtáil go cóir, go hinbhuanaithe agus le meas ar chearta daoine eile. Cabhraíonn sé le páistí a bhfuil ag tarlú sa domhan a cheistiú, a thuiscint agus léirmheas a dhéanamh air i gcreat chearta an duine, cothromas, ceartas sóisialta, agus forbairt inbhuanaithe. Chomh maith leis sin, ardaíonn sé feasacht ar dhúshláin dhomhanda amhail athrú aeráide, coimhlint, agus éagothroime atá ag fás. Cuireann sé cleachtais dhaonlathacha i gcroílár an phróisis foghlama. Forbraíonn an inniúlacht seo acmhainn agus spreagadh na bpáistí le haghaidh rannpháirtíocht | Gearrchúrsaí<br>**Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil**<br>**Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte** | **Bealaí le bheith Rannpháirteach sa tSochaí**<br><br>Cur leis an gceantar áitiúil<br><br>A bheith i do shaoránach domhanda<br><br>Comhghníomhú a dhéanamh, difríocht a dhéanamh |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | ghníomhach fhiúntach sa tsochaí ag leibhéal áitiúil, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal domhanda, agus cothaíonn sí a gcumas le cur go dearfach agus go comhbhách le domhan níos inbhuanaithe agus níos cothroime a chruthú. | | |
| **Litearthacht** | **Cumarsáid**<br>Cumarsáid neamhbhriathartha<br>Teanga ó bhéal<br>Marc-chruthú, siombailí a aithint, brí a léiriú trí shiombailí | **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid**<br>Forbraíonn an inniúlacht seo tuiscint na bpáistí ar a bheith ag idirghníomhú le daoine eile agus cabhraíonn sí leo taitneamh a bhaint as. Is éard atá i gceist le bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid ná a bheith in ann foirmeacha éagsúla cumarsáide a thuiscint, a léirmhíniú agus a úsáid, lena n-áirítear geáitsíocht, cur in iúl, teanga labhartha (a bhféadfadh Béarla, Gaeilge, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus teangacha eile a bheith san áireamh inti), téacs clóite, na meáin chraolta, agus na meáin dhigiteacha. Ina theannta sin bíonn páistí ag cruthú agus ag cíoradh cineálacha éagsúla téacs agus iad á dhéanamh sin le cuspóir. Ní mór do pháistí a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus ceangal leo, d'fhonn páirt a ghlacadh sa tsochaí níos leithne, ciall a roinnt agus eolas nua a fhorbairt. Méadaíonn forbairt na hinniúlachta seo muinín na bpáistí maidir le raon meán agus modhanna cumarsáide a | **Bheith Liteartha**<br>**Bheith Uimheartha**<br>Luadh an **Teicneolaíocht Dhigiteach** leis na scileanna thuasluaite ar fad. | **Cumarsáid** (féach thuas)<br><br>Áirítear **úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha** mar rud a thacaíonn leis na príomhinniúlachtaí eile |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | úsáid a oireann do chuspóirí agus do luchtanna féachana éagsúla. Is éard atá i gceist ná go mbíonn páistí ag foghlaim cén chaoi lena n-eispéiris, a smaointe agus a mothúcháin a roinnt ar bhealaí éagsúla agus le foghlaim cén chaoi le tuairimí daoine eile a thabhairt faoi deara, éisteacht leo, ciall a bhaint astu agus meas a léiriú orthu.<br><br>**A bheith matamaiticiúil**<br>Tacaíonn an inniúlacht seo le páistí smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus loighic a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun raon fadhbanna a réiteach. Is éard atá i gceist ná an mhuinín agus an scil a bheith acu chun an mhatamaitic a aithint agus a úsáid i ngach gné den saol. Is éard atá i gceist le bheith matamaiticiúil ná go mbíonn páistí ag tarraingt ar réimse eolais, scileanna, coincheap, dearcthaí, luachanna agus meonta agus iad ag aithint faisnéis ón fhíorshaol a chuirtear i láthair go matamaiticiúil, ag baint ciall aisti agus á cur i bhfeidhm. Ní mór do páistí a bheith in ann smaoineamh agus cumarsáid a dhéanamh go cainníochtúil, le réasún, chun ciall a bhaint as sonraí agus chun dul i ngleic go criticiúil leo, chun feasacht spásúil a bheith acu agus chun patrúin agus seichimh a thuiscint. Nuair a aithnítear deiseanna chun matamaitic a úsáid | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | ar fud an churaclaim, is féidir le páistí a gcuid eolais, scileanna agus loighic mhatamaiticiúil a aistriú chuig réimsí curaclaim eile agus chuig an domhan mór, ag saibhriú a gcuid eispéireas.<br>A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach<br>Tacaíonn an inniúlacht seo le páistí úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach go fiosrach, go cruthaitheach, go muiníneach agus go criticiúil. Ach iad a bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha, cothaítear cumas páistí le comhoibriú agus a bheith faoi bhláth i ndomhan atá tumtha níos mó agus níos mó sa teicneolaíocht. Forbraíonn páistí a gcuid eolais, scileanna, coincheap, dearcthaí, luachanna agus meonta ach fadhbanna a réiteach, triail a bhaint as rudaí agus rudaí a chruthú. Méadaíonn forbairt na hinniúlachta seo a muinín maidir le raon teicneolaíochta digití a úsáid chun leas a bhaint as a samhlaíocht agus a smaointeoireacht chruthaitheach agus a léiriú cruthaitheach a leathnú. Trí pháistí a chumasú<br>páistí a chumasú le bheith ina saoránaigh dhigiteacha ghníomhacha, forbraíonn an inniúlacht seo a gcumas leis an teicneolaíocht a úsáid go freagrach, le meas, go slán agus go heiticiúil. Cuireann an inniúlacht seo ar chumas páistí páirt a ghlacadh go grinn | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | i ndomhan atá ceangailte go digiteach agus atá idirspleách, agus cur leis. | | |

**Tábla 29** Creataí CNCM ón Luathóige go dtí an tSraith Shinsearach

# Conclúidí

I bhfianaise taighde teoranta maidir le foirm theicniúil siollabais/sonraíochtaí curaclaim, in áit na litríochta taighde níos cuimsithí maidir le ceisteanna a bhaineann le hábhair, idé-eolaíochtaí agus treonna na cáipéisíochta curaclaim, is féidir an chúis go n-úsáideann gníomhaireachtaí cumasc idir réamhtheachtaí, siollabais/sonraíochtaí atá ann cheana féin, foghlaim ó dhlínsí eile, agus aiseolas ó mhúinteoirí agus iad a déanamh cinneadh faoin bhfoirm theicniúil ar cheart a bheith ar a gcuid cáipéisí siollabais/sonraíochta a thuiscint. Fiosraíodh gach ceann de na tosca seo sa pháipéar seo agus iad á suíomh laistigh de chomhthéacs teoiriciúil, stairiúil agus cultúrtha. Tá roinnt foghlama soiléir do CNCM sa pháipéar seo, a leagtar amach thíos.

I bhfianaise na gcastachtaí a bhaineann leis na hidé-eolaíochtaí, treonna, samhlacha agus traidisiúin churaclaim éagsúla agus feidhmeanna éagsúla na sraithe sinsearaí a sainaithníodh san aiseolas a fuarthas i gcaitheamh an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach (2017-2020), moltar go léireodh foirm theicniúil sonraíochtaí CNCM le haghaidh ábhair agus modúil i sraith shinsearach athfhorbartha cur chuige hibrideach i dtaca le dearadh curaclaim. Seachas idé-eolaíocht, treo, múnla nó traidisiún curaclam amháin a roghnú agus a léiriú, ba cheart don fhoirm theicniúil meithleacha forbartha a chumasú iad a chur le chéile ar slí chuimsitheach chomhleanúnach. Bíodh agus go bhféadfaí cáineadh a dhéanamh ar chur chuige hibrideach as é a bheith ‘agnóisíoch go teoiriciúil’ (Priestly agus Biesta, 2014, lch.1), an buntáiste soiléir a bhaineann leis an gcur chuige seo ná go bhfuil sé níos ionchuimsithí i dtaca le raon creidiúintí múinteoirí agus páirtithe leasmhara maidir leis an gcuraclam agus go gcuireann sé ‘slite éagsúla isteach’ sa tsonraíocht nua nó athbhreithnithe ar fáil. Caithfidh teimpléad na foirme teicniúla a bheith oiriúnach don chur chuige hibrideach seo ach ina dhiaidh sin, tarlaíonn an obair chun cothromaíocht chúramach a bhaint amach idir na traidisiúin/samhlacha/treonna agus idé-eolaíochtaí éagsúla sa phróiseas atriallach a bhaineann le sonraíocht a chruthú agus an teimpléad a líonadh, d’fhonn soiléireacht agus comhleanúnachas a bhaint amach, gan ró-mhionsonrú, d’úsáideoirí na gcáipéisí sonraíochta curaclaim.

De réir mar a léirítear i gcaibidil 2, go stairiúil, ó bhunú an stáit ar aghaidh chuig na 1980idí, ní raibh níos mó ná cúpla leathanach i bhfoirm theicniúil na siollabas curaclaim san Ardteistiméireacht, go ginearálta comhdhéanta de tháscairí leathana ar ábhar an ábhair/eolas tairiscintiúil, mar aon le breac-chuntas ar na codanna a bheadh le feiceáil ar scrúdpháipéir agus i scrúduithe praiticiúla. Le 40 bliain anuas, ó cruthaíodh an Bord Curaclaim agus Scrúduithe (1984), a d’fhorbair isteach ina CNCM ina dhiaidh sin, tá méadú tagtha ar fhad siollabais/sonraíochtaí curaclaim agus cuireadh béim níos mó ar fheidhmeanna an oideachais a shoiléiriú; rud a chruthaíonn leanúnachas laistigh de chéimeanna na foghlama agus réimsí ábhair agus eatarthu; a leagann béim ar an gcineál foghlama atáthar ag dréim leis don scoláire, i bhfoirm torthaí foghlama; a leagann béim ar thábhacht réimse scileanna a fhorbairt; agus a dhéanann éagsúlú ar an measúnú chun tuiscint níos leithne d’fhoghlaim an scoláire a fháil. De réir a chéile, tháinig teimpléad comónta don fhoirm theicniúil le haghaidh forbairt siollabas/sonraíochtaí chun cinn, bíodh agus go raibh éagsúlachtaí ann chun gnéithe sonracha d’ábhair agus de mhodúil ar leith a cheadú ann fós. Is é an teimpléad seo a ndéanann an páipéar seo anailís air agus tá sé beartaithe é a chur in oiriúint, de réir mar is cuí, do riachtanais na ndaoine sin a bhfuil taithí acu ar oideachas na sraithe

sinsearaí agus iad siúd a úsáideann cáipéisí curaclaim chun pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú sa tsraith shinsearach.

Is léir ó athbhreithniú ar shiollabais/shonraíochtaí ó oideachas na meánscoile sinsearaí i réimse dlínsí eile (caibidil 3) nach ann d'aon chur chuige amháin go hidirnáisiúnta i dtaca le foirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim. Tá treochtaí atá cosúil leis seo, a bheag nó a mhór, le sonrú sna codanna a áirítear laistigh de shiollabais/shonraíochtaí ach tá éagsúlacht sa teanga agus sna ceannteidil a úsáidtear agus sna cuir chuige a ghlactar. I measc roinnt gnéithe comónta tá:

- réamhrá agus/nó réasúnaíocht.
- aidhmeanna agus/nó cuspóirí.
- aitheantas don éagsúlacht i measc foghlaimeoirí.
- cuid ar theagasc agus ar fhoghlaim, le roinnt dlínsí ag tairiscint comhairle mhionsonraithe ar oideolaíochtaí agus cinn eile a thugann breac-chuntas leathan.
- snáitheanna staidéir, lena n-áirítear mórionchas an tsnáithe.
- torthaí foghlama agus scafláil le haghaidh torthaí foghlama, ar réimse foirmeacha difriúla.
- cuir chuige i leith an mheasúnaithe.
- cur síos ar na caighdeáin ghnóthachtála.
- gluais na bpríomhthéarmaí agus na bpríomhshainmhínithe

Tá éagsúlacht ollmhór i dtaca leis an méid a chuirtear oideolaíochtaí san áireamh i sonraíochtaí agus/nó i dtreoirlínte curaclaim agus an méid sonraí a chuirtear ar fáil iontu i ndlínsí difriúla agus in ábhair dhifriúla. Is fiú suntas a dhéanamh de go bhfuil leibhéal scafláła le haghaidh snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama le sonrú i siollabais/sonraíochtaí curaclaim fhormhór na ndlínsí eile dlínsí a ndéantar anailís orthu sa pháipéar seo i gcomparáid le hÉirinn, go háirithe san áit go bhfuil measúnú inmheánach nó cumasc idir measúnú inmheánach agus seachtrach i gceist. Bíonn an cuid éagsúlachta sa scafláil seo i ndlínsí difriúla agus in ábhair dhifriúla. Tá go leor le foghlaim ó na dlínsí a ndearnadh staidéar orthu maidir le torthaí foghlama a scafláil. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara chomh maith go bhfuil treocht shoiléir le sonrú sna dlínsí a ndearnadh staidéar orthu, is é sin go meastar go dtacóidh scafláil na dtorthaí foghlama le pleanáil an mhúinteora agus leis an measúnú inmheánach scoilbhunaithe agus nach léiríonn sé an méid a d'fhéadfaí a iarradh nó an tslí ina bhféadfaí ceisteanna a chur i scrúduithe scríofa seachtracha ná i gcomhpháirteanna measúnaithe eile. Is cosúil gurb í an aidhm ná soiléireacht a bhaint amach gan ró-mhionsonrú a dhéanamh.

Trí féachaint ar na dlínsí seo, is léir go bhfuil na tacaíochtaí um chur i bhfeidhm sonraíochtaí nua nó athbhreithnithe a chuirtear ar fáil in Éirinn cosúil leis na cinn a chuirtear ar fáil in Ontario agus in Queensland, a bheag nó a mhór, bíodh agus gur gnách go gcuireann dlínsí a bhfuil comhpháirteanna measúnaithe inmheánacha acu tuilleadh ábhair mheasúnaithe ar fáil chun tacú le breithiúnais an mhúinteora maidir le caighdeán foghlama an scoláire. Moladh amháin ná go sainaithneodh na meithleacha forbartha cásanna ina bhféadfadh dúshlán a bheith ag baint le toradh foghlama nó le grúpa torthaí foghlama agus, sna cásanna seo, go gcuirfí mionsonrú aon leathanach ar fáil maidir leis an toradh/na torthaí foghlama áirithe mar ábhair thacaíochta le haghaidh cur i bhfeidhm na sonraíochta. Cabhróidh tuilleadh comhairliúcháin le múinteoirí na tacaíochtaí is oiriúnaí le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha a chinneadh.

Gné an-tábhachtach d'fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim ná saincheist an chomhleanúnachais curaclaim (caibidil 4). Féachann comhleanúnachas cothrománach curaclaim le hailíniú idir siollabais/sonraíochtaí aonair agus cuspóir, fís agus treoirphrionsabail na sraithe

sinsearaí athfhorbartha. Tugann sé faoi ailíniú inmheánach idir gach gné de shiollabas/shonraíocht aonair. Cuirtear in iúl in aiseolas ó mhúinteoirí maidir le foirm theicniúil na sonraíochtaí Ardteistiméireachta atá ann faoi láthair go dtacaíonn siad, den chuid is mó, le neart gnéithe den tslí ina ndeartar sonraíochtaí CNCM ach go bhfuil dúshlán fós ag baint le pleanáil le haghaidh teagasc, foghlaim agus measúnú le torthaí foghlama agus go dteastaíonn tuilleadh scafléla le haghaidh na dtorthaí foghlama. Is féidir leis an scafláil seo cur le foghlaim agus rannpháirtíocht múinteoirí le sonraíocht churaclaim nua nó athbhreithnithe agus lena muinín agus lena mbraistint féinéifeachtúlachta. De réir mar a thugtar breac-chuntas air i gcaibidil 3, tá réimse slite le tabhairt faoin scafláil seo. Ceapadh dréacht-teimpléad a ndearnadh 'tástáil' air ansin agus tá roinnt meithleacha forbartha ag obair faoi láthair ar shonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus do mhodúil nua agus athbhreithnithe i sraith shinsearach athfhorbartha. Tháinig rogha shoiléir chun cinn ó na meithleacha seo go dtarlódh scafláil na dtorthaí foghlama laistigh de na sonraíochtaí seo trí tuilleadh sonraí a chur leis an gcolún reatha 'foghlaimíonn an scoláire faoi' i sonraíochta na hArdteistiméireachta, de réir mar is cuí agus de réir mar a oireann don ábhar nó don mhodúl a bhíonn i gceist. Is féidir le scafláil torthaí foghlama, i sonraíocht agus/nó in ábhair thacaíochta, cur le foghlaim agus rannpháirtíocht múinteoirí le sonraíocht churaclaim nua nó athbhreithnithe agus lena muinín agus lena mbraistint féinéifeachtúlachta. Is féidir leis seo suaimhneas a chur ar fáil do mhúinteoirí a d'fheadfadh a bheith imníoch nach bhfuil an léirmhíniú atá acu ar an tsonraíocht churaclaim nua mar an gcéanna lena gcomhghleacaithe, agus/nó dóibh siúd a d'fhéadfadh imní a bheith orthu nach mbeidh a gcuid scoláirí ullamh go leor dá scrúduithe nó nach mbeidh de chumas acu a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ar cheisteanna nó ar chomhthéacsanna nach bhfuil taithí acu orthu. D'fhéadfadh scafláil na dtorthaí foghlama nó soláthar treoirlínte cabhrú go mór an dóchúlacht go n-úsáidfí téacsleabhair agus scrúdpháipéir mar churaclam de facto don ábhar nó don mhodúl a bhíonn i gceist a laghdú, bíodh agus go mbeidís suntasach fós, i bhfianaise an tionchar atá acu ar an gcleachtas faoi láthair.

Bíodh sin amhlaidh, is léir ón taighde go bhfuil riosca ag baint le ró-mhionsonrú a dhéanamh ar na torthaí foghlama toisc go bhféadfadh scoilteadh na foghlama, neamhleanúnachas, dí-phroifisiúnú an teagaisc, níos lú oiriúnú ar an bhfoghlaim chun oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora agus, d'fhéadfaí a argóint, torthaí nach bhfuil chomh cothromasach don fhoghlaimeoir a bheith mar thoradh air. Mar sin, tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir scafláil ar thaobh amháin agus solúbthacht agus rogha ar an taobh eile. Caithfidh dearadh na dtorthaí foghlama a bheith comhleanúnach le mór-uaillmhianta na céime foghlama sin. Mar shampla, má bhíonn na torthaí foghlama fíorshonrach agus má bhíonn an-chuid dóibh ann sa tslí agus go spreagann siad cuir chuige 'cuir tic sa bhosca' i dtaca leis an bhfoghlaim sa seomra ranga, d'fhéadfaidís tionchar diúltach a bheith acu ar phrionsabail threoracha na sraithe sinsearaí athfhorbartha, amhail *Dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht* agus *Folláine agus caidrimh.* Is dúshlán leanúnach é soiléireacht, sintéis agus mionsonraí leordhóthanacha a bhaint amach gan ró-mhionsonrú a mbeidh tionchar aige ar fhorbairt an churaclaim de réir mar a phléann meithleacha forbartha, de réir mar a dhéanann siad díospóireacht agus a shocraíonn an fhoghlaim is tábhachtaí san ábhar nó sa mhodúl atá i gceist agus mar a líonfaidh siad an teimpléad d'fhoirm theicniúil sonraíochtaí curaclaim i sraith shinsearach athfhorbartha. I bhfianaise na béime láidir ar scrúduithe deiridh na scoile in Éirinn agus ar an méid a thagann aníos sna scrúduithe, ní dócha go réiteofar teannais a bhaineann leis an measúnú go hiomlán trí chur chuige difriúil a ghlacadh i dtaca le foirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim, beag bonn ar an méid scafléla le haghaidh torthaí foghlama a chuirtear ar fáil i sonraíochtaí agus/nó in ábhair thacaíochta.

Baineann gné d'fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim a bhfuil forbairt ag teacht air leis an gcaidreamh idir eolas, scileanna agus luachanna/meonta. Tá béim ar fhorbairt chomhtháite raon inniúlachtaí (i gcás ina n-oibríonn eolas, scileanna agus luachanna/feidhmeanna ag an am céanna chun foghlaim agus/nó spriocanna ar leith a bhaint amach) comhsheasmhach leis an aiseolas ón Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach (2017 – 2020) agus le forbairtí go náisiúnta agus thar raon eagraíochtaí fornáisiúnta oideachais agus dlínsí idirnáisiúnta. Sa bhreac-chuntas a thugtar ar an gcur chuige molta i leith príomhinniúlachtaí i sraith shinsearach athfhorbartha i gcaibidil 5 cuirtear príomhthéamaí (luathóige), inniúlachtaí (Bunscoil) agus scileanna (an tSraith Shóisearach) atá ann cheana i measc na gcéimeanna oideachais san áireamh, lena n-áirítear príomhscileanna na sraithe sinsearaí atá ann cheana, agus dúshláin agus forbairtí sochaíocha níos leithne. Glacfaidh príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí áit príomhscileanna na sraithe sinsearaí atá ann cheana agus cuimseofar iad san fhoirm theicniúil agus sa teimpléad athbhreithnithe le haghaidh sonraíochtaí ábhair agus modúil.

Sa dréacht-teimpléad thíos tugtar breac-chuntas ar an bhfoirm theicniúil a bheadh le húsáid agus sonraíochtaí le haghaidh ábhar agus modúl á bhforbairt i sraith shinsearach athfhorbartha. Seans go mbeadh gá leasú nó oiriúnú a dhéanamh air de réir mar is cuí le haghaidh ábhair/modúil dhifriúla agus chun tacú le tabhairt isteach níos mó conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach. Is iad na hathruithe is suntasaí ón teimpléad reatha ná gur cuireadh an méid seo a leanas san áireamh

- Feidhm/fís sraith shinsearach athfhorbartha
- Léargas amhairc ar an bhfoghlaim inmhianaithe a mbeifí ag súil léi
  Cuid dar teideal Leanúnachas, Conairí agus Dul chun Cinn a ghlacfaidh áit 'Foghlaim ghaolmhar' a áirítear i sonraíochtaí sraithe sinsearaí atá ann faoi láthair.
- Príomhinniúlachtaí, ina leagtar béim ar fhorbairt chomhtháite eolais, scileanna, agus luachanna/meonta, a ghlacfaidh áit príomhscileanna na sraithe sinsearaí agus fís an fhoghlaimeora atá ann faoi láthair.
- Cuirfear na torthaí foghlama i láthair ar ghreille le dhá cholún. Sainaithneofar réimsí ar leith a gcaithfidh an scoláire foghlaim fúthu sa cholún ar thaobh na láimhe clé (dar teideal 'Foghlaimíonn an scoláire faoi') agus déanfar scafláil ar na torthaí foghlama (sa cholún ar thaobh na láimhe deise). I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Tábla 30: Imlíne ar dhréacht-teimpléad d'fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus do mhodúil sa tsraith shinsearach athfhorbartha.

| Roinn | Cad a bheidh inti |
|---|---|
| An tsraith shinsearach | Is cuid chomónta de gach sonraíocht í an chuid seo. Tugtar breac-chuntas ann ar fheidhm/fhís uileghabhálach sraith shinsearach athfhorbartha, a eascraíonn ó Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2021) agus leagtar béim inti gur féidir le heispéiris uile na scoláirí sa tsraith shinsearach cur le réadú na críche/físe seo do gach scoláire. |

| | |
|---|---|
| | Cuireann an chuid seo leis an gcomhleanúnachas curaclaim agus cuireann sí slat tomhais ar fáil do ghrúpaí forbartha agus sonraíochtaí á gcruthú acu. |
| **Léargas Amhairc** | Baineann an léargas seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugann sé forbhreathnú ar fhoghlaim na scoláirí san ábhar/modúl i bhformáid amhairc. Ba cheart go rachadh sé níos faide ná na grafaicí a chuirtear san áireamh i sonraíochtaí faoi láthair, ina léirítear an caidreamh idir na snáitheanna de ghnáth. D'fhéadfadh an léargas seo a bheith i bhfoirm grafaic faisnéise nó léarscáil do bhéim na foghlama san ábhar/modúl, ag déanamh ceangal le forbairt príomhinniúlachtaí. D'fhéadfadh scoláirí agus tuismitheoirí, mar aon le múinteoirí, a bheith i measc lucht breathnaithe an léargais seo. |
| **Réasúnaíocht** | Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Sa réasúnaíocht tugtar breac-chuntas ar ról agus ar thábhacht an ábhair/modúil i dtaca le feidhm/fís na sraithe sinsearaí a réadú, tugtar breac-chuntas ar nádúr an ábhair/mhodúil ábhartha, bunaítear tábhacht an ábhair i gcomhthéacs níos leithne, lena áirítear deiseanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus staidéar á dhéanamh air agus luaitear roinnt de na ceangail éagsúla gur féidir a dhéanamh le hábhair/modúil agus le réimsí staidéir eile. |
| **Aidhmeanna** | Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugtar breac-chuntas leathan agus gonta ar fheidhm uileghabhálach na sonraíochta sna haidhmeanna, rud a chuireann tacar leathan uaillmhianta le haghaidh foghlaim an scoláire ar fáil, mar aon le roinnt cuspóirí coincréiteacha. |
| **Leanúnachas, conairí agus dul chun cinn** | Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Leagtar béim ar leanúnachas ó chéimeanna roimhe sin san oideachas agus tugtar breac-chuntas ar roinnt de na bealaí a gcuireann an t-ábhar/modúl le conairí difriúla sa tsraith shinsearach tríd síos agus ina gcuireann sé le staidéar, obair agus gairmeacha amach anseo, agus rannpháirtíocht sa tsochaí agus i saol an duine fhásta.<br><br>Tarlóidh éagsúlú conairí go comhthreomhar le forbairt sonraíochtaí, mar sin seans go mbeadh gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcuid seo agus/nó seans go mbeadh gá an teimpléad a chur in oiriúint chun oiriúint do na conairí seo nuair a bheidh siad forbartha. |
| **Príomhinniúlachtaí** | Baineann an chuid seo leis na sonraíochtaí go léir nuair a thugtar isteach príomhinniúlachtaí sraith shinsearach athfhorbartha. Áirítear míniú ann ar ról agus ar nádúr na bpríomhinniúlachtaí agus ar na tosca |

| | |
|---|---|
| | a thacaíonn lena bhforbairt, agus bíonn léiriú grafaice ar na príomhinniúlachtaí ann ina dhiaidh.<br><br>Ansin áirítear cuid a bhaineann go sonrach le gach sonraíocht ar leith ina dtugtar breac-chuntas ar roinnt de na bealaí inar féidir na hinniúlachtaí seo a fhorbairt san ábhar nó sa mhodúl a bhíonn i gceist. |
| **Teagasc agus foghlaim** | Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugtar breac-chuntas gonta ann ar réimse leathan cur chuige i leith an teagaisc agus na foghlama a d'fhéadfadh a bheith cabhrach do mhúinteoirí agus an tsonraíocht seo á cur i bhfeidhm. Déantar tagairt d'oideolaíochtaí ann, a d'fhéadfadh tacú leis an bhfoghlaim agus leis an measúnú a dtugtar breac-chuntas orthu sa tsonraíocht. Cuirfear tacaíochtaí i dtaca le hoideolaíochtaí ar fáil mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach. |
| **Snáitheanna staidéir agus torthaí foghlama** | **Alt Tosaigh**<br>Baineann an chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugtar breac-chuntas san fhocal tosaigh ar an gcur chuige iomlán i leith an ábhair/modúil agus a struchtúr, agus ainmnítear na snáitheanna. Áirítear abairt maidir le leithdháileadh ama anseo. Is féidir grafaic forbhreathnaithe a chur san áireamh.<br><br>Áireofar abairtí comónta do gach sonraíocht i dtaca le snáitheanna, torthaí foghlama agus 'foghlaimíonn an scoláire faoi'.<br><br>**Snáithe X: Teideal**<br>Ba cheart go n-aireofaí breac-chuntas gairid maidir le bunús an tsnáithe sa bhreac-chuntas ar an snáithe.<br><br>**Torthaí foghlama shnáithe X**<br>Tá tábla a bhfuil dhá cholún ann sa chuid seo. Tá torthaí foghlama sa cholún ar thaobh na láimhe deise ina dtugtar breac-chuntas ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama. Caithfidh siad a bheith fairsing go leor chun ligean le gach foghlaimeoir iad a ghnóthachtáil agus a bheith sonrach go leor ionas gur féidir iad a thomhas agus a mheas, den chuid is mó.<br><br>Sa cholún ar thaobh na láimhe deise tugtar breac-chuntas ar réimsí ar leith a gcaithfidh an scoláire foghlaim fúthu. Cuirfear níos mó sonraí ar fáil sa cholún seo ná mar a bhíonn ann faoi láthair i sonraíochtaí curaclaim de chuid na sraithe sinsearaí a foilsíodh le déanaí, déanfar scafláil ar thuiscint ar na torthaí foghlama gan ró-mhionsonrú a |

| | |
|---|---|
| | dhéanamh. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil. |
| **Measúnú** | Tá roinnt téacs comónta sa chuid seo, a tharraingíonn ó thaighde ábhartha ar an measúnú. Baineann an chuid eile den chuid seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugtar breac-chuntas ar bhéim an mheasúnaithe, mínítear an tslí ina bhfuil sé comhleanúnach le haidhmeanna an chúrsa, tugtar breac-chuntas ar na comhpháirteanna measúnaithe (measúnú obair chúrsa agus measúnú nó scrúdú deireadh cúrsa), agus cuirtear briseadh síos ar leithdháileadh na marcanna le haghaidh comhpháirteanna difriúla ar fáil.<br><br>Tá spás ann le haghaidh roinnt éagsúlachta, de réir mar is cuí san ábhar ar leith. D'fhéadfadh go mbeadh gá béim nó cineál an mheasúnaithe a leasú nó a oiriúnú chun ailíniú le conairí difriúla tríd an tsraith shinsearach, de réir mar a fhorbraítear iad. |
| **Critéir mheasúnaithe** | Baineann na critéir seo go sonrach le gach sonraíocht aonair. Tugtar breac-chuntas ar leibhéal íseal, meánleibhéal agus ardleibhéal gnóthachtála sa mheasúnú iontu. Cuirfear tuilleadh eolais maidir le measúnú obair chúrsa ar fáil leis. D'fhéadfadh go mbeadh gá na critéir measúnuithe a leasú nó a oiriúnú chun ailíniú le conairí difriúla tríd an tsraith shinsearach, de réir mar a fhorbraítear iad. |
| **Aguisíní** | Áirítear torthaí foghlama le haghaidh gach ceann de na príomhinniúlachtaí in Aguisín 1. Déantar machnamh ar na torthaí foghlama seo agus ionchuimsítear iad i dtorthaí foghlama gach ábhar nó modúl.<br><br>Baineann aguisíní breise go sonrach le gach sonraíocht aonair. D'fhéadfaí gluais briathra gnímh, gluais téarmaí agus ábhar ábhartha eile a áireamh ina measc. D'fhéadfaí tuilleadh aguisíní a chur san áireamh de réir mar is cuí le haghaidh ábhair/modúil aonair. Déantar scafláil ar chomhthuiscint ar an teanga, ar na briathra agus ar na téarmaí a úsáidtear sna torthaí foghlama agus sa tsonraíocht i gcoitinne sna haguisíní seo. |

## Leabharliosta roghnaithe

Adam, S. '*An introduction to learning outcomes: A consideration of the nature, function and position of learning outcomes in the creation of the European Higher Education Area'*. Ar fáil ag: https://pedagogie-universitaire.blogs.usj.edu.lb/wp-content/blogs.dir/43/files/2013/03/An-introduction-of-learning-outcomes.pdf

Ahl, LM., Uffe Thomas Jankvist, U., Prytz, *J. (2022) What is a successful implementation in mathematics education? On sustainable innovations and the role of textbooks*. Twelfth Congress of the European Society for Research in Mathematics Education (CERME12), Feb 2022, Bozen-Bolzano, An Iodáil. hal-03766211.

Allen, C. D., & Penuel, W. R. (2015) *Studying teachers' sensemaking to investigate teachers' responses to professional development focused on new standards* Journal of Teacher Education, Imleabhar 66, Eagrán 2, lgh 136–149.

Australian Curriculum, Assessment and Reporting Authority, Foundation to Year 10 Australian Curriculum, Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2022 ó https://www.australiancurriculum.edu.au/f-10-curriculum/

Coolahan, John. 2017. *Towards the Era of Lifelong Learning: A History of Irish Education 1800-2016.*

*Curriculum, Syllabus Design and Equity* (Ed. Luke, Woods agus Weir, 2012) Londain: Routledge.

Deng, Zonghi, Knowledge, Content, Curriculum agus Didaktik: Beyond Social Realism (2020).

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Blianta éagsúla. *Rialacha agus Cláir do leith na Meánscoileanna.* Rialtas na hÉireann. Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais (Éire). 2004. *Siollabas Staire na hArdteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 2003. *Siollabas Oideachas Reiligiúin na Ardteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 1983. *Siollabas Laidine na hArdteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 1983. *Siollabas Sean-Ghréigise na hArdteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 1971. *Siollabas Ealaíne na hArdteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 1983. *Siollabas Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 1999. *Siollabas Béarla na hArdteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 2011. *Creat Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte na hArdteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 2013. *Siollabas Matamaitice na hArdteistiméireachta.*

An Roinn Oideachais (Éire). 1995. *Siollabas Gairneoireachta/Talmhaíochta na Ardteistiméireachta Feidhmí.* Education Scotland. Rochtain ar líne Lúnasa 2022 https://education.gov.scot/education-scotland/

Department of Education/ Queensland Government (2021). Lch 12 Curriculum Assessment Reporting Framework. Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2022 ó https://education.qld.gov.au/curriculum/stages-of-schooling/p-12#:~:text=The%20P%E2%80%9312%20Curriculum%2C%20assessment%20and%20reporting%20framework%20includes%20a,in%20Prep%20to%20Year%2012

Education Scotland (2008). Curriculum for Excellence, a Framework for Teaching and Learning.

Education Scotland (2016). Curriculum for Excellence, a Statement for Practitioners from HM Chief Inspector for Education.

Education Wales (2017). Education in Wales, our national mission, Action Plan 2017-2021, Fortus, D., Sutherland Adams, L.M., Krajcik, J., & Reiser, B. (2015). *Assessing the role of curriculum coherence in student learning about energy* Journal of Research in Science Teaching, Imleabhar 52, Uimhir 10, lgh 1408–1425.

Fullan, M. & Quinn, J. (2016) *Coherence: The Right Drivers in Action for Schools, Districts, and Systems.* Thousand Oaks, CA: Corwin.

Gleeson, J. 2022. 'Evolution of Irish curriculum culture: understandings, policy, reform and change' in *Irish Educational Studies*, Imleabhar 41, Eagrán 4. Ar fáil ag: https://doi.org/10.1080/03323315.2021.1899028

Hirsh, E.D., Cultural Literacy (1987), SAM: Random House.

Honig, M I.; Hatch, T C. (2004) *Crafting Coherence: How Schools Strategically Manage Multiple, External Demands* Educational Researcher, imleabhar 33 uimh. 8 lgh 16-30 mí na Samhna 2004.

Johnson, C.E, Boon, H.J, Johnson, M.D, *Curriculum alignment after reforms, A systematic review with considerations for Queensland pre- and in-service teachers*, 2019, Australian Journal of Teacher Education, Imleabhar 45, Eagrán 11, Alt 3, mí na Samhna 2020.

Kelly, A.V, *The Curriculum: Theory and Practice*, 6ú hEagrán (2009)

Manja Klemenčič. 'Perspectives on the Bologna process – past and present' . Ar fáil ag: https://scholar.harvard.edu/files/manja_klemencic/files/mklemencic_bologna_handbook.pdf?m=1444558845#:~:text=Despite%20progress%20on%20many%20fronts,the%20process%20of%20being%20achieved

Manyukhina, Y. & Wyse, D. (2019). 'Learner agency and the curriculum: a critical realist perspective' in *The Curriculum Journal*, Imleabhar 30, Eagrán 3, lgh 223-243 https://doi.org/10.1080/09585176.2019.1599973

CNCM (2009). *Creat Príomhscileanna na Sraithe Sinsearaí.* https://ncca.ie/en/resources/senior-cycle-key-skills-framework

CNCM (2019a). *Torthaí Foghlama: Dearcadh Idirnáisiúnta* Faighte Iúil, 2019 ó https://www.ncca.ie/en/resources/learning-outcomes-an-international-perspective

CNCM (2019a). *Torthaí Foghlama: Dearcadh Idirnáisiúnta* Faighte Iúil, 2019 ó https://www.ncca.ie/en/resources/learning-outcomes-an-international-perspective

CNCM (2020). Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile https://ncca.ie/en/primary/primary-developments/primary-curriculum-review-and-redevelopment/the-primary-curriculum-framework/

CNCM (2015). Creat don tSraith Shóisearach Faighte Lúnasa 2022 ó https://ncca.ie/media/3249/framework-for-junior-cycle-2015-en.pdf

CNCM (2009). Towards Learning, An Overview of Senior Cycle Education. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://ncca.ie/en/resources/towards_learning_an_overview/

CNCM (2018). Sonraíocht Eacnamaíochta na hArdteistiméireachta. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.curriculumonline.ie/Senior-Cycle/Senior-Cycle-Subjects/Economics/

CNCM (2019). Sonraíocht Matamaitic Fheidhmeach na hArdteistiméireachta. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.curriculumonline.ie/Senior-Cycle/Senior-Cycle-Subjects/Applied-Mathematics/

CNCM (2019). Sonraíocht Ealaíne na hArdteistiméireachta. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://curriculumonline.ie/Senior-Cycle/Senior-Cycle-Subjects/Art/

CNCM (2020), Sonraíocht Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.curriculumonline.ie/Senior-Cycle/Senior-Cycle-Subjects/Classical-Studies/

CNCM (2018). Sonraíocht Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://curriculumonline.ie/Senior-Cycle/Senior-Cycle-Subjects/Agricultural-Science/

CNCM (2021). Sonraíocht Bhéarla agus Cumarsáid na hArdteistiméireachta Feidhmí. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://curriculumonline.ie/Senior-Cycle/LCA/English-and-Communication/

Newmann, F., Smith, B., Allensworth, E., Bryk, A. (2001) *Instructional Program Coherence: What It Is and Why It Should Guide School Improvement Policy* Education Evaluation and Policy Analysis Winter 2001, Imleabhar 23, Uimh. 4, lgh 297-321

New Zealand Ministry of Education (2007). Curriculum Achievement Objectives by Learning Area, https://nzcurriculum.tki.org.nz/content/download/169486/1250542/file/Curriculum%20achievement%20objectives%20by%20learning%20area_PDF.pdf

New Zealand Ministry of Education (gan dáta). Progression in the Learning Languages communication strand, https://seniorsecondary.tki.org.nz/Learning-languages/Achievement-objectives/Strand-Communication

New Zealand Ministry of Education. The New Zealand Curriculum, https://seniorsecondary.tki.org.nz/Social-sciences/Geography/Achievement-objectives/Level-8 Rochtain ar líne ar an 3 Jan 2023)

New Zealand Qualifications Authority (2010). Achievement Standard, Geography, Level 3, Leagan 2

New Zealand Qualifications Authority (2016). The New Zealand Qualifications Framework

New Zealand Ministry of Education (2022). The New Zealand Curriculum Refresh, Vision for Young People and Te Ao Tangata/ Social Sciences

Null (2008). Curriculum Development in Historical Perspective

ECFE agus Stobart, Gordon, 2021, Upper-secondary education student assessment in Scotland: a Comparative Perspective, Páipéir Oibre Oideachais ECFE Uimh. 253

Ontario Ministry of Education (2016). Ontario Schools Kindergarten to Grade 12: Policy and Program Requirements

Ontario Ministry of Education (2016). *Growing Success: Assessment, Evaluation, and Reporting in Ontario Schools*

Ministry of Education (2008). Ontario Curriculum for Science, Years 10-11

Ontario Ministry of Education (2016). Ontario Schools, Kindergarten to Grade 12: Policy and Program Requirements

Ontario Ministry of Education (2012). *Stepping Stones, A Resource on Youth Development*

Ontario Ministry of Education (2008). Ontario, Grade 11 and 12 Science Curriculum

Ontario Ministry of Education (2010). Ontario Arts Curriculum, Grade 11 and 12

Ontario Ministry of Education (2007). Ontario Mathematics Curriculum, Grade 11 and 12

Ontario Ministry of Education (2007). Ontario English Curriculum, Grade 11 and 12

Ontario Ministry of Education (2013). Ontario Social Sciences and Humanities Curriculum, Grades 9-12

Petrina, Stephen, *The Politics of Curriculum and Instructional Design/Theory/Form: Critical Problems, Projects, Units, and Modules*, Interchange, Imleabhar 35/1, 81-126, (2004). Kluer Academic Publishers.

Priestley, Biesta (Ed). *Reinventing the Curriculum: New Trends in Curriculum Policy and Practice* (2014)

Priestley, M., Alvunger, D., Phillippou, S, agus Soini, T., *Curriculum Making in Europe: Policy and Practice Within and Across Diverse Contexts* (2021).

Priestley, M., Minty, S., & Eager, M. (2014). *School-based curriculum development in Scotland: curriculum policy and enactment*, Pedagogy, Culture & Society, 22:2, 189-211.

Queensland Curriculum and Assessment Authority (2022). Biology General Senior Syllabus, Leagan 1.3. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.qcaa.qld.edu.au/senior/senior-subjects

Queensland Curriculum and Assessment Authority (2019). Economics General Senior Syllabus (nuashonraithe Iúil 2022) Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.qcaa.qld.edu.au/senior/senior-subjects

Queensland Curriculum and Assessment Authority (2019). Geography General Senior Syllabus, Leagan 1.1. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.qcaa.qld.edu.au/senior/senior-subjects

Queensland Curriculum and Assessment Authority (2019). Essential English Applied Senior Syllabus, Leagan 1.1 Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.qcaa.qld.edu.au/senior/senior-subjects

Queensland Curriculum and Assessment Authority (2017). 21st century skills for senior curriculum, a position paper. Faighte i mí Dheireadh Fómhair 2022 ó https://www.qcaa.qld.edu.au/downloads/senior/snr_syll_redev_21st_century_skills_position_paper.pdf

Queensland Curriculum and Assessment Authority, New Queensland Certificate of Education system: Post-cycle process review report, 2021.

Queensland Department of Education and Training (2016). Advancing education, an action plan for education in Queensland.

Reid, William A. (2006) *The Pursuit of Curriculum: Schooling and the Public Interest*. SAM: Information Age Publishing.

Schmidt, W. & Prawat, R. (2006). *Curriculum coherence and national control of education: Issue or non- issue?* Journal of Curriculum Studies Imleabhar 38, lgh 641-658. https://www.researchgate.net/deref/http%3A%2F%2Fdx.doi.org%2F10.1080%2F002202706006828 04

Scottish Qualifications Authority (2020). Design of National Courses and Units, Leagan 2.0

Scottish Qualifications Authority (2019). Higher Course in Chemistry, Leagan 3 https://www.sqa.org.uk/

Scottish Qualifications Authority (2020). Design of National Courses and Units, Leagan 2.0

Scottish Qualifications Authority (2019). Guide to Scottish Qualifications

Scottish Qualifications Authority (2019). Advanced Higher History, Course specification, Leagan 2.0.

Scottish Qualifications Authority (2019). Advanced Higher Physics, Course specification, Leagan 2.0.

Scottish Qualifications Authority (2018). Advanced Higher Economics, Course specification, Leagan 2.0

Scottish Qualifications Authority (2019). Advanced Higher Modern Languages, Course specification, Leagan 2.0

Sullanmaa, J., Pyhältö, K., Pietarinen, J. & Soini, T. (2019) *Curriculum coherence as perceived by district- level stakeholders in large-scale national curriculum reform in Finland* The Curriculum Journal, Faighte Iúil 2019 ó https://doi.org/10.1080/09585176.2019.1607512

The Curriculum: Theory and Practice (A.V. Kelly, 2009, 6ú heagrán)

The Politics of Curriculum and Instructional Design/Theory/Form: Critical Problems, Projects, Units and Modules (Petrina, 2004)

Thijs & Van Den Akker (2009). Curriculum in Development.

Welsh Government (2020), Curriculum for Wales.  Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://hwb.gov.wales/curriculum-for-wales/

Welsh Government, Design Principles for the Welsh Baccalaureate, Leagan 2 (Jan 2022).  Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.qualificationswales.org/english/publications/welsh-baccalaureate-design-principles/

WJEC (2019). GCE AS/ A Level Business specification.

WJEC (2015). GCE AS/ A Level English Literature.

WJEC (2017). GCE AS/ A Level First Language Specification (Wales).

WJEC (2019). GCE AS/ A Level Geography specification, WJEC, 2019

WJEC (2015). GCE AS/ A Level History.

WJEC (2017). GCE AS/A Level Mathematics. Faighte Meán Fómhair 2022 ó https://www.wjec.co.uk/qualifications/

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment